# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

# COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO



## CLÁR AN ÁBHAIR


RÉAMHRÁ ..... 3
RÁITEAS MISIN ..... 5
FÍS ..... 5
PLEAN CORPARÁIDEACH ..... 6
COMHALTAÍ TOFA ..... 7
COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA ..... 9
AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE
TURASÓIREACHT & BIA ..... 9
AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE
SÁBHÁILTEACHT AGUS IOMPAR AR BHÓITHRE ..... 9
AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE
CULTÚR, OIDEACHAS, OIDHREACHT, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA AGUS
SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA ..... 10
AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE
PLEANÁIL, COMHSHAOL AGUS TALMHAÍOCHT ..... 11
AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE TITHÍOCHT ..... 12
AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE
FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS TACAÍOCHT FIONTAIR ..... 12
AIRGEADAS ..... 13
TITHÍOCHT AGUS FOIRGNÍOCHT ..... 22
RANNÓG NA NAILTIRÍ ..... 30
AN TSEIRBHÍS EALAÍON ..... 50
COMHSHAOL, ATHRÚ AERÁIDE AGUS TALMHAÍOCHT ..... 54
SEIRBHÍS DÓITEÁIN CHONTAE MHAIGH EO ..... 81
RIALÚ FOIRGNÍOCHTA & FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA ..... 89
RIALÚ DÓITEÁIN RÉIGIÚN AN IARTHAIR ..... 93
AN OIFIG OIDHREACHTA ..... 95
INFHEISTÍOCHT ..... 102
OIFIG NA GAEILGE ..... 106
TEICNEOLAÍOCHTÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC) ..... 111
OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL ..... 113
FORBAIRT CHOMHTHÁITE AGUS POBAIL ..... 118
LEABHARLANN CHONTAE MHAIGH EO ..... 121
MARGAÍOCHT AGUS CUMARSÁID ..... 129

COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO ........ 132
COISTE CONTAE MHAIGH EO I GCÚRAM LEANAÍ ........ 141
MÓTARCHÁIN ........ 145
PLEANÁIL & FORBAIRT ........ 146
SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE ........ 152
IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE ........ 155
RANNÓG UISCE TUAITHE ........ 165
IONAD CULTÚRTHA BHÉAL ÁTHA NA MUICE ........ 169
FORBAIRT TURASÓIREACHTA ........ 173
SÁBHÁILTEACHT UISCE ........ 185
ATHBHREITHNIÚ AR SHOLÁTHAR AGUS ÉIFEACHTÚLACHT ........ 188
FEIDHMEANNA GINEARÁLTA/GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA ........ 191
COSAINT SHIBHIALTA MHAIGH EO ........ 193
LÁRIONAD OILIÚNA RÉIGIÚNACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH ........ 201
FORBHREATHNÚ AR ÚSÁID FUINNIMH IN 2016 ........ 203
**AGUISÍNÍ ........ 205**

1. AIGHNEACHTAÍ NA GCEANTAR BARDASACH

2. CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ/CLÁR LEASAITHE 2016/2017

3. LIOSTA NA BHFORAS SEACHTRACH A BHFUIL IONADAÍOCHT FHOIRMIÚIL AG AN GCOMHAIRLE ORTHU I BHFOIRM COMHAIRLEOIRÍ – 2016

4. COSTAIS NA GCOMHALTAÍ TOFA THAR LEAR IN 2016
   COSTAIS NA GCOMHALTAÍ TOFA LE HAGHAIDH COMHDHÁLACHA, OILIÚINT AGUS CRUINNITHE IN ÉIRINN
   CRUINNITHE TIONÓLTA AGUS OILIÚINT AR FREASTLAÍODH UIRTHI AG COMHALTAÍ TOFA IN 2016
   ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ TOFA IN 2016
   ÍOCAÍOCHTAÍ LE BAILL COISTÍ NACH COMHAIRLEOIRÍ IAD IN 2016

5. NOCHTÚ TABHARTAS AGUS CAITEACHAIS

6. TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

# RÉAMHRÁ

Ba bhliain ghnóthach agus thairbheach í bliain comórtha céad bliain d'Éirí Amach na Cásca 1916-2016 do chuile dhuine i Maigh Eo, agus i gComhairle Contae Mhaigh Eo, a bhí páirteach sna himeachtaí comórtha.

I measc raon na n-ócáidí comórtha a reáchtáladh i Maigh Eo bhí mórthaispeántas faoin Éirí Amach i mBailiúchán Sheáin Uí Chléirigh, taispeántas faoin Maor Seán Mac Giolla Bhríde i gCathair na Mart, mórshiúl i gCaisleán an Bharraigh, coimisiúnadh úrscéal grafach faoi Kathleen Lynn, agus raidhse imeachtaí eile pobail nach iad.

Sheol Comhairle Contae Mhaigh Eo an Straitéis Turasóireachta 'Destination Mayo 2016-2020' ag tús na bliana chun cur leis an gcáil atá ar Mhaigh Eo mar cheann scríbe turasóireachta.

Is léiriú de dhíograis ár bhfoirne agus phobal Mhaigh Eo i gcoitinne, a chaitheann a ndúthracht chun na caighdeáin is airde a bhaint amach don chontae, go bhfuil 11 Bhrat Ghorma agus sé Chósta Ghlasa á ngnóthú againn go rialta.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo agus na Ceantair Bhardasacha ag díriú go háirithe ar chúrsaí tithíochta arís i mbliana, agus tá ag éirí go maith leo leis an ngealltanas a thug siad 249 n-aonad a chur ar fáil idir 2015-17.

Tá an dul chun cinn atá á dhéanamh acu le feiceáil sa laghdú atá tagtha ar liosta na dtithe folmha sa chontae ó 176 go 54.

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo roimpi i gcónaí freastal go cothrom ar réigiúnacha an chontae go léir, agus samplaí den tiomantas sin is ea an obair atá ar bun acu ar Phlean Réimse Poiblí Bhaile an Róba, Tástáil Beochta Láir Baile Bhéal an Átha, reáchtáil MeetWest i gClár Chlainne Mhuiris, agus an dul chun cinn suntasach atá déanta ar an Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta ag Loch an Eanaigh, Caisleán an Bharraigh.

Tá Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Mhaigh Eo, agus an Plean Gníomhaíochta 18 mí – dhá phlean a seoladh i mbliana – ina bhfianaise breise de dhúthracht na Comhairle don chomhoibriú lenár gcomhghleacaithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i dtreo infheistíocht a mhealladh go Contae Mhaigh Eo.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo í féin ag fás i gcónaí, agus tá baill foirne nua chomh maith le réimsí úra oibre ag cuidiú linn ár stádas mar an 'Údarás Áitiúil is Nuálaí' sa tír, teideal an ghradaim a ghnóthaigh muid ó LAMA in 2016, a bhuanú. Fianaise eile ar an bpróiseas agus nuálaíocht seo is ea ullmhú na Straitéise Córais Faisnéise nua, 2016-2020 agus an t-uasghrádú go Microsoft 365 atá ar na bacáin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt d'obair agus do dhíograis fhoireann agus chomhairleoirí Chomhairle Contae Mhaigh Eo le bliain anuas, agus do chomhoibriú leanúnach an phobail i gcoitinne lena chinntiú nach dteipeann Comhairle Contae Mhaigh Eo san fhís atá aici agus "*áit chun cónaí ann, obair ann, cuairt a thabhairt air, infheistíocht a dhéanamh ann agus taitneamh a bhaint as"* a chur ar fáil do chách.

Peadar Ó hEidhin
Príomhfheidhmeannach



Al McDonnell
Cathaoirleach



## RÁITEAS MISIN

***“Leas agus caighdeán beatha mhuintir agus phobail Chontae Mhaigh Eo a fheabhsú, agus cur le tarraingteacht an Chontae mar áit chun cónaí ann, oibriú ann, cuairt a thabhairt air, infheistíocht a dhéanamh ann agus taitneamh a bhaint as".***

## FÍS

***“Contae atá Inbhuanaithe, Cuimsitheach, Rathúil agus Bródúil”.***

# PLEAN CORPARÁIDEACH

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcroílár an phobail áitiúil agus is í atá taobh thiar cuid mhór d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Maigh Eo. Mar cheannaire daonlathach ar an gContae, seasaimid thar ceann na ndaoine agus soláthraímid seirbhísí riachtanacha áitiúla atá lárnach do chaighdeán beatha na ndaoine go léir i Maigh Eo, bíodh siad ina gcónaí, ag obair, nó ar cuairt ann.

Ina theannta sin, agus í an príomhfhoras poiblí i Maigh Eo, tugann Comhairle Contae Mhaigh Eo tacaíocht do, agus éascaíonn sí dreamanna eile laistigh agus lasmuigh den chontae atá freagrach as seirbhísí tábhachtacha poiblí. Nuair a chuirimidne ár bhfreagrachtaí i gcrích, bíonn dreamanna eile in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh chomh maith.

Tá an Chomhairle i gcroílár na straitéise chun Maigh Eo a dhéanamh inbhuanaithe, cuimsitheach, rathúil agus bródúil. Tá ról lárnach ag an bPlean seo inár ngealltanais do Mhaigh Eo a chur i gcrích. Leagaimid amach ann ár misean mar an bhforas daonlathach a dhéanann ionadaíocht ar mhuintir Mhaigh Eo; tugaimid le fios ann gach a bhfuil sé i gceist againn a bhaint amach dár bpobail sna cúig bliana atá romhainn, agus an chaoi a bhfuil sé de rún againn ár ngealltanais dár bpobail a chur i gcrích.

Leagtar amach sa Phlean seo chomh maith na cuspóirí atá againn agus an slat tomhais a úsáidfimid chun ár n-iarrachtaí mheas ionas go mbeidh sé soiléir do mhuintir Mhaigh Eo go bhfuilimid ag cur ár ngealltanais dóibh i gcrích go héifeachtúil.

Tá pobail agus daoine i gcroílár gach a ndéanann Comhairle Contae Mhaigh Eo. Déanaimid ionadaíocht ar na daoine trínár gcomhairleoirí agus is de phobal Mhaigh Eo iad ár mbaill foirne chomh maith, agus dá bhrí sin ba mhaith linn a chinntiú go dtéann gach beart a chuirimid i gcrích sna cúig bliana amach romhainn chun leasa Mhaigh Eo, ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach araon.

Ní mór don Chomhairle a bheith rathúil má tá Contae Mhaigh Eo le bheith rathúil, agus leagann an Plean amach an chaoi a mbainfimid an rath sin amach mar Chomhairle.

## COMHALTAÍ TOFA

### CEANTAR BARDASACH CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS



*An Clr John Caulfield*



*An Clr Tom Connolly*



*An Clr John Cribbin*



*An Clr Richard Finn*



*An Clr Gerry Murray*



*An Clr Patsy O'Brien*



*An Clr Damien Ryan*

### CEANTAR BARDASACH BHÉAL AN ÁTHA



*An Clr Neil Cruise*



*An Clr Gerry Ginty*



*An Clr Michael Loftus*



*An Clr Jarlath Munnelly*



*An Clr John O'Hara*



*An Clr Annie May Reape*



*An Clr Michael Smyth*



*An Clr Seamus Weir*

## CEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH


*An Clr Cyril Burke*


*An Clr Martin McLoughlin*


*An Clr Frank Durcan*


*An Clr Blackie K. Gavin*


*An Clr Henry Kenny*


*An Clr Michael Kilcoyne*


*An Clr Al McDonnell*


*An Clr Thérèse Ruane*

## CEANTAR BARDASACH IARTHAR MHAIGH EO


*An Clr Teresa Whelan*


*An Clr Gerry Coyle*


*An Clr Michael Holmes*


*An Clr Christy Hyland*


*An Clr Tereasa McGuire*


*An Clr Paul McNamara*


*An Clr Brendan Mulroy*

# COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE TURASÓIREACHT & BIA

Tionóladh an Coiste um Beartais Straitéiseacha ceithre huaire le linn 2016.

Áirítear ar bhaill den choiste:
An Clr Gerry Coyle, Cathaoirleach; An Clr Michael Loftus; An Clr Paul McNamara; An Clr John O'Hara; An Clr Teresa McGuire; An Clr Thérèse Ruane; An Clr Seamus Weir; An tUas. Michael Lennon; An tUas. Padraig Heverin; An tUas. Patrick Chambers; An tUas. Michael Carey.

I ndiaidh sheoladh na Straitéise Turasóireachta 'Destination Mayo – A Strategy for the Development of Tourism 2016-2021', thacaigh an CBS leis an moladh roinnt Gréasán Turasóireachta agus Grúpaí Stiúrtha a chur ar bun a bheidh i gceannas chur i bhfeidhm na Straitéise.

Mar chuid de chuile chruinniú den CBS thug siad cuairt ar thionscadal turasóireachta éigin sa chontae. I measc na dtionscadal a ndeachthas ar cuairt chucu bhí Uisceadán Acla; Loch an Chláir/Tír na bhFathach, Clár Chlainne Mhuiris; agus Téatar Halla an Bhaile, Cathair na Mart.

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT AGUS IOMPAR AR BHÓITHRE

Seo a leanas liosta na mball den Choiste um Beartais Straitéiseacha seo:
An Clr Annie May Reape, Cathaoirleach;
An Clr Rose Conway-Walsh; An Clr Cyril Burke; An Clr Patsy O'Brien;
An Clr Seamus Weir; An Clr Damien Ryan; An Clr Brendan Mulroy;
An tUas. John McMillan, Fóram Pobail Contae Mhaigh Eo;
An tUas. Eddie Lavelle, Ionadaí Taca Ceardchumainn;
An tUas. Michael, Ionadaí Taca Gnó;
Majella Patasz Uas., Ionadaí Taca Comhshaoil.

<u>Nóta:</u> Tháinig Teresa Whelan Uas. i gcomharbacht ar an gClr Rose Conway-Walsh ar an gCoiste i ndiaidh don Chomhairleoir a bheith tofa do Sheanad Éireann.

Chuaigh toscaireacht ón gCoiste chun bualadh le Bonneagar Iompair Éireann *(an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta mar a tugadh air tráth)* i mí Mheán Fómhair 2016 chun na ceisteanna a leanas a phlé:

- An t-eolas is déanaí a fháil maidir le slí an N26/N58
- An t-eolas is déanaí a fháil maidir leis an N26 ag Droichead Chluain Gallán
- Moilliú tráchta ar an N60 ag Bréachmhaigh
- An bealach isteach go Co. Mhaigh Eo via an N5, N17, agus N59

- An critéir le haghaidh Trasrianta Coisithe
- An Próiseas Pleanála
- Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá aird agus aghaidh tugtha ag an gCoiste ar na saincheisteanna a leanas, agus tuilleadh nach iad:

- An Clár um Bóithre Náisiúnta don Chontae
- An Clár um Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- An Beartas um Fheabhsú Bóithre Réigiúnacha
- Uasteorainneacha Luais in Eastáit Tithíochta
- An Beartas um Ghearradh Fálta Sceach
- Athbhreithniú ar an gcóras Íoc & Taispeáin
- An Beartas i ndáil leis an Scéim Feabhsúcháin Áitiúla
- An Plean le haghaidh Seirbhísí Geimhridh, 2016/2017

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE CULTÚR, OIDEACHAS, OIDHREACHT, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA AGUS SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

Faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Jarlath Munnelly agus Stiúrthóireacht an Uasail Joe Loftus, thionóil an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Cultúr, Oideachas, Oidhreacht, Gnóthaí Corparáideacha agus Seirbhísí Éigeandála ceithre chruinniú in 2016.

- D'éirigh Mary Heanue Uasal as an gCoiste ar an 17 Bealtaine 2016; agus
- ceapadh an tUas. Diarmaid Mulcahy ina bhall den choiste ar an 12 Meán Fómhair 2016 i gcomharbacht ar Mary Heanue Uas. a d'éirigh as.

I measc na saincheisteanna pléite ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Cultúr, Oideachas, Oidhreacht, Gnóthaí Corparáideacha agus Seirbhísí Éigeandála, bhí:-

- Cuireadh moladh faoi bhráid Chomhairle Contae Mhaigh Eo go dtabharfar aird ar an nGníomh Tosaíochta luaite i bPlean Oibre 2015 agus 'Maigh Eo a chur ar thús cadhnaíochta mar Chontae Iascaireachta' [Gníomh Tosaíochta Uimh. 14]. Moladh go háirithe go mbunófaí Ionaid Léirithe i mBéal an Átha agus Conga.
- Cuireadh moladh faoi bhráid Chomhairle Contae Mhaigh Eo an tionscnamh le haird a tharraingt ar ghéarchéim domhanda na dteifeach faoi láthair leagtha amach sa Dréachtbheartas 'On the Move – Mayo Refugee Awareness Project' a aontú agus a chur i bhfeidhm.
- Comhar Ealaíon Mhaigh Eo (CEM).
- Moladh go n-úsáidfí €3,000 de Chiste na Straitéise Comórtha chun úrscéal grafach faoi shaol Kathleen Lynn a fhoilsiú agus a dháileadh ar na bunscoileanna uile.

- An t-eolas is déanaí faoi Chlár Comórtha 1916 de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo.
- Straitéis Aoisbhá Mhaigh Eo, 2016-2020.
- An t-eolas is déanaí ar Bhearta Tosaíochta an Choiste do 2016:-
    - An Plean Oidhreachta a nuashonrú agus ceann nua a ghlacadh.
    - An Plean Straitéiseach do na hEalaíona a nuashonrú agus ceann nua a ghlacadh.
    - Maigh Eo a bhuanú agus a fhorbairt mar phríomhionad caomhnaithe na ngabhlán gaoithe in Éirinn.
    - Traenáil agus oiliúint a chur ar fáil do chomhaltaí tofa, ranganna Gaeilge san áireamh.
    - Iniúchadh a dhéanamh ar na Foirgnimh Oidhreachta sa Chontae.
- Moladh go gcuirfí €6,000 ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar na bailiúcháin bhéaloidis sa Chontae.
- Cuireadh moladh faoi bhráid Chomhairle Contae Mhaigh Eo go gcuirfí bliain breise leis an bPlean Oidhreachta, 2011-2016 sa chaoi is go gcuirfear an 30% de bheartais ann nár cuireadh i gcrích go dtí seo i gcrích, ach ag tógáil san áireamh go bhfuil Phlean Oidhreachta nua á chur i dtoll a chéile cheana féin.
- Bearta Tosaíochta an Choiste do 2017 a leagan amach:-
- Cur i láthair maidir le 'A Framework for Collaboration' – comhaontú idir an Chomhairle Ealaíon agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach.
- An t-eolas is déanaí faoin bPlean Forbartha Leabharlainne, 2016-2020.

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE PLEANÁIL, COMHSHAOL AGUS TALMHAÍOCHT

Comhaltaí tofa, lucht gnó agus lucht feirmeoireachta atá ar an gcoiste seo. Déanann an coiste seo maoirseacht ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm beartas i ndáil le cúrsaí comhshaoil.

Tionóladh an coiste ceithre huaire in 2016, agus pléadh na cúrsaí a leanas i measc rudaí eile:

- Plean Bainistíochta Bruscair
- Íoc de réir Meáchain
- Plean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún Chonnacht-Uladh
- Staidéar Tionchair Timpeallachta ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin
- Athrú Aeráide
- Tránna Brait Ghoirm
- Sraithchomórtas 'Beart in aghaidh Bruscair'
- Dréachtstraitéis Talmhaíochta Mhaigh Eo

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE TITHÍOCHT

**Baill an CBS maidir le Tithíocht:**

An Clr Gerry Ginty – Cathaoirleach
An Clr Blackie Gavin, An Clr Gerry Murray, An Clr Annie May Reape, An Clr Henry Kenny, An Clr John Cribbin, An Clr Richard Finn.
An tUas. Kevin Kirrane – Ionadaí Taca Gnó
Anne Chambers Uas. & An tUas. Willie Walsh – Fóram Pobail Contae Mhaigh Eo
An tUas. Padraig Heverin – Ionadaí Taca Ceardchumainn

Tionólann an coiste gach ráithe agus pléadh na saincheisteanna a leanas in 2016:

- An Clár Tithíochta, 2015-2017
- An Scéim um Leithdháileadh Tithíochta
- An Clár Athlonnaithe Teifeach
- An Scéim Ceannaigh Incrimintigh ag Tionóntaí
- An Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Atógáil Éireann – Ráiteas um Beartas Tithíochta

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS TACAÍOCHT FIONTAIR

Tionóladh an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontair ceithre huaire in 2016. Áirítear ar bhaill den choiste:
An Clr Michael Kilcoyne, An Clr Al Mc Donnell, An Clr Christy Hyland, An Clr Martin Mc Loughlin, An Clr Tom Connolly, An Clr Neill Cruise, An Clr Rose Conway Walsh, Pat Staunton, Neill O'Neill, Seamus Heverin, Tom Kitterick.

Tháinig an Clr Teresa Whelan agus an Clr Martin McLourhlin i gcomharbacht ar an gClr Lisa Chambers agus an Clr Rose Conway Walsh.

**Ábhar Plé:**

- Lá Mhaigh Eo
- Clúdach fón póca agus leathanbhanda i Maigh Eo
- Tionscadal Rhode Island
- Suirbhé ar Láithreáin Fholmha Mhaigh Eo
- Tionscadal Miondíola Chaisleán an Bharraigh

**Tionóladh gach cruinniú den CBS in ionad difriúil, agus chuimsigh siad turas ar cheann de na gnólachtaí a leanas:**

- Óstán Breaffy House, Caisleán an Bharraigh
- Muileann Olla Bhéal Easa, Béal Easa
- Críochfort Gáis Dhroichead Bhéal an Átha Buí
- CBE Concannon Group, Páirc Ghnó an IDA, Clár Chlainne Mhuiris

**Dátaí cruinnuithe an CBS Eacnamaíoch in 2016:**
- 09/02/2016
- 19/04/2016
- 14/06/2016
- 28/09/2016

# AIRGEADAS

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as oibríochtaí airgeadais na Comhairle, go háirithe ag chinntiú go bhfuil socruithe i bhfeidhm le go mbeidh dóthain airgid ar fáil chun cúrsaí ioncaim agus gníomhaíochtaí caipitiúla a mhaoiniú.

Áirítear i measc réimse leathan na seirbhísí a sholáthraíonn an Rannóg Airgeadais:
- Rialú airgeadais agus buiséid; bainistiú sreabhaidh airgid agus cisteáin
- Ullmhú an Bhuiséid Bhliantúil
- Ullmhú an Ráitis Bhliantúil Airgeadais
- Riaradh na gcóras bainistíochta airgeadais
- Riaradh an phárolla
- Billeáil agus bailiú rátaí tráchtála
- Billeáil agus bailiú táillí uisce tráchtála – déantar seo mar ghníomhaireacht d'Uisce Éireann
- Billeáil agus bailiú cíosanna agus iasachtaí tithíochta
- Íoc soláthraithe
- Admhálacha a thabhairt ar airgead tirim
- Riaradh agus bailiú an mhuirir ar áiteanna cónaithe príobháideacha neamhphríomha

Cinntíonn an Rannóg Airgeadais chomh maith go gcloítear leis na prionsabail chuntasaíochta reachtúla agus airgeadais a bhaineann leis an airgead uile a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

Ta dhá chuntas ag Comhairle Contae Mhaigh Eo: Cuntas Ioncaim le costais laethúla na heagraíochta a íoc, agus Cuntas Caipitil lena n-íoctar as sócmhainní ar nós tithe agus bóithre. Íocadh €137m ón gCuntas Ioncaim in 2016, le hais an €75m a íocadh ón gCuntas Caipitil.

Is le foinsí ioncaim fearacht na gceann a leanas a sheastar costais laethúla na Comhairle: -
- Deontais on rialtas
- Rátaí tráchtála
- Cíosanna tithíochta
- Táillí ar iarratais phleanála
- Muirir ar áiteanna cónaithe príobháideacha neamhphríomha
- Earraí agus seirbhísí eile ar nós na muirear ar líonadh talún nó ionaid fóntas pobail, agus táillí 'íoc & taispeáin'.

Bíonn an méid airgid a bhíonn ar fail d'fhorbairtí caipitil nó bonneagair ag brath ar dheontais ón stát, iasachtaí agus/nó tobhaigh forbartha.

Buiséad na Comhairle

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Dréachtbhuiséad Bliantúil i gcomhairle le gach rannóg sa Chomhairle. €125.7m an Buiséad Ioncaim ar ghlac an Chomhairle leis don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2016.

Ráiteas Bliantúil Airgeadais

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais Ráiteas Bliantúil Airgeadais na Comhairle chomh maith. Cuireadh an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 faoi bhráid na gcomhaltaí ag an gcruinniú reachtúil acu ar an 2 Bealtaine 2017.

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS AR AN GCUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS)

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

Bailítear le chéile sa Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas uile a bhaineann le cúrsaí ioncaim.
Léiríonn se an barrachas (nó an t-easnamh) don bhliain. Léirítear aistrithe chuig/ó chúlchistí astu féin, agus ní shanntar iad de réir rannán seirbhíse.
Léiríonn Nóta 16 na haistrithe de réir rannán seirbhíse, agus iad leagtha amach ar aon dul le Tábla A i mBuiséad an Údaráis Áitiúil ar glacadh leis.

Caiteachas de réir Rannáin

| | Oll-chaiteachas 2016 € | Ioncam 2016 € | Glanchait-eachas 2016 € | Glan-chaiteachas 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Tithíocht & Foirgníocht | 15,669,917 | 15,267,363 | 402,553 | 131,455 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 35,575,461 | 26,507,533 | 9,067,927 | 8,352,944 |
| Seirbhísí Uisce | 17,769,892 | 18,463,098 | (693,206) | (864,041) |
| Bainistíocht Forbartha | 9,084,946 | 2,857,418 | 6,227,529 | 6,732,306 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 17,855,189 | 8,587,554 | 9,267,635 | 7,361,295 |
| Caitheamh Aimsire & Conláistí | 9,453,488 | 2,331,527 | 7,121,961 | 7,243,949 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 1,668,315 | 739,249 | 929,066 | 945,700 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 18,585,334 | 10,825,956 | 7,759,378 | 8,792,116 |
| Caiteachas/Ioncam Iomlán | 125,662,542 | 85,579,698 | | |

| | | |
|---|---|---|
| Glanchostas na Rannán, le maoiniú ag Rátaí & Ciste an Údaráis Áitiúil | 40,082,844 | 38,695,725 |
| Rátaí | 25,766,049 | 25,847,673 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 17,492,594 | 17,171,286 |
| Asbhaint i ndáil le Pinsean | 1,577,802 | 2,106,427 |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain, roimh Aistrithe | 4,753,602 | 6,429,662 |
| Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí | (4,448,785) | (6,025,926) |
| Barrachas/(Easnamh) Móriomlán don bhliain | 304,817 | 403,736 |
| Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir 2016 | (4,656,196) | (5,059,932) |
| Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig 2016 | (4,351,379) | (4,656,196) |

RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AN 31 NOLLAIG 2016

| | Nótaí | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 1 | | |
| Oibríochtúla | | 393,329,103 | 389,974,679 |
| Infrastruchtúir | | 2,988,318,640 | 2,987,361,463 |
| Pobail | | 9,437,690 | 8,689,944 |
| Neamhoibríochtúla | | 56,460,448 | 57,158,260 |
| | | 3,447,546,101 | 3,443,184,346 |
| Obair idir Lámha agus Réamhchostais | 2 | 57,814,179 | 31,331,158 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 3 | 65,736,806 | 68,349,094 |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Stoic | 4 | 329,708 | 316,128 |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí | 5 | 18,822,176 | 16,855,097 |
| Infheistíochtaí Bainc | | 14,415,000 | - |
| Airgead Tirim sa Bhanc | | 2,972,559 | 32,007,769 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Airgead Tirim faoi Bhealach | | 315,479 | 195,198 |
| | | 49,374,191 | 49,374,191 |
| Dliteanais Reatha (Méideanna a bheidh dlite faoi cheann bliain amháin) | | | |
| Rótharraingt Bainc | | - | - |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | 6 | 50,817,237 | 54,345,097 |
| | | 50,817,237 | 54,345,097 |
| Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha | | (13,962,315) | (4,970,906) |
| Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite i ndiaidh bliain amháin) | | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 7 | 122,965,759 | 130,620,743 |
| Éarlais in-aisíoctha | 8 | - | 6,720,014 |
| Eile | | 6,452,409 | 1,325,504 |
| | | 129,418,168 | 138,666,262 |
| Glansócmhainní | | 3,427,716,602 | 3,399,227,429 |
| Léirithe mar | | | |
| Cuntas Caipitlithe | 9 | 3,447,546,101 | 3,443,184,346 |
| Ioncam ó Obair idir Lámha | 2 | 55,623,453 | 30,779,709 |
| Cúlchiste Ioncaim Shonraigh | | - | 1,238,512 |
| Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta | | (4,351,379) | (4,656,196) |
| Iarmhéideanna Eile | 10 | (71,101,570) | (71,318,942) |
| Cúlchistí Iomlána | | 3,427,716,602 | 3,399,227,429 |

## ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Ráiteas Bliantúil Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2016

Ullmhaíodh an Ráiteas Bliantúil Airgeadais (RBA) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 de réir an Chóid Chleachtais Chuntasaíochta (ACOP) agus na Rialachán Cuntasaíochta d'Údaráis Áitiúla in Éirinn, mar aon le treoracha an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil.

Tá an Ráiteas Bliantúil Airgeadais faoi réir iniúchadh seachtrach ag Iniúchóir Rialtais Áitiúil ón tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil, a bhfuil sé de dhualgas air tuairim neamhspleách a fhoirmiú faoi na cuntais, cruinneas an Ráitis Bhliantúil Airgeadais a dheimhniú, agus Tuarascáil Iniúchta a chur faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle.

Déanfar cóip de Thuarascáil an Iniúchóra a dháileadh ar gach comhalta den Chomhairle nuair a gheofar í, de réir an ghnáthchleachtais.

❖ Achoimre ar Thorthaí

Seo a leanas cuntas ar iomlán an ioncaim agus an chaiteachais don bhliain i gcomparáid leis an mbliain roimhe:

| Ioncam | | |
|---|---|---|
| | 2016 | 2015 |
| | € | € |
| Ioncam | 137,597,036 | 139,620,074 |
| Caipiteal | 68,561,797 | 50,059,895 |
| Iomlán | 206,158,833 | 189,679,969 |

| Caiteachas | | |
|---|---|---|
| | 2016 | 2015 |
| | € | € |
| Ioncam | 137,292,219 | 139,216,338 |
| Caipiteal | 75,412,074 | 54,955,566 |
| Iomlán | 212,704,293 | 194,171,904 |

Léiríonn an leibhéal caiteachais seo an dúthracht a chaith an Chomhairle fud fad an chontae in 2016 chun seirbhísí seasta a sholáthar lá i ndiaidh lae, chun bonneagar a fhorbairt, agus i bpleanáil chun cinn don am atá le teacht. Léiríonn sé freisin a thábhachtaí is atá oibríochtaí na Comhairle Contae don gheilleagar áitiúil.

AN CUNTAS IONCAIM

Clúdaíonn an cuntas seo costais laethúla na Comhairle, costais ar nós cothabháil tithíochta, bóithre, pleanáil i leith úsáid talún, costais riaracháin agus tacaíochta, aisíoc muirear ar iasachtaí srl. Ullmhaítear an cuntas seo ar bhonn Seirbhíse agus Fosheirbhíse de réir an struchtúir chostála a tugadh isteach do na hÚdaráis Áitiúla uile in 2008.

Seo a leanas achoimre ar an gcuntas sin:

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam | 137,597,036 | 139,620,074 |
| Caiteachas | (137,292,219) | (139,216,338) |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | 304,817 | 403,736 |
| Iarmhéid Dochair ar an 1 Eanáir | (4,656,196) | (5,059,932) |
| Iarmhéid Dochair ar an 31 Nollaig | (4,351,379) | (4,656,196) |

B'fhiú €17,492,594 (2015 - €17,171,286) an leithdháileadh a fuarthas ó Chiste an Rialtais Áitiúil le haghaidh Bhuiséad Bliantúil 2016.

Seo a leanas comparáid idir an Buiséad mar a glacadh leis agus toradh na bliana:-

| | € |
|---|---|
| Fáltais de bhreis ar an mBúiséad a glacadh<br>Caiteachas de bhreis ar an mBuiséad a glacadh | 15,511,488<br>(11,534,993) |
| Easnamh Ciste Rialtais Áitiúil / Tobhach Pinsin / Rátaí | 3,976,495<br>(3,671,678) |
| Barrachas don bhliain | 304,817 |

Bhí Cúlchiste Sonrach de €1.20 milliún ag an gComhairle, a d'eascair as cur i bhfeidhm Cláir Chomhardaithe iomláin in 2002. De réir mar a leagadh amach i gciorcláin de chuid na Roinne, scaoil an Chomhairle an Cúlchiste Sonrach seo isteach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le linn na bliana faoi chaibidil, agus úsáideadh é chun a soláthar in aghaidh drochfhiach a mhéadú €0.50 milliún, leis an bhfuílleach curtha i gcoinne rátaí eile do-athfhála.

Seo a leanas tuairisc níos mionsonraithe ar na héagsúlachtaí idir caiteachas agus ioncam buiséadaithe ag leibhéal seirbhíse.

<u>Na príomhfhachtóirí a chuaigh i bhfeidhm ar an leibhéal caiteachais:</u>

- Caitheadh tuairim is €1.33 milliún níos lú ar an Scéim Cóiríochta Cíosa agus an Scéim Léasúcháin ná mar a bhí sonraithe sa bhuiséad. Mar gheall go raibh laghdú ioncaim dá réir, áfach, tá tionchar neodrach aige ar chuntais fhoriomlána na Comhairle;
- Caitheadh €0.75 milliún breise ar bhóithre, agus €0.25 milliún de sin i ndáil le hoibreacha a raibh deontais ag gabháil leo;
- Caitheadh €794,000 breise ar oibriú no cothabháil na Scéimeanna Uisce & Séarachais. Faightear na costais seo ar ais ó Uisce Éireann, agus dá bhrí sin tá tionchar neodrach acu ar chuntais fhoriomlána na Comhairle.
- Caitheadh €613,000 breise ar mhuirir iasachtaí i ndáil le hIasachtaí Seirbhísí Uisce. Faightear na costais seo ar ais ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus dá bhrí sin tá tionchar neodrach acu ar chuntais fhoriomlána na Comhairle.
- Caitheadh €869,000 níos lú ar Ghrúpscéimeanna Uisce ná mar a sonraíodh sa bhuiséad. De thoradh an laghdú ioncaim a tháinig isteach dá réir áfach, tá tionchar neodrach aige seo ar chuntais fhoriomlána na Comhairle.
- Caitheadh €1.03 milliún breise ar Líonadh Talún. De thoradh an méadú ioncaim a tháinig isteach dá réir áfach, tá tionchar neodrach aige seo ar chuntais fhoriomlána na Comhairle;
- Caitheadh €343,000 breise ar Ghlanadh Sráideanna;

- Tháinig méadú €0.50 milliún nach raibh sonraithe sa bhuiséad ar an soláthar in aghaidh drochfhiach, chomh maith le méadú i rátaí do-athfhálta de €1.00 milliún.
- Bhí na costais indíreacha párolla €768,000 níos lú ná mar a sonraíodh sa bhuiséad;
- Caitheadh €594,000 níos lú ná mar a sonraíodh sa bhuiséad ar Chostais Airgeadais/Muirir ar Iasachtaí.

Na príomhfhachtóirí a chuaigh i bhfeidhm ar an leibhéal Ioncaim i rith na bliana:

- Bhí an t-ioncam ón Scéim Cóiríochta Cíosa €1.12 milliún níos lú ná mar a bhí sonraithe sa bhuiséad;
- Aisghabhadh €847,000 sa bhreis ar a raibh sonraithe sa bhuiséad de chostais oibríochta nó cothábhála Scéimeanna Uisce agus Séarachais;
- Aisghabhadh €613,000 sa bhreis ar a raibh sonraithe sa bhuiséad de mhuirir iasachtaí ar Iasachtaí Seirbhísí Uisce;
- Aisghabhadh €0.94 milliún níos lú ná mar a bhí sonraithe sa bhuiséad d'fhóirdheontais ó Ghrúpscéimeanna Uisce;
- Bhí an t-ioncam ó na Láithreáin Líonta Talún agus na hIonaid Fóntas Pobail €1.31 níos airde ná mar a bhí sa bhuiséad;
- Cuireadh €1.2 milliún breise le hioncam, nár luadh sa bhuiséad, ó scaoileadh an Ciste Sonrach isteach i gCuntas Ioncaim na Comhairle;
- Bhí an t-ollioncam ó rátaí €741,000 níos lú ná mar a sonraíodh sa bhuiséad.

Bailiú Ioncaim

Mar gheall ar a achrannaí is atá cúrsaí eacnamaíochta i gcónaí, tá sé an-deacair fiacha a bhailiú i láthair na huaire. In ainneoin sin, tá sé de dhualgas ar an gComhairle na fiacha atá dlite di a bhailiú agus tá laghdú tagtha ar riaráistí sna príomhréimsí bailithe ioncaim uile, .i. rátaí, cíosanna, agus iasachtaí tithíochta. Leanfaimid orainn ag cothabháil agus ag treisiú na dúthrachta a chaithimid ar bhailiú fiach, ag obair go foghníomhach lenár gcustaiméirí tráchtála agus neamhthráchtála araon de réir a n-acmhainn aisíoctha féin. Ar an drochuair, i gcásanna nach ndéantar iarracht réasúnta fiacha amuigh a íoc, níl an dara suí sa bhuaile againn ach cás cúirte a thabhairt, nuair is cuí, chun na fiacha sin a fháil ar ais.

As an €5.23 milliún de rátaí a bhí amuigh ar an 31 Nollaig 2016, íocadh €3.84 milliún de sa tréimse idir mí Eanáir agus an lá inniu.

Tháinig laghdú €51,516 ar riaráistí ar iasachtaí tithíochta, agus laghdú €3,002 ar riaráistí cíosa faoin 31 Nollaig 2016.

Achoimre ar an gCuntas Ioncaim:

De thoradh na dtosca thuasluaite go príomha, bhí barrachas €304,817 sa chuntas ioncaim in 2016, rud a fhágann €4,351,379 d'iarmhéid dochair carnach ar an gcúlchiste ioncaim ghinearálta. Beimid ag déanamh ár ndícheall in 2017, áfach, chun an t-easnamh carnach ar an gCuntas Ioncaim a laghdú a thuilleadh.

AN CUNTAS CAIPITIL

Sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) scaradh an cuntas caipitil agus tá na hiarmhéideanna a fhaightear sa Chuntas Caipitil curtha san áireamh faoi cheannteidil éagsúla sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Go ginearálta, is ionann caiteachas caipitil agus caiteachas a thabhaítear ar chruthú sóchmainne a mhairfidh níos faide ná an bhliain ina gcruthaítear í: ceannach talún, tógáil tithe, móroibreacha feabhsaithe ar bhóithre, stáisiúin nua dóiteáin, agus oifigí nua nó athchóiriú ar oifigí mar shampla.

Seo a leanas achoimhre ar na hidirbhearta ar an gcuntas sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe:

| | 2016 | 2015 |
|---|---:|---:|
| | € | € |
| Ioncam | 68,561,797 | 50,059,895 |
| Caiteachas | (75,412,074) | (54,955,566) |
| Easnamh don bhliain | (6,850,277) | (4,895,671) |
| Iarmhéid Sochair/(Dochair) ar an 1 Eanáir | (1,842,835) | (3,052,836) |
| Iarmhéid Dochair ar an 31 Nollaig | (8,693,112) | (1,842,835) |

Tháinig méadú ar Chaiteachas Caipitil sna réimsí a leanas:

| | €'000í |
|---|---:|
| Tógáil/Ceannach Tithe | 2,848 |
| Tithíocht Dheonach | 1,260 |
| Deontais do Bhóithre | 10,919 |
| Bóithre – Dochar ó Thuilte | 5,697 |
| Uisce Tuaithe / Grúpscéimeanna Uisce | 2,397 |
| Infheistíocht in Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire | 3,285 |
| Linnte Snámha | 2,962 |
| Méadú Iomlán ar Chaiteachas | 29,368 |

Tháinig laghdú ar Chaiteachas Caipitil sna réimsí a leanas:

| | €'000í |
|---|---:|
| Cúlchiste na Scéime Cóiríochta Cíosa | 360 |
| Carrchlósanna | 617 |
| Scéimeanna Uisce/Fuíolluisce | 591 |
| Tionscadail Turasóireachta | 2,184 |
| Ranníocaíochtaí Forbartha – Laghdú Soláthair | 1,391 |
| Ciste Infheistíochta chun Leasa an Phobail | 869 |
| Líonadh Talún – Barrchaidhpeáil Ceall | 624 |
| Piaraí/Damáiste Stoirme | 2,210 |
| Laghdú Iomlán ar Chaiteachas | 8,846 |

Caipiteal Fiachais
€132,686,808 an Caipiteal Fiachais a bhí ag an gComhairle ar an 31 Nollaig 2016. B'fhiú €9,543,413 na haisíocaíochtaí a rinneadh ar iasachtaí in 2016. Fuair an Chomhairle €2,426,000 sa bhreis air sin ar iasacht le linn 2016. Is chun na gcríoch a leanas a fuarthas na hiasachtaí sin:

| Úsáid na nIasachtaí | €'000í |
|---|---|
| Iasachtaí Ceannaithe Tí | 1,226 |
| Barrchaidhpeáil Cille Líonta Talún | 1,200 |
| Méadú Iomlán ar Chaiteachas | 2,426 |

Den €132.7 milliún d'fhiacha atá ar an gComhairle san iomlán, tá tuairim is €36.6 milliún de ha hiasachtaí sin á n-úsáid chun iasachtaí le custaiméirí tithíochta a mhaoiniú, agus baineann €1.0 milliún eile le gnáthscair na Comhairle in iasachtaí a eisíodh faoin Scéim Úinéireachta Roinnte. Tá a mhacasamhail de shuim léirithe sna féichiúnaithe, a léiríonn an bunairgead iomlán atá dlite ar iasachtaí eisithe do chustaiméirí mar aon le cothromas cíosa atá amuigh ar iasachtaí úinéireachta roinnte. Baineann €24.8 milliún eile d'fhiacha na Comhairle le hiasachtaí le haghaidh Tithíocht Dheonach agus Seirbhísí Uisce, atá á mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Baineann €4.6 milliún eile de na fiacha le hiasachtaí faighte ag an gComhairle ach is féidir a fháil ar ais ó Údaráis Áitiúla eile, agus baineann €1.0 milliún de le hoifigí atá curtha ar fáil do Bhonneagar Iompair Éireann agus don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ach a bhfuil cíos á íoc leis an gComhairle lena n-aghaidh. Baineann €0.3 milliún eile le clár athchóirithe na Comhairle atá á mhaoiniú ag Fáltais Chaipitil Inmheánacha. Baineann iarmhéid na n-iasachtaí (€64.4 milliún) le caiteachas ar nithe ar nós láithreán líonta talún, ceannach talún, oifigí agus foirgneamh a bhfuil sreabhadh ioncaim beartaithe ina leith.

CONCLÚID
Bhí easnamh carnach de €4,351,379 ag an gComhairle sa Chuntas Ioncaim mar a leagadh amach sa Chúlchiste Ioncaim Ghinearálta ar an 31 Nollaig 2016. Tá sé tábhachtach go ndéanfar an t-easnamh seo a laghdú agus a dhíchur sna blianta amach romhainn agus go gcuirfear san áireamh é nuair a bheidh Buiséad 2017 agus buiséid na mblianta amach anseo á réiteach. Déanfaimid monatóireacht ghéar ar Chaiteachas agus Ioncam na Comhairle d'fhonn staid airgeadais na Comhairle a choinneáil mar atá agus a fheabhsú.

❖ Ba é €8,693,112 an t-iarmhéid dochair carnach sa Chuntas Caipitil ar an 31 Nollaig 2016.

Rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo a cuid acmhainní a bhainistiú go héifeachtach le linn 2016, d'ainneoin an raidhse dúshlán a bhí le sárú. Ní mór dúinn leanúint don stuamacht i mbainistiú ár gcuid airgid, á chur romhainne i gcónaí seirbhísí riachtanacha d'ardchaighdeán a chur ar fáil agus luach ar airgid a fháil ag an am céanna. Ní dhéanfar aon mhaolú ach oiread ar na srianta dochta airgeadais agus buiséid atá i bhfeidhm againn, agus déanfaimid ár ndícheall i gcónaí ár gcostais a laghdú agus ár gcuid

seirbhísí a chur in ord tosaíochta de réir riachtanais, ionas go mbeidh sé d'acmhainn againn i gcónaí ár bpríomhsheirbhísí riachtanacha a sholáthar.

Bliain dhúshlánach eile ba ea 2016 do Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Is mór an tionchar a d'imir an ghéarchéim eacnamaíochta ar chúrsaí airgeadais na Comhairle ó 2008 i leith. Braitear go háirithe an laghdú ar fhoinsí ioncaim, agus ag an am céanna tá breis éilimh ar go leor de na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle. Tá cúinsí airgeadais ag cur brú ar an gComhairle i gcónaí, agus ní mór cúram leanúnach a ghlacadh i mbainistiú na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil dúinn, chomh maith lena chur orainn féin cloí le buiséid agus lena bhfuil inacmhainne dúinn faoi láthair.

## TITHÍOCHT AGUS FOIRGNÍOCHT

Tá sé mar aidhm ag an Rialtas a chinntiú go bhfuil fáil ag gach duine ar áit chónaithe, pé acu go bhfaigheann siad as a stuaim féin í nó le cúnamh an Stáit. Tá siad meáite ar dhul i ngleic leis an easnamh mór tithíochta atá ann, agus na fadhbhanna a chruthaíonn sé sin do theaghlaigh agus pobail araon. Rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo athchóiriú ar an tSeirbhís Tithíochta acu mar fhreagra ar phráinn na ceiste seo. Is mór an dúshlán atá roimh Chontae Mhaigh Eo lóistín inacmhainne de chaighdeán maith a sholáthar, ach le chuile dhúshlán bíonn deiseanna leis, agus is amhlaidh sa chás seo le maoiniú suntasach á chur ar fáil chun fadhbanna tithíochta a réiteach dóibh siúd atá ina ghátar.

Seoladh **Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine** i mí Iúil 2016. Cúig cholún is bun den Phlean, ina leagtar amach bearta sonracha atá le cur i bhfeidhm ag gach cuid den Rialtas. Is é aidhm na mbeart seo dul i ngleic leis an easpa dídine, bús a chur faoi sholáthar tithíochta sóisialta, breis tithe a thógáil, barr feabhais a chur ar an earnáil cíosa, agus usáid níos fearr a bhaint as an tithíocht atá ann faoi láthair. Tá clár tithíochta a chuimsíonn 47,000 aonad le cur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta faoin mbliain 2021, ar chostas €5.35 billiún. Chuige seo, tá Grúpa Oibre curtha ar bun ag Comhairle Contae Mhaigh Eo a chuimsíonn oifigigh de chuid na Rannóg Tithíochta, Ailtirí, Pleanála, Comhshaoil agus na gCeantar Bardasach, agus beidh sé de chúram orthu clár tithíochta Chontae Mhaigh Eo a mhúnlú do na blianta amach romhainn. Beidh cinnidh i leith an chláir tithíochta amach anseo – a fhairsinge is a bheidh sé, cén cuma a bheidh air agus cén saghas cláir a bheidh ann – bunaithe ar thrí fhoinse eolais ar leith: an mheasúnacht ar riachtanais tithíochta a rinneadh le deanaí, sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le tithe folmha, agus sonraí na Comhairle féin maidir le suíomhanna folmha agus eastáit neamhchríochnaithe.

**Ba iad a leanas príomhchúramaí na Seirbhíse Tithíochta in 2016:**

- Cur i bhfeidhm an Chláir Tógála Tithíochta don bhliain 2016
- An Mheasúnacht ar Riachtanais Tithíochta, 2016
- Clár Athlonnaithe Teifeach – tháinig 17 dteaghlach as an tSiria go Maigh Eo i mí na Samhna 2016
- Bainistiú na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) i gcás iarratasóirí úra ar thithíocht agus iarratasóirí ag aistriú ó fhóirdheontas cíosa go ÍCT.

- Bainistiú an 1,122 theach agus an 500 tiarna talún, nach mór, atá páirteach sa Scéim Cóiríochta Cíosa agus an Scéim Léasaithe Shóisialta.
- Cur i bhfeidhm na Scéime Ceannaigh Incrimintigh ag Tionóntaí, scéim nua.
- Oibriú agus bainistiú na dtrí Scéim Deontais Tithíochta atá ann.
- Leanúint de chur i bhfeidhm an Chláir Cóiríochta do Thaistealaithe, 2014-2018.
- Cothabháil an stoic tithíochta maille le hoibreacha athchóirithe i gcásanna a raibh sé beartaithe.
- Easpa Dídine/Caomhnú Tionóntachtaí.
- Freastal ar iarratasóirí le Riachtanais Speisialta agus Iarratasóirí ar Tithíocht Tuaithe.
- Leanúint de sholáthar deontas le haghaidh Tithíocht Phríobháideach, Ceannach Incriminteach, agus Feabhsú Tithe.
- Ullmhú Dréachtstraitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar Ráitis Beartais Tithíochta agus ar Nósanna Imeachta agus Gnásanna d'fhoireann agus cliaint tithíochta araon.

Clár Caipitil Tithíochta 2015-2017

Tá plean ilbhliantúil tithíochta faomhaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil don tréimhse 2015-2017, na blianta sin san áireamh. Tá buiséad de €27.2m ar fáil don phlean seo, a bhfuil sé mar aidhm aige 146 aonad tithíochta a sholáthar. Tá athbhreithniú déanta ar na spriocanna agus ar an mbuiséad seo de thoradh na ndeacrachtaí leanúnacha tithíochta atá sa tír.

Tá sé de rún ag Comhairle Contae Mhaigh Eo anois 249 n-aonad tithíochta a chur ar fáil idir 2015-2017. Áirítear leo:

- 90 Aonad nuathógtha (59 ag an Údarás Áitiúil & 31 ar bhonn deonach)
- 75 Aonad nuafhaighte (65 ag an Údarás Áitiúil & 10 ar bhonn deonach)
- 84 Aonad fholmha

**Staid Reatha an Tionscadail:**

| | | |
|---|---|---|
| 2 Aonad ag Ardán an Róistigh, Béal an Átha | - | Curtha i gcrích |
| 21 Aonad ag Cnoc an Tobair, Cathair na Mart | - | Idir lámha |
| 1 Aonad Inlíonta, Cathair na Mart | - | Idir lámha |
| 12 Aonad Tuaithe, áiteanna éagsúla | - | 5 Idir lámha faoi láthair |
| 4 Aonad ag Corrán Mhuire, Béal an Átha | - | Céim Réamhthairisceana |
| 8 nAonad ag an gCnoc Mór | - | Céim Chuid 8 |
| 4 Aonad ag Cill Mhíona | - | Céim Chuid 8 |
| 4 Aonad ag Cnoc Mhuire | - | Céim Chuid 8 |
| 1 Aonad Inlíonta, Baile Uí Fhiacháin | - | Céim Chuid 8 |
| 2 Aonad Inlíonta, Béal Átha na Muice | - | Céim na Suirbhéireachta |
| 65 Aonad nuafhaighte (Áiteanna éagsúla) | | |

Forbairt Tithíochta Sóisialta Chnoc an Tobair – Céim 2

Rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo conradh i mí Mheán Fómhair 2016 chun 21 aonad tithíochta sóisialta agus dhá aonad miondíola nua a thógáil i gCnoc an Tobair, Cathair na Mart. Seo an dara céim, agus an chéim dheireanach, d'oibreacha tógála ar an suíomh. Cuireadh céim a haon i gcrích in 2008. Ba iad Ailtirí de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo a dhearaigh an dá chéim den fhorbairt, agus dearadh iad le chéile chun barr leasa a bhaint as griantéamh éighníomhach, radharcanna áille an cheantair a dhéanamh infheicthe, a bheith an éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus timpeallacht uirbeach agus teaghlaigh d'ardchaighdeán a chruthú.

Staid Thionscadal na gComhlachtaí Deonacha Tithíochta

- 8 nAonad i mBéal Easa le SVDP - Curtha i gcrích
- 7 nAonad in Logmore, Béal an Mhuirthead (IWCA) - Idir lámha
- 4 Aonad i mBéal Easa (SVDP) - Céim na Tairisceana
- 6 Aonad i mBaile an Róba (SVDP) - Céim Réamhthairisceana
- 6 Aonad i nGleann na Muaidhe (Pobal) - Céim an Deartha
- 1 Aonad nuafhaighte (Clúid – i gCaisleán an Bharraigh) -

Clár Athchóirithe Phleanáilte

Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh

Tá an Chomhairle ag leanúint dá cuid oibre ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a iarfheistiú ar an stoc tithíochta aici, á chur roimpi go mbeidh 50mm ar a laghad d'insliú cuasbhalla, agus 250mm ar a laghad d'insliú áiéir, nó a U-luach coibhéiseach, i ngach áras cónaithe. Tá tús curtha faoin gclár seo chomh maith le huasghrádú na bhfuinneog agus na ndoras seachtrach nuair is gá. Cuireadh ciste de €665,000 ar fáil don obair seo in 2016. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo ar feadh trí bliana eile, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil, chun aghaidh a thabhairt ar an 300 aonad eile a bhfuil insliú de dhíth orthu, agus an c. 400 aonad a bhfuil uasghrádú de dhíth ar a gcuid fuinneog agus doras seachtrach.

Aonaid Fholmha

Cuireann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil chun dul i ngleic le haonaid tithíochta fholmha, agus i dteanna an chistithe meaitseála ónár n-acmhainní féin tá dul chun cinn as cuimse déanta sa réimse seo le dhá bhliain anuas.

176 líon na n-aonad tithíochta sóisialta a bhí folamh sa chontae i lár 2014, agus 283 aonad breise scaoilte ar ais leis an gComhairle ó shin ag iarthionóntaí. Tá an líon na n-aonad folamh sa chontae laghdaithe go 54 anois. Tá moladh mór tuillte ag foireann na nOifigí Tithíochta uile ar fud an Chontae a d'oibrigh go dian díograiseach chun an toradh seo a bhaint amach.

Téamh Lárnach

Tá oibreacha curtha sa siúl ag Comhairle Contae Mhaigh Eo anois le córas téimh lárnaigh a fheistiú i ngach teach de chuid an Údaráis Áitiúil atá ina éagmais. Measadh ar dtús gur 112 aonad a bhí gan córas téimh lárnaigh, ach i ndiaidh suirbhé a

dhéanamh ar na haonaid tá an figiúr sin laghdaithe go tuairim is 60 aonad. Cosnóidh na hoibreacha seo tuairim is €700k, agus tá maoiniú ar fáil dó. Tá obair ar na tithe faoi lán seoil agus táthar ag súil go mbeidh oibreacha ar na tithe uile sa chlár críochnaithe faoi lár 2017.

Scéimeanna Deontais Tithíochta

Tá trí Scéim Deontais Tithíochta á riaradh ag an gComhairle, .i.

- Deontais Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta;
- Deontais na nÁiseanna Soghluaiste;
- Deontais chun Teach a chur in Oiriúint do Dhuine faoi Mhíchumas.

Cheadaigh an Chomhairle buiséad de €2,800,000 le haghaidh Deontais Tithíochta don bhliain 2016.

Faighimid idir 700 agus 800 iarratas ar na scéimeanna seo chuile bhliain. Ceadaítear formhór na n-iarratas sin. Ní hionann luach na ndeontas i ngach cás; ceadaítear deontais idir €1,500 le haghaidh cithfholctha le deic réidh a chur isteach agus €30,000 chun teach a chur in oiriúint nó síneadh a chur le teach chun freastal ar dhuine den teaghlach atá faoi mhíchumas.

De thoradh na n-athruithe a thug an Chomhairle isteach i dtaobh na scéimeanna sin, agus a cuireadh i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2015, tá na scéimeanna deontais seo inmharthana agus éiríonn go maith leo i gcónaí. Chuaigh na hathruithe seo go mór chun leasa riaradh na scéimeanna, agus na hiarratais uile á bpróiseáil anois de réir mar a thagann siad isteach.

Clár Reatha um Thithíocht Shóisialta

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

Is é aidhm na scéime nua seo, an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT), na seirbhísí fadtéarmacha uile a chuireann an Stát ar fáil i ndáil le tithíocht shóisialta a thógáil le chéile faoi scáth na nÚdarás Áitiúil. Seirbhís chomhtháite tithíochta sóisialta, faoi scáth aon earnáil amháin, is toradh de seo.

Beidh an Fóirdheontas Cíosa ar fáil i gcónaí, ach fillfidh sé ar an mbunchuspóir a bhí aige .i. tacaíocht ghearrthéarmach ioncaim. Tá 1,232 theaghlach i Maigh Eo ag fáil an Fhóirdheontais Cíosa faoi láthair; formhór díobh siúd incháilithe do Thacaíocht Tithíochta Sóisialta agus aistreofar isteach sa scéim ÍCT iad de réir a chéile.

Áirítear faighteoirí ÍCT orthu siúd a bhfuil freastal déanta ar a riachtanais tithíochta, agus baintear den liosta tithíochta iad. Tig leo dul ar liosta aistrithe tithíochta, áfach, más mian leo aistriú go tithíocht de chuid an údaráis áitiúil nó tithíocht dheonach.

Ní mór d'fhaighteoirí ÍCT a lóistín féin a aimsiú, agus íocann an tÚdarás Áitiúil íocaíocht mhíosúil cíosa – faoi réir uasteorainneacha – go díreach leis an tiarna talún. Ní mór don fhaighteoir ÍCT íocaíocht dhifreálach cíosa a íoc leis an údarás áitiúil gach seachtain.

Tugadh an scéim ÍCT isteach go Maigh Eo ar an 16 Samhain 2015, agus tá aonad ar leith tiomnaithe do riaradh ÍCT curtha ar bun san Oifig Tithíochta i mBéal Átha na Muice chun tabhairt faoin ualach oibre a ghabhann leis. Déanann an t-aonad seo socruithe i gcomhair ÍCT do chliaint (a) a fuair faomhadh le haghaidh Tacaíocht Tithíochta Sóisialta ón Oifig Tithíochta áitiúil acu agus (b) a bhfuil ÍCT aitheanta mar fhreagra sásúil ar an riachtanas tithíochta atá acu. Bhí 390 teaghlach ar an scéim ÍCT i Maigh Eo faoi dheireadh na bliana 2016.

Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC)
Bhí 1,641 aonad (470 ón earnáil dheonach agus 1,137 ón earnáil phríobháideach) tagtha faoi chúram Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoin 31 Nollaig 2016. Idir 2006 agus 2016, áfach, d'fhág 248 gcliant dheonacha an scéim agus aistríodh nó cealaíodh 466 tionóntacht eile.

Léasú Tithíochta Sóisialta
Bhí 205 aonad léasaithe tagtha faoi chúram Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoin 31 Nollaig 2016. Idir 2009 agus 2016, áfach, d'fhág 65 an scéim nó b'éigean iad a aistriú laistigh den scéim. Freastlaíonn an scéim léasaithe seo ar chliaint atá incháilithe do Thithíocht Shóisialta ach nach bhfaigheann an Fóirdheontas Cíosa.

Tá an easpa tithíochta ar fáil le ligean ar cíos sa chontae ina dúshlán mór roimh an bhfoireann um Chaiteachas Reatha ar Thithíocht Shóisialta Anuas air sin, tá beartaithe ag go leor tiarnaí talún filleadh ar a gcuid tithe féin, rud a fhágann faoin bhfoireann ansin go leor tionóntaí a athlonnú i rith na bliana. Cuireann sé seo moill ar an bpróiseas aistrithe cliant ón liosta feithimh tithíochta go dtí na scéimeanna. Dúshlán eile a bhíonn le sárú ag an bhfoireann ar bhonn laethúil is ea an méadú leanúnach atá ag teacht ar chíosanna sa chontae, agus tá sé fíordheacair anois luach ar airgid a fháil sa mhargadh.

An Mheasúnacht ar Riachtanais Tithíochta 2016
Rinneadh an Mheasúnacht ar Riachtanais Tithíochta don bhliain 2016 ar an 21 Meán Fómhair. Scríobhtar chuig gach duine ar Liosta Feithimh Tithíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag iarraidh orthu foirm ghairid a líonadh isteach chun a gcuid sonraí pearsanta a nuashonrú. Cuireadh fógraí sna meáin áitiúla chomh maith ag cur fáilte roimh iarratais.

Scríobhadh chuig tuairim is 2,800 teaghlach ar an iomlán. D'iarr dornán iarrthóirí orainn iad a bhaint den liosta, nó baineadh iad toisc nach raibh siad incháilithe do Thacaíocht Tithíochta Sóisialta a thuilleadh de réir na Rialachán nua um Measúnacht Tithíochta Sóisialta, 2011.

Orthu siúd a baineadh den liosta, rinneadh amhlaidh i bhformhór na gcásanna mar gheall nár sheol siad an fhoirm nuashonraithe ar ais chugainn. Is dóchúil gur mhian le roinnt de na teaghlaigh áirithe seo fanacht ar an liosta, nó gur mhaith le cuid eile a bheith bainte den liosta ach an tacaíocht tithíochta atá á fáil acu faoi láthair a choinneáil. Aithneofar na daoine sa dara catagóir seo de réir mar atá faighteoirí an fhóirdheontais cíosa á n-aistriú go dtí Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT). I gcás daoine a raibh sé i

gceist acu an fhoirm nuashonraithe a sheoladh ar ais, is féidir iad a chur ar ais ar an liosta a luaithe is a fhaightear an fhoirm ar ais uathu. Is amhlaidh gur teaghlaigh nach bhfuil cónaí orthu sa chontae a thuilleadh, teaghlaigh nach dteastaíonn Tacaíocht Tithíochta Sóisialta uathu a thuilleadh, nó teaghlaigh a bhfuil fostaíocht faighte acu agus a bhfuil a fhois acu féin nach bhfuil siad incháilithe a thuilleadh, fuílleach na dteaghlach a baineadh den liosta.

Tá 1608 dteaghlach ar an liosta athbhreithnithe tithíochta do Mhaigh Eo, agus áirítear orthu siúd 362 iarratasóir ar aistriú. Meastar gur léiriú réalaíoch é an figiúr seo ar an bhfíoréileamh atá ann, nuair a smaoiníonn tú ar líon na dteaghlach atá ag fáil an fhóirdheontais cíosa faoi láthair (1232) agus ar thorthaí na Measúnachta ar Riachtanais Tithíochta do na blianta 2011 (2056) agus 2013 (1479). Ó 2017 i leith, tabharfar faoin Measúnacht ar Riachtanais Tithíochta ar bhonn bliantúil.

<u>An Scéim Ceannaigh (Incrimintigh) ag Tionóntaí, 2016</u>
Tháinig scéim nua chun tithe reatha an údaráis áitiúil a cheannach i bhfeidhm i mí Eanáir 2016, scéim a thugann deis do thionóntaí de chuid an údaráis áitiúil a gcuid tithe a cheannach. Is beag spéis a cuireadh sa scéim go dtí seo. Is constaic mhór do go leor tionóntaí í an bhuntairseach ioncaim de €15,000. Tugadh gealltanas faoi Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine go ndéanfar athbhreithnú ar an scéim seo go luath sa bhliain 2017.

<u>Cóiríocht don Lucht Siúil</u>
Leanann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar aghaidh ag freastal ar riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil, ag baint leasa as réimse iomlán na roghanna tithíochta atá ar fáil. Tá dul chun cinn suntasach déanta sa réimse seo ó glacadh leis an gcéad Phlean Cóiríochta sa bhliain 2000.

Glacadh le Clár Cóiríochta don tréimhse 2014-2018 i mí Aibreáin 2014.
Meastar sa Phlean Cóiríochta don Lucht Siúil, 2014-2018 go mbeidh 120 aonad cóiríochta de dhíth:

- 31 aonad i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha
- 33 aonad i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh
- 52 aonad i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris
- 4 aonad i gCeantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo

Ó glacadh leis an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil i mí Aibreáin 2014, tá 61 aonad cóiríochta curtha ar fáil don lucht siúil, ó na foinsí a leanas:

- 16 – Corrfholúntais leis an Údarás Áitiúil
- 10 – Scéim Cóiríochta Cíosa & SHIL
- 28 – Tionóntachtaí Príobháideacha/ÍCT
- 4 – Tithíocht Dheonach
- 3 – Tithe Nuathógtha/Nuafhaighte

De thoradh an ghanntanais tithíochta sa mhargadh príobháideach cíosa táthar beagáinín ar gcúl ar na spriocanna a bhí leagtha amach, agus is ábhar buartha é sin. Tá fianaise ann go bhfuil teaghlaigh de chuid an lucht siúil ar na grúpaí is túisce a

bheidh thíos le tiarnaí talún ag tréigean na hearnála cíosa, agus táthar ag súil le tuilleadh brú amach anseo ar an 144 theaghlach den lucht siúil atá i gcóiríocht cíosa phríobháideach.

Cuireadh athbhreithniú lártéarma de Phlean 2014-2018 i gcrích i mí na Samhna agus mí na Nollag 2016.

Easpa Dídine/Caomhnú Tionóntachtaí

Ar an meán, tagann dhá nó trí chás d'easpa dídine chun cinn sa chontae gach seachtain, formhór díobh sin de bharr mí-úsáid alcóil, drugaí nó foréigin sa bhaile, agus réiteach gearrthéarmach a bhíonn uathu de ghnáth. Tugtar cóiríocht éigeandála i dtithe lóistín nó óstáin áitiúla, nó in aonaid tithíochta atá fágtha ar leataobh ag an gComhairle chun na cúise sin amháin. Ní fadhb í an easpa dídine fadtéarmaí i Maigh Eo faoi láthair, agus is annamh a tharlaíonn ar éinne ag codladh amuigh.

Is cúis bhuartha, áfach, go bhféadfadh borradh teacht faoi líon na gcásanna easpa dídine ag teacht chun cinn sa chontae de réir mar a mhéadaíonn an brú sa mhargadh cíosa príobháideach, mar a thagann méadú ar chíosanna agus mar a athshealbhaítear tithe. Tá Oifigeach Leanúnachais Tionóntachta á earcú ag CCME i láthair na huaire chun tabhairt faoin bhfadhb seo sula bhfuil seans aige éirí níos measa. Beidh teagmhálaí ar fáil mar fhoinse eolais, comhairle nó eadráin do thionóntaí nó úinéirí réadmhaoine atá i mbaol a dteach a chailliúint, agus déanfar gach iarracht teaghlaigh a choinneáil ina dtithe seachas iad a bheith ag teacht chugainn gan dídean. Tá sé mar chuspóir againn Fóram Easpa Dídine Mhaigh Eo a ghríosadh, Plean nua Feidhmithe don tréimhse 2017-2020 a ullmhú, maoirseacht agus comhairle a thabhairt do na Ceantair Bhardasacha i dtaobh bainistiú easpa dídine, agus sonraí níos beachta a choinneáil maidir le fairsinge na faidhbe féideartha ionas go gcuirfear bearta i gcrích go luath chun líon na gcásanna easpa dídine a laghdú.

Athlonnú Teifeach

Tá sé de dhualgas ar Chontae Mhaigh Eo, de réir bheartas an Rialtais, cóiríocht a thabhairt do 120 teifeach ar a laghad as an tSiria a easáitíodh de bharr an chogaidh atá ar siúl sa tír acu faoi láthair. Tháinig 17 dteaghlach (75 duine) go Maigh Eo i mí na Samhna agus tá lóistín socraithe dóibh ag Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Tá grúpa idirghníomhaireachta, faoi stiúir CCME, ag obair chun cuidiú leis na teifigh atá ag cur fúthu i Maigh Eo, a chinntiú go himeascann siad go maith isteach i sochaí na hÉireann. Tá ionadaithe na bpríomhghníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla uile a fheidhmíonn san earnáil seo mar chuid den ghrúpa.



***Teach tuaithe singil le ceithre sheomra***

***Forbairt Tithíochta Chnoc an Tobair***



## RANNÓG NA nAILTIRÍ

Oifig ildisciplíneach is ea Rannóg na nAiltirí, a sholáthraíonn Seirbhís lárnach Deartha, Soláthair, agus Bainistíochta, chomh maith le Seirbhís Comhairleoireachta um Pleanáil agus Caomhnú Ailtireachta, do rannóga agus stiúrthóireachtaí réigiúnacha Chomhairle Contae Mhaigh Eo uile.

Tá daoine le raon leathan sainscileanna teicniúla agus riaracháin ar fáil san oifig, lena n-áirítear:

- ✓ Ailtirí
- ✓ Innealtóirí
- ✓ Ailtire Caomhantais
- ✓ Teicneoirí Ailtireachta & Sibhialta
- ✓ Gairneoir
- ✓ Cléirigh Oibreacha
- ✓ Foireann Cléireachais

Rinneadh an-dul chun cinn ar thógáil go leor de na príomhfhorbairtí foirgníochta a bhí beartaithe faoi Chlár Caipitiúil Oibreacha an Údaráis Áitiúil, 2016. Áirítear ina measc Linn Snámha & Ionad Oideachais Allamuigh Chaisleán an Bharraigh, Forbairt Tithíochta Sóisialta Chnoc an Tobair i gCathair na Mart, an tIonad nua Seirbhíse Gníomhaíochta ar an Mala Raithní, mar aon le raidhse tionscadal foirgníochta eile ar fud an chontae a chuimsíonn áiseanna fiontair, áiseanna fóillíochta agus spóirt, agus tograí caomhantais.

I measc na réimsí eile oibre nach mbaineann le cúrsaí foirgníochta ach a raibh an Rannóg Ailtireachta níos gníomhaí iontu i mbliana, bhí:

- Riaradh Scéim Deontais na Struchtúr i mBaol
- Seirbhísí Comhairleoireachta maidir le Pleanáil agus Caomhnú Ailtireachta
- Cothabháil agus Bainistiú Ghairdíní Pháirc Thurlaigh

Clár Caipitiúil:

Tithíocht
Tháinig borradh suntasach faoi líon na dtionscadal tógála as an úr sa chontae in 2016 de bharr an Chláir Tógála Tithe, 2015-2017 a seoladh go luath in 2015.

Rinneadh dul chun cinn ar phleanáil agus dearadh roinnt forbairtí tithíochta, agus tá sé beartaithe oibreacha tógála a thosú orthu go luath sa bhliain 2017. Áirítear ar na tionscadail seo scéimeanna nua tithíochta sóisialta sna háiteanna a leanas:

- Corrán Mhuire, Béal an Átha
- Cill Mhíona, Cathair na Mart
- Cnoc Mhuire
- An Cnoc Mór

I measc na ngnóthaí eile ar thug Comhairle Contae Mhaigh Eo fúthu i dtaobh cúrsaí tithíochta bhí oibreacha feabhsúcháin agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh. Cuireadh insliú áiléir agus ballaí i mbreis is 160 áras cónaithe in 2016, cuireadh córas téimh lárnaigh isteach i 26 áras cónaithe, agus feistíodh fuinneoga agus doirse nua i 24 áras eile.

Forbairt Tithíochta Sóisialta Chnoc an Tobair – Céim 2

Cuireadh tús le tógáil 21 aonad tithíochta sóisialta agus 2 aonad miondíola i gcéim a dó den fhorbairt ag Cnoc an Tobair, Cathair na Mart, i mí Mheán Fómhair 2016. Táthar an-sásta leis and dul chun cinn agus le caighdeán na hoibre atá curtha i gcrích go dtí seo, atá le feiceáil sa ghrianghraf a leanas.

Tuairim is €5 mhilliún a chosnóidh an fhorbairt seo san iomlán, agus tá sé beartaithe a bheith críochnaithe faoin gceathrú ráithe 2017 – an tráth céanna is atá an tAonad Bunchúraim de chuid FSS, atá á thógáil béal dorais faoi láthair, ceaptha is bheith críochnaithe.



***Dul chun cinn na n-oibreacha i gCnoc an Tobair.***

Fiontar

Ionad Fiontar Chathair na Mart
Ar an 26 Meán Fómhair 2016 rinne Westport Multi Agency Enterprise Ltd conradh chun athchóiriú a dhéanamh ar thrádstóras ilúsáide a bhí suite díreach in aice le hOifigí Cathartha Chathair na Mart ar Shráid Altamont, Cathair na Mart.
Nuair a bheidh an t-ionad seo curtha i gcrích soláthróidh sé oifigí agus bunáiseanna do ghnólachtaí agus fiontair nuathionscanta. I measc na n-áiseanna a chuirfear ar fáil beidh oifigí ceallacha, spásanna comhroinnte oibre le deasca sealaíochta is féidir a úsáid ar bhonn gearrthéarmach nó páirtaimseartha, seirbhís leathanbhanda ardluais 1GB, seomraí oiliúna agus cruinnithe, mar aon le háiseanna sóisialta agus líonraithe gnó.

Beidh an t-ionad, ar a dtabharfar an 'Leeson Enterprise Centre', faoi stiúir Chomhlachas Tráchtála Chathair na Mart, agus fuair sé maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann.

Cuireadh an tionscadal i gcrích go substaintiúil in 2016 ar chostas tuairim is €1.2 milliún. Mar is léir on ngrianghraf a leanas den taobh istigh den fhoirgneamh nua, ba chruthúil críochnúil an bailchríoch a cuireadh ar an bhfoirgneamh de thoradh comhoibriú den scoth idir an conraitheoir agus an fhoireann deartha.
Tá Rannóg na nAiltirí ag obair i gcomhar leis an gcliant anois chun fearastú agus leagan amach na n-oifigí a chur i gcrích.

Táthar ag súil go mbeidh an t-ionad seo, ar a dtabharfar an 'Leeson Enterprise Centre', oscailte i mí na Bealtaine 2017.



***Seo thuas grianghraf den taobh istigh den Leeson Enterprise Centre.***

Áiseanna Fóillíochta, Pobail agus Seirbhíse

Linn Snámha agus Ionad Oideachais Allamuigh Chaisleán an Bharraigh

Rinneadh an-dul chun cinn in 2016 ar thógáil an Lárionaid Snámha agus an Ionaid Oideachais Allamuigh ag Loch an Eanaigh, Caisleán an Bharraigh, agus mar is léir ó na grianghraif a leanas, tá an Linn Snámha ag cruthú go maith anois.

Agus an fhorbairt chríochnaithe (Ceathrú Ráithe 2017) cuimseoidh sí linnte snámha istigh, limistéar amhairc, seomraí feistis agus stórála, spórtlann chorpacmhainne, stiúideo aeróbaice, balla dreapadóireachta, léachtlanna agus oifigí gaolmhara, áis seirbhíse, ionad daingean, carrchlós agus soilse allamuigh, TCI, rochtain ar Loch an Eanaigh do choisithe, agus na hoibreacha láithreáin agus ceangail seirbhíse uile a ghabhann leis.

Ba iad Ailtirí Chomhairle Contae Mhaigh Eo a dhear an fhorbairt, agus ceapadh í chun tacú le húsáid cheantar Loch an Eanaigh mar áis fóillíochta agus oideachais araon, chomh maith le háiseanna nua-aimseartha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais caitheamh aimsire agus oideachais an phobail.

Tá an fhorbairt deartha le bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, inmharthana, agus inrochtana, agus fuarthas deontas lena haghaidh ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar aon le ranníocaíochtaí ó Chumann Forbartha Pobail Chaisleán an Bharraigh, GMIT agus Comhairle Contae Mhaigh Eo.



***Léaráid ealaíontóra den tionscadal críochnaithe.***



***Seo thuas agus thíos grianghraif den obair déanta ar an láithreán go dtí seo.***



***Athchóiriú Linn Snámha Allamuigh Bhaile Chathail.***

Tá Linn Snámha Allamuigh Bhaile Chathail ag freastal ar phobal Bhaile Chathail agus an cheantair mórthimpeall air le 40 bliain anuas. Tá an t-ionad i seilbh agus faoi stiúir Choiste Bainistíochta Linn Snámha Bhaile Chathail.

D'éirigh le Comhairle Contae Mhaigh Eo deontas a fháil don tionscadal faoi Chlár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil – An Tionscnamh um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Rochtain níos fearr do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2015, agus ba í an Chomhairle a d'eagraigh, rinne maoirseacht air agus chuir an tionscadal seo i gcrích i gcomhpháirt le Coiste Bainistíochta Linn Snámha Bhaile Chathail.



***An linn snámha sula ndearnadh athchóiriú air.***

I measc na n-oibreacha athchóirithe a cuireadh i gcrích, bhí:

- Seomra innealra nua.
- Athlíneáil umar na linne a le líneáil nua inslithe.
- Soláthar teaschaidéil aeir chun uisce na linne a théamh.
- Soláthar rampaí nua inrochtana chuig deic na linne snámha, chomh maith le pábháil nua agus oibreacha draenála timpeall na deice.

- Soláthar rampaí nua inrochtana chuig agus mórthimpeall an phríomhbhloic feistis.
- Soláthar príomhsholáthar nua uisce, príomhsholáthar nua leictreachais, chomh maith le córais nua scairdte cúlchaise agus fuíolluisce.



***An linn snámha athchóirithe, 2016.***



***Ionad Seirbhíse Gníomhaíochta nua ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair.***

Mar chuid den tionscadal seo rinneadh foirgneamh ársa iarnróid a bhí tréigthe – an seanteach stáisiúin ar an Mala Raithní – a chaomhnú agus a athchóiriú. Athshamhlú an

fhoirgnimh a bhí i gceist leis chomh maith; á thiontú ó sheomra feithimh agus teach mháistir an stáisiúin go hionad taispeántais agus oidhreachta, stad agus ionad seirbhíse ar an nGlasbhealach, ionad garchabhrach, agus lárionad le haghaidh gníomhaíochtaí feadh an Ghlasbhealaigh agus Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Tionscadal uathúil is ea seo, ní hamháin sa chaoi gur shábháil sé agus gur chuir sé beocht arís i bhfoirgneamh a bhí geall le bheith ina fhothrach bliain ó shin, ach sa chaoi go dtugann sé eiseamlár don tír uile gur féidir an oidhreacht iontach iarnróid atá againn a athbheochan.

Ba fhíordhúshlánach iad na spriocanna ama leagtha amach chun an tionscadal a chur i gcrích: bhí an maoiniú ó Fáilte Éireann ag brath ar iomlán an airgid deonaithe don tionscadal a bheith caite faoi dheireadh 2016.

D'ainneoin nár tosaíodh an tionscadal go dtí mí Lúnasa 2016, caitheadh 100% de na deontais faoi dheireadh na bliana, agus is mór an teist é sin ar an ndúthracht a chaith chuile dhuine a bhí páirteach ann.



View to rear of building (facing N-E) prior to reconstruction works – February 2016



View to rear of building (facing N-E) post completion – March 2017

Amlíne i ngrianghraif...



***Tús an 20ú hAois.***



***Deireadh an 20ú hAois.***



***Feabhra 2016***



***Eanáir 2017.***

<u>Oibreacha Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh faoi scéim an SEAI 'Pobail Fuinnimh Níos Fearr'</u>

Sa bhliain 2016 fuarthas deontas ón SEAI arbh fhiú 30-60% de chostas oibreacha iarfheistithe fuinnimh ar raidhse foirgnimh phoiblí, phríobháideacha agus phobail nach raibh éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus a measadh go mbainfidís an-tairbhe as oibreacha dá leithéid.

Retrofit Energy Ireland (REIL) a thug faoin bpróiseas measúnachta tosaigh ar fhoirgnimh, agus faoin iarratas ar dheontas chuig SEAI ina dhiaidh sin. Cé gur sholáthar agus gur bhainistigh REIL na hoibreacha iarfheistithe ar na foirgnimh 'phobail' sa tionscadal, bhí Rannóg na nAiltirí i bhfeighil sholáthar agus bhainistiú na n-oibreacha iarfheistithe ar na príomhfhoirgnimh a leanas de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo:

- Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh,
- Ceanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin, agus
- Ceanncheathrú Leabharlann Mhaigh Eo.

Thug Delap & Waller Engineers an chomhairle mheicniúil agus leictreach a bhí de dhíth don tionscadal.

Seo a leanas roinnt de na hoibreacha iarfheistithe fuinnimh a rinne CCME ar na trí ionad thuasluaite:

- Feistíodh painéal gréine ar an Leabharlann a ghineann tuairim is leathchuid den leictreachas a theastaíonn ón bhfoirgneamh sin.
- Cuireadh soilse LED in áit na soilse atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de. Tá na cinn nua suas le deich n-oiread níos éifeachtúla.
- Feistíodh coirí agus/nó teaschaidéil ar ráta 'A' in áit córais neamhéifeachtúla fuinnimh.

Cuireadh insliú cuasbhalla isteach agus tugadh faoi oibreacha chun foirgnimh a dhéanamh díonmhar ar shéideáin.

Tuairim is €1 mhilliún a chosain tionscadal foriomlán SEAI/BEC; fuarthas deontas le haghaidh na ngnéithe 'pobail' den tionscadal arbh fhiú suas le 60% dá gcostas, agus deontas 30% faighte le haghaidh na ngnéithe poiblí agus príobháideacha. Cuireadh na hoibreacha uile i gcrích roimh an 14 Deireadh Fómhair 2016, an spriocláe le híostarraingt an deontais.

Ar an iomlán, €270,000.00 a bheidh le híoc ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ar na hoibreacha athchóirithe thuasluaithe, ach táthar ag súil lena íoc ar ais thar thréimse idir sé agus deich mbliana.



***An painéal gréine feistithe ar Cheanncheathrú na Leabharlainne i gCaisleán an Bharraigh.***

Seirbhísí Comhairleoireachta maidir le Pleanáil agus Caomhnú Ailtireachta
Ó 2010 i leith, ghlac Rannóg na nAiltirí chuici féin cúramaí agus freagrachtaí Oifigeach Caomhantais Ailtireachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Mar chuid de na cúramaí agus freagrachtaí seo, thug an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta comhairle, agus ullmhaíodh tuairiscí, i dtaobh na gcúrsaí a leanas in 2016:

- Clár na Struchtúr faoi Chosaint
- Tuairiscí le haghaidh Comhaid Phleanála agus Seisiúin Comhairliúcháin Réamhphleanála
- Comhairle caomhantais d'úinéirí oidhreachta tógtha
- Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha
- Ciste um Struchtúir i mBaol

Ceardlanna i dtógáil Ballaí Cloiche Singile agus Scileanna Aoil
Eagraithe i gcomhpháirt leis an Oifigeach Oidhreachta, reáchtáladh an cheardlann bhliantúil seo i mí na Bealtaine i gcomhar le Pobal Feasta na Mala Raithní & Building Limes Forum Ireland. Chuimsigh an cheardlann gnéithe teoiriciúla agus praiticiúla araon. Tugadh forbhreathnú ar shárchleachtas agus ar phrionsabail caomhantais ailtireachta trí léachtaí, cás-staidéir, agus taispeántais ag caomhantóirí gairmiúla, saoir chloiche, agus cleachtóirí brící agus aoil. Tá an tionscadal á eagrú mar chuid de na hoibreacha leanúnacha caomhantais agus deisithe atá á ndéanamh ar na ballaí cloiche singile feadh Ghlasbhealach na Mala Raithní.


***Rannpháirtithe i gceardlanna ar thógáil ballaí cloiche singile agus scileanna aoil.***

Caomhantas Ailtireachta

An Ciste um Struchtúir i mBaol, 2016

Is é cuspóir an Chiste um Struchtúir i mBaol (CSB) cuidiú le hoibreacha a dhéanfaidh struchtúir atá cosanta faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) a chaomhnú. Áirítear leis seo oibreacha ar struchtúir atá molta a chosaint, agus i gcásanna áirithe le hoibreacha chun struchtúir laistigh de Limistéir Caomhantais Ailtireachta a chaomhnú.

Fógraíodh go rabhthas ag glacadh le hiarratais don Chiste um Struchtúir i mBaol, le maoiniú don scéim ag teacht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Éiríodh le hoibreacha riachtanacha caomhantais a chur i gcrích ar thrí struchtúr i mbaol i ndiaidh iniúchtaí a dhéanamh ar na hoibreacha agus na deontais a bheith riartha de réir threoirlínte na roinne.

Teach Gléibe Bhaile Easa Caoire, Mullach Faraidh

Tógadh Teach Gléibe Bhaile Easa Caoire, Mullach Faraidh in 1820, agus is ann a rugadh an Dr Kathleen Lynn sa bhliain 1874. Bhí ról suntasach ag an Dr Lynn in Éirí Amach na Cásca agus í ina Príomhoifigeach Leighis, lonnaithe i Halla na Cathrach. Le hoibreacha caomhantais maoinithe faoin scéim, bhíothas in ann an simléir láir, déanta de chloch ghearrtha, a thógáil as a chéile go cúramach agus a chur ar ais arís ar ball. Rinneadh oibreacha riachtanacha deisiúcháin ar chuid den díon; cuireadh slinnte úra air chomh maith le hoibreacha ábhartha ar an luaidhe.





***Teach Gléibe Bhaile Easa Caoire: Roimh ré Oibreacha curtha i gcrích***

<u>Robe Villa, Baile an Róba</u>

Teach baile mhóir suntasach is ea Robe Villa, tógtha ag an gCaptaen Courtney Kenny (1702-79) ar láithreán a fuair sé ar léas (1739) ó Michael Cuffe MP (1694-1744), agus meastar é – lena radharcanna áille ar an Róba – a bheith ina ghné tábhachtach d'oidhreacht thógtha an 18ú hAois de chuid Bhaile an Róba. Leis an gcistiú a fuarthas don tionscadal áirithe seo, rinneadh oibreacha riachtanacha deisiúcháin don díon agus oibreacha ábhartha don luaidhe, agus rinneadh roinnt de na príomhshimléir a atógáil le moirtéal aoil.



***Teach Bhaile an Róba***



***Teach Bhaile an Róba: Deisiú an dín.***

<u>Teach Bhéal an Átha Fada, Béal an Átha Fada</u>

Teach tuaithe é seo a tógadh do Maurice Blake, Ard-Sirriam Chontae Mhaigh Eo tráth den saol (1838 a d’éag), agus is cuid thábhachtach d’oidhreacht thógtha cheantar tuaithe Bhaile na Cora é ó thús an 19ú haois. Leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha caomhantais ailtireachta air in 2016 le hoibreacha deisiúcháin don taobh istigh agus taobh amuigh de. Bhí an choirnis agus an cúrsa uachtair de bhloic ar an bpóirse isteach, a tógadh níos déanaí, cutha as alt de bharr chreimeadh na bhfeisteas iarainn.

Bhí na hoibreacha a maoiníodh faoin scéim ríthábhachtach chun an phóirse de chloch ghearrtha agus an staighre stuach ar aghaigh an tí a shábháil.



*Teach Bhéal an Átha Fada.*



*Teach Bhéal an Átha Fada.*

Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha, 2016

Fógraíodh go rabhthas ag glacadh le hiarratais ar mhaoiniú faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha (SIOT) don bhliain 2016, scéim riartha ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá sé i gceist ag an scéim seo daoine a spreagadh chun caipiteal príobháideach a úsáid agus a infheistiú i roinnt tionscadail bheaga a bhfuil dlúthshaothar i gceist leo, chun struchtúir atá cosanta ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) a chaomhnú. I gcásanna áirithe áireofar faoin scéim seo struchtúir a luíonn taobh istigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta chomh maith. Tá sé de rún ag an scéim seo cuidiú le fostaíocht a chruthú do dhaoine gairmiúla, oilte agus a bhfuil taithí acu ar chúrsaí caomhantais, ar an gceardaíocht agus ar cheirdeanna éagsúla. Éiríodh le hoibreacha riachtanacha caomhantais a chur i gcrích ar sheacht struchtúr a bhfuil luach ailtireachta ar leith acu i ndiaidh iniúchtaí a dhéanamh ar na hoibreacha agus na deontais a riaradh de réir threoirlínte na roinne.

Ardeaglais Naomh Muiríoch, Béal an Átha

Tógadh Ardeaglais Naomh Muiríoch faoi shúil choimirceach an Urramaigh Seán Mac Éil (1791-1881), agus é deartha, de réir tuairisce, ag Dominick Madden i nGaillimh. Le haitheantas tugtha do thábhacht náisiúnta na hArdeaglaise seo, úsáideadh an maoiniú a fuarthas faoin scéim chun na síleálacha boghtaí easnacha, a raibh díobháil déanta dóibh ag uisce a tháinig isteach, a dheisiú. Anuas ar oibreacha chun stop a chur le huisce ag teacht isteach, chuimsigh na sainoibreacha caomhantais oibreacha deisiúcháin ar na boghtaí adhmaid, píosaí nua a chur leis na heasnacha plástair agus leis an ngnáthphláistéireacht ornáideach, agus daingniú na síleálacha atá ann faoi láthair agus a deisíodh os cionn an tsanctóra agus an trasnaithe. Rinneadh oibreacha deisiúcháin ar chodanna áirithe de na tíleanna mósaice ar an mballa chomh maith.




***Ardeaglais Naomh Muiríoch, Béal an Átha.*** ***Ardeaglais Naomh Muiríoch, Béal an Átha.***

Teach Bhéal an Átha Fada, Béal an Átha Fada

Le maoinú faighte faoin scéim, bhíothas in ann tabhairt faoi oibreacha ar dhíon an sciatháin thiar de Theach Bhéal an Átha Fada in 2016, a chuimsigh oibreacha deisiúcháin don chreatlach adhmaid, slinnte úra ar an díon, agus oibreacha don luaidhe ar gháitéar an uchtbhalla.




***Teach Bhéal an Átha Fada.*** ***Teach Bhéal an Átha Fada.***

Séipéal Naomh Séarlais Mairtíreach, Maolla

Suite i lár thírdhreach múnlaithe Mhaolla, tá líon suntasach leachtanna uaighe aolchloiche saorsheasaimh d'ardchaighdeán, mar aon le ráillí maisithe iarainn, ar fáil i Séipéal Naomh Séarlais Mairtíreach agus sa reilig in aice leis. Tá tábhacht idirnáisiúnta ag baint le spuaic an tséipéil seo ós í an spuaic iarainn theilgthe is sine san Eoraip go bhfios dúinn. Úsáideadh an maoiniú chun oibreacha deisiúcháin a dhéanamh ar na ceithre chéim is ísle den spuaic iarainn theilgthe.




***Séipéal Naomh Séarlais Mairtíreach, Maolla.*** ***Séipéal Naomh Séarlais Mairtíreach, Maolla.***

Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh, Caisleán an Bharraigh

'Halla línéadaigh' a tugadh ar an bhfoirgneamh seo, a sheasann amach ar shráideanna Chaisleán an Bharraigh, sa National Inventory of Architectural Heritage (c. 1790). Leis na hoibreacha caomhantais ailtireachta a bhí maoinithe, baineadh an phointeáil stroighne d'aghaidh an fhoirgnimh, rud nár fheil dó riamh, agus cuireadh pointeáil mhoirtéil aoil a bhí ar aon dul lena raibh ann ó thús, ina áit. Bhí deisiúcháin speisialta cloiche de dhíth ar ghialla na bhfuinneog uachtair. Athneadaíodh na clocha sceimhle i moirtéal aoil nuair ba ghá, agus feistíodh gáitéir agus fánphíobáin iarainn theilgthe nua. Deisíodh na plátaí iarainn theilgthe chomh maith.





***Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh.*** ***Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh.***

Séipéal na Tríonóide Naofa, Cathair na Mart

Deartha ag Sir Thomas Newenham Deane, tá Séipéal na Tríonóide Naofa ina shampla neamhchoitianta in Éirinn de dhearadh Uaseaglasta Victeoiriach na hEaglaise Anglacáni, go háirithe saibhreas na maisiúchán laistigh de.

Chlúdaigh an maoiniú deisiúcháin chaomhantais don simléar ar bhinn an bheistrí chun stop a chur le huisce ag teacht isteach. Cuireadh pointeáil moirtéil aoil ann agus rinneadh na gáitéir agus fánphíobáin iarainn theilgthe a dheisiú nó a athsholáthar.





***Séipéal na Tríonóide Naofa, Cathair na Mart.*** ***Séipéal na Tríonóide Naofa, Cathair na Mart.***

<u>Séipéal Naomh Tomáis, Dumha Goirt</u>
Séipéal é seo a tógadh de réir dearadh a bhí sínithe ag Joseph Welland (1851), Ailtire na gCoimisinéirí Eaglasta, agus meastar é a bheith in a chuid fhíorthábhachtach d'oidhreacht eaglasta Acla agus é i gcroílár 'na cóilíneachta' a bhunaigh an tUrramach Edward Nangle (1833). Deisíodh an dá fhuinneog chaola iarainn theilgthe, agus fuinneog cheathairdhuilleach iarainn theilgthe.







***Séipéal Naomh Tomáis, Dumha Goirt.***

Séipéal Preispitéireach Mhullach Faraidh, Mullach Faraidh

Séipéal simplí ar stíl sciobóil, scoite amach agus suite i lár reilig faoi chrainn, is ea Séipéal Preispitéireach Mhullach Faraidh. Tógádh i gcruth dronuilleogach é in 1824 le trí bhá, aon chill amháin agus airde dhúbailte sa lár, agus póirse beannach aon bhá, aon stór ag gobadh amach mar bhealach isteach ann ar an taobh thiar de. I measc na n-oibreacha caomhantais ar tugadh fúthu chun todhchaí an fhoirgnimh seo a shlánú bhí athshlinniú an dín, oibreacha luaidhe ábhartha, agus gátair agus feistis iarainn nua curtha ann.




***Séipéal Preispitéireach Mhullach Faraidh.***


Cistiú na Comhairle Oidhreachta

Séipéal Naomh Caitríona, Cluain Cearbán

Anuas ar cheadú deontais d'Ionad Ghráinne Mhaol, atá in aon fhoirgneamh leis an leabharlann, thug an Rannóg Ailtireachta faoina chúram an soláthar, bainistiú tionscadail agus ullmhú na dtuarascálacha a bhí de dhíth chun an maoiniú a tharraingt aníos. Tugadh faoi shainoibreacha siúinéireachta agus gloinithe chun an fhuinneog thoir agus trí fhuinneog rinneacha a shábháil.







***Ionad Ghráinne Mhaol, Cluain Cearbán.***

Séipéal Naomh Eoin, Baile an Chaisil
Leis an deontas a fuarthas bhíothas in ann Plean Bainistithe Caomhantais a ullmhú don séipéal chomh maith le hoibreacha riachtanacha a chur i gcrích ann – daingniú chlog an tséipéil san áireamh. Baineadh den túr an cóta plástair ann a bhí cosúil le stroighin agus rinneadh píosa beag de a phointeáil le moirtéal feiliúnach aoil.




***Séipéal Naomh Eoin, Baile an Chaisil.***

Áiseanna Caitheamh Aimsire
Lean an Rannóg Ailtireachta ar aghaidh in 2016 ag forbairt áiseanna nua caitheamh aimsire do phobail ar fud an chontae. I measc na n-áiseanna seo bhí clóis súgartha, Limistéir Ilúsáide Cluichí agus tuilleadh nach iad.

Tugtar faoi na tionscadail seo i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail, agus uaireanta is le hairgead ón Údarás Áitiúil, LEADER, an Rialtas láir, nó airgead tiomsaithe go háitiúil amháin a mhaoinítear iad. I bhformhór na gcásanna, áfach, is meascán de na foinsí maoinithe seo uile a mhaoiníonn na háiseanna. Déanann an Rannóg Ailtireachta na tionscadail a dhearadh agus a bhanistiú, ach bíonn ról lárnach ag an bpobal áitiúil i ngach chéim den phróiseas.

De thoradh na hinfheistíochta suntasaí seo tá gréasán d'áiseanna caitheamh aimsire poiblí ar fud an chontae anois, agus iad ar fáil do phobail áitiúla agus do chuairteoirí araon. Tá Contae Mhaigh Eo aitheanta anois mar cheann de na contaetha is fearr sa tír ó thaobh líon na n-áiseanna caitheamh aimsire poiblí atá ann.

Tógáil Clós Súgartha nua i bPoll an tSómais
Cuireadh clós súgartha Pholl an tSómais i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2016, arna mhaoiniú ag an gCiste Infheistíochta chun Leasa an Phobail ar chostas tuairim is €70,000. Ba é Kompan Ireland an conraitheoir a thóg.



***Oscailt oifigiúil, mí Dheireadh Fómhair 2016.***



***Páistí an cheantair ag tabhairt lámh chúnta don Aire!***

## AN tSEIRBHÍS EALAÍON

Oibríonn an tseirbhís ealaíon le breis is 250 grúpa pobail in aghaidh na bliana, agus bíonn teagmháil aici a théann i gcion ar an 30,000 duine ar a laghad a fhreastalaíonn ar imeachtaí atá eagraithe nó maoinithe ag an Oifig Ealaíon.

EOLAS, COMHAIRLE AGUS CUR CHUN CINN NA NEALAÍON

- Cuirtear comhairle ar fáil do ghrúpaí pobail, ealaíontóirí agus grúpaí ealaíon a thagann chucu go rialta ag cuardach eolais i dtaobh imeachtaí ealaíon agus i dtaobh foinsí maoinithe dá gcuid tionscadal agus clár.
- Cuirtear nuachtlitir i dtoll a chéile gach mí a chlúdaíonn gach a bhfuil ag tarlú i gcúrsaí ealaíon i gContae Mhaigh Eo.

CLÁR EALAÍON

1. Artsquad Mhaigh Eo



***Ceardlann Artsquad Mhaigh Eo.***



***I mbun oibre ar 'shiorc' le haghaidh The Achill Experience.***

- Samhain Abhainn – Siúlóidí scanrúla Oíche Shamhna i gCoillte Bhéal Leice, Béal an Átha.

Féile na hAbhann, Béal Easa – Rinne Artsquad dealbha móra sailí agus prapaí eile ar an láthair lena haghaidh.

- Onsight – Conair ealaíon suíomhoiriúnaithe suite ag Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe

2. Clár Ealaíon san Oideachas

- Clár na dTaispeántas Scoile de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo – Thug na taispeántais cuairt ar thrí scoil.

3. Litríocht

- Lá Éigse Éireann, 2016 – bhí na filí Seán Lysaght agus Michelle O'Sullivan beo ar Midwest Radio.
- 'Scríobh Gearrscéalta Buaiteacha' – Máistir-rang aonlae le Nuala Ní Chonchúir in Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh.

4. Na hEalaíona do Dhaoine Breacaosta

Bealtaine – Ceiliúradh náisiúnta na cruthaitheachta agus muid ag dul in aois. Buaicphointí 2016

- Taispeántas na nDrisiúr le Michael Fortune – Seoladh an tionscadal seo in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe i mí Bealtaine na bliana seo.
- Tráth Foinn – Tráthnóna nach ndéanfar dearmad air leis an gceoltóir clúiteach Charlie Lennon.

<u>5. Clár Ealaíne Poiblí, 2016:</u>

- Bréagphainéal – Tionscnamh oiliúna d'ealaíontóirí chun a gcuid scileanna scríofa togra agus scileanna cur i láthair a fheabhsú. Reáchtáladh seisiúin i Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh agus sa DLR Artists Network in 2016.
- Cumann Tithíochta Lios Mhic Fheorais – Mhúnlaigh James L Hayes roinnt dealbh i gcruth torthaí agus glasraí i gcré-umha agus feistíodh i bhforhalla fhoirgneamh coitianta an eastáit iad. Rinne James taispeántán cruach dosmálta scáthánach chomh maith.
- Cónaitheacht Sheáin Uí Chléirigh de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo, 2016 – Clár cónaitheachta d'ealaíontóir inar thug Katie Moore faoin togra Paper Bloom.




***Seoladh 'Paper Bloom' i Seomra Taispeántais Oifigí Cathartha Bhéal an Átha, agus alt faoin togra sa phreas náisiúnta.***

Seoladh Paper Bloom ag tús mhí na Bealtaine agus eagraíodh clabhsúr dó ar an 25 Meitheamh. Bhí Aidan Dunne (Léirmheastóir Ealaíne, The Irish Times) i láthair ag an ócáid sin chun labhairt faoi shaothar Katie. Foilsíodh foilseachán chomh maith a rinne cur síos ar an saothar ealaíne.

- Tír Sáile – Tá maoiniú tosaigh faighte chun tús a chur le hiniúchadh cuimsitheach ar staid reatha shlí Thír Sáile ag féachaint le plean a chur i dtoll a chéile chun í a dheisiú agus a athnuachan.

<u>6. Ealaíona don Óige</u>

EXCEL 2016 – eagraíonn an Oifig Ealaíon an clár ealaíon do dhaoine óga seo gach bliain. Buaicphointí 2016

- Cruinnithe eolais chun cumhdaigh ealaíontóirí a phlé, duine le duine, le Joanna Hopkins.
- Léachtaí ag Ealaíontóirí – Thug John Mayock agus Katie Moore, i gcomhar le Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart, léacht do scoláirí Choláiste Phádraig, Leacain.

- Sraith ArtSnack – D'oibrigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhpháirt le hionaid ealaíon i Maigh Eo chun imeachtaí a reáchtáil a thabharfadh blaiseadh de na healaíona do scoláirí meánscoile.

Téatar Óige Mhaigh Eo 2016 – Bhain 25 dhuine óga tairbhe as na seisiúin sheachtainiúla i mBéal an Átha, a chríochnaigh leis an léiriú bliantúil acu. 'Broken Town' le Fiona Keane an dráma a chuir siad ar stáitse i mbliana.

7. Ceol

- Whistleblast Quartet – chuir siad sraith clár idirghníomhach san oideachas ceoil i láthair i Maigh Eo.

- Music Generation Mhaigh Eo – www.musicgenerationmayo.ie/ | Seo a leanas roinnt de na buaicphointí a bhí acu in 2016:
  - Campaí samhraidh 'Jam Bands' i gCathair na Mart, Béal an Átha, Baile an Róba, Caisleán an Bharraigh agus Clár Chlainne Mhuiris.
  - Campaí ceoil do thús na hóige i gCaisleán an Bharraigh agus Béal an Átha (Do thuismitheoirí agus lapadáin/páistí idir ceithre agus sé bliana d'aois).
  - PUNKIT! Tionscadal cnaguirlisí agus léiriú in Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh.
  - Ghlac Cóir Óige Mhaigh Eo páirt in 'A Nation's Voice' os comhair phobal na tíre uile.

8. Clár Ealaíon do Dhaoine faoi Mhíchumas

UPSTART

Tugadh maoiniú do shé thionscadal éagsúla in 2016 agus beidh toradh a gcuid saothair le feiceáil i gcúig ionad i mí na Nollag.

IGNITE!




Foilsíodh alt faoi Silent Moves – coimisiún IGNITE! Mhaigh Eo – in The Irish Times.

Bhain 'Silent Moves', a coimisiúnaíodh i Maigh Eo, an vóta le haghaidh rogha an phobail i bpobalbhreith The Irish Times dar teideal 'Modern Ireland in 100 Great Artworks', agus tá cuntas tugtha ar an an togra i bhfoilseachán den teideal céanna.

LUISNE – Rinne siad 10 mbliana ar an bhfód a cheiliúradh sa Ghairdín Pobail i mBaile an Róba, áit a bhfuil saothair ealaíon dá gcuid le feiceáil. Tá siad ag obair le Scannán Technologies i mBéal an Átha ar chomhthionscadal le haghaidh UPSTART 2016. www.artluisne.com.

9. Oíche Chultúir

Bhí Oíche Chultúir ar siúl ar an 16 Meán Fómhair 2016. Ghlac 33 eagraíocht i 21 ionad i Maigh Eo páirt ann i mbliana, agus eagraíodh 70 imeacht saor in aisce san iomlán. Bhain breis is 3,000 cuairteoir sult as an oíche agus iomrá air mar an Oíche Chultúir ab fhearr go dtí seo.





Oíche Chultúir i mBoirinn, Artsquad, agus Baile an Róba.

10. Film Mayo

www.filmmayo.ie

Gradaim – Fuair Film Mayo ainmniúchán le haghaidh Ghradaim Shiamsaíochta TMT, 2016.

Oiliúint – Ceardlann sa Scríbhneoireacht Scáileáin le David Keating.

Sparánacht Scannánaíochta – Sparánacht do scannánóirí i Maigh Eo le seal a chaitheamh in Ionad Tyrone Guthrie.

11. Tionscadail Comórtha 1916

Ag obair as lámh a chéile le Coiste Comórtha 1916, lorg Oifig Ealaíon Mhaigh Eo tacaíocht agus ghlac sí páirt ghníomhach i roinnt tionscadal suntasach ealaíon chun Éirí Amach 1916 a chomóradh.

- Tionscadal Kathleen Lynn –Comhthionscadal i Maigh Eo inar cruthaíodh taispeántas bunaithe ar shaol an Dr Kathleen Lynn.
- The Foggy Dew – Taispeántas le Mick O'Dea i Seomra Taispeántais Oifigí Cathartha Bhéal an Átha & Fondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna.
- Cónaitheacht Ealaíon i mBailiúchán Sheáin Uí Chléirigh.
- Mórshiúil Comórtha 1916 Mhaigh Eo & Lá Teaghlaigh, Caisleán an Bharraigh.




*Artsquad Mhaigh Eo ag cur na Brataí Trí Dhath ar foluain le haghaidh Chomóradh 1916.*

DEONTAIS EALAÍON

Cuireann an Oifig Ealaíon deontais ar fáil d'ealaíontóirí gairmiúla agus neamhghairmiúla de gach cineál ealaíne.

- Deontais faoin Acht Ealaíon
- Deontais na nAmharcealaíon
- Sparánachtaí Tyrone Guthrie de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo
- Deontais don Drámaíocht Amaitéireach
- Deontais Chúnaimh um Thaifeadadh Ceoil

Achoimre

Leanfaidh an tSeirbhís Ealaíon ar aghaidh ag tacú le healaíontóirí agus daoine a chleachtann na healaíona i Maigh Eo, bíodh siad ina gcónaí nó ag obair anseo, chun cuidiú leo barr a maitheasa cruthaithí a bhaint amach. Is í tacaíocht dóibh siúd a chruthaíonn ealaín agus atá páirteach sna healaíona, ag gach leibhéal, an bhunsprioc le seirbhís fhorásach fhreagrúil, agus beidh i gcónaí.

## COMHSHAOL, ATHRÚ AERÁIDE AGUS TALMHAÍOCHT

I measc na gcúraimí atá ar an Rannóg seo, tá cur i bhfeidhm reachtaíocht chomhshaoil; cur i ngníomh threoracha agus rialacháin an AE, chomh maith le polasaithe náisiúnta agus réigiúnacha; agus aird an phobail a tharraingt ar shaincheisteanna comhshaoil agus iad a chur ar an eolas fúthu. Áirítear ar na cúraimí sin anois béim straitéiseach ar athrú aeráide, tuilte, agus ceannaireacht a thaispeáint don earnáil talmhaíochta.

Is é bunaidhm na rannóige comhshaoil ná forbairt inbhuanaithe fhisiciúil agus eacnamaíochta a éascú. Tá timpeallacht d'ardchaighdeán ina crann taca le cothabháil agus eascú na forbartha san iliomad earnálacha i ngeilleagar an Chontae: turasóireacht; táirgeadh bia; agus infheistíocht dhíreach isteach, go háirithe sna hearnálacha cúram sláinte. Cuidíonn ról monatóireachta agus tuairiscithe na rannóige comhshaoil leis an sprioc seo a bhaint amach, agus iad ag déanamh cinnte go bhfuil na caighdeáin is airde á gcur i bhfeidhm agus ag treisiú na cáile atá ar thimpeallacht an Chontae.

Grúpa Oibre Talmhaíochta de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Bunaíodh an Grúpa Oibre Talmhaíochta de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo in 2016 chun aird a thabhairt ar na saincheisteanna a leanas:-

- Chun labhairt thar ceann fheirmeoirí Mhaigh Eo i ndáil le Beartais Náisiúnta agus Eorpacha Talmhaíochta;
- Chun feirmeoirí a choinneáil ar an eolas faoi dheiseanna éagsúlaithe a chuirfidh le hinmharthanacht a ngnó amach anseo;
- Chun athbhreithniú a dhéanamh ar tháirgí déanta ag feirmeoirí i Maigh Eo lena chinntiú go mbeidh siad inmharthana amach anseo.

Cuimsíonn an grúpa oibre seo comhaltaí tofa mar aon le hionadaithe ó fhorais sheachtracha, .i. Teagasc, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Cumann Nádúir agus

Feirmeoirí Sléibhe na hÉireann, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Tionóladh an grúpa oibre ceithre huaire in 2016, agus pléadh na cúrsaí a leanas i measc rudaí eile:

- Clár oibre an ghrúpa,
- Bonnlíne na hearnála talmhaíochta i Maigh Eo,
- Imlíne na Dréachtstraitéise Talmhaíochta.

Feasacht Chomhshaoil

Tá ardú feasachta ar chosaint chomhshaol Mhaigh Eo, chomh maith lena chur ar chumas an phobail freagracht a ghlacadh i leith an chomhshaoil, ina ghné lárnach d'obair na Rannóige Comhshaoil i gComhairle Contae Mhaigh Eo. Baineann feasacht chomhshaoil leis an bpobal uile – idir pháistí scoile, dhaoine óga, theaghlaigh, ghnólachtaí agus ghrúpaí pobail.

Seo a leanas roinnt den iliomad tionscnamh ar tugadh fúthu in 2016. Tá sé i gceist againn leanúint ar aghaidh in 2017 le feachtais úra a cheapadh agus a reáchtáil, agus oibreoimid i gcomhpháirt leis an raidhse pairtnéirí atá againn i Maigh Eo chun na feachtais seo a chur i ngníomh.

Clár Feasachta Comhshaoil do Scoileanna agus Daoine Óga

Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ar aghaidh ag ardú feasachta ar shaincheisteanna comhshaoil ar nós bruscair, dramhaíola, athchúrsáil, múiríniú, agus caomhnú fuinnimh agus uisce i measc scoláirí réamhscoile, bunscoile, meánscoile, agus grúpaí Foróige agus gasógaíochta chomh maith.
Reáchtáladh roinnt clár scoilbhunaithe in 2016. Leanadh ar aghaidh ag eagrú ceardlanna 'Ná Fág aon Rian' in 2016 agus cuireadh ar siúl iad in 18 mbunscoil bhreise fud fad an chontae. Choinnigh Comhairle Contae Mhaigh Eo uirthi ag cur ceardlanna ar fáil maidir le caomhnú uisce, bainistiú dramhaíola agus bruscair, múiríniú, agus caomhnú fuinnimh, agus é de sprioc bheacht acu aird daoine óga a tharraingt ar shaincheisteanna comhshaoil.



ECO UNESCO – Ceardlann um Fhreagracht Domhanda in ndáil le cúrsaí Faisin a eagraíodh i roinnt meánscoileanna i Maigh Eo in 2016.




<u>Clár na Scoileanna Glasa</u>

Clár idirnáisiúnta is ea Clár na Scoileanna Glasa, a ceapadh chun scoileanna iomlána a ghríosadh chun gníomhaíochta ar son an chomhshaoil, agus aitheantas a thabhairt don obair sin. Is é An Taisce a riarann an clár seo agus cuirtear i bhfeidhm é i gcomhpháirt leis na hÚdaráis Áitiúla ar fud na hÉireann.

Is clár agus scéim dámhachtainí araon é Scoileanna Glasa. Bronntar an dámhachtain ar scoileanna a chuireann seacht gcéim an chláir i gcrích, agus ní mór é a athnuachan gach re bliain. Tá 184 scoil i Maigh Eo cláraithe go dtí seo le haghaidh Chlár na Scoileanna Glasa, agus tá an Bhratach Ghlas bronnta ar 160 díobh sin. D'eagraigh Comhairle Contae Mhaigh Eo sé sheimineár do mhúinteoirí in 2016 maidir le Clár na Scoileanna Glasa, agus d'fhreastail múinteoirí ó chuile chearn den Chontae orthu.



***S.N. Lios na Maothaile, Clár Chlainne Mhuiris, ag bronnadh a gcéad Bhrataí Ghlaise orthu i gClár Chlainne Mhuiris i mí na Bealtaine 2016.***

Imeachtaí Feasachta Comhshaoil

Eagraíodh roinnt ceardlanna eolais in 2016 chun feasacht ar chúrsaí comhshaoil a ardú, go háirithe i ndáil leis an bhfeachtas ‘Íoc de réir Meáchain’, ach clúdaíodh freisin múiríniú, fuílleach bia a chosc, agus modhanna glantacháin nach ndéanann díobháil don timpeallacht.

Reáchtáladh na himeachtaí seo do phobail, ionaid oibre, agus do lucht gnó.



Lá Oidhreachta Bhéal an Átha ag tabhairt tacaíochta don seastán ‘Slabhra na Síoraíochta’.



Imeacht ag díriú ar fhuílleach bia a chosc ag Seó Earraigh Chúige Chonnacht i dteannta le Coiste Bailte Slachtmhara, Bhaile an Róba.



Eolas do ghnólachtaí i dtaobh éifeachtúlacht acmhainní á chur ar fáil ag an imeacht ‘Meet Mayo’ in Áras Bhréachmhaigh.





Ócáid faoi ‘Íoc de réir Meáchain’ le Coiste Bailte Slachtmhara Chrois Mhaoilíona.

Ceardlann ‘Fás Féin É’ (GIY)

Eagraíodh ceardlann GIY i gCnoc Mhuire, Co. Mhaigh Eo i mí an Mhárta 2016. Chuir an cheardlann phraiticiúil agus spreagúil seo, a raibh taispeántas curtha síl mar chuid de, ar chumas na rannpháirtithe tosú ar a gcuid bia féin a fhás le tacaíocht ó ghréasán náisiúnta GIY. Pléadh ceithre cheist mhóra chomhshaoil sa cheardlann:- Inmharthanacht, Fuílleach Bia a Sheachaint, Múiríniú agus Caomhnú Uisce. Díríodh chomh maith ar a thábhachtaí is atá bithéagsúlacht gairdíní d’fhás bia, agus tugadh comhairle faoi bhealaí chun pailneoirí agus feithidí tairbheacha eile a mhealladh chuig gairdíní.






Chuaigh an Rannóg Comhshaoil i gcomhpháirt le Foireann Gnó Ghlais an GCC chun iniúchadh cuimsitheach ar éifeachtúlacht acmhainní a dhéanamh ar Scrín agus Tailte Chnoc Mhuire.



Lá eolais in Baxter Pharmaceuticals chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi 'Íoc de réir Meáchain'.




Sharon Cameron, Oifigeach Feasachta Comhshaoil, ag bronnadh Gradam Aitheantais ar Baxter thar ceann Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ar an 26 Bealtaine 2016. Rinne an bronnadh san Ionad Déantúsaíochta acu in Éirinn, lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, agus aithníonn sé na tionscnaimh inmharthana curtha i bhfeidhm ag Baxter sna hionaid acu i gCaisleán an Bharraigh agus Béal Átha na Muice araon. Toradh na dtionscnamh seo is ea ceal dramhaíola á seoladh chuig líonadh talún acu agus 100% dá gcuid fuinnimh ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite.

Laethanta Athchúrsála Earraí Leictreacha Saor in Aisce do Lucht Tí

D'eagraigh WEEE Éireann, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, imeachtaí athchúrsála earraí leictreacha i 15 ionad ar fud an chontae in 2016. Feidhmíonn na himeachtaí seo mar ghné amháin de scéim fhoriomlán athchúrsála earraí leictreacha.

Bailte Slachtmhara

Cuirtear tacaíocht leanúnach ar fáil do Choistí Bailte Slachtmhara, go háirithe i dtaobh na gcatagóirí 'Slacht agus Rialú Bruscair' agus 'Bainstíocht Inmharthana Dramhaíola agus Acmhainní'.

Sheol Comhairle Contae Mhaigh Eo tionscnamh nuálach in aghaidh bruscar cois bóthair in 2016 i gcomhpháirt le Coiste Bailte Slachtmhara Bhaile an Daighin. Cuireadh fógraí móra in airde ar thaobh an bhóthair ar an mbealach isteach go sráidbhaile Bhaile an Daighin, ag meabhrú do dhaoine gan a gcuid bruscair ó bhia gasta a chaitheamh go fánach faoin tuath. Tháinig an tionscnamh seo sna sála ar fheachtas bruscair cois bóthair eile a eagraíodh ar an N5 agus an N17 le linn dheireadh seachtaine na saoire bainc i mí an Mheithimh.






<u>Glantachán Náisiúnta an Earraigh</u>
Is é Glantachán Náisiúnta an Earraigh, eagraithe ag an Taisce, an feachtas frithbhruscair is mó in Éirinn. Spreagann sé daoine as gach cúlra a bheith mórtasach as an timpeallacht áitiúil acu agus chun gníomh a dhéanamh i gcoinne bruscair. Bíonn an feachtas ar siúl ar feadh mhí Aibreáin, agus bíonn sé ag brath ar thacaíocht iontach na n-oibrithe deonacha ar fud na tíre. Tugadh cuireadh do chuile scoil agus grúpa pobail a bheith páirteach i bhFeachtas Glantacháin an Earraigh, agus dáileadh málaí bruscair, lámhainní agus piocairí bruscair ar na grúpaí uile a cláraíodh chun cuidiú lena nglantachán.

Chun tuilleadh spéise a tharraingt i nGlantachán Náisiúnta an Earraigh, sheol an Oifig Comhshaoil tionscnamh nua dá cuid féin, 'Lá Glanta Mhaigh Eo', i gcomhar le Sarah McGovern, Ambasadóir de chuid An Taisce agus mainicín; scoláirí Mheánscoil Bhaile Chathail; agus baill de Chlub Foróige Bhaile Chathail, i mí Aibreáin 2016.

CLEAN UP
MAYO DAY







<u>Mí Náisiúnta Athúsáide</u>

Ainmníodh mí Dheireadh Fómhair 2016 Mí Náisiúnta Athúsáide. Reáchtáladh go leor imeachtaí le linn na míosa: comórtas ‘Giobail Gháifeacha’ i gcomhpháirt le Midwest Radio agus an cheardlann ‘Ní Pailléad Adhmaid é seo’ ina measc. Chuir an pobal i gcoitinne an-spéis sna himeachtaí seo agus tharraing siad aird ar cheist na hathúsáide.




Saothar de chuid Mary Lavelle Uas. a bhuaigh comórtas 'Giobail Gháifeacha' na Comhairle Contae.













***Bhí slua ollmhór i láthair ag an gceardlann uaschúrsála a reáchtáladh i gcomhair na Míosa Náisiúnta Athúsáide.***

Feachtais Raidió

Fearacht na bliana seo caite, d'oibrigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhpháirt le i102 Radio agus Midwest Radio chun sraith teachtaireachtaí frithbhruscair agus ardú feasachta ar chúrsaí dramhaíola a chraoladh ar an raidió. Bíonn an-spéis i gcónaí sa sciar mhíosuil de chlár Tommy Marren ar Midwest Radio ina bpléitear cúrsaí comhshaoil, agus cuirtear fáilte roimh cheisteanna ón bpobal le haghaidh an bhabhta 'mearfhreagraí' a bhíonn mar chlabhsúr leis. Chuaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhpháirt le Midwest Radio chun feachtas eolais a chraoladh le linn na Míosa Náisiúnta Athúsáide i mí Dheireadh Fómhair chomh maith.

Cúrsaí Riaracháin agus Scéimeanna Deontais

Deontais Frithbhruscair & Frithghraifítí, 2016

Tá an deontas seo dírithe ar eagraíochtaí a bhfuil togra beartaithe acu a thabharfaidh aghaidh ar fhadhbanna bruscair nó graifítí. Tá eagraíochtaí in ann iarratas a dhéanamh ar dheontas chun tionscnaimh feasachta agus oideachais pobail i ndáil le cúrsaí bruscair agus graifítí a mhaoiniú i bpáirt. Dáileadh deontais ar 19 n-eagraíocht in 2016 le haghaidh tionscadail frithbhruscair agus frithghraifítí.




Grúpa Comharsanachta don Óige / Foróige Chaisleán an Bharraigh

Tionscadal frithbhruscair 'Déan Comharthaí Linn' arna mhaoiniú ag Deontais um Fheasacht Frithbhruscair.

Clár Áitiúil 21: Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil 2016

Próiseas a réitíonn an bealach d'fhorbairt inbhuanaithe i bpobail is ea Clár Áitiúil 21. Áirítear incháilithe faoin scéim seo tionscadail a thacaíonn agus a thagann le beartais náisiúnta chomhshaoil, beartais a bhaineann le dramhaíl, bithéagsúlacht, athrú aeráide, cáilíocht aeir, cáilíocht uisce, forbairt inbhuanaithe srl. Dáileadh maoiniú ar 18 n-eagraíocht faoi Chiste Comhpháirtíochta Comhshaoil Chlár Áitiúil 21, 2016.




Tionscadal Chlár Áitiúil 21 – **An tAoire Maith**

Bealach nuálaíoch chun an féar ar fhéaraigh phoiblí Chathair na Mart a ghearradh. Ceapadh an scéim phíolótach seo mar shlí mhalartach leis na hastúcháin $CO_2$ a eascraíonn as bearradh féir a laghdú.

Feachtas ó Theach go Teach maidir le Fuílleach Bia agus Araidí Donna

I mí Dheireadh Fómhair 2016, chun iarracht a dhéanamh feasacht ar fhuílleach bia agus ar úsáid na haraide doinne a ardú, chuaigh an Oifig Comhshaoil i bpáirt le 'Waste to Zero' chun tionscnamh eolais ó theach go teach a reáchtáil, a chuimsigh breis is 1,500 teach sna bailte móra Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh, Cathair na Mart, Clár Chlainne Mhuiris agus Baile an Róba. Ghlac os cionn 700 duine páirt i suirbhé le linn an fheachtais seo, agus úsáidfear an t-eolas a tiomsaíodh chun feachtais feasachta níos spriocdhírithe a eagrú in 2017.

Feachtas na Nollag

Reáchtáladh Comórtas bliantúil na Maisiúchán Nollag do bhunscoileanna i mí na Nollag, 2016. B'é an dúshlán a cuireadh roimh pháistí ná maisiúcháin Nollag a dhéanamh do chrann Nollag Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ach iad déanta d'ábhar dramhaíola a chaithimid uainn de ghnáth chuile lá. Taispeánadh na maisiúcháin uile i bhforhalla Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh.

Feachtas Nollag an Ráis in aghaidh na Dramhaíola – Buaiteoirí 2016










<u>Plean Bainistíochta Bruscair</u>
Ullmhaíodh agus glacadh le Plean Bainistíochta Bruscair 2016-2019 le linn 2016, agus táthar i mbun é a chur i bhfeidhm anois. Is í fís an phlean seo:

“Truailliú ó bhruscar á laghdú trí chomhpháirtíocht, cosc agus forfheidhmiú, ag díriú go háirithe ar athrú nósanna as a dtiocfaidh comhshaol níos glaine do chách”.

Leagtar amach sa phlean seo ár spriocanna maidir le bruscar a chosc agus a bhainistiú, maidir le cur i bhfeidhm na ndlíthe ábhartha bruscair i Maigh Eo, agus an chaoi a mbainfear na spriocanna seo amach. Tá an plean seo fréamhaithe i ngníomhaíochtaí den chuid is mó, agus dírithe go háirithe ar chomhpháirtíocht, cosc, forfheidhmiú agus oibríochtaí. Is iad na príomhspriocanna atá againn ná an méid bruscair a fheictear i Maigh Eo a laghdú go suntasach, agus timpeallacht níos glaine a chruthú do Chontae Mhaigh Eo agus a muintir dá bharr.




Tá béim ar leith á leagan ar shocruithe forfheidhmithe agus bearta coisctheacha.

Maidir le hoibríochtaí na Comhairle, cuirfidh gach Ceantar Bardasach plean seirbhíse i dtoll a chéile i ndáil le glantachán sráideanna, agus leagfar amach ann an chaoi a ndéanfar acmhainní a dháileadh chun freastal ar shainriachtanais an cheantair, maille le himeachtaí a eagrú i gcomhpháirt le Coistí Bailte Slachtmhara agus grúpaí pobail eile.
Tá socruithe i bhfeidhm i gclóis na Comhairle a ligeann don Chomhairle ábhar glanta ó na sráideanna a scagadh agus a dhiúscairt ar bhealach níos éifeachtúla.

<u>An Feachtas um Pobail níos Glaine agus Sraithchomórtas ‘Beart in aghaidh Bruscair’</u>

Seo an 25ú bliain as a chéile a eagraíodh an Feachtas um Pobail níos Glaine. Reáchtálann Comhairle Contae Mhaigh Eo an Feachtas um Pobail níos Glaine mar chuid den mhisean atá againn ár dtimpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus a chur chun cinn. Cuireann an feachtas roimhe mórtas an phobail ina thimpeallacht áitiúil féin a spreagadh.
Bhí cúig chatagóir sa chomórtas in 2016: ‘Faoi Scáth na mBláth’, ‘Scuab do Shráid’, ‘An Scoil is Slachtmhaire’, ‘An Reilig is Slachtmhaire’, ‘Míle na Meala’ agus ‘Cósta Cruthúil’.








Seo í an 14ú bliain den Sraithchomórtas ‘Beart in aghaidh Bruscair’ agus an chéad bhliain den Chomórtas ‘Pobail in aghaidh Bruscair’.  Cuireann an dá chomórtas sin rompu Comhairlí Áitiúla Pobail agus Coistí Bailte Slachtmhara a ghríosadh chun tuilleadh dúthrachta a chaitheamh i bhfadhb an bhruscair i mbailte móra agus sráidbhailte an Chontae a ruaigeadh agus a chosc, chomh maith le feasacht a ardú ar a fhairsinge is atá bruscair agus an tionchar atá aige ar phobail áitiúla.







Bainistiú Dramhaíola

Tá seacht n-oibreoir phríobháideacha (cheadaithe) ag bailiú dramhaíl tí ‘cois bóthair’, le cúig cinn de na hoibreoirí sin lonnaithe i gContae Mhaigh Eo agus an péire eile lonnaithe i nGaillimh. Baineann tuairim is dhá thrian de na teaghlaigh sa chontae leas as seirbhís bailithe dramhaíola cois bóthair. Den trian nach n-úsáideann an tseirbhís, úsáideann tuairim is 25% díobh na hIonaid Fóntas Pobail, agus comhroinneann 15% boscaí bruscair. Fágann sin sciar maith de theaghlaigh nach n-úsáideann seirbhís bailithe dramhaíola de chineál ar bith ná seirbhísí na nIonad Fóntas Pobail – tuairim is 20% nó níos mó de líon iomlán na dteaghlach sa chontae.

Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo suirbhé bailithe fíricí maidir le feasacht agus bainistiú dramhaíola ar bun ag deireadh 2016. Iarradh ar 1613 theaghlach páirt a ghlacadh sa suirbhé a bhí dírithe go háirithe ar na ceantair mhóra uirbeacha: Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh, Cathair na Mart, Baile an Róba agus Clár Chlainne Mhuiris. Simon Rooney ó ‘Waste to Zero’ a rinne an obair pháirce agus a chuir an tuairisc i dtoll a chéile, agus ghlac 732 theaghlach san iomlán páirt sa suirbhé.

Anuas ar fheasacht a ardú i measc teaghlach ar na saincheisteanna a bhaineann le bainistiú dramhaíola tí, thug an suirbhé deis do Chomhairle Contae Mhaigh Eo eolas luachmhar a thiomsú maidir le rochtain ar sheirbhísí bailithe dramhaíola cois bóthair, mar aon le heolas i dtaobh chaighdeán na seirbhíse sin agus a fheabhas is a chomhlíonann na hoibreoirí a ndualgais, go háirithe i dtaobh soláthar agus roghnú seirbhísí bailithe dramhbhia.

Leis an eolas seo beidh Foireann Forfheidhmithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo in ann cur chuige níos spriocdhírithe a ghlacadh in 2017 maidir le seirbhís bailithe dramhaíola cois bóthair – go háirithe i ndáil le soláthar seirbhís bailithe dramhbhia tí.

Is amhlaidh an scéal i gcónaí go bhfuil soláthróirí seirbhísí bailithe dramhaíola á gceadú ag an Oifig Náisiúnta um Cheadanna Bailithe Dramhaíola (ONCBD) atá faoi scáth Chomhairle Contae Uíbh Fhailí. Sa chás go dteipeann ar oibreoir ceadaithe dramhaíola, atá ceadaithe ag an ONCBD, a ndualgais a chomhlíonadh, tig le Comhairle Contae Mhaigh Eo, mar chuid den phróiseas forfheidhmithe, moladh don ONCBD ‘athbhreithniú’ a dhéanamh ar an gCead Bailithe Dramhaíola acu. Is uirlis fhíorthábhachtach é an ‘t-athbhreithniú’ seo chun oibreoirí dramhaíola a spreagadh chun comhlíonta, agus bainfear leas as in 2017, más gá, chun dul i ngleic le seirbhísí bailithe dramhaíola cois bóthair atá neamhchomhlíontach.

I dteanna na mbailiúchán dramhaíola tí (cois bóthair), tá an ONCBD i bhfeighil bailiúcháin dramhaíola gnó de gach saghas, lena n-áirítear dramhaíl théagartha agus dramhaíl scartála, agus eisíonn sí ceadanna bailithe dramhaíola lena n-aghaidh.

<u>Ceadúnais Ionad Dramhaíola agus Teastais Chlárúcháin</u>

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo a phróiseálann iarratais ar Cheadúnais Ionad Dramhaíola agus Teastais Chlárúcháin don Chontae i gcónaí. Ní mór fianaise ar chead pleanála nó ar dhíolúine ó chead pleanála don ghníomh beartaithe a leagan isteach le gach iarratas chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Sa bhliain 2016, d’eisigh an Rannóg Comhshaoil sé Theastas Clárúcháin nua (le haghaidh gníomhaíochtaí líonta láithreáin) agus Ceadúnas Ionad Dramhaíola nua amháin (le haghaidh Staisiún Aistrithe Dramhaíola). Ina theannta sin, rinne an Rannóg Comhshaoil athbhreithniú ar na ceadúnais reatha ag trí ionad dramhaíola, agus de dhroim na hathbhreithnithe sin eisíodh na trí Cheadúnas Ionad Dramhaíola ar an athuair.

Tá 26 láithreán le Ceadúnas Ionad Dramhaíola agus 25 láithreán le Teastas Clárúcháin ag feidhmiú i Maigh Eo faoi láthair – rud a fhágann go bhfuil 51 láithreán dramhaíola ceadaithe sa chontae. Is sna na hionaid seo a dhéantar na cineálacha dramhaíola a leanas a bhainistiú mar is cóir: feithiclí a bhfuil a ré caite, dramhaíl tógála agus scartála, dramhaíl tí agus ghnó, agus plaistigh feirme.

Forfheidhmiú Comhshaoil

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo a chuireann i bhfeidhm na gCeadanna Bailithe Dramhaíola uile a eisíonn an OFCBD (do bhailitheoirí lonnaithe i gContae Mhaigh Eo).

Ullmhaíonn an Rannóg Comhshaoil plean RMCEI gach bliain de réir mar atá éilithe ag an AE.
Treoirphlean bliantúil is ea seo do na hinúchtaí rialta agus neamhrialta comhshaoil atá beartaithe i leith Bainistiú Dramhaíola agus Monatóireacht Uisce/Fuíolluisce. Déantar an plean a nuashonrú gach bliain le reachtaíocht nua nó leasaithe a chur san áireamh, maille le tosaíochtaí náisiúnta nó an AE.

I measc na ngníomhaíochtaí luaite sa phlean tá seicphointí cois bóthair, faireachas faoi rún, iniúchtaí ar ionaid cheadaithe (in ord riosca), agus iniúchtaí tí agus gnó ag breathnú ar bhearta bainistithe dramhaíola agus tionscnaimh eile.

Ba iad aisghabháil fuílleach bia, Ceadúnais Scairdte, agus Bainistiú Dramhaíola Tógála agus Scartála na réimsí is mó ar leagadh béim orthu sa Phlean don bhliain 2016. Bhí Íoc de réir Meáchain ina thosaíocht ag tús na bliana 2016, ach ligeadh an sprioc seo i dtraipsí go náisiúnta ag deireadh mhí an Mheithimh, agus baineadh ó na tosaíochtaí don dara leath den bhliain é dá bharr.

Baineann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) leas as na Pleananna RMCEI anois mar shlat tomhais ar fheidhmíocht na nÚdarás Áitiúil i leith cúrsaí Bainistithe Comhshaoil.

Chuaigh an Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Comhshaoil (PRFC) do réigiún Chonnacht-Uladh i mbun oibríochtaí i mí Eanáir 2016, agus tá an Rannóg Forfheidhmithe Dramhaíola de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag obair leis an PRFC anois tríd an nGrúpa Comhoibríochtaí chun imeachtaí forfheidhmithe comhshaoil a chur chun tosaigh agus a dhéanamh níos éifeachtaí.

Iniúchtaí ar Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí (Umair Sheipteacha)

Tháinig an Plean Náisiúnta Iniúchta (PNI) do Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí (CCFT) in éifeacht i mí Iúil 2013. Is é aidhm an phlean seo ná aghaidh a thabhairt ar an bhfaillí atá déanta ag Éirinn sna blianta a chuaigh thart i gcur i bhfeidhm na Creat-treorach Uisce, 1975; is é sin an fuíolluisce a ghintear i gceantracha gan córais séarachais a rialú.

Plean bunaithe ar riosca is ea an PNI, a ainmníonn ocht gcatagóir ar leith de riosca sa tír, agus i ngach contae dá réir sin.

Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo faoi 109 n-iniúchadh faoin PNI sa bhliain 2016. Áirítear orthu seo 25 iniúchadh nár éiríodh a dhéanamh in 2015.

De réir na bhfigiúirí is déanaí ó iniúchtaí, is é 67% ráta teipthe na gCóras Cóireála Fuíolluisce Tí (CCFT) – .i. ní shroicheann péire as gach trí cinn de chórais iniúchta an bunchaighdeán a éilítear, agus meastar é a bheith contúirteach d’uisce dromchla agus/nó screamhuisce dá bharr.

Láithreáin Líonta Talún agus Ionaid Fóntas Pobail

Le 40-50 bliain anuas tá dhá láithreán líonta talún á bhfeidhmiú ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, i nDoire an Iomaire agus Ráth Ruaín. Forbraíodh na láithreáin thar an tréimhse sin ó láithreáin thraidisiúnta ‘dumpála’ go láithreáin líonta talún chearta, ceadúnaithe ag an GCC. Seo a leanas achoimre ar stair na láithreán agus na gníomhaíochtaí ar bun iontu faoi láthair.

Doire an Iomaire

In úsáid ó 1974 – Ceadúnaithe ag an GCC in 1999 (W0021-02) le glacadh le 40,000 t/bliain. Dhá chill líneáilte, a ndearnadh innealtóireacht orthu, tógtha os cionn an chnuasaigh seandramhaíola. Ghlac Cill 1 le dramhaíl ó 2003-2007, agus rinneadh í a bharrchaidhpeáil in 2008. Ghlac Cill 2 le dramhaíl ó 2007-Aibreán 2012, agus rinneadh í a bharrchaidhpeáil in 2013.

Gníomhaíochtaí reatha – Ionad Fóntas Pobail feidhmeach, bainistiú gáis ón líonadh talún, monatóireacht á dhéanamh ar uisce dromchla agus screamhuisce, monatóireacht agus cothabháil meicníochtaí rialaithe truaillithe. Ní foláir na riachtanais mhonatóireachta a chomhlíonadh go ceann 30 bliain ar a laghad.

Ráth Ruaín

In úsáid ó na 1970í – Ceadúnaithe ag an GCC in 2001 (W0067-02) le glacadh le 45,000 t/bliain. Ceithre chill líneáilte, a ndearnadh innealtóireacht orthu, tógtha os cionn an chnuasaigh seandramhaíola. Ghlac Cill 1 le dramhaíl ó 2003-2006 agus cuireadh an bharrchaidhpeáil i gcrích uirthi in 2006. Ghlac Cill 2 le dramhaíl ó 2006-2010 agus rinneadh barrchaidhpeáil uirthi in 2010. Ghlac Cill 3A le dramhaíl ó 2012-2014 agus cuireadh an bharrchaidhpeáil i gcrích uirthi in 2015. Ghlac Cill 3B le dramhaíl ó 2014-Meitheamh 2016. Cuireadh tús le tionscadal tógála barrchaidhpe Chill 3B ag deireadh na bliana 2016.

Gníomhaíochtaí reatha – Ionad Fóntas Pobail feidhmeach, bainistiú gáis ón líonadh talún, monatóireacht á dhéanamh ar uisce dromchla agus screamhuisce, monatóireacht agus cothabháil meicníochtaí rialaithe truaillithe. Ní foláir na riachtanais mhonatóireachta a chomhlíonadh go ceann 30 bliain ar a laghad.

Plean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún Chonnacht-Uladh

(Príomhúdarás – Comhairle Contae Mhaigh Eo)

Tá Oifig Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola Chonnacht-Uladh ag leanúint dá cuid oibre i gcomhpháirt le Réigiún Chonnacht-Uladh (RCU) i gcur i bhfeidhm an Phlean Réigúnaigh Bainistíochta Dramhaíola, 2015-2021.

Chuir an GCC ciste iomlán de €203,000 ar fáil don tír uile le haghaidh tionscadail chun dramhaíl a chosc, agus b’fhiú €63,500 sciar Réigiún CU de sin. Tá an Oifig Réigiúnach

ag comhordú an tionscadail seo le trí húdarás áitiúla faoi láthair. Faoin bplean seo, ní mór do gach údarás 15cent in aghaidh an áititheora a chur gach bliain i dtreo tionscadail chun dramhaíl a chosc. Éilítear faoin bplean freisin go laghdóidh gach údarás áitiúil méid na dramhaíola a ghintear faoi 10% faoi dheireadh thréimhse an phlean. Tá an réigiún ag obair le REPAK chomh maith agus ag fiosrú comhthionscnamh a d'fhéadfaí tabhairt fúthu, go háirithe maidir le héilliú araidí athchúrsála le dramhaíl tí.

Chomhordaigh an Oifig Réigiúnach an Mhí Náisiúnta Athúsáide le linn mhí Dheireadh Fómhair, a d'fhéach le daoine a spreagadh chun rudaí a úsáid ar an athuair, agus le daoine aonair, teaghlaigh, pobail agus gnólachtaí a chumasú i mbearta praiticiúla athúsáide a chur i bhfeidhm gach lá chun dramhaíl a chosc.

Tá Dréacht-treoirlínte Láithreánaithe d'ionaid dramhaíola curtha i dtoll a chéile ag an Oifig Réigiúnach, agus rachaidh sí i gcomhairle le pleanálaithe réigiúnacha, Údaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara eile sna seachtainí amach romhainn ag tnúth le leagan críochnaithe de na Treoirlínte Láithreánaithe a fhoilsiú ag tús 2017.

Tá plean oibre leagtha amach ag an Oifig Réigiúnach chun tús áite a thabhairt do sheanlíonta talún a bhfuil obair feabhais de dhíth orthu. Táthar tagtha ar chomhaontú leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil go gcuirfear €2m ar fáil le chaitheamh ar thrí sheanlíonadh talún: péire i Réigiún an Deiscirt agus ceann amháin i Réigiún Chonnacht-Uladh. Tá €3m eile tairgthe ag an RCGAC don bhliain 2017, agus tá an Oifig Réigiúnach ag déanamh athbhreithniú ar an bplean oibre faoi láthair chun na chéad láithreáin eile a bheidh incháilithe don mhaoiniú seo a aithint.

D'eagraigh an Oifig Réigúnach cúrsa oiliúna i Measúnacht Chuí do na húdaráis uile sa réigiún in 2016, chun cuidiú le baill foirne measúnacht a dhéanamh ar cheadúnais dramhaíola atá ann faoi láthair nó atá ar na bacáin. D'ullmhaigh na réigiúin teimpléad caighdeánaithe chun cuidiú le foireann na n-údarás áitiúil sa phróiseas seo.

Tá Réigiún Chonnacht-Uladh ag glacadh páirt i ngrúpaí oibre náisiúnta faoi láthair atá faoi stiúir na RCGAC, agus iad ag cíoradh na sainceisteanna ba chúis le cur siar an phlean chun táillí 'Íoc de réir Meáchain' a thabhairt isteach in 2016. Is é aidhm na ngrúpaí oibre ná plean a ullmhú i dtreo is gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, agus an prionsabal sin a chur i bhfeidhm ar bhealach cóir trí chórais dhreasaithe táillí.

Shocraigh an Oifig Réigiúnach cistiú le haghaidh bailiúcháin dramhaíola guaisí tí a eagraíodh ar fud an réigiúin le linn 2016. Is í an RCGAC agus na hÚdaráis Áitiúla a mhaoiníonn na bailiúcháin seo atá saor in aisce don phobal agus ina dtugtar eolas agus oideachas don phobal maidir le dramhaíl ghuaiseach. Táthar ag súil go gcuirfear tuilleadh maoinithe ar fáil in 2017 le haghaidh imeachtaí den chineál seo.

I lár na bliana 2016, stiúraigh na réigiúin dramhaíola na húdaráis áitiúla uile le dul i muinín chumhachtaí Alt 56 (Acht um Bainstiú Dramhaíola) le chéile chun an baol truaillithe ó fhaillí i mbailiú dramhaíola tí a sheachaint. Leis na cumhachtaí seo, bhíothas in ann acmhainn na líonta talún a mhéadú go ceann tréimhse shonraithe. Tá an acmhainn diúscartha dramhaíola iarmharaí cathrach ina dhúshlán i gcónaí, agus tá

Réigiún Chonnacht-Uladh páirteach sa mhonatóireacht atá á dhéanamh ar an gceist seo ar bhonn náisiúnta. Osclaíodh Líonadh Talún Ghaillimh Thoir in 2016 chun freastal ar Réigiún Chonnacht-Uladh go príomha. Bhí sé d'acmhainn aige glacadh le 40,000 tonna in 2016 agus táthar ag súil go nglacfaidh sé le 100,000 tonna in 2017.

Tá Réigiún Chonnacht-Uladh ag glacadh páirt i dtogra taighde ar cheantair atá gann ar roghanna bailithe dramhaíola, agus tá cláir chumarsáide do na ceantair sin beagnach réidh anois.

Tá borradh suntasach tagtha faoin tionscal tógála le déanaí, rud a d'fhág easnamh san acmhainn chun glacadh le dramhaíl ithreach agus chloiche, go háirithe in oirthear na tíre, agus is dóchúil gurb amhlaidh a bheidh an cás i Réigiún Chonnacht-Uladh in 2017. Tá anailís coimisiúnaithe ag na réigiúin ar an dramhaíl atá á giniúint faoi láthair agus an acmhainn atá ann déileáil leis, agus tiocfaidh moltaí as maidir le bearta is féidir leo a dhéanamh amach anseo. Beidh an anailís déanta agus na moltaí ar fáil ag tús 2017.

D'fhoilsigh Réigiún Chonnacht-Uladh Tuarascáil Bhliantúil, an chéad cheann ó glacadh leis an bPlean Dramhaíola in 2015. Clúdaíonn an Tuarascáil na himeachtaí éagsúla ar thug an oifig réigiúnach fúthu le bliain anuas, comh maith le sonraí cuimsitheacha bailíochtaithe don bhliain 2014.

Clár Monatóireachta Uisce & An Chreat-treoir Uisce

Glacadh leis an gCreat-treoir Uisce, Treoir 2000/60/EC, sa bhliain 2000 mar phíosa reachtaíochta aonair a chlúdaíonn aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uiscí inbhearacha agus cósta, agus dobharlaigh atá athraithe go mór nó atá bréagach. Cuireann sé iallach ar Bhallstáit a n-acmhainní uisce a bhainistiú ar bhonn comhtháite. Tá sé mar aidhm aige tuilleadh meathlaithe ar dhobharlaigh a chosc agus stádas na ndobharlach uile a chosaint, a fheabhsú agus a athshlánú sa chaoi is go mbeidh 'stádas maith' acu ar a laghad. Ní mór na pleananna oibre lena mbainfear stádas maith amach a leagan amach i bPleananna Bainistíochta Abhantraí.

Trasuíodh an Chreat-treoir Uisce (CTU) i ndlí na hÉireann ag Rialacháin an AE (Beartas Uisce) in 2003. I mí Iúil 2014, leasaíodh Rialacháin 2003 ag Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Beartas Uisce), 2014. Leagtar amach sna rialacháin seo spriocamanna reachtúla don phróiseas pleanála d'abhantracha. Réitigh Rialacháin 2014 an bealach do bhunú agus cur i bhfeidhm córas nua rialachais trí chiseal le haghaidh cur i bhfeidhm na Creat-treorach Uisce in Éirinn.

Déantar cur síos sna Pleananna Bainistíochta Abhantraí na bearta atá pleanáilte chun uiscí na hÉireann agus an comhshaol mórthimpeall orthu a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uiscí inbhearacha agus uiscí an chósta. Tá na Pleananna Bainistíochta Abhantraí ina dtoradh de phróiseas a thosaíonn le haithint na n-uiscí féin laistigh de cheantar abhantraí agus aithint na saincheisteanna tábhachtacha bainistíochta a bhaineann leo. Ina dhiaidh sin, déantar measúnacht ar stádas na n-uiscí ábhartha (bunaithe ar chlár monatóireachta), leagtar amach spriocanna comhshaoil do na dobharlaigh laistigh den cheantar, agus cuirtear clár beart i dtoll a chéile chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Is í an Rannóg Comhshaoil atá i bhfeighil na gClár Monatóireachta Aibhneacha agus Lochanna, atá riachtanach faoin gCreat-treoir Uisce, i gContae Mhaigh Eo. Tugtar achoimre sa tábla a leanas ar líon na samplaí a tógadh le linn 2016 mar chuid de Chlár Monatóireachta Uisce na nAibhneacha agus na Lochanna.

CLÁR MONATÓIREACHTA UISCE 2016

CTU – Clár Monatóireachta Aibhneacha Mhaigh Eo


| Líon aibhneacha le monatóireacht a dhéanamh orthu: | Líon pointí ar aibhneacha le monatóireacht a dhéanamh orthu: | Líon samplaí beartaithe le tógáil in 2016: |
|---|---|---|
| 49 | 108 | 715 |

CTU – Clár Monatóireachta Lochanna Mhaigh Eo

| Líon lochanna le monatóireacht a dhéanamh orthu: | Líon pointí ar lochanna le monatóireacht a dhéanamh orthu: | Líon samplaí beartaithe le tógáil ó lochanna in 2016: |
|---|---|---|
| 21 | 53 | 494 |

Glacann na Pleananna Bainistíochta Abhantraí chucu cur chuige comhtháite i ndáil le cosaint, feabhsú agus ceartbhainistiú na timpeallachta uisce. Sé bliana de phleanáil, gníomhaíochtaí agus athbhreithniú is bun le gach seal den phróiseas pleanála, agus dá bharr sin ullmhaítear plean athbhreithnithe bainistíochta abhantraí gach sé bliana.

Foilsíodh na chéad Phleannanna Bainistíochta Abhantraí (PBA) d'Éirinn in 2010, a bhí i bhfeidhm go dtí 2015.
Cé go bhfuil an chéad bhabhta de Phleananna Bainistíochta Abhantraí fós á gcur i bhfeidhm, táthar i mbun an dara babhta de phleananna nuashonraithe a ullmhú faoi láthair. Tá moill curtha ar ullmhú na bpleananna nuashonraithe seo mar gheall ar an athchóiriú suntasach atá á dhéanamh ar an earnáil uisce faoi láthair. Foilseofar an dara babhta de Phleananna Bainistíochta Abhantraí i mí na Nollag 2016 le cur faoi bhráid an phobail go dtí mí an Mheithimh 2017. Deimhneofar na Pleananna Bainistíochta Abhantraí nuashonraithe sa dara leath de 2017.




<u>CTU – Socruithe nua Rialachais agus Riaracháin</u>
Tá na bearta a leanas á gcur i bhfeidhm de thoradh abhreithniú a rinneadh ar shocruithe rialachais:

- Glacfar aon chur chuige náisiúnta amháin le haghaidh forbairt pleananna bainistíochta abhantraí sa dlínse seo. Tabharfar faoin anailís theicniúil agus tascanna pleanála de réir aonaid chuí uisce nó abhantraí atá le socrú ag an GCC, agus

- Cuirfear socruithe sonracha riaracháin i bhfeidhm le Tuaisceart Éireann chun dualgais i ndáil le huiscí trasteorann a chomhlíonadh, lena n-áirítear aonaid bainsitíochta uisce Abhantrach Loch nEathach-na Banna, Abhantrach an Iarthuaiscirt, agus Abhantrach na Sionainne, a ritheann isteach nó amach as Tuaisceart Éireann.




Tá Abhantracha an Oirthir, an Oirdheiscirt, an Iardheiscirt, an Iarthair agus na Sionainne comhcheangailte anois in aon Abhantrach Náisiúnta amháin. I gcás Abhantracha idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt agus Loch nEathach-na Banna, déanfar ceantar riaracháin amháin den chuid díobh siúd a luíonn i bPoblacht na hÉireann sa chaoi is go mbeifear in ann iad a bhainistiú i gcomhar leis na húdaráis i dTuaisceart Éireann.

Cé go mbainfear barr éifeachtúlachta amach i gcúrsaí measúnachta, tuairiscithe agus eile de bharr na socruithe seo, cuirfear struchtúir réigiúnacha riaracháin i bhfeidhm chun cuidiú le cur i bhfeidhm na bpleananna (.i. le sainghnéithe na habhantraí a aithint, bearta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, imeachtaí comhairliúcháin phoiblí agus ardú feasachta mar shampla). Beidh socruithe de dhíth chun ligean do phobail a dtuairimí a nochtadh i dtaobh pleananna d'abhantracha áitiúla chomh maith.

An Chreat-treoir Uisce – Struchtúir Athbhreithnithe Rialachais

De thoradh an athbhreithithe a rinneadh ar shocruithe rialachais, tá struchtúr nua rialchais 3 chiseal curtha i bhfeidhm anois. Cuireadh rialacháin i bhfeidhm le déanaí chun éifeacht a thabhairt do na struchtúir nua rialachais seo. Ag deireadh an lae, is é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a ghlacfaidh leis na pleananna bainistíochta abhantraí críochnaithe. Tá 3 chiseal idircheangailte sna socruithe nua, agus táthar ag súil gurb éifeachtúlacht i rialachas agus cur i bhfeidhm a bheidh mar thoradh díobh.

Mínítear na socruithe seo sa léaráid a leanas:



Faoi na socruithe nua, níl aon amhras ach gurb é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar Leibhéal 1, atá freagrach as beartas agus reachtaíocht a ullmhú agus a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun an Treoir a chur i bhfeidhm. Is ag an leibhéal céanna seo a rachfar i gcomhairle le Ranna agus forais ábhartha stáit chun bailchríoch a chur ar na dréachtphleananna bainistíochta abhantraí agus na cláir beart sula gcuirfear faoi bhráid an Aire iad lena bhfaomhadh. Tá Coiste Comhairliúcháin um Beartas Uisce curtha ar bun chun cuidiú leis an Aire sna cúraimí seo, agus tá feidhmeanna agus ballraíocht an choiste sonraithe sna rialacháin nua.

Tá freagrachtaí suntasacha nua leagtha ar an GCC ar Leibhéal 2, lena n-áirítear ról fíorthábhachtach i ndréachtú cuspóirí comhshaoil; sainghnéithe abhantraí a aithint; teimpléid a ullmhú le haghaidh plean(anna) bainistíochta abhantraí; agus clár uileghabhálach beart a chur i dtoll a chéile – clár a mbeidh Comhairle Contae Mhaigh Eo agus údaráis áitiúla eile ar Leibhéal 3 in ann a fhorbairt agus a leasú sula gcuirtear faoi bhráid an Aire iad lena bhfaomhadh.

Beidh sé de chúram Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus na húdaráis áitiúla eile ag feidhmiú ar Leibhéal 3 na pleananna a chur i ngníomh, staidéir iniúchta a dhéanamh ar abhantracha, agus na cláir beart ar chur i bhfeidhm.
Titfidh sé ar na húdaráis áitiúla freisin a chinntiú go gcomhlíontar na codanna sin den Treoir a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail. Áirítear leis seo tuairimí an phobail a fháil maidir le haon Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí a ullmhaítear de bhun theimpléad an GCC.

Tá an Roinn i mbun cainteanna le Cumann Bainistíochta na gContaetha agus na gCathracha i dtaobh na struchtúr agus na n-acmhainní a bheidh de dhíth ar Údaráis Áitiúla chun a gcuid freagrachtaí ar Leibhéal 3 a chur i gcrích.

<u>Clár Monatóireachta Cáilíochta Uisce Snámha</u>
De réir riachtanais na Rialachán um Cháilíocht Uisce Snámha, rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo monatóireacht agus tuairisciú ar an gcáilíocht uisce i 31 áit le huisce snámha le linn shéasúr snámha 2016. Tá 15 cinn de na huiscí snámha seo ‘aitheanta’ go foirmiúil faoi na Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha, 2008.

| Líon na n-uiscí snámha le monatóireacht a dhéanamh orthu | Líon na n-insreabhadh le huiscí snámha le monatóireacht a dhéanamh orthu | Líon samplaí beartaithe le tógáil ó uiscí snámha in 2016: |
|---|---|---|
| 31 | 10 | 284 |

Tránna
Bronnadh 11 Bhratach Ghorma ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo in 2016 le haghaidh na dtránna a leanas: Trá Chuan Oilí, Trá an Mhullaigh Rua, Trá Bhearna na gCapall, Trá Chliara, Trá Dhumha Goirt, Trá an Chaoil, Trá na Ceathrún Móire, Trá Dhumha Éige, Trá na Coime, Trá na Beartraí, agus Trá na Mala Raithní.  Comhlíonann tránna brait ghoirm caighdeáin 32 chritéar dhochta maidir le cáilíocht uisce, bainistíocht, sábháilteacht agus oideachas comhshaoil.





***Trá na Coime, Acaill – Bratach Ghorm 2016.***

Ina theannta sin, bronnadh sé Ghradam um Chostaí Glasa ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo le haghaidh Cheathrú an Uisce, an Chrois (Béal an Mhuirthead), Phort an Chlóidh, Trá Leac an Chaolaigh, na Sraithe agus an Tearmainn. Bronntar Bratacha Cósta Glais as áilleacht nádúrtha an cheantair agus cáilíocht uisce den scoth, ceal na béime ar bhonneagar tógtha mar atá sa Bhratach Ghorm.





***Port an Chlóidh, Béal an Mhuirthead – Bratach Cósta Glais 2016.***

Reiligí
Tá 156 reilig san iomlán i gCo. Mhaigh Eo.  Cothabhálann grúpaí pobail 108 díobh sin le cúnamh airgeadais ó Cheantair Bhardasacha Chomhairle Contae Mhaigh Eo, a thugann sciar le haghaidh oibreacha cothabhála.

Déantar rannpháirtíocht an phobail a spreagadh a fhad agus is féidir, le haird ar na hoibreacha atá ceadaithe i reiligí atá faoi chosaint Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004.

Beidh tuilleadh acmhainní ag teastáil de réir a chéile chun reiligí nua a cheannach agus a fhorbairt. Tá ranníocaíocht chaipitiúil curtha san áireamh sa bhuiséad chuige seo.



Láithreáin Thréigthe

Tá 88 láithreán cláraithe mar láithreáin thréigthe sa chontae faoi láthair;

- 15 – Ceantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo
- 24 – Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris
- 39 – Ceantar Bardasach Bhéal an Átha
- 10 – Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh

D’eisigh an Rannóg Comhshaoil 21 Fhógra Ailt faoi Acht na Láithreán Tréigthe le linn 2016, agus baineadh 10 láithreán den chlár dá bharr.



***Béal Átha Bhearaigh, Co. Mhaigh Eo – Roimh oibreacha.***



***An suíomh céanna le hoibreacha curtha i gcrích.***

Leanfaimid ar aghaidh ag caint le húinéirí, le foireann na gCeantar Bardasach agus le pobail áitiúla chun fadhbanna a réiteach agus úsáidí úra a aimsiú do láithreáin thréigthe a chuideoidh le hathbheochan ár mbailte móra agus sráidbhailte.

Athrú Aeráide

Rinneadh cur i láthair cuimsitheach do chruinniú na Comhairle Contae i mí Iúil 2016 faoin bhfianaise ar athrú aeráide sa chontae, na cúiseanna atá leis agus an tionchar tromchúiseach a bheidh aige ar gach gné den phobal amach anseo. Gheall an rialtas go nglacfaidh Éire go fonnmhar le Comhaontú Pháras (COP21), agus tá sainordú tugtha do na húdaráis áitiúla san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 (Éire), ag féachaint leis an athrú aeráide a dhaingniú mar phríomhchuspóir náisiúnta sa chaoi is go ngluaiseofar i dtreo ísealcharbóin, seasmhacht aeráide agus geilleagar inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoin mbliain 2050.

Fuarthas cead in 2016 chun an fhoireann a bheidh de dhíth chun straitéis oiriúnachta d'athrú aeráide a réiteach don chontae a earcú, agus muid ag glacadh chugainn agus ag cur i bhfeidhm i gcónaí na cleachtais is fearr i ndáil leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

Talmhaíocht

Sábháilteacht Bia

Is é aidhm na Rannóige Tréidliachta i gComhairle Contae Mhaigh Eo obair i gcomhar le hoibreoirí áitiúla in earnáil an bhia chun cuidiú leo na caighdeáin is fearr ó thaobh sábháilteacht bia a bhaint amach agus a choinneáil. Bímid gníomhach i ngalair zónóiseacha a chosc, .i. galair inaistrithe idir ainmhithe agus daoine. Tá páirt dhíreach againn freisin i ruaigeadh na ngalar is gá a chur in iúl do na húdaráis.

Is ar Chonradh Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) a thugtar faoin obair ar shábháilteacht bia, le béim ar leith ar shláinteachas agus inrianaitheacht.

Laistigh den chontae, tá:

- 9 n-áitreabh bheaga déanta feola atá faofa
- 7 n-áitreabh chláraithe

Déanann agus dáileann na háitribh fhaofa réimse leathan táirgí, táirgí bágúin – ispíní, putóg dhubh agus bhán, ispín lóin, liamhás cócaráilte – mionfheoil, agus gearrthacha sicín san áireamh. Díolann siad isteach i siopaí agus ollmhargaí áitiúla, chomh maith le táirgí a dhéanamh do ghnólachtaí bia eile ar fud an chontae. Tá roinnt acu ag fiosrú deiseanna easpórtála a gcuid táirgí anois. Déantar iniúchtaí agus monatóireacht ar na háitribh bheaga próiseála feola ar bhonn rialta.

Tá 16 sheamlas sa chontae. Déanann foireann na rannóige tréidliachta iniúchtaí réamhbháis agus iarbháis ar chuile ainmhí a mharaítear sna seamlais i gCo. Mhaigh Eo, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar shláinteachas ginearálta oibríochtúil agus struchtúrach na n-ionad.

Maraíodh 1,192 bheithíoch, 10,835 chaora agus 30 gabhar i seamlais Mhaigh Eo in 2016.

<u>Maor Madraí</u>

Titeann an tSeirbhís Rialaithe Madraí i Maigh Eo faoi scáth Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Tá sé de phríomhchúram againn a chinntiú go bhfuil ceadúnas ag gach madra i Maigh Eo agus go gcoinnítear faoi smacht éifeachtach iad.

Gabhadh 131 mhadra isteach sa phóna madraí in 2016. Cuirimid romhainne é úinéirí nua a fháil dá mhéid madraí agus is féidir linn. Fuarthas úinéirí nua do 100 madra in 2016. Cuireann an Chomhairle Ionad Dídine do Mhadraí ar fáil sa chontae.

De réir an dlí, ní mór ceadúnas a bheith ag gach madra os cionn 4 mhí d’aois. Tháinig méadú 9.5% ar líon na gceadúnas madraí a ceannaíodh in 2016. Is féidir ceadúnais a cheannach ar líne ar www.cocomhaigheo.ie nó in aon oifig poist.

Costas:

| | |
|---|---|
| Ceadúnas bliana | €20.00 |
| Ceadúnas saoil | €140.00 |

D’eagraíomar feachtas nuachtáin i gcomhpháirt le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann chun úinéirí madraí a chur ar an eolas faoin dochar atá madraí in ann a dhéanamh do chaoraigh.

Tá deich mbunachas cláraithe linn faoin Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí, 2010.

Ón 31 Márta 2016 ní mór micrishlis a chur i ngach madra agus an mhicrishlis sin a chlárú i mbunachar sonraí atá faofa ag an rialtas. Agus an mhicrishlis cláraithe,

eiseoidh riarthóir an bhunachair sonraí fhaofa Teastas Cláraithe Micrishlise don úinéir. Beidh an Teastas seo de dhíth má tá madra le ceannach, le díol, nó le haistriú chuig úinéir nua.

Maoiniú Ex Gratia

Cuireadh €39,500.00 i leataobh le haghaidh leas ainmnithe in 2016, agus cuireadh an maoiniú seo ar fáil do ghrúpaí a fheidhmíonn chun leasa ainmhithe. Fuair ocht n-eagraíocht éagsúla maoiniú uaidh.

## SEIRBHÍS DÓITEÁIN CHONTAE MHAIGH EO

Réamhrá

Contae mór tuaithe is ea Contae Mhaigh Eo, a chuimsíonn achar 2,159 míle chearnacha le pobal de thuairim is 130,425 duine, a fhágann í ar na limistéir dhóiteáin is mó sa tír.



Tá sé de dhualgas reachtúil ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo, faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 & 2003, (a) soláthar a dhéanamh do mhúchadh pras éifeachtach dóiteáin, do chosaint agus tarrtháil daoine agus réadmhaoin atá i mbaol tine, (b) briogáid agus áitribh dhóiteáin a bhunú agus a chothabháil, agus (c) soláthar sásúil a dhéanamh d'fháil glaonna ag lorg cúnaimh ón mbriogáid dóiteáin, agus iad a fhreagairt go sásúil.


Cosc Dóiteáin

Déanann Oifigigh um Chosc Dóiteáin a chinntiú go bpleanáiltear, go ndeartar, agus go dtógtar foirgneamh ar bhealach sábháilte ó thaobh dóiteáin de. Tagann an tÚdarás Dóiteáin faoi scáth corp ollmhór reachtaíochta; go mór mór an dá Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003, agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2014. Fágann na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2014, faoi chúram na nOifigeach um Chosc Dóiteáin measúnacht a dhéanamh ar iarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán. Fuarthas 106 iarratas ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán in 2016, méadú 12.8% ar an mbliain roimhe.  Taispeántar líon na n-iarratas ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán a próiseáladh gach bliain idir 2012 agus 2016 i dTábla 1, agus tugtar miondealú ar na cineálacha iarratas a fuarthas idir 2014 agus 2016 i bhFigiúr 1.

Tábla 1: Gearrchuntas ar na Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán (DSD) a próiseáladh (2012 go 2016).

| Sonraí na nDeimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon iarratas faighte | 76 | 93 | 80 | 94 | 106 |
| % Athrú bliantúil | -30.3% | 22.4% | -14.0% | +17.5 % | +12.8% |
| Iarratais neamhbhailí | 3 | 1 | 3 | 1 | 9 |
| Cinnidh déanta | 68 | 83 | 66 | 87 | 99 |
| Ceadaithe (faoi réir coinníollacha) | 68 | 63 | 54 | 76 | 84 |
| Ceadaithe (gan choinníollacha) | 0 | 20 | 12 | 11 | 14 |
| Líon iarratas diúltaithe | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |

Figiúr 1: Miondealú na n-iarratas ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán (2014 go 2016).




Is í an Rannóg Dóiteáin, thar ceann na Comhairle, a phróiseálann iarratais ar Fhógra Tosaithe faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2014. Fuarthas 338 n-iarratas ar Fhógra Tosaithe in 2016, méadú breis is 21% ar an mbliain roimhe.


Taispeántar i dTábla 2 a leanas líon na n-iarratas ar Fhógra Tosaithe a próiseáladh chuile bhliain idir 2012 agus 2016.

Tábla 2: Gearrchuntas ar líon na bhFógraí Tosaithe a próiseáladh (2012 go 2016).

| Iarratais | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon iarratas faighte | 268 | 259 | 415 | 278 | 338 |
| % Athrú bliantúil | -16.8% | -3.4% | +60.2% | -33.0% | +21.6% |
| Iarratais bhailí | 265 | 251 | 400 | 270 | 313 |
| Iarratais neamhbhailí | 3 | 8 | 15 | 8 | 25 |

I bhFigiúr 2, tugtar achoimre ar na hiarratais ar Fhógra Tosaithe agus ar na hiarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán a fuarthas idir 2012 agus 2016.

Figiúr 2: Iarratais faighte faoin Acht um Rialú Foirgníochta (2012 go 2016).




Déanann na hOifigigh um Chosc Dóiteáin iniúchtaí faoi Alt 24 de na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003 chomh maith. Baineann an reachtaíocht seo le ceadúnú tithe tábhairne, óstán, hallaí damhsa, clubanna, bialanna, áitreabh cluichíochta agus crannchuir srl. Taispeántar na hiniúchtaí a dhéanann an Rannóg um Chosc Dóiteáin i dTábla 3.

Tábla 3: Gearrchuntas ar na hiniúchtaí déanta ag Oifigigh um Chosc Dóiteáin (2011 go 2015).

| Cineál iniúchta | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iniúchach faoi Alt 24 (Iarratais ar cheadúnas) | 308 | 192 | 263 | 248 | 233 |
| Iniúchadh faoi Alt 13 (Iarratais phleanála) | 8 | 5 | 4 | 8 | 3 |
| Iniúchtaí eile | 114 | 92 | 172 | 118 | 88 |
| Líon iomlán inúchtaí | 430 | 289 | 439 | 374 | 324 |


Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal

Ghlac foireann na Seirbhíse Dóiteáin páirt ghníomhach sna gníomhaíochtaí nó imeachtaí a leanas in 2016:

- Tugadh léachtaí do Chumainn Ghníomhaíochta Lucht Scoir i mBaile an Chathail agus Baile an Róba.
- Imeacht ilghníomhaireachta faoi Shábháilteacht Pobail a bhí ar siúl sa Breaffy House Resort, Caisleán an Bharraigh.
- Taispeántas Taistil Sábháilteachta Mhaigh Eo.
- Féile Eolaíochta agus Teicneolaíochta in GMIT, Caisleán an Bharraigh.
- Clár Bunscoileanna NDFEM, a cuireadh i láthair do 3,586 scoláire i 163 scoil.
- Seachtain Náisiúnta Sábháilteachta ó Dhóiteán, a úsáideadh chun dea-chleachtais i ndóiteán a chosc a chur chun cinn. Scaipeadh a teachtaireacht seo trí fhógraí sna meáin chumarsáide, páirt a ghlacadh i gcláir agus i dtráth ceisteanna ar an raidió, laethanta oscailte i stáisiúin dóiteáin, agus bréagléirithe ar dhóiteán panna sceallóg.
- Graduate.ie (comórtas ar líne do scoláirí dara leibhéal) – Glacann Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo páirt ghníomhach sa tionscnamh oideachais seo, ag cur béime ar chleachtais ghinearálta sábháilteachta ó dhóiteán.




***Comórtas Bunscoileanna Mhaigh Eo um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Bhaile, 2016. An Clr Al McDonnell ag bronnadh duaise ar an mbuaitear foriomlán Sarah Gill, Scoil Íosa, Béal Átha hAmhnais. I láthair freisin bhí Peadar Ó hEidhin, Príomhfheidhmeannach, agus Seamus Murphy, Príomhoifigeach Dóiteáin, i measc daoine eile.***



Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin

Tá 121 chomhraiceoir dóiteáin fostaithe ag an gComhairle i 12 stáisiún dóiteáin ar fud an chontae faoi láthair, mar a léirítear sa léarscáil a leanas.

Téann na comhraiceoirí dóiteáin seo i ngleic le raidhse cineálacha imeachtaí chuile bhliain, idir dhóiteáin simléir, dhóiteáin tí, loisceadh sléibhe agus foraoise, thimpistí bóthair, tharrthálacha, agus timpistí le hábhair ghuaiseacha. D'fhreastail Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo ar 714 eachtra le linn 2016, laghdú 8.9% ar 2015. Tugtar miondealú i dTábla 4 ar na cineálacha eachtra ar fhreastail an bhriogáid dóiteáin i Maigh Eo orthu.

Tábla 4: Achoimre ar na cineálacha eachtraí ar freastlaíodh orthu ó 2012 go 2016.


| Cineál eachtra | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon dóiteán ar freastlaíodh orthu | 499 | 694 | 440 | 519 | 434 |
| Ina limistéar féin | 486 | 663 | 421 | 487 | 411 |
| I limistéar de chuid údarás dóiteáin eile | 13 | 31 | 19 | 32 | 23 |
| Eachtraí a d'éiligh seirbhísí speisialta | 172 | 165 | 159 | 186 | 175 |
| Taismí bóthair | 141 | 134 | 135 | 133 | 143 |
| Pumpáil uisce / tuilte | 0 | 2 | 1 | 15 | 4 |
| Tarrtháil uisce | 2 | 2 | 2 | 9 | 9 |
| Tarrthálacha eile nár bhain le cúinsí dóiteáin | 12 | 8 | 12 | 11 | 11 |
| Iompar ábhair ghuaisigh | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 |
| Eile | 16 | 18 | 9 | 17 | 17 |
| Rabhaidh bhréige | 94 | 86 | 75 | 79 | 102 |
| Mailíseach | 17 | 15 | 16 | 14 | 10 |
| Le dea-rún | 77 | 71 | 59 | 65 | 92 |
| Líon iomlán eachtraí | 765 | 945 | 674 | 784 | 714 |
| Athrú ón mbliain roimhe | -294 | +180 | -271 | +110 | -70 |
| % Athrú bliantúil | -27.8% | +23.5% | -28.7% | +16.3% | -8.9% |

D'éiligh an 714 eachtra in 2016 824 fhreagra ó bhriogáid dóiteáin, .i. líon iomlán na mbriogáidí dóiteáin a freastlaíodh ar eachtaí. Laghdú 11.8% ar an mbliain 2015 ba ea seo, mar a léiríonn Tábla 5 agus Figiúr 3.

Tábla 5: Achoimre ar ghníomhaíochtaí na Briogáide Dóiteáin ó 2012 go 2016.

| Gníomhaíochtaí na Briogáide Dóiteáin | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon iomlán eachtraí | 765 | 945 | 674 | 784 | 714 |
| Líon iomlán freagraí | 870 | 1090 | 772 | 934 | 824 |
| Athrú ón mbliain roimhe | -259 | +220 | -318 | +162 | -110 |
| % Athrú bliantúil | -22.9% | +25.3% | -29.2% | +21.0% | -11.8% |
| An cóimheas freagraí is eachtraí | 1.137 | 1.153 | 1.145 | 1.191 | 1.154 |

Figiúr 3: Gníomhaíochtaí na Briogáide Dóiteáin (2012 go 2016).




Fearais na Seirbhíse Dóiteáin

Fuair an Chomhairle fearas aerga, tancaer uisce agus fearas aicme B ar athláimh in 2016, mar aon le ceithre fheithicil faoi thiomáint ceithre roth le criúchabáin. Bronto F32RL an cineál fearais aerga atá ann, a bhfuil búm teileascópach aige a fhágann ar chumas an fhearais síneadh 23m amach agus airde oibre 32m a shroicheadh, atá 12m níos airde ná an t-ardán a bhí ann roimhe seo.




Tá toilleadh 14,500 lítear ag an tancaer uisce, a threisíonn cumas na Seirbhíse Doiteáin dul i ngleic le heachtraí faoin tuath agus eachtraí móra tionsclaíochta le breis uisce a chur ar fáil, agus úsáidtear é chun tacaíocht a thabhairt don phríomhsholáthar uisce i gceantracha uirbeacha chomh maith. Cuireadh an dá fheithicil sin i ngníomh le flít Bhriogáid Dóiteáin Chaisleán an Bharraigh chun freastal ar eachtraí i gCaisleán an Bharraigh féin agus in áiteanna eile sa chontae má theastaíonn sé, i gcás tine mhór tionsclaíochta mar shampla.

Fuarthas na fearais seo mar chuid de chlár leanúnach feabhsaithe na bhfearas dóiteáin sa chontae, clár atá á mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

<u>Bainistiú Móréigeandála</u>

Cuireann an Creat Náisiúnta um Bainistiú Móréigeandála, atá faofa ag an Rialtas, ar chumas na dtrí Phríomhghníomhaireacht Freagartha (PFanna) – An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus an tÚdarás Áitiúil – freagairt chomhordaithe a ullmhú agus a dhéanamh le haghaidh móréigeandálaí, lena n-áirítear tinte, timpistí iompair, substaintí contúirteacha, drochaimsir agus tuilleadh nach iad.

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an bPlean Móréigeandála (PM) reatha in 2016. Is é aidhm an Phlean Móréigeandála ná socruithe dhéanamh go mbeidh Comhairle Contae Mhaigh Eo in ann cás móréigeandála a bhainistiú go héifeachtach i gcomhpháirt leis na PFanna eile. Leagann sé amach meicníochtaí le haghaidh chomhordú na PFanna ag gach leibhéal bainistíochta móréigeandála – ar an láthair féin, ar bhonn áitiúil, agus ar bhonn réigiúnach, maille le nasc a chruthú le bainistíocht éigeandála ar bhonn náisiúnta.

Eagraíodh agus reáchtáladh oiliúint i Loch an Eanaigh d'fhoirne réigiúnacha na dtrí Phríomhghníomhaireacht Freagartha, a chuimsigh contaetha Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Ros Comáin. Díríodh san oiliúint sin ar (1) Bainistiú faisnéise, (2) Comhordú ar an láithreán féin, agus (3) Oifigigh Idirchaidrimh leis na Meáin Chumarsáide.


## RIALÚ FOIRGNÍOCHTA & FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an tÚdarás um Rialú Foirgníochta agus an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Pleanála do limistéar riaracháin Chontae Mhaigh Eo. Is iad na príomhfheidhmeanna aige ná gearáin scríofa a fhiosrú a mhaíonn go bhfuil forbairt neamhúdaraithe de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus iniúchtaí randamacha ar rialú foirgníochta a dhéanamh faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2014, lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, 1997 go 2009. Tugtar achoimre i dTábla 6 agus Figiúr 4 de ghníomhaíochtaí na Rannóige um Fhorfheidhmiú Pleanála.

Tábla 6: Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe Pleanála ó 2012 go 2016.

| Cineál gníomhaíochta | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na ngearán nua faighte | 168 | 135 | 152 | 149 | 155 |
| Líon na ngearán a caitheadh amach | 52 | 50 | 48 | 40 | 42 |
| Líon na ngearán a réitíodh le hidirbheartaíocht | 36 | 22 | 54 | 29 | 31 |
| Líon na ngnásanna forfheidhmithe a rinneadh le litreacha rabhaidh | 83 | 80 | 83 | 93 | 97 |
| Líon na ngnásanna forfheidhmithe a rinneadh le Fógraí Forfheidhmithe | 15 | 13 | 12 | 22 | 9 |
| Líon na gcomhad curtha faoi bhráid dhlíodóir na Comhairle Contae | 38 | 32 | 38 | 33 | 37 |
| Líon na n-ionchúiseamh | 1 | 0 | 3 | 2 | 0 |

**Figiúr 4: Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe Pleanála ó 2012 go 2016.**




I measc na ndualgas dhéantar faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2014, déantar measúnacht ar iarratais ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus eisítear Deimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas. Leagtar amach i dTábla 7 agus Figiúr 5 achoimre ar ghníomhaíochtaí i ndáil le Deimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Tábla 7: Na Deimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a próiseáladh ó 2012 go 2016.

| Cineál gníomhaíochta | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-iarratas bailí ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas (DRDM) | 34 | 63 | 59 | 60 | 75 |
| Líon na n-iarratas ar DRDN a diúltaíodh as a bheith neamhbhailí | 3 | 1 | 4 | 7 | 4 |
| Líon na n-iarratas inar iarradh breis eolais ón iarratasóir | 19 | 21 | 28 | 34 | 38 |
| Líon na n-iarratas ar DRDM inar cuireadh síneadh leis an uasmhéid ama le measúnacht a dhéanamh ar iarratas | 10 | 14 | 11 | 15 | 18 |
| Líon na nDeimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas eisithe: - | 37 | 56 | 53 | 53 | 68 |
| Laistigh de 2 mhí | 29 | 42 | 42 | 42 | 47 |
| I ndiaidh breis is 2 mhí | 8 | 14 | 11 | 11 | 21 |
| Ceadaithe faoi réir coinníollacha | 34 | 36 | 49 | 42 | 58 |
| Ceadaithe gan choinníollacha | 3 | 20 | 4 | 11 | 10 |
| Líon na nDeimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas diúltaithe | 1 | 4 | 1 | 4 | 4 |

Figiúr 5: Achoimre ar iarratais ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas ó 2012 go 2016.




Tá cuspóirí sonracha ag Rialacháin Foirgníochta; i gcás foirgnimh mar shampla, tá sé d'aidhm acu sláinte, sábháilteacht, agus leas daoine a chinntiú, fuinneamh a shábháil agus rochtain a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sonraíochtaí teicniúla tábhachtach sa mhéid is go mbaineann siad leis na cuspóirí seo a bhaint amach. Déantar iniúchtaí um Rialú Foirgníochta ar líon áirithe foirgneamh nua a roghnaítear ó na fógraí bailí tosaithe leagtha isteach. Spotseiceálacha atá sna hiniúchtaí seo lena chinntiú go bhfuil na rialacháin foirgníochta á gcomhlíonadh. I bhformhór na gcásanna, is féidir sáruithe ar na rialacháin a réiteach trí chomhráití agus idirbheartaíocht. Ó am go chéile, ní mór imeachtaí forfheidhmithe dlí a thionscain chun an cheist a réiteach. Leagtar amach i dTábla 8 agus i bhFigiúr 6 achoimre ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le Rialú Foirgníochta.

Tábla 8: Iniúchtaí i ndáil le Rialú Foirgníochta ó 2012 go 2016.

| Cineál gníomhaíochta | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfoirgneamh clúdaithe ag fógra bailí tosaithe | 268 | 265 | 432 | 285 | 353 |
| Líon na bhfoirgneamh a iarradh faisnéis/cáipéisí ina leith | 2 | 0 | 0 | 51 | 64 |
| Líon inúchtaí ar fhoirgnimh nua | 50 | 36 | 60 | 48 | 42 |
| % inúchtaí ar fhoirgnimh nua | 18.7% | 13.6% | 13.9% | 16.8% | 11.9% |
| Líon iomlán iniúchtaí, lena n-áirítear inúchtaí iolracha ar an bhfoirgneamh céanna | 178 | 176 | 179 | 211 | 220 |
| Líon iarratas ar mhaolú nó díolúine ó na rialacháin foirgníochta | 3 | 0 | 0 | 2 | 3 |
| Líon iarratas ar mhaolú nó díolúine ó na rialacháin foirgníochta ceadaithe | 0 | 3 | 0 | 2 | 2 |
| Líon na bhfógraí forfheidhmithe eisithe | 2 | 2 | 1 | 2 | 1 |

Figiúr 6: Achoimre ar iniúchtaí i ndáil le Rialú Foirgníochta ó 2012 go 2016.



Is ar bhall den Aonad seo chomh maith a leagtar cúramaí an Oifigigh um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tá an tAonad freagrach as cothabháil Áras an Chontae agus na foirgnimh eile a bhaineann leis an Áras. Tá sé tugtha faoi deara ag an Aonad, agus cúinsí eacnamaíochta mar atá, go bhfuil idirbheartaíocht a mhaireann ar feadh i bhfad de dhíth chun cásanna forfheidhmithe pleanála agus rialaithe foirgníochta a réiteach go sásúil, agus tá méadú tagtha ar líon na gcásanna ina gcaithfear fógraí forfheidhmithe a eisiúint agus a chur faoi bhráid an dlíodóra.


## RIALÚ DÓITEÁIN RÉIGIÚN AN IARTHAIR

Chuaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i gceann Rialú Dóiteáin do Réigiún an Iarthair (RDRI) in 2016 thar ceann údaráis áitiúla Chonnacht agus Dhún na nGall. Soláthraíonn RDRI an tseirbhís freagartha glaonna ar 112/999 agus an tseirbhís tionscanta gnímh do na hÚdaráis Dóiteáin seo. Tugtar achoimre i dTábla 9 agus i bhFigiúr 7 ar líon na nglaonna ar dhéileáil RDRI leo sna cúig bliana dar críoch 2016. Tá laghdú 3.79% tagtha ar líon na nglaonna faighte i mbliana le hais 2015.

Tábla 9: Glaonna isteach agus amach ó RDRI ó 2012 go 2016.

| Cineál glaoigh | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Glaonna isteach | 17163 | 20589 | 17778 | 18876 | 18187 |
| Athrú % | -23.07% | 19.96% | -13.65% | 6.18% | -3.65% |
| Glaonna amach | 12755 | 14451 | 13405 | 14473 | 13899 |
| Athrú % | -22.71% | 13.30% | -7.24% | 7.97% | -3.97% |
| Líon iomlán glaonna | 29918 | 35040 | 31183 | 33349 | 32086 |
| Athrú % | -22.92% | +17.12% | +17.12% | +6.95% | -3.79% |

Figiúr 7: Achoimre ar líon na nglaonna isteach agus amach ó RDRI ó 2012 go 2016.





4,065 eachtra éigeandála le haghaidh briogáidí dóiteáin ar fud an réigiúin in 2016 ba thoradh na nglaonna seo: titim 4.31% ar 2015, mar a léirítear i dTábla 10 agus i bhFigiúr 8 a leanas.

Tábla 10: Eachtraí éigeandála ó 2012 go 2016.


| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon iomlán eachtraí | 4088 | 4882 | 3954 | 4248 | 4065 |
| Athrú % | -22.74% | +19.42 % | +19.01 % | +7.44 % | -4.31% |

Figiúr 8: Líon na n-eachtraí éigeandála ó 2012 go 2016.




Tharla 17.1% den 4,065 eachtra sin i gContae Mhaigh Eo, mar a léirítear i bhFigiúr 9.

Figiúr 9: Dáileadh na n-eachtraí éigeandála ó 2014 go 2016.



## AN OIFIG OIDHREACHTA

Tá sé d'aidhm ag an Oifig Oidhreachta feasacht a ardú ar oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae agus daoine a spreagadh lena caomhnú. Tá 60 beart leagtha amach i bPlean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo, iad roghnaithe chun na haidhmeanna agus cuspóirí thuasluaite a bhaint amach, agus le cur i gcrích thar thréimhse cúig bliana. Ullmhaítear clár oibre gach bliain ina sonraítear na bearta nó na tionscadail le tabhairt fúthu i rith na bliana. Ba iad a leanas roinnt de na príomhghníomhaíochtaí ón bPlean Oidhreachta a cuireadh i gcrích in 2016:

Plean le haghaidh Réimse Poiblí Bhaile an Róba
Chuireamar tús le Plean Réimse Poiblí a ullmhú do Bhaile an Róba i mí Dheireadh Fómhair 2016. Is é cuspóir an phlean ná réimse poiblí Bhaile an Róba a chur i láthair, a bhainistiú agus a fhorbairt ar an gcaoi is éifeachtaí, le haird ar leith ar an stair agus oidhreacht a ghabhann leis. Go sonrach, tá sé i gceist leis an bplean seo: saintréithe uathúla Bhaile an Róba a aithint le bheith mar bhunús le forbairt an bhaile mhóir amach anseo; plean mionsonraithe gníomhbhunaithe a chur i dtoll a chéile do réimse poiblí an bhaile mhóir a úsáidfear chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i mBaile an Róba a stiúradh, chun barr leasa a bhaint as na hacmhainní cultúrtha atá aige faoi láthair agus iad a chur chun cinn i gcomhar le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta; beartais a mholadh do Phlean Ceantair Bhaile an Róba; spéis agus rannpháirtíocht an phobail ar fad a spreagadh chun tabhairt faoi oibreacha a fheabhsóidh oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an bhaile mhóir; agus na páirtithe leasmhara uile a thabhairt le chéile chun fís chomhchoiteann a cheapadh d'fhorbairt eacnamaíoch, chomhshaoil agus chultúrtha Bhaile an Róba.




***Imeacht comhairliúcháin buail isteach don phobal i ndáil le Plean do Réimse Poiblí Bhaile an Róba, Samhain 2016.***

Léarscáiliú agus Pleananna Bainistíochta Gnáthóg
Leanadh ar aghaidh ag obair ar Thionscadal Léarscáilithe Gnáthóg Mhaigh Eo a tosaíodh in 2014, agus in 2016 rinneadh léarscáiliú ar ghnáthóga i gCathair na Mart, Baile an Róba, agus Baile an Chaisil. Is é aidhm an tionscnaimh seo oidhreacht nádúrtha na gceantar seo uile a mheas agus plean bainistíochta bithéagsúlachta a ullmhú do gach ceann acu. Cuireadh moltaí mionsonraithe i ndáil le bainistiú gnáthóg agus bithéagsúlachta i dtoll a chéile chun cuidiú le pobail áitiúla agus coistí Bailte

Slachtmhara barr acmhainneachta a bhaint as a gceantar áitiúla. Aithnítear sna pleananna deiseanna cuí chun bithéagsúlacht a fheabhsú agus a chaomhnú, agus cuirtear bearta praiticiúla i láthair ag féachaint le hoidhreacht nádúrtha na mbailte móra nó sráidbhailte a fheabhsú agus a chaomhnú. Is féidir le lucht pleanála, innealtóirí, agus rannóga eile den údarás áitiúil leas a bhaint as na pleananna seo agus pleananna dá gcuid féin á mbeartú acu do na ceantair seo.
Pléitear na deiseanna atá ann le háiseanna oideachais agus léirmhíniúcháin a fhorbairt sna bailte móra nó sráidbhailte chomh maith.

Seachtain Oidhreachta 2016

"Céad Bliain d'Oidhreacht', ag comóradh céad bliain d'Éirí Amach 1916, ba théama le Seachtain Oidhreachta 2016 a bhí ar siúl ón 20-28 Lúnasa. Reáchtáladh clár ilghnéitheach agus eicléicteach de bhreis is 90 imeacht le linn na seachtaine; siúlóidí, léachtaí agus taispeántais oidhreachta ina measc. Chuir na himeachtaí seo, cuid mhór acu reáchtáilte ag pobail áitiúla, saibhreas agus éagsúlacht na hoidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha sa chontae i lár an aonaigh. Thug Scéim Deontais na Seachtaine Oidhreachta de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo tacaíocht do bhreis is 25 phobal le himeachtaí a eagrú.



***Treoir d'Imeachtaí Sheachtain Oidhreachta Mhaigh Eo.***

Tástáil Beochta Láir Baile Bhéal an Átha

Roghnaíodh Béal an Átha in 2016 mar cheann de na deich mbaile mhóra le bheith páirteach i gclár píolótach trasdisciplíneach ar a dtugtar an Clár Náisiúnta Oiliúna um Thástáil Beochta Láir Bailte (TBLB). Dhá cheardlann atá i gceist leis an gclár seo: an chéad cheann acu a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair 2016 (An Nás, Co. Chill Dara), agus an dara ceann le bheith ar siúl i mí Feabhra 2017, le tréimhse mheantóireachta agus suirbhéireacht láir baile le tarlú idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2016. De thoradh na hoiliúna seo, cuirfear Tástáil Beochta Láir Baile i gcrích do dheich mbaile mhóra in Éirinn, a bheidh nasctha go foirmiúil leis an gcóras reachtúil pleanála trí na hathbhreithnithe a dhéantar ar phleananna forbartha contae (PFCanna) agus pleananna ceantair áitiúil (PCÁanna). Is tionscnamh de chuid na Comhairle Oidhreachta, RGDATA agus an Fhóraim Comhairliúcháin Miondíola é an tionscadal seo, atá á chur i bhfeidhm i gcomhpháirt leis an Rannóg Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, an Rannóg Tithíochta, Pleanála agus Rialtais

Áitiúil (RTPRÁ), Institiúid Phleanála na hÉireann (IPÉ), Institiúid Tírdhreacha na hÉireann (ITÉ), Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (IRAÉ), agus Institiúidí Tríú Leibhéal. Tá sé mar aidhm ag an gclár 'píolótach' oiliúna seo le haghaidh TBLB ná laigí sa chóras déanta TBLBanna in Éirinn faoi láthair a aithint ionas gur féidir Clár Náisiúnta Infheistíochta comhpháirtíochta le haghaidh TBLB a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a thacóidh le beartais agus straitéisí éagsúla de chuid an rialtais, an Plean Náisiúnta Oidhreachta san áireamh. Tá GMIT Chaisleán an Bharraigh, Coiste Bailte Slachtmhara Bhéal an Átha, agus Comhlachas Tráchtála Bhéal an Átha ag obair i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo chun an Tástáil Beochta i mBéal an Átha a chur i gcrích.
Táthar ag súil go n-aithneofar an clár 'píolótach' oiliúna seo ar bhonn idirnáisiúnta mar an gcur chuige comhpháirtíochta is fearr chun láir bailte a bhainistiú agus a athbheochan.



***Baill d'fhoireann Tástála Beochta Lár Baile Bhéal an Átha ag an gceardlann i Nás, Co. Chill Dara.***

<u>Cur chun cinn Oidhreacht Nádúrtha Mhaigh Eo</u>

Eagraíodh roinnt imeachtaí le linn 2016 chun oidhreacht nádúrtha Mhaigh Eo a chur chun cinn. D'eagraigh Cumann Allamuigh Nádúraithe Mhaigh Eo turais agus léachtaí le nádúraithe, luibheolaithe agus geolaithe mór le rá inar pléadh roinnt de na gnáthóga is spéisiúla agus is luachmhara i gContae Mhaigh Eo: ciumhais locha, pábháil aolchloiche agus coillte ina measc. Leanadh ar aghaidh ag saothrú ar Thionscadal Caomhnaithe na nGabhlán Gaoithe i Maigh Eo, agus na láithreáin neadaithe uile na ngabhlán gaoithe (neadacha traidisiúnta agus boscaí neadaithe araon) cláraithe ar GIS Chomhairle Contae Mhaigh Eo anois. Céim ríthábhachtach is ea seo i gcaomhnú an éin thábhachtaí seo. Reáchtáladh ceardlanna bithéagsúlachta i gcomhar le pobail Bhaile an Róba agus Chluain Cearbán i ndáil leis na Pleananna Bithéagsúlachta acu.



***Cumann Allamuigh Nádúraithe ar thuras go Muc-chluain (Halla Uí Mhóra).***

Féile Ballaí Cloiche na Mala Raithní

Bhí an dara Féile Ballaí Cloiche na Mala Raithní, a eagraítear gach bliain, ar siúl ón 13-15 Bealtaine 2016. Cuireadh clár spreagúil de léachtaí, taispeántais, ceardlanna agus siamsa áitiúil le chéile don fhéile, a bhí eagraithe ag an Oifig Oidhreachta i gcomhar le Grúpa Comhshaoil na Mala Raithní agus le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta. Cé go raibh daoine fásta de gach aois meallta chuig an bhféile ag na teicnící traidisiúnta tógála ballaí cloiche singile a bhí mar chroílár na féile, ghlac páistí i Scoil Náisiúnta na Mala Raithní páirt i gceardlann ealaíne dá gcuid féin ar mhósáic chloiche.

Chaith na rannpháirtithe trí lá ag foghlaim na ceirde ó cheardaithe oilte, agus ag athchóiriú ballaí in ‘The Parks’, feadh Ghlasbhealach Mór an Iarthair ar an Mala Raithní. I measc na dteagascóirí a bhí i láthair don fhéile, bhí Pat McAfee atá ina shaineolaí ar bhallaí cloiche singile agus moirtéil aoil araon agus ina bhall bunaithe d’Fhóram Aolta Tógála na hÉireann, agus John Shaw-Rimmington, saor cloiche athchóirithe iomráiteach a d'iompaigh ina dhéantóir ballaí cloiche singile agus ealaíontóir cloiche, agus fear a bhfuil seimineáir theagaisc ar thógáil ballaí cloiche singile reáchtáilte aige i gCeanada, sna Stáit Aontaithe agus sa Bhreatain. Chuir saineolaithe ar athchóiriú brící, cúrsaí caomhantais, moirtéil aoil agus saoirseacht chloiche a gcuid saineolais i láthair sna ceardlanna éagsúla a bhí ar siúl thar an deireadh seachtaine. Ba é barúil choitianta na dteagascóirí, saoir chloiche agus rannpháirtithe uile gur deireadh seachtaine den scoth a bhí ann a chuimsigh foghlaim, comhluadar, sárbhia, flaithiúlacht agus siamsa.



*An Clr Michael Holmes, Cathaoirleach CCME agus ceannairí ceardlainne.*



*Deisiú ballaí cloiche feadh an Ghlasbhealaigh.*

Iniúchadh ar Bhailiúcháin Bhéaloidis Mhaigh Eo

Tá traidisiún láidir béil i Maigh Eo, traidisiún atá mar bhun leis an tuiscint agus leis an meas atá againn ar ár n-oidhreacht ábhartha. Rinneadh inúchadh ar na taifid bhéaloidis i Maigh Eo agus déanfar cinnidh dá réir maidir le rogha agus fairsinge an ábhair a choinneofar i mbailiúcháin agus taiscí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Beidh an t-iniúchadh seo ar na taifid agus bailiúcháin bhéaloidis atá againn, agus an bunachar sonraí a chruthófar dá bharr, ina fhoinse áisiúil eolais do dhaoine ag déanamh taighde ar ár n-oidhreacht, stair agus cultúr. Cuideoidh an t-inúchadh chomh maith leis na bearta tosaíochta i ndáil le taifeadadh agus bailiú béaloidis a aithint. Tabharfaidh an t-iniúchadh breis tuisceana dúinn ar ár n-oidhreacht ábhartha agus ar an mbealach is fearr le dul i ngleic leis an gcaidreamh idir daoine, áiteanna agus oidhreacht ábhartha.

Amharcóir Léarscáileanna Oidhreachta

Is é aidhm an tionscadail seo ná GIS a úsáid lena chur ar ár gcumas iniúchadh agus measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar oidhreacht na hÉireann. Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo páirteach sa tionscadal seo atá á stiúradh ag an gComhairle Oidhreachta. Ag deireadh an lae, tá sé i gceist ag an Amharcóir Léarscáile seo tuiscint níos gléine a thabhairt dúinn ar an oidhreacht agus ar a thábhachtaí is atá sí, agus seirbhís a chur ar fáil a ligfidh don rialtas í a bhainistiú níos fearr amach anseo. Léiríonn an tionscadal seo an chaoi ar féidir foinsí éagsula sonraí, a bhaineann le téamaí ilchineálacha, a thagann ó úinéirí éagsúla agus a sháraíonn teorainneacha áitiúla agus réigiúnacha (contae), a chomhtháthú i dtreo eolas a chur os comhair an phobail agus lucht déanta cinnidh araon ag léibhéalacha difriúla rialtais. De réir caighdeáin seirbhísí gréasáin, is féidir an t-amharcóir gréasáin seo a úsáid chun críocha ilchineálacha agus a fhairsingiú amach anseo chun glacadh le foinsí nua sonraí, á dhéanamh níos fóintí fós d'úsáideoirí éagsúla agus le haghaidh cúiseanna éagsúla. Beidh an t-amharcóir ina fhoinse eolais do lucht déanta cinnidh agus tuarascálacha éagsúla measúnachta á gcur i dtoll a chéile acu.

Straitéis Chuimhneacháin Mhaigh Eo
Cuireadh Coiste Cuimhneacháin Mhaigh Eo ar bun in 2013 chun Straitéis Chuimhneacháin a fhorbairt don tréimhse 2013-2023. Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm na Straitéise in 2016, le béim ar leith ar chomóradh Éirí Amach 1916.
Bíonn an suíomh idirlín www.centenarymayo.ie á nuashonrú go rialta le hábhar a bhaineann leis an tréimhse idir chaibidil. Oibrímid seasta le cumainn staire, cumainn oidhreachta agus pobail ábhartha sa chontae chun cuidiú leo imeachtaí cuimhneacháin a eagrú ina gceantair féin. Bhí an tOifigeach Oidhreachta páirteach i gCoiste Cuimhneacháin 1916 Mhaigh Eo, agus bhí siad páirteach i bhforbairt agus reáchtáil an chláir bliana d'imeachtaí cuimhneacháin.

Féilire Comórtha 2016 Mhaigh Eo
Foilsíodh Féilire Comórtha 1916 Mhaigh Eo chun céad bliain ó Éirí Amach 1916 a chomóradh. Aithníodh trí ábhar ar leith le bheith i gcroílár imeachtaí comórtha an chéid ag Comhairle Contae Mhaigh Eo: An Maor Seán Mac Giolla Bhríde, an Dr Kathleen Lynn agus Bailiúchán Sheáin Uí Chléirigh. Rinneadh na trí ghné seo a thabhairt le chéile i bhFéilire Comórtha 2016. Agus é ag tarraingt as an ábhar i mBailiúchán Sheáin Uí Chléirigh, cuireann an féilire cnuasach uathúil d'ábhar bunaidh agus neamhghnách a bhaineann leis an Éirí Amach os comhair an phobail. Bhí an féilire ar fáil saor in aisce do chuile theaghlach i Maigh Eo.



***Comhaltaí tofa agus baill foirne Chomhairle Contae Mhaigh Eo i láthair ag seoladh Fhéilire Comórtha 1916 Mhaigh Eo.***

Speicis Ionracha
Táthar i mbun oibre i gcónaí le pobail an Fhóid Duibh, Bhéal an Mhuirthead, Acla agus Chluain Cearbán i gcláir rialaithe an phlanda eachtraigh ionraigh – an gunnera tinctoria – a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.  Ag teacht sna sála ar na forálacha reachtúla i ndáil le speicis ionracha a cuireadh i bhfeidhm le déanaí, táimid i mbun comhráití le Coiste Oibre um Speicis Ionracha Mhaigh Eo, ar a suíonn ionadaithe d'eagraíochtaí agus grúpaí éagsúla sa chontae a bhfuil spéis ar leith acu i rialú speicis ionracha; an NPWS, IFI, Teagasc agus Leader ina measc. Cuireann an Coiste Oibre rompu na saincheisteanna a bhaineann le speicis ionracha a phlé agus bealaí éagsúla lena gcosc sa chontae a fhiosrú.

Oibreacha Caomhantais ar Láithreáin Oidhreachta

Cuireann an Oifig Oidhreachta comhairle ar fáil agus oibríonn siad i gcomhar le pobail chun cuidiú leo oibreacha caomhantais a dhéanamh ar láithreáin thábhachtacha oidhreachta ina gceantair féin. Tá Plean Caomhantais agus Bainistíochta ina uirlis fhíorthábhachtach chun oibreacha caomhantais ar láithreáin stairiúla a stiúradh. Ullmhaíodh Plean Caomhantais agus Bainistíochta le haghaidh Reilig Chill tSéine in 2016, láithreán atá cláraithe ar Thaifead na Suíomhanna agus na Séadchomharthaí i gContae Mhaigh Eo. Beidh an plean seo ina threoir do bhainstiú an tsuímh amach anseo, agus d'aon oibreacha caomhantais a dtabharfar fúthu ann chomh maith.



***Lá Oidhreachta i Reilig Chill tSéine***

Cosaint agus cur chun cinn na hoidhreachta áitiúla i gcomhpháirt le pobail

Lean an Oifig Oidhreachta ar aghaidh ag obair le pobail in 2016, ag cuidiú leo faisnéis a bhailiú faoina n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha, agus bearta a cheapadh lena cosaint agus a chur chun cinn. I measc na bpríomhthionscadal a rinneadh sa réimse oibre seo, bhí:

- Taighde agus forbairt ar Chonair Sheandálaíochta i gCill Mobhí;
- Oibilisc na Ráithíní a chaomhnú;
- Plean Bithéagsúlachta do Choillearnach Mhuraisce;
- Plean Caomhantais do Reilig Cheathrú na Leice i mBaile an Róba a chur i bhfeidhm;
- Plean a fhorbairt le haghaidh Gairdín Pailneoirí i mBaile an Daighin.

## INFHEISTÍOCHT

Oíche bhuíochais do Lucht Tionsclaíochta Mhaigh Eo, Eanáir 2016 in Eastát Mount Falcon, Béal an Átha. Deis ba ea an ócáid seo na fostóirí is mó i gContae Mhaigh Eo a thabhairt le chéile agus aitheantas a thabhairt do gach a ndéanann said chun leasa an chontae. An Rannóg Fiontraíochta agus Infheistíochta de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo a d'eagraigh an ócáid, inar tugadh aird ar leith ar na féidearthachtaí fáis agus forbartha atá sa chontae. Thug an tÚdarás Forbartha Tionscail (ÚFT), Fiontraíocht Éireann, Údarás na Gaeltachta agus Coimisiún Forbartha an Iarthair, i measc grúpaí eile, an-tacaíocht don ócáid chomh maith. Bhí cuireadh faighte acu siúd a bhí i láthair ar an oíche, a eagraíodh i gcomhpháirt le Tionscail Mhaigh Eo (grúpa a labhraíonn thar ceann na bhfostóirí is mó sa Chontae). Chualathas cur i láthair ón Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh, T.D., Peadar Ó hEidhin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus Martin Shanahan, Príomhfheidhmeannach an ÚFT i gcaitheamh an tráthnóna chomh maith. Tugadh deis neamhfhoirmiúil do rannpháirtithe aithne a chur ar a chéile agus deiseanna comhoibrithe a aithint mar aon le straitéis forbartha geilleagair Mhaigh Eo a phlé.




Forbairt Lárionad Trádála Idirnáisiúnta Iarthar Éireann in Providence, Rhode Island.

Tá an-dul chun cinn déanta ar fhorbairt lárionad Trádála Idirnáisiúnta Iarthar Éireann (LTIIÉ) in Rhode Island na Stát Aontaithe. Tionscadal réigiúnach é seo atá á stiúradh ag Contae Mhaigh Eo, agus cuireann sé roimhe an bealach a réiteach do ghnólachtaí beaga i Maigh Eo, Gaillimh, Ros Comáin, Sligeach agus Liatroim a dtáirgí a dhíol i Meiriceá. I mí an Mheithimh 2016 seoladh coimeádán go Rhode Island lán le táirgí as Iarthar na hÉireann. Tá na táirgí seo ar taispeáint sa lárionad. Ina theannta sin, thug naoi gcomhlacht cuairt ar Rhode Island i mí an Mheithimh chun caidreamh gnó a fhorbairt le cliaint thall i Meiriceá, agus chuaigh 13 chomhlacht eile ann i mí Dheireadh Fómhair 2016, tráth a ndearnadh sárobair ar bhealaí díolacháin agus deiseanna forbartha gnó a aithint. Tá roinnt gnólachtaí ag díol a gcuid táirgí cheana féin mar gheall ar an gclár seo, clár a bhfuil Oifigí Áitiúla Fiontraíochta na gcontaetha rannpháirteacha ar thús cadhnaíochta ann, i gcomhpháirt le Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire. Tá sé beartaithe Bainisteoir Forbartha Gnó lánaimseartha a fhostú ag féachaint le deiseanna a thapú chun an

lárionad a fhorbairt, agus beidh sé de chúram aige cuidiú le comhlachtaí a gcuid gnó a chur in oiriúint don mhargadh i Meiriceá.



<u>Lá Mhaigh Eo – An Ócáid Líonraithe is Airde</u>
D’eagraigh an Rannóg Infheistíochta an ócáid líonraithe is airde in Éirinn ar mhullach Chruach Phádraig ar Lá Mhaigh Eo 2016. Bhuail scoth na gceannairí pobail agus gnó i Maigh Eo le Pat Divilly, an fiontraí aclaíochta iomráiteach, mar chuid den ócáid iontach seo.



Suíomh Idirlín Invest Mayo

Tá na háitribh thráchtála uile atá ar fáil i gContae Mhaigh Eo liostáilte ar an suíomh idirlín 'Invest Mayo', agus coinníonn an Rannóg Infheistíochta an t-eolas sin cothrom le dáta i gcónaí.




Imeachtaí Digiteacha i gcomhar le DMI Mhaigh Eo

Chuathas i gcomhpháirt leis an ngrúpa “Digital Marketing in Mayo” chun imeachtaí a eagrú do chomhlachtaí digiteacha i Maigh Eo, ag cur sainchomhairle ar fáil dóibh maidir le bealaí chun bús a chur faoi ghnó ar líne, treochtaí reatha sa mhargaíocht dhigiteach, agus tuilleadh nach iad, ionas gur féidir le cuideachtaí i Maigh Eo coinneáil céim ar chéim lena n-iomaitheoirí. Cothaíonn imeachtaí den chineál seo pobal cuimsitheach digiteach a mhairfidh faoi scáth a chéile, rud inmhianaithe de réir Straitéis Dhigiteach Chomhairle Contae Mhaigh Eo a chuireann roimhe Maigh Eo a fhorbairt mar an príomhgheilleagar tuaithe digiteach in Éirinn.

Tairiscintí Mealltacha á bhfoilsiú ar shuíomh idirlín Mayo.ie

Tá próifílí na bpríomhearnálacha foilsithe i bhfoirm pdf agus físeáin ar Mayo.ie anois. Is féidir linn a thaispeáint don saol mór anois a mhealltaí is atá Contae Mhaigh Eo mar áit lonnaithe gnó, bíodh sé san earnáil dhigiteach, earnáil na n-eolaíochtaí beatha, earnáil bhia agus dí, nó earnáil fuinnimh.

Lárionad Cruthaitheachta Theach Cúirte Bhéal Átha na Muice

Le maoinú a fuarthas ó Chrios Forbartha Geilleagraí Tuaithe in 2016, bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo in ann tabhairt faoi oibreacha tosaigh athchóirithe ar an Teach Cúirte lena thiontú ina Lárionad Cruthaitheachta. Deisíodh an díon, ina ndearnadh an fleascadh luaidhe ar shimléir, cumair agus díonléasacha a bhaint agus a athchur. I measc na n-oibreacha a rinneadh taobh istigh den fhoirgneamh baineadh amach an tirimlíneáil ar urlár na talún, deisíodh an plástar, agus rinneadh é a phéinteáil. Bhí sé

d'aidhm ag na hoibreacha seo meath an fhoirgnimh a mhaolú agus tús a chur lena athshlánú ionas go mbeidh an pobal aitiúil, grúpaí fiontraíochta agus daoine aonair in ann leas a bhaint as ar bhealaí éagsúla. Tá clár SICAP don cheantar á riaradh ó Theach na Cúirte faoi láthair.

Piara Phort na bhFrancach

Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) ag forbairt láthair tástála fuinnimh tonn amach ó chósta thiar na hÉireann, gar do Cheann an Eanaigh, Contae Mhaigh Eo (laistiar de Bhéal an Mhuirthead). Tá an láthair cheadúnaithe tástála seo ar fáil do lucht forbartha teicneolaíochta fuinnimh tonn, ag soláthar áis atá nasctha leis an ngreille agus lánfheiliúnach le triail a bhaint as fréamhshamhlacha lánscála de thiontairí fuinnimh tonn. Feasach ar an ngá le trealamh a lonnú, a chothabháil agus a sheiceáil ar an láthair, bhí sé ríbhabhachtach go mbeadh teacht éasca air ó Phiara Phort na bhFrancach, agus dá bhrí sin tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin don phiara le linn 2016. Ba í an Rannóg Infheistíochta a bhí i bhfeighil an tionscadail feabhsúcháin seo, agus bhí foireann allamuigh Chomhairle Contae Mhaigh Eo freagrach as na hoibreacha tógála a chur i gcrích. Cuireadh síneadh leis an bpiara agus ardaíodh an deic, agus bhí na hoibreacha curtha i gcrích go substaintiúil faoin gceathrú ráithe de 2016.



Cur chun cinn

Tá an fhoireann Infheistíochta ag cuidiú le forbairt shuíomh idirlín www.mayo.ie i gcónaí, ag cinntiú go bhfuil eolas ábhartha i ndáil leis na hacmhainní nádurtha, daonna, agus foirgníochta atá i gContae Mhaigh Eo ar fáil ann, eolas a bheadh ina dhíol spéise d'fhiontraithe agus infheisteoirí féideartha araon.

## OIFIG NA GAEILGE

Tá sé de chuspóir ag Oifig na Gaeilge úsáid na Gaeilge i gContae Mhaigh Eo a chothú agus a chur chun cinn, maille le Scéim Teanga Údarás Áitiúil Mhaigh Eo a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

I dteannta le feabhas a chur a leibhéal na seirbhíse a chuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar fáil trí mheán na Gaeilge, lean an Chomhairle ag cur Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Scéim Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo i bhfeidhm. Chuige sin, cuireadh foireann na Comhairle ar an eolas faoina dualgais i leith na teanga, rinneadh ábhar de chuid na Comhairle a aistriú, tugadh comhairle i leith leaganacha cearta de logainmneacha le húsáid ar chomharthaí bóthair, agus rinneadh cinnte de go bhfuil suíomhanna idirlín, foilseacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus rudaí áirithe eile ar fáil sa dá theanga oifigiúla.



***Ag Bronnadh na dTeastas sa Ghaeilge Ghairmiúil bhí Peadar Ó hEidhin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, An Clr Al McDonnell, Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, Marian Uí Mháille Oifig na Gaeilge, agus Éamonn Ó Dónaill, Stiúrthóir Gaelchultúr.***

Ranganna Gaeilge

Cuireadh ranganna Gaeilge ar fáil d'fhoireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo i mí Dheireadh Fómhair 2015. Bhí ranganna le freastal ar chuile leibhéal inniúlachta, ó bhunchúrsaí go Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil – Leibhéal 3 go Leibhéal 6. Bhí an-éileamh ar na ranganna seo i measc fhoireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo. D'fhreastail 45 bhall foirne san iomlán ar na ranganna, agus bronnadh teastais orthu arna gcur i gcrích in 2016. Tá sé mar aidhm ag an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil muinín agus inniúlacht sa teanga a chothú i rannpháirtithe lena chur ar a gcumas a

gcuid gnó leis an bpobal a dhéanamh i nGaeilge, mar aon le bheith in ann í a labhairt go sóisialta.



***Foireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag bronnadh na dTeastas sa Ghaeilge Ghairmiúil leis an gCoimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill; an Clr Al McDonnell, Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo; Peadar Ó hEidhin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Mhaigh Eo; Éamonn Ó Dónaill, Stiúrthóir Gaelchultúr; agus Marian Uí Mháille, Oifig na Gaeilge.***

An Ghaeilge i gContae Mhaigh Eo

De réir Acht na Gaeltachta, 2012, ní mór do gach contae Gaeltachta Plean Teanga a ullmhú chun labhairt na Gaeilge sa teaghlach, ar scoil, sa phobal, go sóisialta, i mbun caitheamh aimsire agus i mbun gnó a éascú agus a spreagadh. Aithneofar le próiseas comhairliúcháin na Bailte Seirbhíse Gaeltachta, Líonraí Gaeilge, agus bealaí féideartha atá ann chun tacú le Gaeltachtaí an chontae, agus is í seo an chéad chéim in ullmhú Plean Teanga don Chontae.

Lá Mhaigh Eo



Is i nGaeltacht Acla a cheiliúir Oifig Gaeilge Chomhairle Contae Mhaigh Eo Lá Mhaigh Eo in 2016. Ag ócáid a reáchtáladh in Gielty's Clew Bay, rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo bronnadh ar John Twin McNamara in ómós don dianobair agus dúthracht a chaith sé i gcur chun cinn na teanga, an cheoil, an chultúir agus na traidisiún seo againne. Chuir Tomás Mac Sheáin, Cathaoirleach Choiste na Gaeilge CFÁA, fáilte roimh chuile dhuine agus thug sé moladh mór do John as a chuid oibre le blianta fada anuas. Ba í Marian Uí Mháille, Oifigeach na Gaeilge, a bhronn an gradam ar John agus dúirt sí gur tráthúil go ndearnadh ar 'Lá Mhaigh Eo' é.

Grúpaí Pobail agus Féilte

Tacaíonn agus cuidíonn Oifig na Gaeilge le raidhse grúpaí pobail agus féilte trí mhaoiniú a fháil dóibh faoi Scéim na nImeachtaí Óige de chuid Foras na Gaeilge, scéim a thacaíonn le clubanna óige i Maigh Eo. Oibríonn Oifig na Gaeilge i gcomhar le grúpaí pobail agus féilte fud fad an chontae chomh maith, ag cuidiú leo maoiniú a fháil faoi Scéim na bhFéilte de chuid Fhoras na Gaeilge.

Seachtain na Gaeilge 2016

Seoladh Seachtain Gaeilge Mhaigh Eo ar an 24 Feabhra in Óstán an Gateway i mBéal Átha na Muice. Seoladh lámhleabhar eolais ann le cuntas ar na himeachtaí ar fad a bhí eagraithe le haghaidh Sheachtain na Gaeilge i Maigh Eo. I measc na n-imeachtaí a reáchtáladh sa chontae bhí oícheanta scéalaíochta, ceardlanna drámaíochta, lóin Ghaeilge agus tuilleadh nach iad.



***Seó puipéad i nGaeilge le Carmel Balfe i Leabharlann Chathair na Mart.***



***Scoláirí ó Choláiste Daibhéid, Caisleán an Bharraigh, lena gcur i láthair ar imeachtaí 1916.***

***Rith 2016***




Féile náisiúnta a bhí ar siúl i mí an Mhárta 2016 ba ea Rith 2016, a reáchtáladh mar cheann de phríomhimeachtaí Sheachtain na Gaeilge agus a bhain le comóradh 1916 chomh maith. Bunaíodh Rith mar thogra tiomsaithe airgid a úsáidfí chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Ba léir freisin, áfach, gur bealach éifeachtach a bhí ann feasacht ar an teanga a ardú chomh maith le daoine de gach aois a ghríosadh chun a bheith páirteach in imeacht aclaíochta. Seo an ceathrú huair a eagraíodh Rith, ag teacht sna sála ar 2010, 2012 agus 2014. Ghlac scoileanna, clubanna óige, grúpaí pobail, clubanna spóirt agus gnólachtaí páirt ann: bhí 10,000 rannpháirtí san iomlán ann in 2010, a mhéadaigh go breis is 30,000 rannpháirtí in 2012 agus 2014. Chuir Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Clr Michael Holmes, fáilte roimh Rith go Caisleán an Bharraigh ar an 3 Márta 2016. Chuaigh daltaí ó Scoil Raifteirí i bpáirt san imeacht ag Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh. Thug siad seilbh ar an maide ann – ar a raibh scríofa teachtaireacht dóchais ó Uachtarán na hÉireann – agus d'iompar said go dtí an chéad staid eile, áit ar thug siad don chéad ghrúpa eile é.

<u>Lón Gaeilge</u>

Chaith Oifig na Gaeilge a dúthracht in 2016 le himeachtaí a chruthú agus a chur chun cinn ina mbeadh daoine in ann bualadh lena chéile agus an Ghaeilge a labhairt, agus gréasán de Ghaeilgeoirí fud fad an chontae a fhorbairt dá bharr. Eagraíodh 'Lón Gaeilge' chuile mhí i gCaisleán an Bharraigh, Baile an Róba, Coillte Mach, Both Chomhla, Béal an Átha agus Cathair na Mart. Tá ag éirí go han-mhaith leis na lóin seo toisc go dtugann siad deis do dhaoine atá inniúil sa teanga, daoine atá ag foghlaim na teanga, agus daoine nach labhraíonn an teanga ró-mhinic, teacht le chéile agus cibé cúpla focal atá acu a úsáid i gcomhthéacs réchúiseach neamhfhoirmiúil.



***Scríbhneoir, stiúrthóir an chomhlachta foilsitheoireachta Futa Fata, agus fear a fheictear go minic ar chláir Ghaeilge ar an teilifís is ea Tadhg Mac Dhonnagáin. Bhí Tadhg ina aoi speisialta ag an Lón Gaeilge i mBéal an Átha agus Coillte Mach.***

<u>Gaeltacht an Oileáin Úir</u>

Chuaigh Comhairle Contae i gcomhpháirt le Cumann na Gaeltachta i gCeanada chun tumsheachtain Ghaeltachta a eagrú i nGaeltacht an Oileáin Úir i gceantar Tamworth/Erinsville in Ontario. Roghnaíodh triúr múinteoirí as Maigh Eo i gcomórtas iomaíoch le múineadh ann: Michelle Doocey, Rónán Ó Conbhuí, Sorcha Nic An Chalbhaigh. Thug an triúr seo raidhse scileanna éagsúla sa Ghaeilge agus sa chultúr leo le roinnt le rannpháirtithe na tumseachtaine. Anuas ar ranganna Gaeilge agus ceardlanna cultúrtha a reáchtáil, bhí na múinteoirí seo fíorshásta cuidiú le rannpháirtithe a gcuid Gaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga chomh maith.



## TEICNEOLAÍOCHTÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Is é príomhaidhm na Rannóige Córais Faisnéise (CF) ná gach a bhfuil de dhíth ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo ó thaobh Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) de a chur ar fáil agus a chothabháil, mar aon le pleananna a ullmhú chun freastal ar na riachtanais TFC a bheidh ar an Údarás Áitiúil amach anseo.

Chuige sin, chuir foireann na Rannóige CF Plean Straitéiseach um Chórais Faisnéise 2016-2020 i dtoll a chéile agus fuair sé faomhadh na foirne bainistíochta. Is é aidhm an phlean seo ná cur chuige struchtúrtha bheartú i dtaobh bhainistíocht agus fhorbairt TFC laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo. I measc na gcuspóirí atá aige, tá:

- Rialachas Córais Faisnéise
- Clár Bainistíochta amháin ar Chaidreamh le Custaiméirí a chur i bhfeidhm don eagraíocht ar fad
- Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí
- Néalríomhaireacht
- Comhaontú Ceadúnúcháin Fiontraíochta Microsoft
- Cumraíocht Bunachar Sonraí
- Cur i bhfeidhm Tionscadal Milestone 4 de chuid AGRESSO
- Bonneagar Comhaontaithe Cumarsáide
- Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do na Rannóga go léir i gComhairle Contae Mhaigh Eo
- Tacaíocht leanúnach do Pháirtithe Leasmhara Seachtracha
- Líonraí Áitiúla agus Líonraí Achair Fhairsing
- Bainistiú Priontála
- Slándáil
- Seirbhísí ar Líne
- Córais Faisnéise Geografaí
- Feabhas agus nuálaíocht i bpróisis ghnó
- Forbairt Foirne na Rannóige CF

Agus an Plean Straitéiseach um Chórais Faisnéise, 2016-2020 ceadaithe, beartaíodh dul ar aghaidh le huasghrádú Microsoft Office Estate (Office 2007) go Microsoft Office 365, agus leis sin, dul i muinín Microsoft Office 365 mar réiteach iomlán do chúrsaí cumarsáide san eagraíocht ar fad. Glacadh le moladh na Rannóige CF Microsoft Office 365 E5 a cheannach, leagan a bhfuil seirbhís iomlán teileafónaíochta mar chuid de. Ceannaíodh na Ceadúnais Microsoft a bhí de dhíth i mí na Nollag i ndiaidh próiseas tairisceana a chur i gcrích. Roghnaíodh MJ Flood Technology, atá ina Microsoft Gold Partner, chun cuidiú le Microsoft 365 a chur i bhfeidhm.

Seo a leanas roinnt de na tascanna eile a bhí an Rannóg CF ag plé leo i rith na bliana:

- ISO - 27001:2013. D'éirigh leis an Rannóg an Caighdeán ISO a choinneáil.
- Bhí an Rannóg i bhfeighil bhainistíocht na dteileafón seasta agus soghluaiste go léir san eagraíocht.

- Tionscadal ILAS (Córas Comhtháite Iarratais ar Cheadúnais) – ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo páirt i dtionscadal ilghníomhaireachta chun na gceadúnas rialtais uile a thabhairt le chéile agus a phróiseáil trí bhíthin aon tairseach amháin.
- Seoladh Tionscadal maidir le Beartas Coinnithe Sonraí. Táthar ag súil lena chur i gcrích in 2017.
- Lean GIS (Córas Faisnéise Geografaí) ar aghaidh ag cur tacaíocht theicniúil ar fáil do na Rannóga uile san Údarás Áitiúil.
- Bhí foireann GIS páirteach sa tsuirbhéireacht a rinneadh ar an nglúineach bhiorach ar fud an chontae.
- Leanadh ar aghaidh le Tionscadal 'Tithe Mhaigh Eo' i rith na bliana. Lean foireann na Rannóige ar aghaidh ag cothabháil an 27 suíomh idirlín phoiblí agus seirbhís ar líne atá ag Comhairle Contae Mhaigh Eo.
- Bhí foireann na Rannóige páirteach i gcothabháil an tsuímh idirlín www.mayo.ie agus na seirbhísí a bhaineann leis.

## OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

Tá an Oifig Fiontair Áitiúil i Maigh Eo mar chuid de ghréasán náisiúnta na nOifigí Fiontair Áitiúil a cuireadh ar bun de réir bheartas an rialtais in 2014. Agus í ag teacht faoi scáth an Aonaid Fiontraíochta agus Infheistíochta de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo, tá an OFÁ ag feidhmiú mar phointe tosaigh d'éinne ag lorg eolais agus tacaíochta maidir le gnó a thosú nó a fhorbairt i Maigh Eo. Is é ról an OFÁ i Maigh Eo ná tacú le forbairt fiontair áitiúil, ag cur gnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí i gcroílár iarrachtaí chun fostaíocht a chruthú. Tugann OFÁ Mhaigh Eo tacaíocht do ghnólachtaí nuabhunaithe, agus saothraíonn sí lena chur ar chumas micreaghnólachtaí breis daoine a fhostú trí eolas, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus tacaíocht airgeadais i gcúinsí áirithe, a sholáthar dóibh. Is iad a leanas príomhréimsí oibre OFÁ Mhaigh Eo:

1. Eolas & comhairle i dtaobh cúrsaí gnó;
2. Seirbhísí tacaíochta fiontair;
3. Tacaíocht d'fhiontraithe; agus
4. Seirbhísí Forbartha Fiontair Áitiúil thar ceann an Údaráis Áitiúil.

Tá OFÁ Mhaigh Eo maoinithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (via Fiontraíocht Éireann), Comhairle Contae Mhaigh Eo, agus ioncam a ghintear ó tháillí ar chláir agus tioscnaimh eile. Feidhmíonn sé de réir Comhaontú Seirbhíse idir Fiontraíocht Éireann agus Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Bliain fhíorthairbheach do OFÁ Mhaigh Eo agus a cuid cliant ba ea 2016. Thuairiscigh punann gnólachtaí OFÁ Mhaigh Eo (223 ghnólacht) gur chruthaigh siad 116 phost bhreise in 2016. Cruthaíodh 79.5 post nua agus post féideartha i Maigh Eo i micreaghnólachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta de thoradh deontais chaipitiúla ar luach €467,707 a cheadaigh OFÁ Mhaigh Eo.

Ina theannta sin, tá tacaíochtaí boga ar fáil do chuile mhicreaghnólacht (ó chéim an choincheapa go bheith ar an bhfód), beag beann ar an gcineál gnó atá ann, bíodh sí ina gnólacht déantúsaíochta nó seirbhís a thrádáiltear go hidirnáisiúnta. Cuimsíonn na tacaíochtaí seo cúrsaí oiliúna gnó, meantóireacht, rochtain ar mhargaí nua idirnáisiúnta agus forbairt suíomhanna idirlín. Bhain 191 chliant leas as seirbhísí meantóireachta saor in aisce, agus d’fhreastail 308 ar chúrsaí oiliúna fóirdheontais. D’éirigh le 22 iarratasóir dearbháin ‘Trading on Line’ a fháil arbh fhiú suas le €2,500 an ceann iad, agus rinne 12 chliant iarratas ar thacaíocht ó Microfinance Ireland trí OFÁ Mhaigh Eo.

Ina theannta sin, ghlac OFÁ Mhaigh Eo páirt i raidhse clár agus imeachtaí agus/nó thug siad tacaíocht do ghnólachtaí freastal ar na himeachtaí ceanna. Seo a leanas blaiseadh d’ilchineálacht na n-imeachtaí sin:

| Sampla agus achoimre ar ghníomhaíochtaí OFÁ Mhaigh Eo in 2016 | |
|---|---|
| **Tionscnaimh Náisiúnta** | |
| Seachtain Fiontair Áitiúil | Reáchtáladh SFÁ den chéad uair i mí an Mhárta 2016. Eagraíodh 14 imeacht éagsúla mar chuid de SFÁ Mhaigh Eo, ó chlinicí comhairleacha gnó go seimineáir ghnó agus searmanais bronnta gradam. |
| Showcase  | Tá Showcase ar cheann de na seónna trádála idirnáisiúnta is mó in Éirinn, arna eagrú ag Comhairle Deartha & Ceirdeanna na hÉireann agus curtha chun cinn go hidirnáisiúnta ag Fiontraíocht Éireann. Is iontach an margadh é, áit ar féidir le ceannaitheoirí ar fud an domhain bualadh go pearsanta le dearthóirí Éireannacha. Bhí taispeántas ag cúig mhicreaghnólacht as Maigh Eo ag an seó in 2016, le cúnamh ó OFÁ Mhaigh Eo. |
| Comórtas Treabhdóireachta  | Bíonn an Comórtas Treabhdóireachta ar siúl gach bliain in oirdheisceart na hÉireann, agus is deis mhór do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide é iad féin a chur chun cinn. Tagann cuairteoirí chuig an Sráidbhaile Fiontair Áitiúil ann (ina bhfuil taispeántais ó 31 ghnólacht ó OFÁanna ar fud na tíre) chun blaiseadh a fháil de raon leathan táirgí agus seirbhísí atá ag teacht chun cinn, ag cur bús faoi ghnólachtaí Éireannacha ag an am céanna. Ghlac dhá chliant de chuid OFÁ Mhaigh Eo páirt sa Sráidbhaile Fiontair Áitiúil ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómair 2016. |
| Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn  | Is é Clár Fiontair Mac Léinn an comórtas fiontraíochta is mó do scoláirí in Éirinn. Cuidíonn sé le scoláirí na fíorscileanna a bhaineann le stiúradh gnóthais a shealbhú: obair foirne; bainistíocht táirgthe agus airgid; eagrú feachtas margaíochta agus díolacháin; agus cumarsáid le custaiméirí, moltóirí agus na meáin chumarsáide ina measc. Bhain ábharfhiontraithe ó thrí scoil i Maigh Eo gradaim náisiúnta sa chomórtas. Ba iad 'Make a Mark' ó Mheánscoil Íosa agus Mhuire, Gort na Ráibe, Co. Mhaigh Eo; 'The Story of My Life' ó Phobalscoil Bhéal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo; agus 'Melting Moments' ó Mheánscoil Mhuire, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo. |
| Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar | Bunaíodh na DNF beagnach scór bliain ó shin chun rath na ngnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí in Éirinn a cheiliúradh, agus bhí an ócáid bhronnta ar siúl i Staid Aviva Bhaile Átha Cliath i mí an Mheitheamh 2016. Bronnadh 12 dhámhachtain ar an oíche: ocht dtrófaí nua réigiúnacha san áireamh agus duais de €10,000 don bhuaiteoir foriomlán le hinfheistiú sa ghnó acu. Ba é Donal Byrne agus a ghnó 'Big Red Barn', atá lonnaithe i Maigh Eo, buaiteoir réigiúnach an iarthair. |
| Lá Náisiúnta Fiontar na mBan | Tháinig breis is 180 bean ghnó le chéile le OFÁanna Mhaigh Eo, Ros Comáin agus na Gaillimhe chun deich mbliana de Lá Náisiúnta Fiontar na mBan a cheilúradh ag ócáid mhór in Óstán an G i nGaillimh. Cothú Uaillmhéine ba théama don lá, agus bhain na |

| | |
|---|---|
| | rannpháirtithe sult as lá ag roinnt scéalta a ratha, ag plé dúshláin ghnó, agus ag cur aithne ar a chéile. Bhí an tionscnamh seo fíorthábhachtach do OFÁ Mhaigh Eo sa chaoi is gur thug sé deis don oifig caidrimh oibre a fhorbairt le grúpa luachmhar ar leith – banfhiontraithe. |
| Fiontraí Óg na hÉireann  | Reáchtáladh comórtas FÓÉ den tríú huair i mbliana, ag glacadh le hiarratais ó dhaoine idir 18-35 bliain d'aois. Deis mhór d'OFÁ Mhaigh Eo é seo caidrimh oibre a fhorbairt le dream fíorthábhachtach eile. Tháinig borradh faoi líon na n-iontrálacha ar an gcomórtas contae in 2016, agus 61 iarratas faighte. Bhuaigh an buaiteoir contae, an gabha óir Nigel O'Reilly, an Gnólacht Bhunaithe is Fearr sa bhabhta réigiúnach, agus rachaidh sé ar aghaidh do na babhtaí náisiúnta i mí an Mhárta 2017. |
| Feachtas Fógraíochta Áitiúil | I ndiaidh maoiniú a fháil ó Fiontraíocht Éireann chun feasacht ar obair na nOFÁanna a ardú ar bhonn áitiúil, thug OFÁ Mhaigh Eo faoi fheachtas fairsing fógraíochta i Maigh Eo chun seirbhísí na hOFÁ do ghnólachtaí nuabhunaithe agus seanbhunaithe araon a chur chun cinn. Cuireadh tús le fógrú seirbhísí OFÁ Mhaigh Eo i mí na Samhna 2016 ar cheithre stáisiún raidió agus trí nuachtán. |
| An tAcadamh Bia | Tháinig OFÁanna Mhaigh Eo agus Ros Comáin le chéile chun clár Acadamh Bia a bhunú in 2016, agus chláraigh 13 rannpháirtí don chlár. Tá an clár á fhorbairt ag Bord Bia, Grúpa Musgrave agus na hOFÁanna chun táirgeoirí bia a chur ar an eolas faoin gcaoi is féidir táirgí a sholáthar do ghrúpa SuperValu, agus chun an deis a thabhairt dó rannpháirtithe, ar chríochnú an chláir oiliúna, a gcuid táirgí a dhíol i siopaí SuperValu sa réigiún. |
| **Tionscnaimh saincheaptha eile** | |
| Lárionad Trádála Idirnáisiúnta Iarthar Éireann | Is í OFÁ Mhaigh Eo – mar chuid d'Aonad Fiontraíochta & Infheistíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo – an foras ceannais i bhfeighil Lárionad Trádála Idirnáisiúnta Iarthar Éireann in Rhode Island. Tá OFÁanna Liatroma, Shligigh, Ros Comáin, an Chláir agus na Gaillimhe páirteach sa tionscnamh comhoibríoch seo chomh maith, atá ina áis éascaithe isteach na Stáit Aontaithe do gnólachtaí in Iarthar agus Iarthuaisceart na hÉireann. Tá an straitéis seo chun cuidiú le comhlachtaí dúchasacha deiseanna easpórtála chuig na Stáit Aontaithe a fhiosrú. Tá sé de rún againn, i gcomhar lenár gcomhghleacaithe in Rhode Island, seirbhís, clár, struchtúr agus spás oifige atá éifeachtach agus cliantbhunaithe a chur ar fáil do chomhlachtaí aitheanta sa réigiún. Gheobhaidh comhlachtaí tacaíocht dhíreach chomh maith le deiseanna chun bualadh le comhlachtaí dúchasacha agus diaspóra araon atá lonnaithe i SAM. Ghlac 16 chomhlacht páirt sa chlár in 2016. |
| iFactory West | Clár saincheaptha tacaíochta gnó agus nuálaíochta is ea iFactory West, dírithe ar ghnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí a bhfuil sé de rún acu fás, a bheith iomaíoch agus a bheith rathúil. Tugann an clár seo deis do ghnólachtaí atá ag fás sainchomhairle gnó a fháil, agus labhairt le saineolaithe nuálaíochta a chuideoidh leo a gcuspóirí fáis a bhaint amach. Cuireann sé meascán d'iniúchadh nuálaíochta, sainchomhairle, tacaíocht theicniúil agus seimineáir |

| | |
|---|---|
| | nuálaíochta ar fáil agus fágtar faoin rannpháirtithe féin ansin a rogha díobh a dhéanamh. Comhthionscnamh idir OFÁanna Mhaigh Eo, Ros Comáin agus na Gaillimhe atá ann. Cuireadh tús leis an gclár seo in 2016 agus 30 comhlacht páirteach ann – an t-uasmhéid is féidir glacadh leis. |
| Féile na Tuaithe   | Bhí OFÁ Mhaigh Eo (i gcomhpháirt le hAonad Fiontraíochta & Infheistíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo) ina mórpháirtí taobh thiar d'Fhéile na Tuaithe, 2016 – féile dhá lá, saor in aisce don teaghlach ar fad eagraithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe i dTurlach, Caisleán an Bharraigh. D'éirigh le hOFÁ Mhaigh Eo na hOFÁanna i Ros Comáin, Dún na nGall, Gaillimh agus Sligeach a mhealladh chun a bheith páirteach ann freisin, agus le chéile réitigh siad an bealach do go leor ceardaithe agus táirgeóirí áitiúla bia ón iarthar a bheith i láthair ann. |
| Seachtain Samhlaíochta Mhaigh Eo | Seachtain d'imeachtaí a spreagann smaointe úra, fiontraíocht, agus gnó, eagraithe ag na gníomhaireachtaí forbartha agus fiontraíochta i Maigh Eo, is ea Seachtain Samhlaíochta Mhaigh Eo. Á reáchtáil den seachtú huair i mbliana, bhí Seachtain Samhlaíochta Mhaigh Eo ar siúl ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus tús mhí Dheireadh Fómhair 2016. 'Síol na Sársmaointe í an Fhíontraíocht' ba ea téama na seachtaine. Eagraíodh 13 imeacht ar fud an chontae lena haghaidh. D'fhreastail breis is 1,500 duine orthu san iomlán. |
| MeetWest   | Is é MeetWest an tionól líonraithe gnó is mó in Iarthar na hÉireann, ag bailiú raon leathan cuideachtaí ó chuile chearn d'Iarthar na hÉireann agus níos faide i gcéin le chéile chun líonra a chothú agus gnó a dhéanamh. Ba í OFÁ Mhaigh Eo a rinne óstáil ar MeetWest na bliana 2016, a eagraítear i gcomhar le OFÁanna Ros Comáin agus na Gaillimhe. Cuireadh cruinnithe líonraithe duine le duine ar fáil do na cuideachtaí rannpháirteacha, chomh maith le raon leathan cur i láthair, seirbhísí comhairliúcháin agus dinnéar líonraithe. D'fhreastail breis is 240 duine ar MeetWest in 2016. |
| Meet Mayo | Leagan níos lú de MeetWest (thuasluaite) is ea Meet Mayo, a thugann raon leathan cuideachtaí as Maigh Eo le chéile chun aithne a chur ar a chéile agus gnó a chothú. Tugadh leathlá do chuideachtaí líonraí a thógáil ar bhealach níos neamhfhoirmeálta ná mar a bhí i gceist le MeetWest. Bhí gach cuideachta in ann seastán a chur in airde agus bualadh le húinéirí nó bainisteoirí éagsúla gnó sa cheantar. Do dhaoine nach raibh cleachta ar MeetWest, thug sé deis dóibh blaiseadh a fháil den chineál ócáide sin ach ar scála agus ar chostas níos lú. |
| Comhar Bia Iarthar na hÉireann | Tá an tionscnamh seo dírithe ar mhicreachuideachtaí bia ar mhian leo na féidearthachtaí maidir lena dtáirgí a easpórtáil go Londain agus Oirdheisceart Shasana a fhoisrú. Cuireadh an clár ar bun i mí Mheán Fómhair 2016, tráth a ndeachaigh roinnt cuideachtaí anonn go Londain go dtí an tAonach Mín-sainbhia ann. Tá spéis léirithe ag 37 gcuideachta sa tionscnamh seo, le hocht gcinn díobh siúd de bhunadh Mhaigh Eo. |
| An tAonach Náisiúnta Ceardaíochta agus Deartha | Ba í seo an tríú bliain a ghlac cuideachtaí bia as Maigh Eo páirt san Aonach Náisiúnta Ceardaíochta agus Deartha a bhí ar siúl san RDS, Baile Átha Cliath, i mí na Nollag 2016. Tháinig siad le chéile |

| | |
|---|---|
| | le taispeáint faoin mbratach 'The Mayo Quarter'. Fearacht blianta eile, ghlac cuideachtaí bia Mhaigh Eo ocht seastán ar an lá, ag tabhairt sárardán margaíochta agus miondíola dóibh le linn chúig lá na hócáide. Tugadh suntas do líon na gcontaetha eile i láthair atá ag déanamh aithris ar chur chuige Mhaigh Eo don ócáid seo. |
| Sainchláir Oiliúna | I dteanna na gcroíchlár oiliúna gnó a sholáthraíonn OFÁ Mhaigh Eo, d'eagraigh siad dhá shainchlár oiliúna chun cuidiú lena cliaint borradh a chur faoina ngnólachtaí ar bhonn inbhuanaithe. 'LEAN for Business' (sé rannpháirtí) agus 'Clár Forbartha Miondíola' (naoi rannpháirtí) ba theideal na gclár seo. |
| Gradaim LAMA | Leis na deich mbliana atá gradaim LAMA ar an bhfód tugann siad aitheantas, agus mórann siad, comhoibriú idir pobail agus Údaráis Áitiúla. Chuir OFÁ Mhaigh Eo isteach ar Ghradam LAMA don Mhicreaghnólacht/Gnólacht Nuabhunaithe is Fearr (gradam maoinithe ag Enterprise Ireland). Tá sé i gceist leis an gcatagóir seo duais a bhronnadh ar fhiontraithe atá ag déanamh gaisce ina dtionscail féin, agus a d'éirigh thar barr leo in 2015. Bhain Donal Byrne agus a ghnólacht Big Red Barn duais na catagóire seo, i ndiaidh a bheith curtha chun cinn ag an OFÁ. |

Tá OFÁ Mhaigh Eo ag súil le bliain thairbheach nuálaíoch eile in 2017, le béim ar leith á leagan ar chur i bhfeidhm chláir náisiúnta OFÁ chomh maith le cláir áitiúla, régiúnacha agus idirnáisiúnta cosúil leo siúd a cuireadh ar fáil in 2016. Beifear ag díriú go háirithe áfach ar na dúshláin agus na deiseanna atá i gcúrsaí gnó faoi láthair, ag féachaint le borradh a chur faoi mhicreaghnólachtaí seanbhunaithe agus nua i Maigh Eo.

Is iad dhá mhóraidhm OFÁ Mhaigh Eo in 2017 ná leanúint d'OFÁ Mhaigh Eo a fhorbairt mar an gcéad phointe teagmhála do ghnólachtaí áitiúla, agus feasacht a ardú ar raon na seirbhísí atá ar fáil ar bhonn áitiúil agus náisiúnta araon. I measc na dtosaíochtaí eile atá aici tá sí chun ról lárnach a ghlacadh i gcur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an Iarthair i ndáil le Poist, agus a bheith ar thús cadhnaíochta i Seachtain Fiontraíochta Áitiúla, Seachtain Samhlaíochta Mhaigh Eo, agus tionscnaimh eile a thabharfaidh deis do chliaint OFÁ Mhaigh Eo margaí idirnáisiúnta a fhiosrú, go háirithe san AE agus SAM. Cuirfidh sí roimpi freisin comhairle a chur ar mhicreaghnólachtaí i ndáil leis an éiginnteacht tagtha chun cinn de dheasca na Breatimeachta; agus tabhairt faoi na dúshláin a eascraíonn as luí an phobail leis an tsiopadóireacht ar líne.

# FORBAIRT CHOMHTHÁITE AGUS POBAIL

'Ag éascú agus ag tacú le Forbairt Chomhtháite, Forbairt Pobail agus Ionchuimsiú Sóisialta'.

COISTE UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL

Cuireadh an Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) ar bun in 2014, agus i mí Iúil 2016 chuir siad bailchríoch ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP), a chuirfear i ngníomh thar sé bliana, chomh maith le Gníomhphlean 18 mí. Sheol an tAire Simon Conveney an plean seo, i dteannta le pleananna contaetha eile, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Dheireadh Fómhair.
Tá an CFPÁ ag déanamh monatóireacht leanúnach ar an gClár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gríosú Pobail (CISGP), i gcomhar lena pháirtithe forfheidhmithe: Cuideachta Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo agus Oirthuaisceart Mhaigh Eo. Cuireadh measúnacht cinn bliana 2015 agus measúnacht lárbliana 2016 i gcrích, agus thug an CFPÁ a bheannacht dóibh. Mar a thugtar le fios sa tábla a leanas, sáraíodh na spriocanna leagtha amach go náisiúnta i dtaobh eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) an chláir seo in 2016.

| Tagairt | Táscaire | Sprioc Bhliantúil | Bainte Amach |
|---|---|---|---|
| ETF 1 | Líon iomlán na ndaoine faoi mhíbhuntáiste (15+ bliana d'aois) ar bualadh leo duine le duine faoin CISGP (ETF) | 1536 | 1561 |
| 1.b | % na ndaoine faoi mhíbhuntáiste (15+ bliana d'aois) ag cur fúthu i gceantar faoi mhíbhuntáiste ar bualadh leo duine le duine faoin CISGP | | 364 |
| ETF 2 | Líon iomlán na ngrúpaí pobail a fuair cúnamh faoin CISGP (ETF) | 86 | 120 |

Leag an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (GÁG), faoi stiúir an CFPÁ, an Straitéis Forbartha Áitiúil (SFÁ) don chlár LEADER isteach i mí Feabhra, agus síníodh an conradh ag tús mhí Iúil ag ócáid i gContae an Chabháin leis an Aire Heather Humphreys. Tháinig an clár nua LEADER i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair agus Comhairle Contae Mhaigh Eo ina pháirtí maonaithe aige, agus eagraíodh sraith cruinnithe poiblí eolais ar fud an chontae ina thaobh. Tá go leor foirmeacha um léiriú spéise faighte cheana féin, agus tá na foirmeacha seo á meas ag an nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta ag a chuid cruinnithe míosúla ó mhí Dheireadh Fómhair i leith.

FORBAIRT POBAIL / CAIDREAMH LEIS AN EARNÁIL PHOBAIL AGUS DHEONACH

- Lean Gréasán Rannpháirtíochta Pobail Mhaigh Eo (GRP) ar aghaidh ag forbairt a chuid struchtúr in 2016 i gcomhar lena chuid ionadaithe – daoine atá ina mbaill ghníomhacha de na Coistí um Beartais Straitéiseacha de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil, agus an Comhchoiste

Póilíneachta, i measc forais eile. Is mór an dúthracht a caitheadh leis an ngréasán seo a chur ar bun, a fheidhmíonn mar phointe oifigiúil teagmhála leis na grúpaí pobail agus deonacha uile sa Chontae. Tá grúpaí pobail fós ag clárú, agus tá breis is 400 eagraíocht cláraithe go dtí seo. Seoladh suíomh idirlín an GRP i mí Mheán Fómhair – www.mayoppn.net

- I measc na bPleananna um Pobal Feasta a seoladh in 2016 bhí cinn le haghaidh Inis Toirc, an Bhaile Ghlais, agus Chnoc Mhuire. Tá próiseas athnuachana ar bun leis na pobail sin a bhfuil a gcuid pleananna tite in éag, agus féachfar lena gcuid tionscnamh a chur in oiriúint don am i láthair.
- Tugann an tAonad um Fhorbairt Chomhtháite agus Pobail tacaíocht leanúnach do thionscnaimh agus tograí áitiúla pobail a aithnítear go bhfuil tábhacht ar leith leo. Tá an obair seo ar siúl ó bunaíodh an rannóg, ag is ról fíorthábhachtach é i dtuairim na Comhairle Contae. Chuige sin, is mór an cúnamh é go bhfuil airgead curtha i leataobh i mbuiséad an Aonaid um Fhorbairt Chomhtháite agus Pobail chun maoiniú teoranta aonuaire a thabhairt do thograí speisialta pobail. Is suntasach an difríocht a dhéanann riar beag airgid do raidhse tograí ar fud an chontae.
- Sheol an Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh Straitéis Aoisbhá Mhaigh Eo i mí an Mheithimh. Tá sé faoi chúram an Chomhaontais Aoisbhá maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise seo i Maigh Eo, agus bíonn cruinnithe rialta acu chuige sin.
- Is é an tAonad um Fhorbairt Chomhtháite agus Pobail atá i gceann an tionscnaimh *Mórtas Ceantair* i gcónaí. Cuirtear an togra seo i ngníomh i gcomhpháirt leis na Ceantair Bhardasacha éagsúla, agus cuireann sé roimhe cumas na bpobal ainmnithe a chothú agus a threisiú. Sheas na grúpaí a leanas an fód do Chontae Mhaigh Eo i gcatagóirí éagsúla den chomórtas in 2016:
    - Cumann Báid Dragain Ghráinne Mhaol
    - Cuideachta Feisteas Bhéal an Átha
    - Cumann CLG Bhéal Átha hAmhnais
    - Tionscnamh Pobail Chathair na Mart

  Bhain Cumann CLG Bhéal Átha hAmhnais Duais Thánaisteach Náisiúnta sa chatagóir um Thionscnamh Pobail Chuimsithigh;
- De thoradh na forbartha atá déanta ar Chomhairle na nÓg táthar ag glacadh páirt i nDáil náisiúnta na nÓg anois;
- Is faoi chúram an Aonaid um Fhorbairt Chomhtháite agus Pobail atá cúrsaí riaracháin i gcomhair an Chiste Infheistíochta chun Leasa an Phobail le haghaidh Chill Chomáin agus Iorrais. Bunaíodh an ciste seo in 2011, agus stopadh ag glacadh le hiarratais air i mí Dheireadh Fómhair 2015.
- Reáchtáladh roinnt imeachtaí ar fud an chontae mar chud d'Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta Mhaigh Eo, a bhí ar siúl i mí na Samhna 2016. Le linn na seachtaine seo, ghlac idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna páirt i ndúshláin, léachtaí agus taispeántais ar ábhair a bhain le heolaíocht agus nuálaíocht. Rinne campas GMIT Chaisleán an Bharraigh óstáil ar Lá Oscailte na Féile den cheathrú uair, agus b'fhiú go mór an díograis a chaith siad leis agus na mílte cuairteoir tarraingthe chuige i rith an lae.

- I mí Iúil 2016 thug Ambasadóir na hAirgintíne, Laura Bernal; an Captaen Errecaborde; agus complacht loinge ARA Libertad, cuairt ar Bhéal Easa agus d’eagraigh an tAonad um Fhorbairt Chomhtháite agus Pobail, i gcomhpháirt le Cumann an Aimiréil De Brún, fáiltiú lena n-aghaidh.

IONCHUIMSIÚ SÓISIALTA

- Bhí cruinnithe ag an bhFochoiste Oideachais agus Oiliúna i rith na bliana, agus d’eagraigh siad imeachtaí oiliúna agus oideachais a raibh freastal maith orthu;
- Lean an tAonad um Fhorbairt Chomhtháite agus Pobail leis an tacaíocht a thugann siad d’Fhóram Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil agus do Sheachtain Mhórtais an Lucht Siúil;
- Bunaíodh Coiste Athlonnaithe Mhaigh Eo chun comhordú a dhéanamh ar athlonnú teifeach as an tSiria i Maigh Eo mar chuid de dhualgais na hÉireann faoi Chlár Athlonnaithe an UNHCR. Tionóltar cruinnithe an choiste seo go minic faoi chathaoirleacht bhaill foirne Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus socraíonn siad na seirbhísí atá de dhíth ag teifigh ag teacht go Maigh Eo, lena n-áirítear tithíocht, oideachas, cúram sláinte, cúram leanaí agus tuilleadh nach iad. Fuarthas maoiniú ón Roinn Dlí agus Cirt chun oibrí tacaíochta a fhostú a chuideoidh le himeascadh na 17 dteaghlach a athlonnaíodh anseo go dtí seo.
- Tionóltar cruinnithe d’Fhóram Imeasctha Mhaigh Eo go rialta, agus pléann siad ceisteanna a bhaineann le himeascadh daoine isteach sa chontae, teifigh agus iarrthóirí tearmainn san áireamh.
- Tá an tAonad um Fhorbairt Chomhtháite agus Pobail ag obair i bpáirt le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí deonacha eile mar chuid de ghrúpa a chuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil do dhaoine óga leispiacha agus aeracha i gContae Mhaigh Eo.
- Bíonn foireann an Aonaid um Fhorbairt Chomhtháite agus Pobail ar fáil chun comhairle a chur ar chomhaltaí tofa agus chun faisnéis chúlra a thabhairt i dtaobh tionscadail atá ag lorg maoiniú faoi chistí agus cláir éagsúla.

## LEABHARLANN CHONTAE MHAIGH EO

RÉAMHRÁ

Tá ballraíocht ar Leabharlann Chontae Mhaigh Eo saor in aisce! Cuireadh deireadh leis na táillí uile sa bhliain 2016, agus dá bhrí sin thug breis is 24,000 ball breis is 600,000 leabhar ar iasacht i rith na bliana. Bhain go leor daoine eile leas as na seirbhísí eile de chuid na leabharlainne: staidéar áitiúil, ginealas, taighde, nuachtáin agus léarscáileanna ar líne, chomh maith leis an rogha ríomhleabhar, closleabhar, irisí agus cúrsaí teanga atá ar fáil le híoslódáil. Tugadh tuairim is 360,000 cuairt ar leabharlanna Mhaigh Eo i rith na bliana, líon i bhfad Éireann níos mó ná mar tugadh ar aon eagraíocht chultúrtha nó oidhreachta eile sa chontae.

CLÁR CULTÚRTHA


Reáchtálann Leabharlann Mhaigh Eo clár fairsing cultúrtha a théann i bhfairsinge bliain i ndiaidh bliana. Eagraíodh breis is 250 imeacht i leabharlanna an chontae le linn 2016, agus ina measc siúd bhí:

- Taispeántais ealaíne
- Seoltaí leabhair
- Léachtaí
- Imeachtaí ealaíon agus ceardaíochta
- Campaí samhraidh litearthachta
- Léachtaí Gairmoideachais
- Ciorcail Cheoil
- Cúrsaí ríomhaireachta saor in aisce



***Seoladh thaispeántas Chumann Grianghrafadóirí Preasa na hÉireann i Leabharlann Bhéal an Átha.***

Tá an Leabharlann ina háit chruinnithe do raidhse grúpaí pobail, lena n-áirítear Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Grúpaí Scríbhneoirí agus Ealaíontóirí, Comhlachas Tráchtála Bhéal an Átha, Ionad Oibrithe Deonacha Mhaigh Eo, Bord Forbartha Pobail na Muaidhe, Clubanna Ógtheagmhála agus Aoisghníomhaíochta srl.




***Póstaer le haghaidh 'Minding Ourselves', sraith léachtaí faoi mheabhairshláinte a bhí ar siúl i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh i mí Eanáir.***

IMEACHTAÍ COMÓRTHA 1916

D'eagraigh Comhairle Contae Mhaigh Eo clár fairsing imeachtaí chun Éirí Amach 1916 a chomóradh. Ina measc, bhí mórthaispeántas dar teideal 'Rising' i Leabharlann Sheáin Uí Chléirigh inar tugadh tús áite don bhailiúchán is mó agus is tábhachtaí d'ábhar a bhaineann le 1916 taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, bailiúchán a chuimsigh earraí neamhchoitianta a bhain le Tomás Ó Cléirigh, Tomás Mac Donnchadha, Seosamh Pluincéid, Seán Mac Diarmada agus Pádraig Mac Piarais. D'oscail an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn taispeántas faoin Maor Seán Mac Giolla Bhríde i Stiúideo Theach an Chustaim i gCathair na Mart, agus thug sé camchuairt an chontae i rith na bliana. Cruthaíodh úrscéal grafach faoi shaol Kathleen Lynn chomh maith. Lean an leabharlann ag cur ábhar úr ar an suíomh idirlín www.centenarymayo.ie, suíomh a dhéanann taifead ar imeachtaí na ndeich mbliana is tábhachtaí i stair na tíre seo. Beidh leabhar faoi stair Chomhairle Contae Mhaigh Eo sna deich mbliana sin ar fáil roimh dheireadh na bliana.



***Taispeántas faoi Chumann na mBan i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh.***

BAILIÚCHÁN LIAM LYONS

Tá bailiúchán Liam Lyons, a chuimsíonn breis is 50,000 íomhá, ar fáil sna leabharlanna brainse uile anois do mhuintir Mhaigh Eo. Is féidir iad a úsáid le haghaidh taispeántas, foilseachán agus suíomhanna idirlín, agus is áis luachmhar iad do mhic léinn agus taighdeoirí araon. Is féidir leas a bhaint astu chun cuairteoirí a mhealladh chuig an gcontae chomh maith.

SCÉIM IASACHTA UIRLISÍ CEOIL

Tugann an scéim iasachta uirlisí ceoil an deis do dhaoine fud fad an chontae uirlisí ceoil a fháil ar iasacht ón leabharlann áitiúil, agus ba mhór an t-éileamh a bhí ar an scéim seo arís i mbliana. Tugadh breis is 1000 uirlis ar iasacht sa chontae in 2016. Is í Leabharlann Chontae Mhaigh Eo an t-aon seirbhís leabharlainne in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe a chuireann a leithéid de sheirbhís ar fáil.

CLÁR NA bPÁISTÍ

Reáchtálann an leabharlann raon leathan imeachtaí do pháistí i rith na bliana, ó sheisiúin scéalaíochta agus comórtais go cuairteanna ó údair agus ceardlanna. Buaicphointe an chláir seo is ea Féile Leabhair na bPáistí a bhíonn ar siúl ar feadh mhí Dheireadh Fómhair gach bliain, agus ina eagraítear an iliomad rudaí do pháistí. Ina measc, bíonn:

- Cuairteanna ó údair
- Taispeántais ar chúram peataí
- Tráthanna Ceist sa Leabharlann
- Cainteanna ag Gardaí áitiúla
- Cainteanna faoi chúrsaí comhshaoil
- Seisiún scéalaíochta scanrúla d'Oíche Shamhna
- Ceardlanna scríbhneoireachta



***Seó puipéad i Leabharlann Bhéal Átha hAmhnais.***

Eagraíodh dúshláin léitheoireachta do pháistí i Leabharlanna Chrois Mhaoilíona, Chathair na Mart, Chaisleán an Bharraigh, Choillte Mach agus Bhéal Átha hAmhnais. Iarradh ar na páistí deich leabhar ar a laghad a léamh i rith an tsamhraidh. Léigh 715 pháiste breis is 7000 leabhar mar chuid den dúshlán in 2016, agus bhronn Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo boinn agus teastais orthu in aitheantas a ndúthrachta.



***Páistí scoile i láthair ag imeacht ceardaíochta i Leabharlann Bhéal an Átha.***

AM LÉITHEOIREACHTA

Clár a chothaíonn grá don léitheoireacht i bpáistí, chomh maith lena bhféinmhuinín agus féinmheas a threisiú, is ea Am Léitheoireachta. Is iad na hoibrithe deonacha cnámh droma na scéime; daoine fásta a léann do pháistí i scoileanna faoi mhíbhuntáiste thar thréimhse 20 seachtaine.




***Páistí ar éirigh leo i nDúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh i Leabharlann Chrois Mhaoilíona.***



***Ghlac baill foirne Chomhairle Contae Mhaigh Eo páirt sa scéim in 2016, a reáchtáladh i Scoil Náisiúnta Bhréachmhaigh ar dtús.***

AN LEABHARLANN DAONNA

Chuaigh tionól de "leabhair dhaonna" i bhfeidhm go mór ar mhuintir Mhaigh Eo i mí an Mheithimh. Ba é aidhm an tionscadail ná daoine a thabhairt le chéile chun saincheisteanna a phlé go hoscailte mar fhreagra ar an aonrú sóisialta atá ag teacht chun cinn inár bpobail. Bhí rogha fairsing 'teideal' ar fáil do dhaoine i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh, a chuimsigh meabhairshláinte, gnéasacht, máithreacha ar déagóirí iad, siad inchinne, teifigh, saol malartach agus míchumas. D'éirigh chomh maith sin leis an ócáid go bhfeicfear an Leabharlann Daonna níos minice amach anseo i leabharlanna Mhaigh Eo.



## TIONSCNAIMH TFC

### SEIRBHÍS ÍOSLÓDÁLA RÍOMHLEABHAR AGUS CLOSLEABHAR

Is féidir le baill leabharlainne closleabhair, ríomhleabhair agus irisí a íoslódáil saor in aisce go dtí a gcuid ríomhairí, guthán nó ríomhléitheoirí. Tá go leor cúrsaí ar líne ar fáil saor in aisce do bhaill chomh maith, idir chúrsaí ríomhaireachta, chúrsaí grianghrafadóireachta agus go leor nach iad.

### NUACHTÁIN MHAIGH EO AR LÍNE

Ta na nuachtáin a leanas ar fad ar fáil ar líne sa leabharlann féin: The Western People, The Mayo News, The Ballina Herald, The Connaught Telegraph, The Mayo Examiner, The Ballinrobe Chronicle agus The Western Journal.

### WIFI

Tá Wifi ar fáil anois i leabharlanna Chaisleán an Bharraigh, Bhéal an Átha, Chathair na Mart, Chlár Chlainne Mhuiris, Bhéal Átha hAmhnais, Bhéal an Mhuirthead agus Bhéal Átha na Muice.

### SEIRBHÍS GINEALAIS MHAIGH EO AR LÍNE

Soláthraíonn Leabharlann Chontae Mhaigh Eo, i gcomhpháirt le hionaid Stair Teaghlaigh Mhaigh Eo, seirbhís ginealais trí shuíomh idirlín na leabharlainne. Cuireann an áis seo na milliúin taifead a bhaineann le stair teaghlaigh atá i mbunachair sonraí na n-ionad éagsúla ar fáil d'úsáideoirí na leabharlainne.

### IARRATAIS AR LEABHAIR

De thoradh seirbhís nua seachadta a cuireadh ar bun in 2016 is féidir leabhar a fháil ar iasacht ó leabharlann ar bith sa tír agus é a bheith sa ghlac agat laistigh de dhá lá. Tá an-éileamh ar an tseirbhís seo cheana féin.

### LÉARSCÁILEANNA MHAIGH EO AR LÍNE

Trí Léarscáileanna Mhaigh Eo ar líne, is féidir teacht ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordnáis ó 1838, Léarscáil Bald de Chontae Mhaigh Eo, agus léarscáileanna d'eastáit Lynch-Blosse, i dteannta le naisc chuig eolas breise ó Dhaonáireamh 1901, Luacháil Uí Ghríofa, Suirbhéireacht Chumann Turasóireachta na hÉireann a rinneadh sna 1940í, agus eolas i dtaobh logainmneacha.

### SEIRBHÍSÍ EILE AR LÍNE

- Suirbhéireacht Chumann Turasóireachta na hÉireann (1940í)
- An Gorta Mór i Maigh Eo: forbhreathnú bunaithe ar fhoinsí na linne sin ar líne
- Ar Lorg Humbert: 1798 agus Bliain na bhFrancach
- Muintir Mhaigh Eo – beathaisnéisí daoine mór le rá de bhunadh an chontae
- Léarscáil de Chlanna Mhaigh Eo
- Léaráidí ó nuachtáin stairiúla
- Léirmheasanna ar leabhair – curtha leis gach mí

## IMEACHTAÍ CULTÚRTHA

Eagraíodh imeachtaí éagsúla trí mheán na Gaeilge i leabharlanna ar fud an chontae le haghaidh Sheachtain na Gaeilge i mí an Mhárta. Ina measc bhí:

Lochlain O'Meara, Drámaíocht –Caisleán an Bharraigh
Sheila Duddy ag léamh i nGaeilge – Caisleán an Bharraigh
Taispeántas Leabhar Gaeilge – Béal an Átha
Eoghan Mac Giolla Bhríde, scéalaíocht – Caisleán an Bharraigh agus Béal an Átha
Comórtais do pháistí scoile – Caisleán an Bharraigh
Ciorcail craic – Béal an Átha
Spraoi na gCleamairí le Colm de Bháldraithe – Béal an Átha




***Lá Mhaigh Eo i Leabharlann Bhéal an Mhuirthead.***

## SCÉIM LÉITHEOIREACHTA SLÁINTIÚLA

Tá Scéim Léitheoireachta Sláintiúla Mhaigh Eo á reáchtáil ag an leabharlann i gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Ceapadh an tionscnamh seo chun treoir a thabhairt do dhaoine maidir le leabhair fhéinchabhracha a d'fhéadfadh a bheith fóinteach do dhaoine atá ag dul faoi chóir leighis ag gairmí sa tseirbhís sláinte le haghaidh leithéidí ísle brí, bulaíochta, neamhord itheacháin nó struis.

## AN tSEIRBHIS LEABHARLAINNE DO SCOILEANNA

Thug Leabharlann Chontae Mhaigh Eo méadú faoi deara san éileamh ar sheirbhísí liteartha do pháistí ó thuismitheoirí agus ó mhúinteoirí tacaíochta foghlama/múinteoirí acmhainne araon. Tá a leabharlann ag leanúint ar aghaidh le seirbhís ghníomhach maidir le riachtanais speisialta a chur ar fáil do mhúinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne uile. Mar chuid den chomhthionscadal liteartha a chuir Leabharlann Chontae Mhaigh Eo agus Seirbhís Urlabhra agus Teanga de chuid FSS an Iarthair ar bun, reáchtáladh ceardalanna eolais do thuismitheoirí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta ag a gcuid páistí in ionaid éagsúla i rith na bliana.

## BAILIÚCHÁN SHEÁIN UÍ CHLÉIRIGH

Bhí an bhliain ba ghnóthaí riamh ag Bailiúchán Sheáin Uí Chléirigh in 2016, agus 24,106 chuairteoir chuig an ionad idir 1 Eanáir agus 31 Deireadh Fómhair. Ghlac an Bailiúchán páirt ghníomhach i bhféilte agus in imeachtaí áitiúla agus náisiúnta, lena n-áirítear: 'March Madness' i mBéal an Átha; Comóradh 1916; Féile Bradán Bhéal an Átha; an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta; Oíche Chultúir; Samhain Abhainn – Féile na Samhna; agus Féile Nollag Bhéal an Átha.

Tá an bailiúchán is mó d'ábhar a bhaineann le 1916, taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, ar fáil i mBailiúchan Sheáin i Chléirigh, agus cuireadh go leor de na hearraí seo os comhair an phobail mar chuid den mhórthaispeántas 'Rising'. Bhí breis is 400 i láthair ag seoladh an taispeántais sin, inar léigh garmhac Shéamais Uí Chonghaile an Forógra. I dteannta le bheith luaite sna nuachtáin agus ar raidió áitiúil agus náisiúnta, bhí míreanna faoin taispeántas le feiceáil ar UTV agus ar TG4. Bhí alt faoi ghairdíní Bhailiúchán Sheáin Uí Chléirigh foilsithe in 'Cara', irisleabhar de chuid Aer Lingus.

Tá an-éileamh ar Chlár Oideachais an Bhailiúcháin i measc bunscoileanna agus meánscoileanna araon, laistigh den chontae agus níos faide i gcéin. D'fhorbair comhordaitheoirí oideachais agus oibrithe deonacha ceardlanna saincheaptha faoi imeachtaí 1916 agus a chuir siad i láthair do bhunscoileanna agus meánscoileanna iad idir mí Eanáir agus mí na Bealtaine 2016.

Mar chuid de chomhthionscadal uathúil le hOifig Ealaíon Mhaigh Eo, forbraíodh clár cónaitheachta d'ealaíontóir le 1916 a chomóradh. Chruthaigh Katie Moore, as Béal Easa ó dhúchas, píosa ealaíne a bhí spreagtha ag an mbailiúchán chomh maith le ceardlanna a eagrú le grúpaí éagsúla sa phobal chun 'taispeántán pobail' a chruthú leis. Cuireadh geata nua isteach ar Shráid an Phiarsaigh i mí an Mhárta, rud a chuir go mór le hinrochtaineacht an bhailiúcháin féin agus an ghairdín don phobal. Osclaíodh bialann chaife agus brioscaí i mbliana chomh maith.

Faoi threoir na Foirne Teagmhála Pobail, d'oibrigh an Bailiúchán le grúpaí ilchineálacha i rith na bliana. Áirítear ina measc Active 55, Seideanna na bhFear, Bantracht na Tuaithe, Ógtheagmháil, Fórsaí Cosanta na hÉireann, Cairde an Ghailearaí Náisiúnta, Cumann na Múinteoirí ar Scor, Foras na Gaeilge, Banóglaigh na hÉireann agus Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann. Ní bheifí in ann tabhairt faoin obair seo ar chor ar bith murach Cumann Forbartha Paróiste Chill Mhór Mhuaidhe agus oibrithe deonacha an Bhailiúcháin féin.

Bhronn an Chomhairle Oidhreachta €4000 ar an mBailiúchán in 2016 le caitheamh ar chaomhnú an ábhair ann. Fuarthas deontas €5000 ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta chun tasipeántas closamhairc a chruthú faoin tréimhse 1916-1923. Beifear ag cur tús le catalógú an bhailiúcháin san athbhliain.


***Ócáid comórtha 1916 i Leabharlann Sheáin Uí Chléirigh.***

## MARGAÍOCHT AGUS CUMARSÁID

Seoladh Ríomhirise Inmheánaí & Seachtraí

Le bunú na Rannóige Cumarsáide – faoin Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíochta, Pleanála agus Pobail – tugadh an deis dúinn ár gcuid cumarsáide laistigh agus lasmuigh den eagraíocht a fhorbairt, ár n-íomhá phoiblí a fheabhsú, agus chuir sé ar ár gcumas a chinntiú gur teachtaireacht chorpáideach shoiléir sheasmhach a eisítear i gcónaí. Dá thoradh seo, seoladh dhá ríomhiris le linn 2016 a bhfuil ag éirí thar barr leo: MCC Connect laistigh den eagraíocht agus Mayo.ie don phobal amuigh. Is éard atá i gceist leo ná scéal a scaipeadh faoi roinnt de na príomhthionscadail agus tionscnaimh atá ar na bacáin ag rannóga éagsúla de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo.


Lá Mhaigh Eo ar fud an domhain

Bhí an dara Lá bliantúil Mhaigh Eo ar siúl ar an 30 Aibreán 2016. Tháinig na sluaite amach arís i mbliana le freastal ar na himeachtaí agus na tionóil a eagraíodh ar fud an domhain, gan trácht ar na himeachtaí a eagraíodh laistigh den chontae agus den tír féin chomh maith. Thug grúpaí pobail i ngach cearn den chontae tacaíocht don lá: chuir Béal Átha na Muice cártaí poist i gcló, sheol Béal Átha hAmhnais scéim 'Operation Transformation' don bhaile mór, agus chruthaigh Béal an Átha an bhratach is mó riamh i ndathanna Mhaigh Eo, a chroch siad ar dhroichead an bhaile mhóir.

Ciste Turasóireachta Pobail an Diaspóra

Bhí sé de chúram an Aonaid Fiontraíochta agus Infheistíochta fógraíocht agus riarachán a dhéanamh ar Chiste Turasóireachta Pobail an Diaspóra, ciste a bhfuil sé mar aidhm aige tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le Tóstal Éireann in 2013.

I mí Eanáir 2016, rinne an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta fógraíocht ar Chiste Turasóireachta Pobail an Diaspóra, ag cur fáilte roimh iarratais ó phobail áitiúla ar fud an chontae. Fuarthas 42 iarratas san iomlán, agus ceadaíodh deontais do 31 díobh sin le haghaidh a gcuid imeachtaí. Dáileadh €33,723 ar an iomlán ar imeachtaí i gContae Mhaigh Eo, agus mealladh tuairim is 4,300 cuairteoir breise thar sáile isteach go Maigh Eo.




<u>Fondúireacht Chontae Mhaigh Eo</u>
Fógraíodh tionscadal úr nuálaíoch, Fondúireacht Chontae Mhaigh Eo, ag deireadh na bliana 2015. Is é aidhm na Fondúireachta ná bealach éasca a chur ar fáil do shaoránaigh SAM agus Cumainn Mhaigh Eo tacaíocht airgeadais a thabhairt do thograí pobail nó carthanúla i Maigh Eo, agus chun cuidiú le pobail áitiúla dul i muinín na teicneolaíochta agus na cumarsáide ar líne chun tionscadail a chur i gcrích. Tá sraith cruinnithe poiblí eolais díreach curtha i gcrích, agus tá an-spéis á léiriú sa tionscnamh.

<u>Naisc Leanúnacha leis an Diaspóra</u>
Tá an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta ag treabhadh leis ar thionscnaimh agus tionscadail a chruthaíonn naisc lenár ndiaspóra, agus tapaíonn sé deiseanna chun tacú le Cumainn agus Líonraí Mhaigh Eo de réir mar a thagann siad aníos.


Mayo County Council attending
Mayo Person of the Year Awards 2016


Meitheal Award Presentation


Mayo Person of the Year 2016
Awards Presentations

<u>Forbairt Straitéise don Diaspóra</u>
Fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo maoiniú ó Roinn an Taoisigh in 2016 chun Straitéis Diaspóra a fhorbairt. Cuireadh tús chomh maith le forbairt Straitéise/Gníomhphlean Diaspóra don chontae. Táthar ag súil go mbeidh an straitéis seo á seoladh ag tús na bliana 2017.
I measc phríomhspriocanna na straitéise beidh:

- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na caidrimh idir páirtithe leasmhara i Maigh Eo agus Diaspóra Mhaigh Eo, agus bealaí ar féidir caidrimh úra a fhorbairt a fhiosrú.

- Tuilleadh comhoibrithe idir páirtithe leasmhara i Maigh Eo maidir le rannpháirtíocht an Diaspóra a spreagadh.
- Beartais, tionscadail agus cláir úra a aithint inar féidir obair as lámh a chéile leis an Diaspóra.
- Seimineáir Líonraithe.
- Seoladh Plean Gníomhaíochta.

<u>Gradaim</u>




Community Representatives & Mayo County Council Representatives attending the LAMA Awards 2016

<u>An tÚdarás is Nuálaí 2016 – Lá Mhaigh Eo</u>

Chuir sé ríméad ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo gradam LAMA don Údarás is Nuálaí in 2016 a ghnóthú de bharr obair an Aonaid Fiontraíochta agus Infheistíochta ar thionscnamh Lá Mhaigh Eo.

Bhí Mayo.ie ag tacú leis na himeachtaí a leanas chomh maith mar pháirtí tionscadail:

- Féile na Tuaithe
- Audax Shlí an Atlantaigh Fhiáin
- Gradaim Ghnó Mhaigh Eo 2016
- Tionól Domhanda Mhaigh Eo, 2016
- An Ócáid Líonraithe is Airde in Éirinn
- Mionmharatón na mBan
- Comhdháil um Fheabhas sa Spórt



# COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO

Cúlra

Is é aidhm na Comhpháirtíochta Spóirt, a cuireadh ar bun i mí na Samhna 2014, daoine ó chuile chearn den phobal a ghríosadh chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí aclaíochta agus spóirt.

Tá trí phríomhfheidhm aici:

Faisnéis – Chun dul i gcomhairle le clubanna agus eagraíochtaí spóirt chun a gcuid riachtanas agus acmhainní a aithint. Tabhairt faoi thaighde agus eolaire spóirt a chur i dtoll a chéile. Bheith ina príomhfhoinse eolais ar chúrsaí spóirt i Maigh Eo.

Oideachas – Deiseanna oiliúna agus traenála d'ardchaighdeán a eagrú go háitiúil d'oibrithe deonacha.

Cur i ngníomh – Beartas spóirt a fhorbairt trí bhíthin plean straitéiseach spóirt don Chontae, agus cláir rannpháirtíochta a roghnú a fhreastalaíonn ar riachtanais an cheantair ina gcuirtear ar siúl iad.

Bímid gníomhach freisin i roinnt clár, tionscadal agus tionscnamh saincheaptha a éascú agus a chomhordú i gceantair áitiúla. I measc na ngrúpaí a ndírítear orthu go sonrach tá daoine faoi mhíbhuntáiste, óige i mbaol, daoine faoi mhíchumas, cailíní sna déaga agus mná, daoine breacaosta agus daoine dífhostaithe. Is é an Stiúrthóir Spóirt, Charlie Lambert atá i gceannas na hOifige Comhpháirtíochta Spóirt agus ar an bhfoireann aige tá an Riarthóir, Pádraig Durcan; an tOifigeach um Ionchuimsiú Daoine faoi Mhíchumas i gcúrsaí Spóirt, Ray McNamara; agus an tOibrí Tionscadail Spóirt sa Phobal, Anne Ronayne. Ina theannta sin, oibrímid i gcomhar le suas le 30 teagascóir eile a chuireann traenáil agus cláir rannpháirtíochta ar fáil thar ceann na Comhpháirtíochta.

Seo a leanas roinnt de na príomhthionscadail agus tionscnaimh ar tugadh fúthu in 2016:

TEAGHLAIGH

Siúlóidí 'Operation Transformation' Mhaigh Eo

Reáchtáladh imeachtaí éagsúla 5K timpeall an chontae ar an Satharn, an 9 Eanáir agus arís ar an Satharn, an 20 Feabhra mar chlabhsúr na sraithe 'Operation Transformation', agus ghlac breis is 2,000 duine páirt iontu de shiúl na gcos nó de rith. Chuaigh Operation Transformation i gcomhpháirt le himeachtaí parkrun ar fud na tíre i mbliana agus reáchtáladh parkrun 5K Mhaigh Eo i mBéal an Átha, Béal an Mhuirthead, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart, le himeachtaí eile 5K ar siúl i mBéal Átha hAmhnais agus Coillte Mach.

Chláraigh breis is 20 pobal nó grúpa le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo le bheith páirteach san fheachtas cúig seachtaine 'Operation Get Active Mayo'. Ó Ghaoth Sáile go Tuar Mhic Éadaigh, ghlac grúpaí ar fud an chontae go fonnmhar leis na tionscnaimh phobail seo, agus is iomaí éacht pearsanta a cuireadh i gcrích dá bharr. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chláir Chomhpháirtíochta Spóirt Mhaigh Eo, breathnaigh ar an suíomh idirlín acu www.mayosports.ie/news.



***Cathaoirleach Chomhairle Bhardasach Chaisleán an Bharraigh ag Siúlóid 'Operation Transformation' i gCaisleán an Bharraigh.***

<u>parkrun Iorrais tagtha ar an bhfód i dteanna le Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart</u>

Ar an 20 Feabhra 2016 cuireadh tús le himeachtaí parkrun i Lúb álainn na Croise, an Chrois, an Geata Mór, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo. Tháinig daoine le chéile ag reilig na Croise agus shiúil siad an 200 méadar nó mar sin go bun an chúrsa in aice an locha. Tarlaíonn an imeacht seachtainiúil saor in aisce seo ag 9.30 r.n., agus is é pobal Iorrais atá ina cheann, le tacaíocht ó eagraíochtaí ar nós Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, FSS trí bhíthin an fheachtais acu 'Get Ireland Active', agus Chomhairle Bhardasach Iarthar Mhaigh Eo. Is deis ídéalach é seo do phobal na háite agus cuairteoirí araon dul amach ag siúl nó ag rith maidin Shathairn in áit atá sábháilte agus spraoiúil.

Tá parkrun ar siúl i gceithre áit i Maigh Eo faoi láthair: Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh, Cathair na Mart agus tá Iorras leo anois. Tá eolas i dtaobh gach ceann acu ar fáil ar www.parkrun.ie. Fiú mura bhfuil barrachód agat, cuireann lucht eagraíochta na himeachtaí seo fáilte roimh dhuine ar bith ar mhian leo triail a bhaint as parkrun ar an maidin féin.

<u>parkrun don Óige i mBéal an Átha</u>

Cuireadh tús le parkrun 2K don Óige – atá dírithe ar dhaoine idir 4-14 bliana d'aois – i mBéal Leice, Béal an Átha ar an Domhnach, 10 Aibreán ag 9.30 r.n. Níl sé seo ach an dara club den chineál seo in Éirinn. Tá an imeacht seo saor in aisce agus tarlaíonn sé chuile mhaidin Dhomhnach. Ní gá duit ach clárú ar an suíomh idirlín a leanas atá beo anois: http://www.parkrun.ie/ballina-juniors/ I ndiaidh duit clárú, gheobhaidh tú barrachód a úsáidfidh tú ar an lá féin chun do thorthaí a chlárú.

Ar ndóigh, tá cead ag tuismitheoirí/cóitseálaithe/meantóirí rith in éineacht le páistí níos óige, ach bí cinnte nach ritheann tú in éineacht leo tríd an tollán ag an deireadh. Má tá ceist ar bith agat, fiafraigh dínn é. Feicfimid uile sibh ar an Domhnach, 10 Aibreán ag 9.30 r.n.

Go leor imeachtaí reáchtáilte le haghaidh Sheachtain na Rothar, 2016

D'éirigh thar barr le Seachtain na Rothar i Maigh Eo in 2016 agus breis is 24 imeacht áitiúla de chineálacha éagsúla curtha ar siúl idir cheardlanna rothair, oiliúint rothaíochta, cheardlanna ar chothabháil rothair agus imeachtaí rothaíochta don teaghlach ar fad. Arís eile, d'eagraigh Coiste Stiúrtha Sheachtain na Rothar i Maigh Eo seacht dturas rothaíochta am lóin i gceantair éagsúla sa chontae, agus d'éirigh thar cionn leo agus chuidigh siad le feasacht ar chúrsaí sábháilteachta ar rothar a ardú i measc páistí agus teaghlach araon. Cuireadh tús spreagúil le Seachtain Náisiúnta na Rothar i mbliana le sciuird rothaíochta am lóin d'fhoireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar Ghlasbhealch Thurlaigh.




***Daltaí bunscoile ó Bhaile an Róba a ghlac páirt i gceann de na seacht dturas rothaíochtaí am lóin.***

MNÁ

Tháinig na sluaite amach arís i gcomhair an tseachtú Mionmhartón bliantúil de chuid an Western People.

Bhí atmaisféar spleodrach agus radharc ildaite ar an Meal i gCaisleán an Bharraigh maidin Dé Domhnaigh, agus príomhbhaile mór an chontae plódaithe le fir, mná agus páistí cruinnithe le haghaidh Mhionmharatón Iarthar Éireann na mBan de chuid an Western People, á eagrú den seachtú huair. Bhí Sonia O'Sullivan, buaiteoir boinn airgid ag na Cluichí Oilimpeacha, ina haoi speisialta ar an lá i dteannta le Cathaoirleach Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh, an Clr Blackie Gavin.

'1916' ba théama an lae, agus eagraíodh mórshiúil i lár an bhaile i ndiaidh an mhionmharatóin mar chomóradh céad bliain an Éirí Amach.




***Rannpháirtithe ag tús Mhionmharatón Iarthar Éireann na mBan, á reáchtáil den seachtú huair***

D'éirigh leis an Mionmharatón – atá eagraithe ag an Western People agus Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo – breis is €1.5 milliún a shaothrú do charthanais áitiúla sna seacht mbliana a bhfuil sé ar an bhfód, agus bhí daoine i láthair arís i mbliana thar ceann na scórtha eagraíocht mhaithe.

Chríochnaigh beagán faoi bhun 1800 duine an cúrsa 10km, agus ghlac breis is 400 eile páirt sa mhion-mhionrás spraoi.




***Beirt rannpháirtí bhródúla a ghlac páirt sa mhion-mhionrás spraoi ar an Domhnach, 1 Bealtaine 2016.***

PÁISTÍ

Buntáistí an Mhíle Laethúil le haireachtáil i mBunscoileanna

Tá daltaí bunscoile ar fud Chontae Mhaigh Eo ag caitheamh 15 nóiméad in aghaidh an lae ag gabháil d'achar míle de shiúl na gcos, ag bogshodar nó ag rith. Aclaíocht bhreise í seo a dhéantar anuas ar ranganna corpoideachais agus imeachtaí seach-churaclaim. Tá sé uile ag tarlú de thoradh tionscnamh nua ar a dtugtar an Míle Laethúil, atá á chur i bhfeidhm i bhfad is i bhfairsing sa Ríocht Aontaithe, san Ísiltír, agus tíortha eile le bliain anuas nó mar sin.

Ba í Elaine Wyllie, príomhoide bunscoile móire in Albain, a cheap an Míle Laethúil in 2012. Tá sé curtha i bhfeidhm i mbreis is 1000 scoil ar fud na Ríochta Aontaithe anois. Tá sé fíor-éasca an togra seo a thosú i scoileanna. Gan bacadh le héadaí a athrú,

téann chuile pháiste sa scoil amach san aer úr gach lá chun 15 nóiméad a chaitheamh ag rith, ag bogshodar nó ag siúl.

Tá tuairim is 30 scoil i Maigh Eo ag glacadh páirt sa chláir, agus go leor acu ag fógairt a rannpháirtíochta ar shuíomh idirlín an Mhíle Laethúil. Féach ar: http://thedailymile.co.uk/participation-map/

Is léir ón aiseolas a thugann príomhoidí scoile i dtaobh an chláir go bhfuil sé ag dul i gcion go mór ar scoileanna:

"Tá meon na ndaltaí i leith cúrsaí aclaíochta athraithe go mór mar gheall ar an gclár, agus tá feabhas mór tagtha ar na leibhéil aclaíochta acu chomh maith" – Scoil Náisiúnta an Mhóta, Crois Mhaoilíona.

"Táimid ag baint an-taitneamh as an Míle Laethúil, glacann chuile dhalta sa scoil, chomh maith leis an bhfoireann, páirt ann! Má tharlaíonn sé go ndéanaimid dearmad faoi, ní fada go gcuirfidh na páistí i gcuimhne dúinn go bhfuil sé in am don Mhíle Laethúil" – Scoil Náisiúnta na nAingeal, An Clochar, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo.




***Réaltaí peile Mhaigh Eo, Cora Staunton agus Lee Keegan, i láthair ag seoladh an Mhíle Laethúil le daltaí ó S.N. Dhromainn na gCloch, Caisleán an Bharraigh.***

DÉAGÓIRÍ

Dámhachtainí i gCeannaireacht Spóirt don Óige bronnta ar scoláirí ó Chrois Mhaoilíona agus Béal Átha hAmhnais.

Shaothraigh scoláirí idirbhliana ó Choláiste Naomh Tiarnáin, Gort na Ráibe agus Pobalscoil Bhéal Átha hAmhnais teastais i 'gCeannaireacht Spóirt don Óige – Leibhéal 1' le linn 2016. Tá an cúrsa seo, a thógann 33 huaire le cur i gcrích, curtha ar fáil ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo agus creidiúnaithe ag Sports Leaders UK. Tá sé deartha go speisialta do dhéagóirí agus iarrtar ar rannpháirtithe seisiúin phraiticiúla a reáchtáil do pháistí i mbunscoileanna áitiúla mar chuid de.

Cuireadh an oiliúint seo i gCeannaireacht Óige – Leibhéal 1 ar fáil i gClubanna Óige Mhaigh Eo thart ar Chaisleán an Bharraigh. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Anne Ronayne, Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo ach glaoch ar 094 9047022, nó ar tríd an ríomhphost msp@mayococo.ie



***Scoláirí ó Chrois Mhaoilíona a bhfuair Teastais i gCeannaireacht Spóirt don Óige ó pheileadóir Mhaigh Eo, Keith Higgins.***

CUARDAITHEOIRÍ POIST

Clár Oiliúna ‘Goal to Work’ do Chóitseálaithe Spóirt curtha i gcrích i mBéal Átha hAmhnais, Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Clár Chlainne Mhuiris.

Ghlac breis is 40 cuardaitheoir poist nó oibrí páirtaimseartha páirt sa chúrsa saincheaptha cóitseála spóirt seo a reáchtáladh thar thréimhse 10 seachtaine sna ceantair thuasluaite le linn 2016. Is é aidhm an chúrsa ná oiliúint a chur ar dhaoine ag súil go n-ósclóidh sí doirse fostaíochta léi. Tagann rannpháirtithe “Goal to Work” – an Cúrsa Oiliúna do Chóitseálaithe Spóirt – le chéile trí lá sa tseachtain, agus tugann sé deis do dhaoine cáilíochtaí críochnaitheacha a fháil mar chóitseálaithe i raidhse spóirt éagsúla; CLG, Sacar, Rugbaí, Cispheil, Lúthchleasaíocht, agus Cruicéad san áireamh, i dteannta le modúil bhreise a dheanamh ar chosaint leanaí, garchabhair, feasacht ar riachtanais speisialta, ceannaireacht ar ghníomhaíochtaí fisiciúla agus ceannaireacht ghníomhach. Chuir cóitseálaithe ar an gcúrsa barr feabhais ar a gcuid scileanna trí bhíthin imeachtaí pobail a eagrú agus taithí cóitseála a fháil i mbunscoileanna an cheantair, agus buntáiste breise be ea go bhfuair go leor páistí bunscoile an deis páirt a ghlacadh in imeachtaí rannpháirteacha den scoth dá bharr.

Tá oiliúnt curtha ar bheagnach 100 cóitseálaí nó ceannaire spóirt go dtí seo faoin gclár ‘Goal to Work’, agus tá na daoine seo ar fáil chun cuidiú le pobail, clubanna spóirt agus scoileanna ar fud an chontae.



***Bronnadh na dteastas ar Chóitseálaithe Spóirt ‘Goal to Work’ i mBéal an Átha.***

POBAIL FAOI MHÍBHUNTÁISTE

Mol Spóirt Pobail Bhéal Átha hAmhnais – Oscailt Páirc Caitheamh Aimsire na Mailpeanna

Fuair Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo maoiniú ar luach €78,000 i mí Iúil 2015 chun Mol Spóirt a fhorbairt i mBéal Átha hAmhnais. Bhí 60% den mhaoiniú seo curtha i leataobh do chaiteachas caipitiúil, agus tugadh tús áite d'fhorbairt áit cleachtaidh cruicéid agus líne bhabhlála i mBéal Átha hAmhnais. Tugadh faoin bhforbairt seo i gcomhpháirt le Comhairle Contae Mhaigh Eo, agus cuireadh i gcrích í i mí Eanáir 2016.

Rinne Cricket Ireland seisiúin cóitseálaithe cruicéid i mBéal Átha hAmhnais ar an 12 agus 13 Eanáir, agus eagraíodh roinnt Laethanta Ilspóirt do Pháistí san áis nua chomh maith. Reáchtáladh trí Champa Ilspóirt do pháistí bunscoile sna Mailpeanna i mí Feabhra agus Márta, chomh maith le campa sacair do pháistí.

I mí Feabhra 2016 cuireadh Cúrsa Ceannaireachta Spóirt don Óige i gcrích i bPobalscoil Bhéal Átha hAmhnais, agus cuirfidh sé seo le cumas na scoile tuilleadh imeachtaí a reáchtáil dá cuid scoláirí lasmuigh d'uaireanta scoile.

I measc na n-imeachtaí eile a tharla, bhí siúlóidí 'Operation Transformation', Fir sa Siúl, Tolg go 5K do Thosaitheoirí, agus Lá um Maireachtáil Fholláin do lucht na dara bliana, arís i bPobalscoil Bhéal Átha hAmhnais.

Tiocfaidh deiseanna eile chun cinn de réir a chéile. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Anne Ronayne, comhordaitheoir an mhoil, ar 094-9047022 nó ar ríomhphost chuig aronayne@mayococo.ie



***An líne bhabhlála chruicéid ar lá oscailte na háise i mí Eanáir, 2016.***

## FIR

Clár Gníomhaíochta 'Fir sa Siúl'

Tá fir Mhaigh Eo ag aireachtáil níos aclaí, ag breathnú níos fearr, agus ag baint taitneamh as a bheith níos gníomhaí de bharr an chláir gníomhaíochta 'Fir sa Siúl'.
Tá tuairim is 300 fear as deich gceantar i Maigh Eo ag glacadh páirt sa tionscnamh fíor-rathúil seo anois, agus tá sé beartaithe é a fhairsingiú go ceantair eile sula i bhfad. I measc na gceantar seo tá Acaill, Baile Chathail, Bealach an Doirín, Béal an Átha Béal Átha hAmhnais, Béal Átha na Muice, Caisleán an Bharraigh, Cathair na Mart, Crois Mhaoilíona, Clár Chlainne Mhuiris, agus Iorras.  Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo ar 094-9047025 nó ar ríomhphost chuig msp@mayococo.ie




***Ag clárú don chlár 'Fir sa Siúl' in 2016.***

## DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Clár foghlama rothaíochta do pháistí le deacrachtaí foghlama.

Reáchtáladh clár fíor-rathúil i Scileanna Rothaíochta i Scoil Raifteirí, Caisleán an Bharraigh, thar thréimhse trí seachtaine i mí Iúil. Comhthionscadal idir Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, FSS, agus Enable Ireland ba ea an clár seo, a bhí ceaptha céillí agus curtha i láthair ag an gcóitseálaí rothaíochta Gerry Butler, fear a bhfuil sártaithí aige sa réimse seo.
Ghlac 12 rannpháirtí páirt sa chlár, a d'úsáid seifteanna éagsúla ar nós turbathraenáil agus cleachtaí cothromaíochta chun scileanna rothaíochta na rannpháirtithe a fheabhsú. Tá an chéad clár eile le tosú ar an 24 Lúnasa agus tá an-éileamh go deo ar áiteanna ar an gclár. Más mian leat an rothaíocht a fhoghlaim agus a bheith páirteach i gclár amach anseo, déan teagmháil le Ray ar 0949047023 nó rmcnamara@mayococo.ie



***Rannpháirtithe sa Chlár Foghlama Rothaíochta.***

FORBAIRT CLUBANNA

Deontais Rannpháirtíochta Speisialta 2016

Leithdháileadh maoiniú ar luach €19,000 ar chlubanna agus eagraíochtaí i Maigh Eo in 2016 faoi scéim na ndeontas rannpháirtíochta speisialta de chuid na Comhpháirtíochta Spóirt. I measc na dtionscnamh a bhain buntáiste na scéime seo, cuireadh Club Treodóireachta Mhaigh Eo ar bun; cuireadh club sinsir cispheile ar bun i gCathair na Mart; tacaíodh le tionscnaimh peile siúil i mBaile an Róba, Cill Mobhí agus Acaill; tugadh tacaíocht do thionscnamh rannpháirtíochta pobail i dTuar Mhic Éadaigh; do chláir CLG na mBan i gCrois Mhaoilíona agus Cathair na Mart; do chlár cruicéid i mBaile an Róba; cláir don lucht siúil; agus na Cluichí Oilimpeacha Speisialta.

Tá liosta iomlán na dtograí ar bronnadh deontas orthu ar fáil ar an suíomh idirlín againn www.mayosports.ie/news.



***Club Treodóireachta Mhaigh Eo ag fáil maoniú faoi Scéim na nDeontas Rannpháirtíochta Speisialta.***

Tá Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo lonnaithe i dTeach an Chéadrais (in aice le Roadstone), ar an Móinín Bradach, Caisleán an Bharraigh, agus má theastaíonn tuilleadh eolais uait is féidir teagmháil a dhéanamh linn ar 094-9047025, ar ríomhphost chuig msp@mayococo.ie nó breathnú ar www.mayosports.ie

# COISTE CONTAE MHAIGH EO I GCÚRAM LEANAÍ

Chuidigh CCCL Mhaigh Eo le 124 sheirbhís luathbhlianta (tuairim is 3,000 páiste) cur isteach ar Scéimeanna Náisiúnta Maoinithe do Chúram Leanaí maille le cláir eile ar nós na gcreatchuraclam 'Aistear' agus 'Síolta'. Tugaimaid tacaíocht de chineálacha eile chomh maith: tacaíocht i ndáil le caighdeán cleachtaidh, oiliúint i gcosaint leanaí, tacaíocht riaracháin, forbairt straitéiseach inbhuanaithe, oiliúint agus comhairle. Ina theannta sin, tugann CCCL Mhaigh Eo tacaíocht do sheirbhísí feighlíochta leanaí agus do ghrúpaí tuismitheoirí & lapadáin, agus cuireann sé eolas ar fáil do thuismitheoirí freisin.

Bhí 124 sheirbhís fhoirmiúla um chúram leanaí ag feidhmiú sa chontae in 2016. Bhí 5 chúramóir leanaí cláraithe le CCCL Mhaigh Eo, agus 55 chúramóir eile cláraithe ar bhonn deonach.

Ghlac 123 de na seirbhísí foirmiúla seo páirt sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-óige (CCOL).

Chuimsigh an 124 sheirbhís fhoirmiúla seo:
123 naíonra
28 seirbhís um chúram lánlae
55 sheirbhís iarscoile

Le linn 2016, bhí 68 seirbhís phríobháideacha do na luathbhlianta ann, agus 55 sheirbhís pobail do na luathbhlianta.

<u>Buaicphointí ghníomhaíochtaí 2016</u>
Bhí go leor buaicphointe in earnáil na luathbhlianta i Maigh Eo in 2016. Tá dúthracht agus díograis den scoth á léiriú ag oibrithe sa chontae seo. I dtaca leis an tacaíocht a chuirimid ar fáil don fhoireann seo, ba mhaith le CCCL Mhaigh Eo na príomhrudaí a leanas a lua:

- Tháinig scéim i bhfeidhm in 2016 a thug seirbhís réamhscoile saor in aisce do pháistí ar feadh dhá bhliain Cuireadh tús le fairsingiú an chláir CCOL i mí Mheán Fómhair 2016. D'oibrigh CCCL Mhaigh Eo, na seirbhísí luathbhlianta, agus na páirtithe leasmhara ar fad as lámh a chéile chun an clár níos fairsinge seo a chur i bhfeidhm go héifeachtúil agus gan stró. Rachaidh an clár seo go mór chun leasa seirbhísí luathbhlianta, tuismitheoirí, agus an dream is tábhachtaí, na páistí féin.
- Ina theannta sin, tháinig clár náisiúnta eile i bhfeidhm den chéad uair in 2016 chun ionchuimsiú in earnáil na luathbhlianta a chur chun cinn. Tosaíodh ag cur na Samhla um Rochtain agus Ionchuimsiú (SRI) i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2016.
- D'fhreastail 111 chúramóir leanaí ó 76 sheirbhís éagsúla ar chúrsa oiliúna i gcosaint agus leas leanaí curtha ar fáil ag CCCL Mhaigh Eo.
- Fuair 29 seirbhís um chúram leanaí deontais ar luach €212,457.50 ó chiste náisiúnta na ndeontas beag caipitiúil in 2016.

- Fuair 27 ngrúpa um thuismitheoirí agus lapadáin €14,293 san iomlán ó thionscnamh náisiúnta na dtuismitheoirí agus lapadáin.
- Fuair 22 chúramóir leanaí €18,441 san iomán ó scéim náisiúnta na nDeontas Forbartha do Chúramóirí Leanaí.
- Chuir CCCL Mhaigh Eo, i gcomhpháirt le Music Generation Mhaigh Eo, clár ceoil do na luathbhlianta i láthair dar teideal 'Soundworlds'. Tá an clár seo ar fáil i gContae Mhaigh Eo amháin.
- Thug 528 nduine ordóg le leathanach Facebook CCCL Mhaigh Eo in 2016.
- Thug 4,899 nduine éagsúla 16,544 chuairt ar an suíomh idirlín againn.
- D'eisigh CCCL Mhaigh Eo ceithre eagrán dá nuachtlitir le linn 2016. Scaiptear gach eagrán ar tuairim is 2,000 duine, agus cuireann sé faisnéis chuimsitheach i láthair maidir le gnéithe éagsúla d'oideachas agus cúram sna luathbhlianta. Áirítear leis seo na creatchuraclaim 'Aistear' agus 'Síolta', cláir náisiúnta maoinithe do chúram leanaí, agus an nuacht is déanaí ó ghníomhaireachtaí áitiúla um chúram leanaí.
- Mar chlabhsúr, ba mhór againn fáilte a chur roimh an Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Dr Katherine Zappone T.D., chomh maith lena n-ionadaithe, go hoifig CCCL Mhaigh Eo. Pléadh sa chruinniú an ról suntasach a d'fhéadfadh oideachas agus cúram sna luathbhlianta imirt in inbhuanaitheacht shóisialta sa chontae a bhaint amach, chomh maith leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar gach páiste.



Tionscnaimh nua, nuálaíocha, nó píolótacha ar tugadh fúthu in 2016

- Soundsworld, Clár Ceoil do na Luathbhlianta

Lean CCCL Mhaigh Eo ar aghaidh ag forbairt Soundworlds, an clár ceoil seo againne do na luathbhlianta. Scaip CCCL Mhaigh an scéal faoin gclár inár nuachtlitir, á thairiscint do na seirbhísí uile sa chontae. Tháinig 23 ar ais chugainn ag léiriú spéise ann. Roghnaíomar naoi seirbhís díobh sin le bheith páirteach ann, bunaithe ar chritéir chomhaontaithe. Bhuaileamar le gach ceann de na seirbhísí seo leo féin i mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh chun aidhmeanna an chláir a shoiléiriú, chun a bhfuilimid ag súil leis ón tseirbhís le linn an chláir a leagan amach, agus chun nithe praiticiúla atá ag teastáil chun an clár a chur i láthair a phlé. Ba í an chéad chéim eile ná na hoibrithe forbartha a thraenáil, agus chuige sin chuir oidí ceoil ó Music Generation ceardlann oiliúna ar siúl i mí Dheireadh Fómhair d'oibrithe na naoi seirbhís. An chéad seachtain de mhí na Samhna 2016 tosaíodh ag cur leagan amach úr an chláir Soundworlds i ngníomh sna naoi seirbhís luathbhlianta roghnaithe. Oibreofar ar an gclár tuairim is lá amháin sa tseachtain ar feadh 23 sheachtain den 38 seachtain atá sa réamh-scoilbhliain. Eagrófar ceardlann athbhreithnithe lártéarma i mí Feabhra nó mí an Mhárta 2017 leis na páirtithe leasmhara uile atá páirteach ann, agus eagrófar ceardlann mheasúnaithe ar chríoch an chláir i mí an Mheithimh 2017. Tá sé beartaithe go gcoinneofar taifead ar chur i bhfeidhm an chláir i ngach ceann de na seirbhísí. Táthar ag súil go dtógfar an t-eolas seo agus go gcuirfear i dtoll a chéile mar cháipéis é in 2017, ag cur síos ar an gclár féin agus ar a bhfuil foghlamtha uaidh. Tá sé de rún againn an saothar seo a roinnt go háitiúil agus go náisiúnta trí líonraí áitiúla agus trí Choistí na hÉireann um Chúram Leanaí.

Éachtaí déanta ag Coiste Contae Mhaigh Eo um Chúram Leanaí le linn 2016

Ba é an seimineár a reáchtáladh i gCathair na Mart ar an Satharn, 5 Márta ceann de na príomhéachtaí a chuireamar i gcrích in 2016. Toradh na comhpháirtíochta idir CCCL Mhaigh Eo agus Foireann Idirghabhála na Luathbhlianta ba ea an chomhdháil seo. Ba é teideal an tseimineáir ná ‘Lá Ionchuimsithe na Luathbhlianta – Bealaí praiticiúla chun na páistí go léir a chuimsiú’.

Thug an Dr Geraldine French, saineolaí mór le rá ar oideachas sna luathbhlianta, eochairaitheasc ionspioráideach ag tús an lae. Ina dhiaidh sin, d’fhreastail breis is 120 duine a shaothraíonn i ngort an chúraim agus oideachais do na luathbhlianta ar thrí cheardlann i rith na maidine. Chuir na ceardlanna seo rompu bealaí praiticiúla chun páistí a chuimsiú le linn ghnáthghnóthaí an lae sa naíonra a chur os comhair na n-oibrithe. Pléadh puipéadóireacht, cur chuige ilchéadfach, agus an comhionannas agus éagsúlacht le linn na gceardlann. Ba iad Carmel Balfe ó phuipéid Little Gems; Michelle Fahey agus Annette Jordan; agus Ann Halligan faoi seach a chur na ceardlanna seo i láthair. Saineolaithe ina ngort féin ba ea na héascaitheoirí seo go léir. Bhí an t-aiseolas a fuarthas faoi na ceardlanna ina ndiaidh an-dearfach ar fad.

Le linn do na ceardlanna a bheith ar siúl i rith na maidine, bhí rannpháirtithe in ann teacht agus breathnú ar thaispeántas de 20 seastán éagsúil. Chuir na taispeántóirí seo

smaointe agus bealaí praiticiúla i láthair na rannpháirtithe chun meon ionchuimsitheach a chothú i measc páistí réamhscoile.

Sheol naíonraí agus áiseanna cúraim leanaí sna luathbhlianta saothair ealaíne cruthaithe acu féin isteach agus cuireadh ar taispeáint iad i rith an lae. Ba shamplaí iad na saothair ealaíne seo de na bearta ionchuimsitheacha a chuirtear i bhfeidhm chuile lá i seirbhísí luathbhlianta ar fud an chontae.
Ina theannta sin, cuireadh taispeántas sleamhnán i dtoll a chéile de ghrianghraif seolta isteach ag ionaid éagsúla agus taispeánadh ar scáileáin ar fud an óstáin iad.



***I mbun spraoi i Naíonra Footsteps, Sruthair.***

## MÓTARCHÁIN

Is é cúram na nOifigí Mótarchánach i Maigh Eo an reachtaíocht um chlárú feithiclí i gContae Mhaigh Eo a riaradh. Níl aon bhaint ag an gComhairle le Ceadúnú Tiománaithe a thuilleadh. Aistríodh an cúram sin go dtí an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2013.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ar thús cadhnaíochta maidir le dílárú na seirbhíse mótarchánach, agus tá trí oifig Mótarchánach lonnaithe go straitéiseach timpeall an chontae faoi láthair aici. Is iad:

- Páirc an Ghleanna, An Meal, Caisleán an Bharraigh
- Na hOifigí Cathartha, Béal an Átha
- Oifigí na Comhairle, Béal an Mhuirthead.

Is féidir teagmháil a dhéanamh ar líne chomh maith trí ríomhphost a sheoladh chuig motortax@mayococo.ie.

Déantar nuashonrú leanúnach ar leathanach na Rannóige Mótarchánach ar shuíomh idirlín na Comhairle Contae, agus tugtar eolas ann maidir le haon athruithe do bheartais nó nósanna imeachta, maille le faisnéis i dtaobh riachtanais reachtúla – http://www.mayococo.ie/ga/Seirbhisi/Motarchain/

Tá seirbhís mótarchánach ar líne ar fáil do chustaiméirí ag www.motortax.ie. Is féidir an mhótarcháin ar na cineálacha feithicle a leanas a íoc ar líne:

- Carranna Príobháideacha
- Gluaisrothair
- Tarracóirí Talmhaíochta, Tochaltóirí, agus Comhbhuainteoirí
- Cóistí na Marbh
- Feithiclí curtha in oiriúint do dhaoine faoi mhíchumas
- Mótarcharbháin (cé is moite den chéad uair)
- Feithiclí Seanré
- Feithiclí Tráchtála (athnuachan amháin)

Tá borradh ag teacht ar líon úsáideoirí na seirbhísí ar líne bliain i ndiaidh bliana, rud a léiríonn a éasca is atá sé a úsáid.

Bailíodh €31,000,000 sa iomlán i mótarcháin i gContae Mhaigh Eo in 2016, le hais an €33,200,000 a bailíodh in 2015. Bailíodh €18,700,000 de sin tríd an tseirbhís mótarchánach ar líne, le €12,300,000 bailithe trí oifigí mótarchánach i Maigh Eo. Tá dhá chúis leis an laghdú seo ar ioncam:-

- Laghaíodh an t-uasráta le haghaidh feithiclí earraí in 2016 ó €5195 go €900.
- Tá feithiclí cláraithe roimh 2008, a dlitear cáin ar ráta níos airde de bhonn mhéid an innill, ag imeacht den bhóthar agus carranna nua a dlitear cáin ar ráta níos ísle de bhonn astúcháin $CO_2$ á gcur ina n-áit.

Leanann an Oifig Mótarchánach ag cur seirbhís d’ardchaighdeán agus oiriúnaithe don chustaiméir ar fáil, seirbhís a bhfuil cúram an chustaiméara mar bhonn agus taca leis i gcónaí, agus atá léirithe ag sástacht ár gcustaiméirí linn.

# PLEANÁIL & FORBAIRT

I ndiaidh ocht mbliana de laghdú seasmhach ar líon na n-iarratas pleanála, tháinig méadú faoi dheireadh orthu in 2015, le méadú breise feicthe in 2016, rud a léiríonn go bhfuil an geilleagar ag teacht chuige féin go mall staidéarach. Léiríonn líon na n-iarratas pleanála scéal an chúlaithe eacnamaíochta, óna thús in 2007 (sula raibh sé le sonrú áiteanna eile sa gheilleagar), go tús na hathbheochana in 2015/2016.

Is féidir cuid den bhorradh ar líon na n-iarratas in 2015 a mhíniú le díothú na gComhairlí Baile in 2014, rud a d'fhág go raibh iarratais ó na hiarcheantair phleanála de chuid Chomhairlí Baile Bhéal an Átha, Chaisleán an Bharraigh agus Chathair na Mart á bpróiseáil ag an Oifig Pleanála ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i gCaisleán an Bharraigh. Ach ag teacht sna sála ar an mborradh beag seo in 2015 bhí borradh níos mó in 2016, rud a thaispeánann go bhfuil muinín sa gheilleagar áitiúil ag méadú de réir a chéile.

Léirítear sa tábla a leanas líon na n-iarratas a fuarthas idir 2006 agus 2016.

| Year Received | No. Planning Applications | No. of Extension of Duration App.'s | Total |
|---|---|---|---|
| 2006 | 4,228 | 38 | 4,266 |
| 2007 | 3,702 | 40 | 3,742 |
| 2008 | 2,386 | 48 | 2,434 |
| 2009 | 1,500 | 52 | 1,552 |
| 2010 | 1,303 | 134 | 1,437 |
| 2011 | 946 | 299 | 1,245 |
| 2012 | 779 | 396 | 1,175 |
| 2013 | 744 | 366 | 1,110 |
| 2014 | 731 | 229 | 960 |
| 2015 | 871 | 128 | 999 |
| 2016 | 1,032 | 104 | 1,136 |


2006-2016

Ón 4,266 iarratas a fuarthas in 2004 – an méid is mó faighte in aon bhliain amháin – bhí titim 77.5% sna hocht mbliana a lean go 2014, tráth nach bhfuarthas ach 960 iarratas. Tháinig athrú ar ghnó na rannóige le linn na tréimhse seo, í ag féachaint le heastáit tithíochta a chur i gcrích go caighdeán sásúil agus a chur faoi chúram na Comhairle. Tháinig méadú beag faoi líon na n-iarratas a fuarthas in 2015 áfach, agus 999 curtha

faoinár mbráid (méadú 39 ar an mbliain roimhe), agus méadú eile feicthe in 2016, tráth ar cuireadh 1,136 faoinár mbráid (méadú 137 ar an mbliain 2015).

Chuir an méadú seo ar iarratais bús faoi gheilleagar an chontae idir thuath is bhaile mór, le breis fostaíochta, breis éilimh ar ábhar tógála agus seirbhísí, agus beis airgid i gcúrsaíocht – torthaí na dtionscadal nua tógála – ag luí le tús a chur leis an téarnamh eacnamaíoch sa chontae.

Tugtar cuntas sa léaráid a leanas ar líon na n-iarratas, agus ar na cineálacha iarratas a fuarthas le 11 bhliain anuas, agus is féidir tionchar na géarchéime eacnamaíochta a fheiceáil sna figiúirí óna thús in 2007 go tús an téarnaimh in 2015/2016. Tháinig méadú ar líon na n-iarratas ar shíneadh ama idir 2010 agus 2013, tráth a raibh an cúlú eacnamaíochta ag dul in olcais, rud a léiríonn deacrachtaí na n-iarratasóirí an t-am sin maoiniú a fháil chun tús nó críoch a chur le forbairtí a raibh cead pleanála faighte dóibh cheana féin. Tá na figiúirí sin taispeánta sa léaráid chomh maith.




Is léargas maith ar shláinte ghinearálta an gheilleagair é líon na n-iarratas ar chead pleanála, agus is amhlaidh an léargas a thugann líon na n-iarratas nua, agus líon na n-iarratas ar shíntí ama, ar infhaighteacht maoinithe sa chontae, mar go dtagann na figiúirí sin le cúinsí eacnamaíochta ar fud na tíre.

<u>Eastáit Neamhchríochnaithe</u>

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar liosta na “nEastát Neamhchríochnaithe” ó tiomsaíodh é den chéad uair in 2010. Den 129 n-eastát a bhí ar an gcéad liosta sin, níl fágtha ann anois ach 8 gcinn (laghdaithe ó 13 anuraidh). Leanfar le hiarrachtaí in 2017 chun teacht ar réiteach le haghaidh na n-eastát atá fágtha.

<u>Tionscnamh Náisiúnta um Eastáit Tithíochta a Thógáil ar Láimh</u>
I mí na Bealtaine 2016 fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo maoinú €336,234 le caitheamh ar na heastáit a leanas:

| Ainm/Seoladh an Eastáit | Méid |
|---|---|
| Ard na Darach Duibhe, Baile Uí Fhiacháin | €79,000 |
| Mainéar na hEaglaise/Gairdíní an Mhainéir | €36,014 |
| Glenbrook, Cnoc Mhuire | €85,000 |
| Gleann na Muaidhe, Béal an Átha | € 6,100 |
| Faiche Dharach, Bóthar Chill Ala, Béal an Átha | € 4,700 |
| Ráth Cluana, Coillte Mach | €90,574 |
| Rathkip/Shanagh, Béal an Átha | €12,572 |
| Slí Shuí Finn, Baile an Chaisil | € 4,308 |
| Réim an Túir, Cill Ala | € 5,448 |
| Cloch Uisce | € 4,604 |
| ICúirt Wesley | € 7,914 |

Is léir do chách go bhfuiltear ag éirí go maith le maoiniú a fháil faoin Tionscnamh Tógála ar Láimh, agus is amhlaidh atá sé toisc go raibh figiúirí nó meastacháin "ullmhaithe agus réidh" le cur in éineacht le hiarratais ar mhaoiniú a luaithe is a tháinig an scéim seo i bhfeidhm. Chuir an Roinn san áireamh freisin cé chomh rathúil is bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo le trí bliana anuas in eastáit a thógáil ar láimh. Thóg Comhairle Contae Mhaigh Eo tuairim is 180 eastát faoina cúram le linn na dtrí bliana sin.

Tá obair tosaithe ar na 11 eastát seo agus ba chóir go mbeidh siad curtha i gcrích ag tús 2017.

<u>Iarratais Fhoirmeálta Réamhphleanála</u>
De thoradh an chúlaithe eacnamaíochta, tá drogall ar dhaoine tabhairt faoi iarratas iomlán pleanála gan tuairim réasúnta a bheith acu ar an toradh a bheidh air. Mar fhreagra air so, tá an oifig pleanála ag leagan níos mó béime ar an bpróiseas foirmeálta réamhphleanála. Seo seirbhís atá saor in aisce don phobal, agus a bhfuil níos mó daoine ag baint leas as. Fuaireamar 200 iarratas scríofa den chineál seo in 2016. Tá acmhainní suntasacha curtha i leataobh don phróiseas seo chun iarratasóirí a stiúradh trí cheann de na próisis is mó agus is costasaí dá dtabharfaidh siad faoi ina saolta. Agus an chomhairle seo á soláthar saor in aisce do na hiarratasóirí, táthar ag súil le teipeanna costasacha a sheachaint.
<u>Clinicí Pleanála Siúil Isteach</u>

Tá na clinicí pleanála siúil isteach fós á reáchtáil chuile mhaidin Chéadaoin i seacht nOifig Ceantair den Chomhairle. Pléitear le gach duine ar a seal féin, agus fuarthas réidh leis an liosta feithimh do chruinnithe le pleanálaithe dá bharr.
Toradh eile na gClincí Pleanála seo is ea lagdú i líon na gceisteanna a gcuirtear faoinár mbráid ar an nguthán agus i litreacha toisc go mbíonn na pleanálaithe saor chun bualadh leis an bpobal gach seachtain.

Ríomhairiú

Déantar na hiarratais phleanála uile a scanáil anois agus is féidir breathnú orthu am ar bith sna hOifigí Ceantair nó ar an idirlíon. Ina theannta sin, coinnítear an Clár Pleanála ar ríomhaire anois, agus tá an sean-Chlár Pleanála digitithe chomh maith.

Pleanáil Chun Cinn

Thug an Rannóg um Pleanáil Chun Cinn faoi raon tionscadal in 2016 a bhain le pleanáil le haghaidh úsáid talún agus le ceapadh agus cur i bhfeidhm beartais. Ba í an aidhm taobh thiar de seo uile ná ceartphleanáil agus forbairt inbhuanaithe a spreagadh agus a éascú ar fud an chontae.

Rinneadh go leor oibre suirbhéireachta agus tiomsú sonraí i ndáil le cur i bhfeidhm Thobhach na Láithreán Folamh (a tugadh isteach faoin Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithíocht, 2015), ullmhú an Chreata Náisiúnta Pleanála atá beartaithe, agus ullmhú na Straitéise Réigiúnaí Spásúlachta agus Eacnamaíochta do Réigiún na Teorann agus an Iarthair.  Bhí tionchar aige seo ar ullmhú, taispeáint agus glacadh le leasuithe do na ceithre phlean reachtúla a fheidhmíonn sa chontae.

Tobhach na Láithreán Folamh

I ndiaidh réamh-mheasúnú a dhéanamh ar thailte (chun coitiantacht na láithreán folamh a mheas agus an scóip féideartha le tobhach a ghearradh ar thailte criosacha a thomhais), cuireadh Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach dar teideal ‘Cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le Tobhach ar Láithreáin Fholmha de chuid an Achta um Athbheochan Uirbeach & Tithíocht, 2015 i gContae Mhaigh Eo' faoi bhráid an Oireachtais i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Leasuithe do Phleananna

Ar an 26 Deireadh Fómhair, i ndiaidh do Thuarscáil an Phríomhfheidhmeannaigh i ndáil le Tobhach ar Láithreáin Fholmha a bheith curtha faoi bhráid comhaltaí, cuireadh tús foirmeálta leis an bpróiseas leasaithe chun forálacha an Achta um Athbheochan Uirbeach agus Tithíocht, 2015, a chorprú sa cheithre phlean reachtúla. Ba iad a leanas na leasuithe i gceist:

1. Leasú Uimh. 2 do Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo, 2014-2020
2. Leasú Uimh. 3 do Phlean Forbartha Bhéal an Átha & a Purláin, 2009-2015
3. Leasú Uimh. 4 do Phlean Forbartha Chaisleán an Bharraigh & a Purláin, 2008-2014
4. Leasú Uimh. 4 do Phlean Forbartha Chathair na Mart & a Purláin, 2010-2016.

I dteannta na n-athruithe a bhain leis an Tobhach ar Láithreáin Fholmha agus le hathbheochan uirbeach, réitigh Leasú Uimh. 2 do Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo,

2014-2020 an bealach d'athchriosú tailte i bPlean Ceantair Chlár Chlainne Mhuiris (Léarscáil CS1 i bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo) ó 'Sheirbhísí/Áiseanna Pobail' go 'Tailte Cónaithe Ísealdlúis, Céim 1.'

I ndiaidh próiseas comhairliúcháin leis an bpobal agus tuairimí na gcomhaltaí a fháil ar Thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh i ndáil le hAighneachtaí, thug na comhaltaí a mbeannacht leis na leasuithe ar an 16 Eanáir 2017.

Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020 — Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i ndiaidh 2 Bhliain

De réir Alt 15 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2015, cuireadh Tuarascáil ar Dhul chun Cinn i ndiaidh 2 Bhliain i dtoll a chéile agus dáileadh ar chomhaltaí i mí Lúnasa 2016 í. Leagadh amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cuspóirí Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo, 2014-2020 ón uair a cuireadh i bhfeidhm í i mí Aibreáin 2014. Ina theannta sin, tugadh súil siar sa tuarscáil ar an dul chun cinn déanta ar chur i bhfeidhm [...]. Athbhreithniú ar an Straitéis Fuinnimh In-athnuaite do Chontae Mhaigh Eo, 2011-2020.

Ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo le Straitéis Fuinnimh In-Athnuaite do Chontae Mhaigh Eo i mí na Bealtaine 2011. Leagtar amach sa Straitéis seo an bealach a mbeidh Contae Mhaigh Eo in ann cuidiú le spriocanna reachtúla náisiúnta i ndáil le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach, chomh maith le deiseanna a thabhairt do dhaoine aonair, pobail agus gnólachtaí dul i muinín fuinneamh in-athnuaithe ar bhonn inbhuanaithe agus a gcionsa a dhéanamh chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Tá athbhreithniú ar siúl ar an Straitéis Fuinnimh In-athnuaite anois chun forbairtí náisiúnta le blianta beaga anuas a thógáil san áireamh, maille le treochtaí i dtaobh teicneolaíochtaí nua-aimseartha atá tagtha chun cinn ó glacadh leis an straitéis in 2011.

Athbheochan Bailte Móra agus Sráidbhailte

Ba í an Rannóg um Pleanáil Chun Cinn a bhí i bhfeighil iarratais ar mhaoiniú a ullmhú agus a leagan isteach chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta faoin Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile, 2016 le haghaidh na mbailte móra a leanas: Crois Mhaoilíona, Coillte Mach, Cluain Cearbán agus Cill Cheallaigh.

Dáileadh €380,000 ar chuile chontae faoin scéim seo. Clúdóidh na deontais suas le 85% de chostas iomlán na dtionscadal faomhaithe. Is é €20,000 an deontas is lú a íocfar. €100,000 an deontas is mó. Ní mór don Údarás Áitiúil agus/nó an pobal áitiúil 15% den chostas, ar a laghad, a sheasamh.

Is é príomhaidhm na scéime ná tacú le hathnuachan bailte móra agus sráidbhailte i dtreo thimpeallacht chónaithe agus oibre na bpobal ann a fheabhsú mar aon lena chur ar a gcumas glacadh le borradh i ngníomhaíochtaí eacnamaíochta amach anseo.

Mar chuid de phróiseas curtha i bhfeidhm na scéime seo, cuireadh Coiste Athnuachana Baile/Sráidbhaile ar bun le haghaidh gach tionscadail. Foireann ildhisciplíneach atá sa choiste seo a chuimsíonn ionadaithe ón gComhairle agus ón bpobal áitiúil araon.

Tugann an Coiste Athnuachana Baile/Sráidbhaile a bheannacht don togra athnuachana a roghnaíodh don bhaile áirithe sin.

Athbheochan Bhailte Móra na hÉireann – Clár Píolótach Oiliúna maidir le Tástáil Beochta Lár Baile

I mí Dheireadh Fómhair 2016 chuaigh an Rannóg um Pleanáil Chun Cinn i bpáirt i gClár Píolótach Oiliúna trasdisciplíneach dar teideal 'Tástáil Beochta Lár Baile' (TBLB), atá á chur ar fáil ag Comhairle Oidhreachta na hÉireann, RGDATA agus an Fóram Comhairliúcháin Miondíola i gcomhpháirt leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; Institiúid Pleanála na hÉireann; Institiúid Tírdhreacha na hÉireann; Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus Institiúidí Tríú Leibhéal. D'oibrigh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, agus mic léinn tríú bliana ar na cúrsaí Oidhreachta agus Oideachais Allamuigh acu, le Comhairle Contae Mhaigh Eo ar an gclár píolótach. Ar na torthaí nuálaíocha a d'eascair as an gclár seo bhí aip nua, forbartha ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, a chuidíonn le suirbhéireacht a dhéanamh ar úsáid talún. Thriail mic léinn GMIT an aip nua seo agus iad i mbun suirbhéireachta i mBéal an Átha.

De thoradh na hoiliúna seo cuirfear grinntástáil beochta lár baile i gcrích ar dheich mbaile mór in Éirinn – Béal an Átha san áireamh – a roghnaíodh mar cheann de na bailte píolótacha. Tá sé mar aidhm ag an gclár 'píolótach' oiliúna seo laigí sa chóras déanta TBLBanna in Éirinn faoi láthair a aithint ionas gur féidir Clár Náisiúnta Infheistíochta comhpháirtíochta le haghaidh TBLB a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.

Ceann de na príomhspriocanna a bhí ag Clár Oiliúna TBLB ná feasacht a ardú agus é a chur ar shúile an phobail a thábhachtaí is atá na ceantracha stairiúla lár baile agus mórthimpeall orthu, agus an tionchar mhór a imríonn brí, beocht agus inmharthanacht na gceantar sin ar fhás agus forbairt shocheacnamaíoch, timpeallachta agus chultúrtha, agus an tionchar atá acu ar cháilíocht beatha na ndaoine a gcónaíonn iontu agus cuairteoirí araon.

Measúnachtaí Comhshaoil

Is dlúthchuid de chúraimí na Rannóige um Pleanáil Chun Cinn iad measúnachtaí comhshaoil – Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Measúnacht Chuí – agus iad lárnach do phróiseas ullmhaithe an Phlean Forbartha, Leasuithe don Phlean, agus na bPleananna Ceantair Áitiúil.

Tá Oifigeach MST, atá freagrach as na measúnachtaí sin, lonnaithe sa Rannóg um Pleanáil Chun Cinn. Cuirtear moltaí agus iarratais phleanála a thiteann faoi scáth Chuid 8, agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar líonra Natura 2000, faoi bhráid an Oifigigh MST le measúnú a dhéanamh orthu agus tuairisc a scríobh.

## SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

In 2014 sheol Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhar leis an nGarda Síochána, FSS an Iarthair agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020.

Tá clár oiliúna agus feasachta i dtaobh cúrsaí Sábháilteachta ar Bhóithre á chur i bhfeidhm ag an gComhairle Contae i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Díríonn sé ar an ngéarghá le bheith cúramach agus a bheith ar an airdeall faoi chontúirtí ar bhóithre Mhaigh Eo. Mar chuid den chlár, tugann an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre cuairt ar scoileanna agus cuirtear Scéim an Mhaoir Óig agus cúrsaí oiliúna i gCumas Rothaíochta chun cinn i scoileanna. Le comhoibriú na múinteoirí, an Gharda Síochána agus tuismitheoirí, tá na scéimeanna seo an-éifeachtach i gcur chun cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre. Beidh an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre ag obair as lámh a chéile leis an gComhchoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre sa chontae – a chuimsíonn ionadaithe na Comhairle Contae, FSS an Iarthair, an Gharda Síochána agus an phobail – chun an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur i ngníomh.

Beidh an Togra Feasachta um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain 2017 ag díriú ar chúig phríomhréimse ar leith:

- Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn i mBunscoileanna

Tacaíonn an Chomhairle leis na cuairteanna a thugann an Garda Síochána ar scoileanna trí bhileoga eolais, bandaí muinchille frithchaiteacha, agus ábhar eile a chuireann sábháilteacht ar bhóithre chun cinn a sholáthar dóibh le dáileadh ar dhaltaí. Is mór ag an gComhairle gach a ndéanann an Garda Síochána – bíodh sé ina aonar nó i gcomhpháirtíocht – chun Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn.



- Scéimeanna na Maor Óg

Is cuid dár ndualgais sa réimse oibre seo tacaíocht a chur ar fáil do Scéimeanna na Maor Óg sa chontae. Tá trí scéim den chineál seo i mBéal an Átha: Scoil Náisiúnta na gCailíní, Cnoc an Chlochair; Scoil Phádraig, Sráid an Phunta; agus Scoil Náisúnta na Cé.  Tá an scéim ar siúl i Scoil Phádraig i gCathair na Mart chomh maith.

Soláthraíonn an Chomhairle Contae na héidí agus na comharthaí do na scoileanna. Déantar na marcanna bóthair a athnuachan go rialta chomh maith. Tá an t-ádh ar an gComhairle go bhfuil príomhoidí na scoileanna seo díocasach sa tacaíocht a thugann siad don scéim. Murach a gcuid tacaíochta fonnmhaire ní bheadh an scéim seo ar an bhfód ar chor ar bith.



- Cur chun cinn ginearálta na Sábháilteachta ar Bhóithre sna meáin chumarsáide áitiúla

Feidhmíonn an Chomhairle Contae mar chrann taca don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus eagraíonn sí bolscaireacht ghinearálta sna nuachtáin áitiúla chomh maith.


Gealltanas an Tiománaí Óig

- Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre




Beidh Coiste Stiúrtha an Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre, plean a cuireadh i dtoll a chéile in 2013, ag déanamh athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn an phlean. Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú suntasach de réir a chéile i líon na dtimpistí bóthair sa chontae de thoradh an phlean seo.

- Cúlaigh isteach – Tiomáin amach

Tá polasaí curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcarrchlósanna a cuid oifigí uile chun tiománaithe a spreagadh chun 'Cúlú isteach – Tiomáint amach'.

STAITISTICÍ MAIDIR LE TIMPISTÍ BÓITHRE – MAIGH EO

| Bliain | 1 Básanna |
|---|---|
| 2002 | 14 |
| 2003 | 10 |
| 2004 | 13 |
| 2005 | 14 |
| 2006 | 11 |
| 2007 | 9 |
| 2008 | 10 |
| 2009 | 10 |
| 2010 | 8 |
| 2011 | 12 |
| 2012 | 7 |
| 2013 | 6 |
| 2014 | 11 |
| 2015 | 13 |
| 2016 | 4 |

# IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Réamhrá

Bonn agus taca le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta i réigiún is ea córas éifeachtach iompair ar bhóithre. Rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo a cionsa arís sa réimse seo in 2016 agus na bóithre ar fud an chontae á gcothabháil agus á bhfeabhsú aici, cúraimí a chuaigh chun sochair an chontae dá réir.

Tá 6,490km de bhóthar faoi chúram Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus caitheadh €59.8m san iomlán ar chothabháil agus feabhsú an ghréasáin sin in 2016.

Rangú na mBóithre agus Caiteachas

Tá ceithre ghrád de bhóthar sa chontae: Príomhbhóithre Náisiúnta; Bóithre Náisiúnta den Dara Grád; Bóithre Réigiúnacha; agus Bóithre Áitiúla. Seo a leanas faid na mbóithre de na gráid éagsúla atá i gContae Mhaigh Eo:

| | |
|---|---|
| *Príomhbhóithre Náisiúnta:* | *133 km.* |
| *Bóithre Náisiúnta den Dara Grád:* | *267 km.* |
| *Bóithre Réigiúnacha:* | *622 km.* |
| *Bóithre Áitiúla:* | *5,468 km.* |
| *IOMLÁN:* | *6,490 km.* |

Fuarthas maoiniú ar luach €56.4m ón **Údarás um Bóithre Náisiúnta** agus ón **Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt** le caitheamh ar ghréasán na mBóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta. Chuir an Chomhairle €3.4m ar fáil do chiste na mbóithre sa bhliain chéanna.

Príomhbhóithre Náisiúnta

Seo a leanas briseadh síos na ndeontas a fuarthas i dtaobh **Príomhbhóithre Náisiúnta** in 2016:

| | | |
|---|---|---|
| **Príomhbhóithre Náisiúnta – Mórscéimeanna:** | | |
| N5 | Seachbhóthar Bhaile Chathail | €100,000 |
| N5 | Turlach go Both Chomhla | €100,000 |
| N5 | Cathair na Mart go Both Chomhla | €9,042,000 |
| **IOMLÁN:** | | **€9,242,000** |
| **Cosáin:** | | |
| N17 | Sráideanna Bhaile Chathail | €734,000 |
| N17 | An Baile Glas, Cill Cheallaigh | €1,625,000 |
| **IOMLÁN:** | | **€2,359,000** |
| **Mionoibreacha:** | | |
| **N26** | Ailíniú ag Cluain Gallán | **€600,000** |

Seo a leanas mar a caitheadh an deontas um **Chothabháil na bPríomhbhóithre Náisiúnta**, arbh fhiú €672,159 é:

| **Príomhbhóithre Náisiúnta – Cothabháil:** | |
|---|---|
| Gnáthoibreacha Cothabhála | €371,696 |
| Cothabháil Geimhridh | €200,000 |
| Soilse Bóithre | €100,463 |
| **IOMLÁN:** | **€672,159** |

Seo a leanas achoimre ar staid reatha na scéimeanna móra atá beartaithe do na **Bóithre Náisiúnta** i gContae Mhaigh Eo:

<u>Mórthionscadail Bhóthair</u>
Foilsíodh an Plean le haghaidh Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitiúil, 2016-2021 i mí Mheán Fómhair 2015. Tugadh aitheantas ann go raibh forbairt mhaith déanta ar phleananna le haghaidh bonneagar iompair sa chontae sa mheán agus san fhadtréimhse leis an ngealltanas go gcaithfí €9.6 billiún ar chúrsaí iompair thar thréimhse seacht mbliana. Áirítear san fhigiúr seo €6 bhilliún le haghaidh bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus €3.6 billiún le haghaidh iompar poiblí.

Seo mar a sheasann cúrsaí i dtaobh na **Mórscéimeanna** uile atá beartaithe i gContae Mhaigh Eo:

<u>N5 – Tionscadal Bóthair as Cathair na Mart go Turlach 27km</u>
Bhí an scéim seo le dul chomh fada le Both Chomhla ó Chathair na Mart nuair a beartaíodh í ar dtús, ach b'éigean í a ghiorrú de bharr chinneadh an Bhord Pleanála cead a dhiúltiú do Chéim II den scéim, an N26 idir Béal an Átha agus Both Chomhla. Leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh deimhnithe agus an Ráiteas Tionchair Timpeallachta faomhaithe in 2014, síneann an tionscadal anois ó Chathair na Mart go hOirthear Chaisleán an Bharraigh, agus cuimsíonn sé seachbhóthar a ritheann ó dheas de Chaisleán an Bharraigh.

Tá an stráice den N59 ag Cnoc na hEorna corpraithe i bpleananna don N5 beartaithe, a fhreastlóidh ar oibreacha tógála amach anseo.

Chuathas i mbun cainteanna le húinéirí talún i mbliana ag súil le teacht ar chomhaontú maidir le cúiteamh airgeadais. Tháinig conarthaí réamhoibre i bhfeidhm chomh maith. Ina measc siúd tá Mionstaidéar Talún, Conradh le haghaidh Mionstaidéar Topagrafach, Tochailt Seandálaíochta, Atreorú BSL agus Conradh le haghaidh glanadh fálta agus fálta sceach. Táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil arís in 2017 chun an tionscadal a chur chun cinn.

<u>N5/N26/N58 Tionscadal Bóthair as Turlach go Both Chomhla & An Droim Riabhach go Béal Átha na Muice</u>
Chuir an Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh ar Chéim II de scéim an N26 idir Béal an Átha agus Both Chomhla ar ceal i mí Feabhra 2010.

De dhroim Staidéar Straitéisech Tráchta a coimisiúnaíodh in 2011 ina ndearnadh staidéar ar na Bóithre Náisiúnta is éifeachtaí chun an N5-N17-N26 a cheangal, cuireadh maoiniú ar fáil in 2015 chun tionscadal an N5 idir Cathair na Mart agus Turlach a shíneadh go Both Chomhla maille le bóthar féideartha a aithint chun an scéim nua a cheagal leis an N58 go Béal Easa agus leis an N26 go Béal Átha na Muice.
I mí Iúil 2015 ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an rogha conairí bealaigh don N5/N26/N58 idir Turlach agus Both Chomhla & idir an Droim Riabhach agus Béal Átha na Muice. Cuireadh an tionscadal ar fionraí ina dhiaidh sin, agus cuireadh na hacmhainní ceadaithe dó ar fáil le haghaidh ailíniú an N26 ag Droichead Chluain Gallán.

N26 Tionscadal Bóthair Chluain Gallán 2km
Cuireadh maoiniú ar fáil i mbliana don tionscadal nua seo, 1.8km ar fad, ar Phríomhbhóthar Náisiúnta an N26 idir Béal an Átha agus Béal Átha na Muice. Foilsíodh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh i mí Dheireadh Fómhair, agus an 21 Nollaig 2016 an spriocdháta d'aighneachtaí ina leith. Táthar ag tnúth go reáchtálfar éisteacht ó bhéal ina thaobh go luath in 2017 agus go mbeidh cinneadh déanta faoi lár na bliana céanna. Táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil arís in 2017 chun an tionscadal seo a chur chun cinn.

N17 Seachbhóthar Bhaile Chathail (Cnoc Mhuire go Tobar an Choire) Tá pleanáil don scéim seo curtha ar fionraí, agus í ag an gcéim Deartha/Rogha Bealaigh.

N17 Clár Chlainne Mhuiris go Tuaim
Tá Oifig Deartha Bóithre Náisiúnta i nGaillimh ag cur na scéime seo chun cinn, agus tá rogha bealaigh roghnaithe ina thaobh. Tá an tionscadal seo ar fionraí faoi láthair.




Bóithre Náisiúnta den Dara Grád
Caitheadh an **Deontas Feabhsaithe Bóithre Náisiúnta den Dara Grád**, deontas arbh fhiú €13,174,730 é, ar oibreacha feabhsúcháin don N59 (an bóthar idir Cathair na Mart agus an Mhala Raithní), ar chosán agus ar mhionoibreacha feabhsúcháin ar an N60, N84 agus an N58, maille le bearta sábháilteachta a chur i bhfeidhm ag an gCeathrú Bhán.

Seo a leanas mar a dáileadh an deontas:

| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Mórscéim: | | |
|---|---|---|
| N59 | Cathair na Mart go dtí an Mhala Raithní | **€2,100,000** |

| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Cosáin & Mionfheabhsuithe: | | |
|---|---|---|
| N59 | Feabhsuithe ag an Mala Raithní | €500,000 |
| N59 | Feabhsuithe do Bhóthar Chill Bhríde | €30,000 |
| N59 | Cill Mhíona LVNS | €800,000 |
| N59 | Ailíniú Bóthair idir Baile Uí Fhiacháin agus Doire Fhada | €100,000 |
| N60 | Cnoc na mBuachalán Theas | €600,000 |
| N60 | Log na Muc | €300,000 |
| N60 | Crois Mhaigh Nulla | €440,000 |
| N59 | Cora Bóthair ag Ros Abha | €3,530,000 |
| N59 | Dr. Bhéal Átha Chomhraic, Céim 2 [c.] | €795,000 |
| N59 | An Garrán Ard [c.] | €1,416,500 |
| N59 | Baile Uí Fhiacháin-An Mhala Raithní ag Cnoc an Liagáin [c.] | €1,220,000 |
| N59 | Loch an Chreagáin [c.] | €393,730 |
| N58 | An Choill Mhór [c.] | €1,281,500 |
| N60 | Coillte Bó [c.] | €1,168,000 |
| N84 | Cluain Déise [c.] | €600,000 |
| | **IOMLÁN:** | **€13,174,730** |

| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Bearta Sábháilteachta: | | |
|---|---|---|
| N59 | An Cheathrú Bhán | **€60,000** |

<u>N84 Seachbhóthar Bhaile an Róba / N60 Seachbhóthar Bhéal Átha hAmhnais / N26/N5 Seachbhóthar Bhéal an Átha</u>

Tá bealaí roghnaithe anois don N84-Seachbhóthar Bhaile an Róba, N60-Seachbhóthar Bhéal Átha hAmhnais agus N26/N5-Seachbhóthar Bhéal an Átha. Tá na tionscadail seo ar fionraí faoi láthair.

<u>N59 Cathair na Mart – Baile Uí Fhiacháin ag Cill Bhríde, Céim I, 3km</u>

Tá na hoibreacha tógála ar an scéim seo curtha i gcrích. Níl fágtha le déanamh ach oibreacha tírdhreachaithe agus cothabhála. Tá conair nua rothaíochta tógtha mar chuid den scéim seo, rud a chuireann bailchríoch ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair idir Cathair na Mart agus an Mhala Raithní.

<u>N59 Cathair na Mart – An Mhala Raithní, 40km</u>

Dheimhnigh an Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) agus d'fhaomhaigh siad an Ráiteas Tionchair Natura (RTN) don Bhóthar Náisiúnta Ísealtoirte den Dara Grád idir Cathair na Mart agus an Mhala Raithní i mí Iúil 2012. Cuireadh 'Fógraí Gnóthaíochta' faoi bhráid na n-úinéirí talún go léir agus rinneadh tuairim is 90% de na héilimh ar chúiteamh a réiteach le linn 2016. Táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil arís in 2017 chun an cúiteamh atá fós amuigh a íoc agus an talamh a fháil.

Ina theannta sin, cuireadh maoiniú ar fáil in 2015 chun tús a chur leis an stráice den scéim ag ***Cora Ros Abha***, atá 2km ar fad, agus atá mar shíneadh le Scéim Chill Bhríde ó dheas go Cathair na Mart. Táthar ag tnúth go mbeidh maoiniú ar fáil in 2017 chun an chuid seo den scéim a chur i gcrích.

Cuireadh maoiniú ar fáil in 2015 chomh maith chun seirbhísí innealtóireachta a fháil chun cáipéisí conartha a ullmhú le haghaidh stráice 3km eile ag ***Cill Mhíona*** a thógáil, a bheidh mar shíneadh leis an stráice ag ***Cora Ros Abha***. Táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil in 2017 chun críoch a chur le hullmhú na gcáipéisí conartha seo.

Cuireadh maoniú ar fáil in 2016 chun tús a chur le miondearadh an stráice den N59 ó thuaidh as Baile Uí Fhiacháin ar a dtugtar ***Baile Uí Fhiacháin go Doire Fhada***. Táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil in 2017 chun tuilleadh oibre a dhéanamh ar mhiondearadh an stráice seo den bhóthar.




N60 Cnoc na mBuachalán Theas, 4km

Cuireadh grinninúchadh láithreáin i gcrích in 2015 i leith an togra seo, agus tá na cáipéisí conartha le haghaidh tógáil na scéime chóir a bheith réidh. Táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil in 2017 chun tús a chur le híocaíochtaí cúitimh do na húinéirí talún atá thíos leis an scéim, agus go mbeidh cáipéisí conartha réidh le haghaidh chéim tógála na scéime.

N60 Log na Muc, 2km

I ndiaidh cead a fháil ó Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ), chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Lúnasa 2015 lena fhaomhadh.

Faomhaíodh an OCÉ agus an RTN, agus tháinig an OCÉ i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2016. Seirbheáladh Fógra Gnóthaíochta i mí Lúnasa 2016 agus táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil in 2017 chun cúiteamh a íoc le húinéirí talún maille le cáipéisí conartha a ullmhú le haghaidh chéim tógála na scéime seo.

N60 Maigh Nulla, 4km

Cuireadh maoinú ar fáil in 2016 don scéim seo. I ndiaidh phróiseas comhairliúcháin phoiblí glacadh leis an mbealach is dealraithí a roghnófar don scéim in 2015 agus cuireadh faoi bhráid chomhaltaí Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh agus Chomhairle Contae Mhaigh Eo é lena fhaomhadh.

Táthar ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil in 2017 go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh le dearadh na scéime agus le hullmhú cáipéisí OCÉ agus RTN don tionscadal.

N59 Oibreacha Feabhsúcháin ag an Mala Raithní, 1.7km
Ag teacht sna sála ar sheoladh Ráiteas Dearaí Sráidbhaile na Mala Raithní i mí Aibreáin 2012, tugadh faoi oibreacha ar an stráice idir an séipéal agus an oifig turasóireachta. Dheimhnigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i mí an Mhárta 2014 an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh do Chroílár an Bhaile a foilsíodh i mí na Nollag 2013.

De thoradh an chomórtais soláthair a reáchtáladh in 2014, ceapadh conraitheoir i mí Eanáir 2015 chun an Limistéar Croílár Baile a thógáil.
Cuireadh na hoibreacha tógála i gcrích in 2016 agus táthar ag súil go mbeidh maoinú ar fáil in 2017 chun an cúiteamh faighte talún atá fós amuigh a íoc.


N59 An Mhala Raithní

Is mar seo a leanas a dáileadh **Deontas Cothabhála na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád** don bhliain 2016, deontas arbh fhiú €842,512 é.

| **Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Cothabháil:** | |
|---|---|
| Gnáthoibreacha Cothabhála | €474,491 |
| Cothabháil Geimhridh | €230,000 |
| Soilse Bóithre | €138,021 |
| **IOMLÁN:** | **€842,512** |

Bóithre Náisiúnta – Tacaíocht ón Údarás Áitiúil
Fuarthas Tacaíocht Innealtóireachta an Údaráis Áitiúil arís in 2016, le leithdháileadh ar luach €1,935,903 faighte.

Tá na leithdháiltí seo le caitheamh ar chostas coinneála na n-oifigí atá i bhfeighil na scéimeanna feabhsúcháin agus cothabhála ar ghréasán na mBóithre Náisiúnta i gContae Mhaigh Eo, agus is mar a leanas a caitheadh iad:

| **Bóithre Náisiúnta – Tacaíocht ón Údarás Áitiúil** | |
|---|---|
| Tacaíocht ón Údarás Áitiúil (Feabhsúchán) | €365,055 |
| Tacaíocht don Oifig Tionscadail (Feabhsúchán) | €1,481,648 |
| Tacaíocht ón Údarás Áitiúil (Cothabháil) | €79,200 |
| Tacaíocht ón Údarás Áitiúil (Cothabháil Geimhridh) | €10,000 |
| **IOMLÁN:** | **€1,935,903** |

Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ~ Deontais & Acmhainní na Comhairle Féin

B'fhiú €28,842,613 an maoiniú a cuireadh ar fáil d'oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar ghréasán na mbóithre réigiúnacha in 2016. Fuarthas deontas aonuaire de €5,980,000 le haghaidh Oibreacha Leasúcháin de thoradh Drochaimsire. Is mar a leanas a briseadh síos an t-iarmhéid de €22,862,613:

| **Deontais do Bhóithre Réigiúnacha** | |
|---|---|
| Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil | €1,057,000 |
| Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil Geimhridh | €475,065 |
| Bóithre Réigiúnacha – Cóiriú Dromchla | €1,033,238 |
| Bóithre Réigiúnacha – Oibreacha Eile | €270,000 |
| Bóithre Réigiúnacha – Deontas Feabhsaithe Athchóirithe | €2,417,605 |
| **IOMLÁN:** | **€5,252,908** |
| **Deontais & Acmhainní na Comhairle féin le haghaidh Bóithre Áitiúla** | |
| Bóithre Áitiúla – Deontas Feabhsaithe Athchóirithe | €5,691,080 |
| Bóithre Áitiúla – Cóiriú Dromchla | €2,023,153 |
| Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla | €683,742 |
| Leithdháileadh Speisialta na gComhairleoirí | €825,000 |
| Leithdháiltí F.T. na gComhairleoirí (31 x €35,000) | €1,350,000 |
| Cothabháil Bóithre Áitiúla | €2,889,895 |
| Bearradh Ciumhaise/Bearradh Fálta Sceach | €100,000 |
| Feabhsuithe do Bhóithre Áitiúla | €131,850 |
| Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla – Deontas Oiliúna | €95,000 |
| Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail | €657,460 |
| Caiteachas Neamh-incháilithe [i dtaobh deontas] | €550,000 |
| Ranníocaíocht ó Dheontais Bhóithre le haghaidh Glanadh Sráide | €320,000 |
| Luasteorainneacha | €87,000 |
| **IOMLÁN:** | **€15,404,180** |


***R334 – An Éill/An Chrois ag Dooagh, Baile an Róba***

Ceadaíodh **Deontais Feabhsúcháin Shonracha** do na scéimeanna a leanas:

| **Deontais Feabhsúcháin Shonracha** | | |
|---|---|---|
| R310 | Sráid an tSéipéil Íochtarach (Newline), Caisleán an Bharraigh | €200,000 |
| R312 | Athsholáthar Dhroichead Ghleann Aoláin | €500,000 |
| | Bóthar Chonga | €400,000 |
| **IOMLÁN:** | | **€1,100,000** |



Is mar a leanas a dáileadh na **Deontais Feabhsaithe Sábháilteachta ar Chostas Íseal** arbh fhiú €521,000 iad:

| **Deontais Feabhsaithe Sábháilteachta ar Chostas Íseal** | | |
|---|---|---|
| R313 | Doire na Maol, Béal an Mhuirthead | €50,000 |
| R319 | S.N. Thóin re Gaoith | €20,000 |
| R335 | Leic Ainimhe | €120,000 |
| LT55594 | Bóthar go dtí Scoil Chlár Chlainne Mhuiris | €26,000 |
| LP1124 | Bóthar na hEaglaise, Béal an Átha | €120,000 |
| LP1331 | An Pháirc Íseal, Baile Chathail (Sean N5) | €30,000 |

| | | |
|---|---|---|
| L1406 | Dumha Goirt, Acaill | €15,000 |
| L1801 | An Ros Beag | €120,000 |
| L1203 | Cornby, Ros Dumhach, Béal an Átha | €20,000 |
| **IOMLÁN:** | | **€521,000** |

Ceadaíodh **Deontais Athshlánúcháin Droichid** le haghaidh droichead ar na Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a leanas:

| **Oibreacha Athshlánúcháin Droichid** | | |
|---|---|---|
| R293 | Droichead an Chlasaigh Rua, Béal Átha hAmhnais | €136,200 |
| R312 | Ráillí Dhroichead Bhéal Trá (Dr. Ghleann Aoláin) | €73,775 |
| R331 | Droichead an Chnocáin Rua, Clár Chlainne Mhuiris | €34,050 |
| L1107 | Droichead Bhaile an Fhaoitigh, Crois Mhaoilíona | €45,400 |
| L57781 | Droichead Pat Randell, Béal Átha Bhearaigh | €68,100 |
| L5157 | Droichead an Mhóta, Crois Mhaoilíona | €34,050 |
| L1406 | Droichead Dhumha Goirt, Acaill | €136,200 |
| L14064 | Droichead Dhumha Goirt, Acaill | €39,725 |
| L1321 | Droichead na Creagaí, Béal Easa | €17,025 |
| **IOMLÁN:** | | **€584,525** |

<u>Maoiniú le haghaidh Damáiste de thoradh Drochaimsire</u>
Fuair an Chomhairle maoiniú ar luach €5,980,000 sa bhliain 2016 i dtaca le damáiste déanta ag drochaimsir in 2015. Bhí an Contae buailte ag drochstoirm eile ar an 5-6 Nollaig 2015. Cuireadh maoiniú ar fáil chun dochar a rinne na stoirmeacha a dheisiú, agus fuarthas an maoiniú sin in 2016.

<u>Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail</u>
I bhfógra na ndeontas, 2016, tugadh cead d'Údaráis Áitiúla 7.5% de na Deontais Feabhsaithe Athchóirithe agus Deontais Cothabhála Athchóirithe a chur i leataobh le haghaidh oibreacha bóthair faoi Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail. Cuireadh €657,460 i leataobh chuige seo in 2016 agus roinneadh an t-airgead go cothrom idir na ceithre Cheantar Bhardasacha.

Tugtar achoimre sa tábla a leanas ar ráta íoctha an phobail áitiúil agus a gcúraimí dá bharr:

| **Ranníocaíocht an Phobail Aitiúil** | **Má bhaineann sé le hábhar** |
|---|---|
| 20% | Déanann an Chomhairle iomlán na n-oibreacha |
| 30% | Déanann an Chomhairle formhór na n-oibreacha |
| 40% | Déanann an pobal formhór na n-oibreacha |
| 50% | Déanann an pobal áitiúil iomlán na n-oibreacha – cuidíonn an Chomhairle leo le soláthar ábhair nó gléasra |

Tugadh faoi oibreacha den chineál seo sna háiteanna a leanas:

- *Bóthar na hEaglaise, Béal an Mhuirthead*
- *An Fód Dubh*
- *Gleann na Muaidhe*
- *Bóthar na Fairche, Baile an Róba*
- *An Scardán/An Garraí Mór*
- *Cúl Leasa Duibh, Cill Mheáin*
- *Bóthar na nDochtúirí, Béal Átha hAmhnais agus*
- *Grave Road, Béal Átha na Muice*

<u>An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre</u>
Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre ar fáil arís in 2016. Bhain 410 ball foirne leas as an scéim ó tugadh isteach í i mí Aibreáin 2010. €305,000 costas iomlán na scéime, agus faightear iomlán an airgid seo ar ais trí asbhaintí tuarastail.

<u>Luasteorainneacha</u>
Ghlac an Chomhairle le fodhlíthe chun luasteorainneacha a laghdú go 30 km/uair i roinnt eastáit tithíochta sa chontae. Caitheadh €87,000 ar an tionscadal seo. Tá luasteorainn de 30km/uair i bhfeidhm i dtuairim is 200 eastát timpeall an chontae anois.

Thug an Chomhairle faoi athbhreithniú ar na luasteorainneacha uile sa chontae agus táthar ag súil go mbeidh luasteoireannacha athbhreithnithe agus cuí curtha i bhfeidhm go luath in 2017.

# RANNÓG UISCE TUAITHE

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo a riarann an Clár Uisce Tuaithe i gCo. Mhaigh Eo atá maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RTPPRÁ), agus tá sí tiomnaithe do bheith ag obair as lámh a chéile le pobail chun scéimeanna atá inmharthana ar bhonn eacnamaíoch agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a fheidhmiú.
Tá 203 Ghrúpscéim Uisce i gContae Mhaigh Eo a fhreastlaíonn ar bhreis is 18,000 teaghlach agus gnólacht.

Clár Uisce Tuaithe 2016-2018
Ba í 2016 an chéad bhliain a bhí an creat nua maoinithe ilbhliantúil i bhfeidhm, a bhfuil sé de chuspóir aige a chinntiú go mbeidh na hacmhainní ar fáil le hinfheistíocht a dhéanamh nuair is gá. Dá thoradh sin, beifear ag tnúth le:

▪ tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt inbhuanaithe i gceantair thuaithe,
▪ riachtanais na rialachán um uisce óil a bhaint amach,
▪ agus dul chun chinn a dhéanamh i mbaint amach spriocanna leagtha amach i bPleananna Bainistíochta Abhantraí.

Cuireadh cuntas faoi bhráid an RTPPRÁ i mí Eanáir 2016 ar an maoiniú a bhí de dhíth chun bearta na bliana 2016 den Chlár Uisce Tuaithe 2016-2018 a chur i gcrích. Seo a leanas na bearta a bhí san áireamh ansin:

(1) Comhlíonadh reachtaíocht chomhshaoil agus sláinte poiblí, lena n-áirítear maolú TTHM, feabhsuithe do Ghrúpscéimeanna Uisce agus cónascadh/cuíchóiriú Grúpscéimeanna Uisce.
(2) Oibreacha athchóirithe ar an ngréasán/bearta caomhnaithe agus bainistithe uisce.
(3) Forbairt Tuaithe (bunú scéimeanna nua).
(4) Aistriú scéimeanna chuig seirbhísí uisce agus dramhuisce poiblí.
(5) Taighde agus nuálaíocht.
(6) Soláthar aonair uisce (bunaithe ar éileamh).

Fógraíodh dáileadh eatramhach faoi Chlár Uisce Tuaithe 2016-2018 i mí na Bealtaine 2016, agus d’fhógair an RTPPRÁ an dáileadh iomlán ar an 31 Lúnasa 2016.
Den €14.8 milliún atá sa buiséad náisiúnta don scéim tá tuairim is €12 mhilliún sainithe le haghaidh grúpscéimeanna uisce agus an €2 mhilliún eile le húsáid go sonrach le haghaidh grúpscéimeanna séarachais. Dáileadh €5.68 milliún den bhuiséad seo ar Mhaigh Eo, agus is mar a leanas a caitheadh é:-

| Beart | Méid |
|---|---|
| Bearta 1&2 (seachas TTHManna & cónascadh/cuíchóiriú) | €840,400 |
| Beart 1(a) TTHManna | €3,525,500 |
| Beart 1(b) | €80,000 |
| Beart 3 | €522,900 |
| Beart 4 | €610,000 |
| Beart 5 | €100,000 |

| | |
|---|---|
| Leithdháileadh iomlán faoi Iarratas 2016 | €5,678,800 |

Príomhfhorbairtí le linn 2016

▪ Dearaigh, Tógáil & Oibriú

Baineann sciar mór den leithdháileadh a fuarthas le haghaidh Bheart 1 leis an gconradh nua DTO a shínigh Comhairle Contae Mhaigh Eo le Glan Agua, agus a shínigh 13 ghrúpscéim uisce le Glan Agua ar an 5 Bealtaine 2016. Meastar go mbeidh an conradh deartha agus tógála curtha i gcrích i mí an Mheithimh 2017.

▪ Oibreacha athchóirithe ar an ngréasán


I measc na mbeart eile thuasluaite, cuireadh oibreacha athchóirithe i gcrích ar Ghrúpscéimeanna Uisce na Cathrach agus an Chlochair, maille le mionoibreacha athchóirithe ar Ghrúpscéim Uisce Ghleann Néifinne, agus dá thoradh siúd bhíothas in ann an fógra um uisce a fhiochadh a bhí i bhfeidhm ar 610 teaghlach sa cheantar sin a chur ar ceal i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Cuireadh tús freisin le suiteáil breis comhlaí sciúrtha agus sruthlaithe ar Ghrúpscéim Loch an Chalaidh, Grúpscéim na Páirce, agus Grúpscéim PBKS in 2016.



***Lá sínithe conartha DBO1A.***

Shínigh Comhairle Contae Mhaigh Eo conradh le Shareridge Ltd ar an 20 Nollaig 2016 le haghaidh oibreacha athchóirithe ar Ghrúpscéim Uisce an Choisín agus Grúpscéim Uisce na hAille. Seo í an scéim dheireanach i gContae Mhaigh Eo a thit faoi scáth rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann i ndáil le neamhchomhlíonadh Threoir an AE um Uisce Óil. Beifear in ann an fógra um uisce a fhiochadh atá i bhfeidhm ar 149 dteaghlach a chur ar ceal agus na tithe a nascadh le soláthar poiblí uisce ar chur i gcrích na n-oibreacha seo.


***Síniú an chonartha le haghaidh athchóiriú Ghrúpscéimeanna Uisce an Choisín & na hAille.***

▪ Grúpscéimeanna Uisce Nua
Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar dhá ghrúpscéim uisce nua do phobail Achadh Lóintín agus Shruthán an Aifrinn go déanach in 2016. Freastlóidh an scéim nua ag Achadh Lóintín, a chuimsíonn 2.2km de phríomhlíonra uisce, ar dheich dteach; agus rachaidh an scéim ag Sruthán an Aifrinn Theas/Thoraigh Bhán chun leasa 46 theach le 8.6km de phríomhlíonra uisce. Tá an dá scéim seo ag ceangal leis an nGrúpscéim Uisce atá i nGleann Néifinne faoi láthair, agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RTPPRÁ) faoin mBeart nua le haghaidh Grúpscéimeanna Uisce.

▪ Grúpa Náisiúnta Athbhreithnithe Uisce Tuaithe
Ghlac Seirbhísí Uisce Tuaithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo páirt i 'nGrúpa Náisiúnta Athbhreithnithe Uisce Tuaithe' i dtreo dheireadh na bliana 2016, grúpa a bhfuil sé de chúram aige múnla náisiúnta um Uisce Tuaithe nua a aithint, agus an fhéidearthacht le seirbhísí a roinnt laistigh den earnáil Uisce Tuaithe a fhiosrú i dtreo feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar sholáthar seirbhísí san earnáil Uisce Tuaithe ar bhonn náisiúnta. Tá an obair seo fós idir lámha agus iad ag tnúth le plean gnó a fhoilsiú in 2017.

<u>Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe</u>
Cuireadh Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe an Chontae ar bun faoi Alt 75 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007, agus ar na baill ann tá comhaltaí tofa maille le hionadaithe ó cholúin na talmhaíochta, an uisce, agus an phobail. Tionóltar cruinnithe an choiste seo gach ráithe agus féachann sé i ndiaidh cur i bhfeidhm an Chláir Uisce Tuaithe ar bhonn áitiúil.
<u>Fóirdheontas le haghaidh Costais Oibríochtúla Grúpscéimeanna Uisce</u>
Íoctar fóirdheontais gach bliain i dtreo costais oibríochtúla grúpscéimeanna uisce.

Íocaíodh €2.65 milliún i bhfóirdheontais le grúpscéimeanna uisce in 2016. Ní mór tréaniarracht a dhéanamh cásanna sceite agus cur amú uisce a aithint agus a mhaolú chun seirbhís ar chostas réasúnta a chur ar fáil i gcónaí do bhaill na grúpscéime. Chuir an oifig Uisce Tuaithe Innealtóir Caomhnaithe Uisce ar dualgas ag tús na bliana 2016, a bhfuil sé de chúram orthu comhairle a thabhairt do scéimeanna i ndáil le sceitheadh uisce a mhaolú agus cúnamh a thabhairt dóibh le mionoibreacha. Cuideoidh an obair seo leis an Rannóg Uisce Tuaithe a bheith níos soiléire agus tionscadail chaipitiúla á mbeartú acu amach

anseo. Tá roinnt Grúpscéimeanna Uisce ag obair le Comhairle Contae Mhaigh Eo anois agus tá laghdú suntasach tagtha ar an méid uisce úsáidte ag na scéimeanna a leanas in 2016: Grúpscéim Uisce Dhumha Thuama/Dhoire Choirb, Grúpscéim Uisce an Tuairín/Achadh Mór, agus Grúpscéim Uisce na Ráithe Duibhe.

Cáilíocht Uisce

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an tÚdarás Maoirseachta do Ghrúpscéimeanna Uisce faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), 2007 agus 2014. Tá sé de dhualgas ag an gComhairle monatóireacht a dhéanamh ar an soláthar uisce ag grúpscéimeanna uisce tríd an gclár monatóireachta a chomhaontaítear gach bliain. Bunaítear minicíocht na monatóireachta ar thoirt an uisce a sholáthraítear nó a ghintear gach lá laistigh de chrios soláthair na scéime. Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a dhéanann an sampláil thar ceann Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus tugann sí breis is 600 sampla chuile bhliain.

Tá iniúchtaí ar bun maidir le ceartchóireáil na ngrúpscéimeanna uile a bhfuil foinse phríobháideach uisce acu lena chinntiú go gcomhlíonann siad na rialacháin um uisce óil.

Meastar go mbeidh cúnamh de dhíth ar roinnt grúpscéimeanna uisce a réiteofar trína gcónascadh lena chéile agus/nó a athchóiriú, nó déanfar iad a cheangal leis an bpríomhlíonra uisce poiblí.

Ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo páirt i nGrúpa Oibre Náisiúnta le haghaidh “Tríhalaimeatán Iomlán” (TTHM) don Earnáil Uisce Tuaithe in 2016, agus leanfar ar aghaidh leis an obair seo in 2017. Tá tuarascálacha á eisiúint ag an Roinn Comhshaoil gach ráithe chun na páirtithe leasmhara uile a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh i dtaca le TTHManna in uisce óil. Is é an cur chuige a glacadh sa phlean oibre comhaontaithe ná bearta a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh cinnte go gcomhlíonfaidh grúpscéimeanna uisce, go seasta agus go fadtéarmach, rialacháin na Treorach um Uisce Óil i dtaobh na bparaiméadar uile, ní hamháin i dtaobh TTHManna.

## IONAD CULTÚRTHA BHÉAL ÁTHA NA MUICE

Ionad ilúsáideach is ea Ionad Cultúrtha agus Seomra Cruinnithe Bhéal Átha na Muice, suite ar Bhóthar an Stáisiúin, Béal Átha na Muice. Tá an t-ionad lonnaithe áit a raibh an stáisiún traenach tráth den saol. Ba stóras earraí de chuid CIÉ é chomh maith.
Tá an Seomra Cruinnithe thuas staighre sa chuid nua den fhoirgneamh, agus cé go bhfuil sé deartha mar sheomra boird is féidir na boird agus cathaoireacha a shocrú pé bealach a fheileann don chliant. Gheofar an Leabharlann sa chuid nua seo den fhoirgneamh chomh maith.

Áiseanna

- Ardán mór is féidir a leagan amach agus a chur in oiriúint do mhianta an chliaint.
- Teilgeoirí san Ionad Cultúrtha agus sa Seomra Cruinnithe araon.
- Scáileán mór anuas san Ionad Cultúrtha.
- Áiseanna nasctha ríomhaire glúine (.i. Powerpoint).
- Seinnteoir DVD nasctha le teilgeoir agus scáileán.
- Seac fuaime atá comhoiriúnach le iPod nó seinnteoir mp3.
- Póidiam le micreafón.
- Micreafón soghluaiste.
- Áiseanna tae – cistinéad le doirteal, cuisneoir, micreathonn agus coire Burco.
- Wifi ar fáil ar fud an fhoirgnimh.
- Oigheardheoch uisce agus áiseanna déanta tae/caife sa Seomra Cruinnithe.

Imeachtaí

Seo a leanas blaiseadh de na himeachtaí a bhí ar siúl san Ionad Cultúrtha agus sa Seomra Cruinnithe le linn 2016:

- Amharclann na Mainistreach – Dráma agus ceardlann ar camchuairt. Tháinig Amharclann na Mainistreach chugainn i mí Feabhra chun sliocht gearr as “The Plough and the Stars" dar teideal "Me Mollser" a léiriú. Reáchtáladh ceardlann faoi 1916 do dhaltaí scoile an cheantair chomh maith.
- Imeachtaí oiliúna eagraithe do bhaill foirne Chomhairle Contae Mhaigh Eo.
- Comhdháil Thuras na mBan – comhdháil dhá lá a bhí ar siúl i mí Feabhra inar pléadh agus cuireadh chun cinn gnéithe éagsúla de ról na mban sa tsochaí. I measc na n-aíonna a labhair ann bhí an Breitheamh Onórach Laffoy, Dr Rhona Mahony agus an Seanadóir Marie-Louise O’Donnell, agus go leor eile nach iad.
- Cúrsa Oiliúna na Príomh-Oifige Staidrimh – oiliúint d'áiritheoirí daonáirimh (mí an Mhárta).
- Ionad Vótála le haghaidh an Olltoghcháin.
- Ócáidí Faisnéise don Phobal.
- Ceardlann Cheoil – reáchtáladh ceardlann i gceol traidisiúnta do scoláirí dara leibhéal faoi stiúr Liam Ó Maonlaí a bhfuil aithne air ó 'The Hot House Flowers' agus Ciaran Tourish, ball de 'Altan'.
- Cúrsa Oiliúna Tusla.
- Cúrsaí Oiliúna an FSS.

- Ospís Mhaigh Eo/Ros Comáin – reáchtáladh seó faisin dar teideal "Expose Swinford Style" san ionad againn i mí na Samhna. I measc na n-imeachtaí a eagraíodh ar an lá bhí seónna faisin, ceardlanna le smideoirí, agus margaí.
- Ceolchoirmeacha Comórtha 1916 – “Music & Memory”. Reáchtáladh dhá oíche cheoil agus staire le Craobh Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, Bhéal Átha na Muice i mí Aibreáin agus mí Lúnasa chun Éirí Amach 1916 a chomóradh.
- Oíche Chultúir 2016 – oíche cheoil agus rince le Banna Práis & Feaga Bhéal Easa, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, agus ECM Dance.
- Plaic do Jack Feeney – eagraíodh oíche scéalaíochta agus amhránaíochta i mí Mheán Fómhair 2016 chun saol John ‘Jack’ Feeney, ar a tugadh 'Filiméala Mhaigh Eo’, a cheiliúradh. Ghlac an craoltóir Harry Bradshaw agus an teanór Frank Naughton páirt ann, agus nochtadh plaic i gcuimhne air.
  Choimisiúnaigh Pat O’Connor an phlaic agus nocht an tAire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach, Micheál Ó Rinn T.D. í.
- Campaí traenalá cearáité ag foirne náisiúnta agus Chonnacht – d'eagraigh Cumann Cearáité Shotokan Mhaigh Eo dhá dheireadh seachtaine traenalá san Ionad Cultúrtha i mí Aibreáin agus mí Lúnasa.
- Imeacht Oiliúna Inclusion Ireland.
- Turnaimint Dornálaíochta – Turnaimint de chuid Chumann Dornálaíochta Bhéal Easa.
- Cúrsaí Cóitseála CLG – Cúrsa Cóitseála Leibhéal 1.
- Teacht le chéile teaghlaigh.
- Ranganna Aclaíochta – bhain roinnt teagascóirí corpacmhainne leas as an Ionad Cultúrtha le haghaidh a gcuid ranganna.
- Ranganna Bailé.
- Ranganna Damhsa Hip-Hop.
- Ranganna Drámaíochta.
- Imeacht le haghaidh na Seachtaine Eolaíochta – seó eolaíochta dar teideal "It Doesn't Add Up".
- Imeacht le haghaidh Baile Fiontraíochta 2016 de chuid Bhanc na hÉireann – ag cur gnó agus gnólachtaí i mBéal Átha na Muice chun cinn.
- Cúrsaí Oiliúna Oirthuaisceart Mhaigh Eo – reáchtáladh cúrsaí oiliúna éagsúla i rith na bliana lena n-áirítear Garchabhair Oibre, Cúrsa do Chuntóirí Cúram Sláinte, Ranganna Béarla do Náisiúnaigh Choigríche agus go leor nach iad.

Tá ardmheas ar an Ionad Cultúrtha agus an Seomra Cruinnithe i mBéal Átha na Muice, agus chonacthas méadú mór ar éileamh agus ar ilchineálacht na ngrúpaí a bhaineann leas as an ionad i ndiaidh don ionad clárú ar na meáin shóisialta (Facebook, Twitter agus Instagram) ag deireadh na bliana 2015.
Táimid ag súil le suíomh idirlín a chur ar bun in 2017 chun eolas a chur ar fáil i dtaobh na n-imeachtaí agus na ranganna atá ar siúl san ionad.

Tugtar blaiseadh beag sna grianghraif a leanas de roinnt de na himeachtaí a bhí ar siúl san Ionad Cultúrtha le bliain anuas.




*I láthair ag imeacht Baile Fiontraíochta de chuid Bhanc na hÉireann san Ionad Cultúrtha bhí Michael Hall, peileadóir Mhaigh Eo; Mickey Harte, bainisteoir fhoireann peile Thír Eoghain; agus Keith Higgins, peileadóir Mhaigh Eo. Samhain 2016.*



*Ócáid nochta plaice do Jack Feeney.*
*An tAire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach, Micheál Ó Rinn T.D.; an tOifigeach Ealaíon Anne McCarthy; an craoltóir Harry Bradshaw; Pat O'Connor, a choimisiúnaigh an phlaic; agus an Stiúrthóir Seirbhísí Joanne Grehan le Gaolta Jack Feeney agus comhaltaí tofa i láthair ag an imeacht i mí Mheán Fómhair 2016.*





***(Ar chlé) Margadh Tuaithe taobh istigh a bhíonn ar siúl ar an gcéad Satharn den mhí.***
***(Ar dheis) Liam Ó Maonlaí (Hot House Flowers) le linn ceardlann cheoil san Ionad Cultúrtha.***
***Nollaig 2016.***



***Banna Práis & Feaga Bhéal Easa a thug ceadal ceoil ar Oíche Chultúir, mí Mheán Fómhair 2016.***

# FORBAIRT TURASÓIREACHTA

## STRAITÉIS TURASÓIREACHTA

Seoladh Straitéis Turasóireachta Chontae Mhaigh Eo dar teideal "Destination Mayo: Straitéis Forbartha Turasóireachta i gContae Mhaigh Eo, 2016-2021" go hoifigiúil ar an Aoine, 5 Feabhra 2016 sa Westport Country Lodge in Achadh Ghobhair.




***Baill den Choiste um Beartais Straitéiseacha leis an Aire Micheál Ó Rinn T.D. ag seoladh na Straitéise Turasóireachta.***

Is í an fhís do thionscal turasóireachta an chontae ná go mbeidh Maigh Eo ina cheann scríbe d'ardchaighdeán, cuimsitheach agus nádúrtha faoin mbliain 2021. Is é bun agus taca a físe seo ná an chéad ghlúin eile de thurasóirí a mhealladh chuig an gcontae; is é sin le rá go bhfreastlóimid ar an mórmhargadh coitianta agus ar nideoga sa mhargadh speisialta araon. Ní mór mar sin raon leathan díolta spéise agus imeachtaí a chur ar fáil in éineacht le rogha ilchineálach lóistín, seirbhísí fáilteachais agus seirbhísí cúnta eile. Beidh comhoibriú idir gníomhaireachtaí, lucht gairme an tionscail agus pobail áitiúla fíorthábhachtach chun an fhís seo a bhaint amach. Tá grúpa stiúrtha curtha ar bun ag leibhéal ard chun na bearta leagtha amach sa straitéis a chur chun cinn agus a bhaint amach. Is é an tUasal James Horan, iarbhainisteoir fhoireann peile Mhaigh Eo, atá i gceann an Ghrúpa Stiúrtha seo. Ina theannta sin, tá ocht líonra ar leith curtha ar bun chun dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí áirithe.

Baineann na líonraí seo le hocht réimse ar leith: Eachtraíocht, Cultúr & Oidhreacht, Turasóireacht Spioradálta, Margaíocht ar Fhéilte & Imeachtaí, Fiántas, Iascaireacht, Turasóireacht Spóirt agus Bia. Tá dul chun cinn déanta cheana féin ar chur i bhfeidhm an phlean, agus tógfar ar an dul chun cinn sin sa bhliain 2017.

BONNEAGAR TURASÓIREACHTA

Slí an Atlantaigh Fhiáin

Tá 33 Phointe Radhairc san iomlán ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin i gContae Mhaigh. Cuireadh comharthaí marcála agus pointí grianghrafadóireachta in airde ag na suíomhanna seo uile in 2016.







***Pointí Radhairc / Pointí Grianghrafadóireachta feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.***

Gréasán Ghlasbhealach Mór an Iarthair

Tá obair athchóirithe idir lámha ar Ionad Seirbhísí le haghaidh Imeachtaí ar an nGhlasbhealach ar láithreán sheanteach stáisiúin na Mala Raithní. Chuir Fáilte Éireann maoiniú ar luach €300,000 ar fáil chun ligean don fhorbairt seo dul ar aghaidh.



***Ionad Seirbhísí le haghaidh Imeachtaí ar an nGlasbhealach á thógáil.***

Ina theannta sin, tá Glasphatról curtha ar bun chun féachaint i ndiaidh oibreacha leanúnacha cothabhála agus feabhsuithe ar Ghréasán Ghlasbhealach Mór an Iarthair. Áirítear ar bhaill an Ghlasphatróil ionadaithe na Scéime Sóisialta Tuaithe áitiúla, ionadaithe Scéim TUS, agus foireann ceantair de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Tá sé de chuspóir ag an nGlasphatról súil a choinneáil ar an nGlasbhealach agus a chinntiú go dtugtar aire dó sa chaoi is go mbeidh sé ar an gcaighdeán is airde i gcónaí.

Mar chuid de chlár leanúnach cothabhála an Ghlasbhealaigh, chuathas i muinín na bithinnealtóireachta chun bruach an Ghlasbhealaigh ar feadh stráice gar d'Ardmhúsaem Náisiúnta na hÉireann – Saol na Tuaithe a dhaingniú le 225m de sraodbhalla cuaillí sailí.



***Díreach curtha i gcrích.***



***Trí mhí i ndiaidh a chríochnaithe.***

Forbairt Conairí

Tá roinnt Siúlóidí Náisiúnta Lúibe forbartha i gcomhpháirt le pobail áitiúla sna háiteanna a leanas:

- Tailte Bhord na Móna ag Béal Átha Chomhraic – Siúlóid Lúibe 12km
- Maigh Ghamhnach – trí shiúlóid lúibe trí Choill Blanmore atá idir 6km agus 15km ar fad.
- Conga – Siúlóid Lúibe Bhóithrín an Chairn, 6km ar fad.
- Siúlóid Lúibe Cheann Iorrais – i measc na n-oibreacha curtha i gcrích cuireadh síneadh le tús na siúlóide agus rinneadh athchóiriú ar an gconair féin.



***Stráice den tSiúlóid Lúibe nua ag Maigh Ghamhnach.***



***Síneadh le tús na siúlóide agus athchóiriú na conaire ar Shiúlóid Lúibe Cheann Iorrais.***

Páirc Idirnáisiúnta na Spéire Dorcha, Mhaigh Eo

Ar an 5 Bealtaine 2016 ainmníodh Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich/Cheantar Fhiáin Néifinne in Iarthuaisceart Mhaigh Eo ina céad Pháirc Idirnáisiúnta na Spéire Dorcha den ghrád óir in Éirinn, arna aithint ag Cumann Idirnáisiúnta na Spéire Dorcha.

Cuireadh grúpa stiúrtha ar bun ag tús na bliana 2016 chun Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich a fhorbairt mar cheantar faoi Spéir Dhorcha oifigiúil. Is í Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich an séú páirc náisiúnta in Éirinn agus í suite ar chósta thiar na tíre in Iarthuaisceart Mhaigh Eo. Tugtar "Grúpa Stiúrtha Chairde na Spéire Dorcha i Maigh Eo" ar an ngrúpa seo atá comhdhéanta d'ionadaithe earnálacha éagsúla. Ina measc tá roinnt pobal atá ag obair go gníomhach le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus gníomhaireachtaí tábhachtacha eile a bhfuil sé mar chuspóir choitianta acu spéir dhorcha an cheantair a chaomhnú: an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Coillte, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, agus Comhlacht Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo. Tá gealltanas tugtha ag Comhairle Contae Mhaigh Eo soilse a thacóidh le cuspóir na spéire dorcha a úsáid agus scéimeanna soilsithe á mbeartú don cheantar sin amach anseo.

Trí bhíthin feasacht a ardú ar thruailliú solais (fadhb atá ag éirí níos coitianta i dtíortha a bhfuil geilleagair rathúla acu), is féidir le hIarthar na hÉireann a chionsa a dhéanamh chun an méid fuinnimh a chuirtear amú trí shoilse iomarcacha a mhaolú, feidhmiúlacht soilse a fheabhsú nuair is gá, tionchar na soilse ar fhiadhúlra a mhaolú agus airgead a shábháil.



***Páirc Idirnáisiúnta na Spéire Dorcha, Maigh Eo.***

Áiseanna do Chuairteoirí in Acaill

Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhpháirt le Fáilte Éireann agus le ranníocaíochtaí ón bpobal áitiúil, tacaíocht le huisceadán nua a fhorbairt in Acaill. Osclaíodh an t-ionad seo go hoifigiúil don phobal i mí an Mheithimh 2016.



***Áiseanna do Chuairteoirí in Acaill.***

Tírdhreacha Sácráilte

Le linn 2016 bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo i bhfeighil togra taighde ar chomharthaí nua míniúcháin le haghaidh 18 suíomh i dTuaisceart Mhaigh Eo, agus na comharthaí sin a dhearadh agus a fheistiú. Tá suíomh idirlín forbartha chun an tionscadal seo agus na suíomhanna atá mar chuid de a chur i láthair an phobail. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar http://www.sacredlandscapes.ie.

Bolscaireacht Turasóireachta

Bhí an tAonad Fiontraíochta agus Infheistíochta de Chomhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eile – ceantair a bhfuil tarraingt mhór ar thurasóirí orthu san áireamh – páirteach i dtionscnaimh éagsúla mhargaíochta le linn 2016. I measc na dtionscnamh sin bhí:

Freastal ar Sheónna Trádála

- Holiday World Show i mBéal Feirste & Baile Átha Cliath
- Best of Britain & Ireland – Seó Trádála

- Seastán le haghaidh 'Destination Mayo' ag Féile na nGael in Milwaukee
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Bhí seastán tiomnaithe do Thurasóireacht i Maigh Eo ar taispeáint ag an Holiday World Show i mBaile Átha Cliath. De thoradh a bheith i láthair ansin tháinig scríbhneoir ar chúrsaí taistil go Maigh Eo chun alt bolscaireachta turasóireachta a scríobh. Foilsíodh mar ghné-alt dhá leathanach in The Sunday World é.


Postcards from the edge

Escape

BOOK THE JUNGLE

There's more to the Maritime county Mayo than Westport, especially if you love the outdoors and top-notch grub, writes Jim Gallagher

Our walk leader shares the stamina and speed of a wild mountain goat

Getting there...

***Gné-alt Turasóireachta faoi Chontae Mhaigh Eo in The Sunday World.***

<u>Seastán le haghaidh 'Destination Mayo' ag Féile na nGael in Milwaukee</u>

Ghlac Contae Mhaigh Eo páirt i bhFéile bhliantúil na nGael in Milwaukee trí sheastán bolscaireachta a chur in airde chun diaspóra Mhaigh Eo, turasóireacht Mhaigh Eo, imeachtaí caitheamh aimsire agus Mayo.ie a chur chun cinn. Is í Féile na nGael in Milwaukee an fhéile bhliantúil Ghaelach is mó i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Tharraing an fhoireann turasóireachta aird ar a shuntasaí is atá an contae; cuireadh ar shúile na ndaoine a thug cuairt ar an seastán an raidhse díol spéise do thurasóirí atá i Maigh Eo, idir an Ghlasbhealach, Shlí an Atlantaigh Fhiáin, Chnoc Mhuire, Chruach Phádraig, agus an iliomad imeachtaí caitheamh aimsire is féidir tabhairt faoi feadh chósta fairsing an chontae, ina measc. Bhí spéis ollmhór ag daoine i gcúrsaí ginealais chomh maith, agus cuireadh daoine ar an eolas faoi na hionaid éagsúla ghinealais atá sa chontae.



***An tAire Seán Kyne T.D. ag tabhairt cuairt ar sheastán Mayo.ie ag Féile na nGael in Milwaukee.***

Príomhthorthaí

Eagraíodh cruinnithe le roinnt comhlachtaí taistil istigh, lena n-áirítear:

- Dreaming of Ireland – Jodi Halsted. Is é 'Ireland with kids', turais teaghlaigh ar Éirinn, an sainréimse spéise acu.
- Gadabout Travel – Maire O'Donnell
- Celtic Journeys – Maria Flynn Conway
- Inroads Ireland – Tours off the Beaten Track – Phil Ryan / Carolyn Janette, Úinéirí
- Best Irish Tour – Kari Miller
- Terry Flynn Tours
- Middleton Travel – Torey Corcoran
- Destinations Ireland & Beyond – Tracy Lane O'Brien (Turais Ghailf & Caitheamh Aimsire)
- InterTrav Corporation – Mark A House
- Sceptre Tours – Cheryl A Gatto
- BrackTours – Nuala Devlin & Sinead Greaney
- Crafted Ireland Custom Tours – Rebecca Dixon

Cuireadh pacáistí bolscaireachta don chontae le chéile agus tugadh ceann do na comhlachtaí taistil uile.

Comhordú Feachtas Díolacháin agus Margaíochta do Thurasóirí

Tá go leor oibre déanta ag na grúpaí forbartha turasóireachta éagsúla sa chontae agus liostaí tiomsaithe acu de na rudaí is fiú a fheiceáil sna sainréimsí turasóireachta faoina gcúram. Tá liostaí ann anois, mar shampla, de na deich rud is mó is fiú a dhéanamh feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin; tá liostaí d'imeachtaí eachtraíochta, rudaí spioradálta agus oilithreachtaí, rudaí le déanamh ar na hoileáin, srl.

Tá na liostaí sin á gcur faoi bhráid comhlachtaí nua taistil agus comhlachtaí a thugann daoine isteach sa tír.  Is é bunsprioc na ngníomhaíochtaí seo uile ná go n-gcuirfidh comhlachtaí taistil Contae Mhaigh Eo san áireamh nuair atá turais á ndearadh acu.

RTÉ Nationwide
Taifeadadh dhá chlár de Nationwide i bhfómhar na bliana 2016.


Chraol RTÉ clár iomlán de Nationwide a dírithe ar Thuaisceart Mhaigh Eo amháin, agus tugadh aird ar leith ann ar na háiteanna a leanas: Achaidh Chéide, Ceathrú Thaidhg, Fondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna, Cill Chomáin agus Ceann Dhún Phádraig. D'fhéach breis is 400,000 duine ar an gclár seo.

RTÉ Tracks & Trails
Chuaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhpháirt le Sherwin Media Group chun clár 26 nóiméad a fhorbairt a tharraingeodh aird ar na háiteanna a leanas: Gréasán an Ghlasbhealaigh idir Caisleán an Bharraigh agus Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, Siúlóid Lúibe na Leargan Móire gar do Bhéal Easa, agus Ionad Oidhreachta Uí Éanacháin.  Ba í Sinéad Kennedy, a aithneofaí ón gclár Winning Streak, a chuir an clár i láthair agus craoladh ar an Aoine, 15 Aibreán 2016 é.  Bhreathnaigh breis is 300,000 duine ar an gclár.



***An láithreoir Sinéad Kennedy ar Shiúlóid Lúibe na Largan Móire.***

Scannáin Bholscaireachta
Rinneadh roinnt físeáin bholscaoireachta chomh maith chun aird a tharraingt ar na príomhnithe spéise agus imeachtaí atá sa chontae. D'éirigh go hiontach ar fad le ceann de na físeáin sin go háirithe – físeán dar teideal 'Na deich rud is fearr le déanamh i Maigh Eo' le Alan Clarke – agus beagnach 100,000 amharc air ar leathanach Facebook Mayo.ie.  I measc na bhfíseán eile a rinneadh bhí 'Maigh Eo Fiáin' le Gareth Mc Cormack agus 'Ceathrú Thaidhg i dTuaisceart Mhaigh Eo' le Alan Clarke.




***Radharc as an bhfíseán 'Maigh Eo Fiáin'. Gliogáil anseo chun breathnú ar an bhfíseán.***





***'Na deich rud is fearr le déanamh i gContae Mhaigh Eo'. Gliogáil anseo chun breathnú ar an bhfíseán.***




***Ceathrú Thaidhg i dTuaisceart Mhaigh Eo. Gliogáil anseo chun breathnú ar an bhfíseán.***

Ábhar Clóite

Cultural & Heritage Sites of County Mayo – Cuireadh an foilseachán úr seo le chéile chun aird a tharraingt ar an iliomad nithe cultúrtha agus oidhreachta atá ina ndíol spéise i gContae Mhaigh Eo. Bíonn an-tóir ar an bhfoilseachán seo i measc comhlachtaí taistil istigh ag na seónna trádála.




***Íomhá den Bhróisiúr Cultúir & Oidhreachta.***

The ULTIMATE GUIDE MAYO escape, explore, enjoy – foilseachán nua a phléann Contae Mhaigh Eo ó chlúdach go clúdach é seo, agus a foilsíodh den chéad uair go luath sa bhliain 2016. Cuireadh 60,000 cóip san iomlán i gcló agus dáileadh ar na hOifigí Turasóireachta, comhlachtaí fruilithe carranna, áiteanna a mbíonn tarraingt ag turasóirí orthu agus óstáin ar fud an chontae iad.




***Clúdach Threoirleabhar Mhaigh Eo. Gliogáil anseo chun an Treoirleabhar a léamh.***

## SÁBHÁILTEACHT UISCE

Tá imeallbhord ollmhór ag Contae Mhaigh Eo, agus bronnadh 11 Bhratach Ghorma agus 6 Ghradam Cósta Ghlais ar thránna dá chuid in 2016. Má chuireann tú an t-iliomad linnte snámha, lochanna, agus uiscebhealaí áille intíre leis, is léir cén fáth a chaithfidh sábháilteacht uisce a bheith ar an gcloch is mó ar phaidrín Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gcónaí.

D'fhostaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo 24 gharda tarrthála idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair 2016, agus bhí siad ar dualgas sna háiteanna is mó tóir orthu sa chontae le haghaidh gníomhaíochtaí uisce allamuigh. Ba iad na háiteanna sin:

Trá na Beartraí, Cathair na Mart
Trá an tSeanchinn, Cluain Cearbán
Trá na Ceathrún Móire, Cluain Cearbán
Trá Cheathrú an Uisce, Cluain Cearbán
Linn Snámha Bhóthar an Chladaigh, Béal an Mhuirthead
Trá na Coime, Acaill
Trá an Chaoil, Acaill
Trá Dhumha Goirt, Acaill
Trá an Rois, Cill Ala
An Mhala Raithní



Gardaí Tarrthála Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag láimhseáil gortú do chorda an dromlaigh ar dhuine.



***Oiliúint an chéad fhreagróra i gcás taom croí a cuireadh ar ghardaí tarrthála sular fostaíodh iad – samhradh 2016.***

Coinníonn na gardaí tarrthála chuile dhuine a bhaineann leas as uiscebhealaí Mhaigh Eo slán, agus tá sárchaighdeán seasta sábháilteachta againn ó cuireadh an tseirbhís ar bun i lár na 1970í.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo fíorbhródúil as seirbhís na ngardaí tarrthála againn, agus cuireann sí an trealamh tarrthála neamh-mheicniúl is fearr ar fáil i stáisiúin na ngardaí tarrthála go léir ar fud an chontae. Ina theannta sin, tá dífhibrileoirí ar gach láithreán agus tá na gardaí tarrthála go léir a fhostaítear cáilithe mar chéad fhreagróirí i gcás taom croí, cúrsa a dhéantar leo uile sula bhfostaítear iad.



***Cúrsa oiliúna do Ghardaí Tarrthála Mhaigh Eo ag Ceathrú an Uisce, Cluain Cearbán, i mí an Mheithimh 2016.***

I dteannta le gardaí tarrthála a fhostú agus trealamh a sholáthar, is cúram eile de chuid na Rannóige Sábháilteachta Uisce é ardú feasachta, agus déantar amhlaidh trí chúrsaí sábháilteachta uisce a reáchtáil i linnte snámha poiblí (Caisleán an Bharraigh, Béal an Átha, Clár Chlainne Mhuiris agus Cathair na Mart) i rith an gheimhridh, agus in áiteanna éagsúla allamuigh i rith an tsamhraidh. Is sna háiteanna a leanas a bhí an clár cuimsitheach seo de chúrsaí ar siúl in 2015:

Linnte Snámha Bhéal Átha hAmhnais, Bhéal an Mhuirthead, Bhaile Chathail agus Chill Mobhí;
Cliara, Inis Toirc, Dumha Éige agus Piara Leacain.

Bronntar Teastais um Shábháilteacht agus Tarrtháil Uisce ar na páistí agus daoine fásta a ghlacann páirt sna cúrsaí seo gach bliain, agus oiliúint faighte acu a bheidh acu go deo.

Is ar na cúrsaí seo freisin a ghríostar an chéad ghlúin eile de ghardaí tarrthála, teagascóirí snámha, agus oiliúnóirí i sábháilteacht uisce a bhfaighidh fostaíocht sna hÚdaráis Áitiúla agus san earnáil phríobháideach fóillíochta sna blianta le teacht.

Is fadhb leanúnach d'údaráis áitiúla í athsholáthar baoithe tarrthála a ndearnadh loitiméireacht dóibh, damáiste dóibh, nó a goideadh. D'fhorbair Sábháilteacht Uisce na hÉireann an suíomh idirlín ringbuoys.ie, áit ar féidir le duine ar bith na hÚdaráis Áitiúla a chur ar an eolas faoi bhaoi tarrthála atá ar iarraidh nó a bhfuil damáiste déanta dó. Seoltar ríomhphost chuig an Oifigeach Sábháilteachta Uisce san Údarás Áitiúil i bhfeighil an bhaoi sin lena chinntiú go gcuirtear ceann nua ina áit gan mhoill.

## ATHBHREITHNIÚ AR SHOLÁTHAR AGUS ÉIFEACHTÚLACHT

Tá athbhrandáil déanta ar an Oifig Soláthair a bunaíodh in 2009, agus ó 2016 i leith tugtar an Fhoireann Athbhreithnithe ar Sholáthar agus Éifeachtúlacht uirthi. Is é príomhaidhm na Foirne Athbhreithnithe ar Sholáthar agus Éifeachtúlacht ná luach níos fearr a fháil ar airgead agus an eagraíocht a dhéanamh níos éifeachtúla trí leas a bhaint as creataí soláthair, gairmiúlacht a chur chun cinn, agus leas nuálaíoch a bhaint as teicneolaíocht. Tá cúrsaí soláthair i gComhairle Contae Mhaigh Eo díláraithe. Tiomsaíonn an oifig eolas i dtaobh beartas, conarthaí, ciorclán agus rudaí eile a bhaineann le cúrsaí soláthair, agus cuireann siad ar fáil ar an inlíon iad.

Tá dhá áis soláthair leictreonacha a úsáideann Comhairle Contae Mhaigh Eo chun formhór dá gnóthaí soláthair a chur i gcrích. Is iad:

Etenders – foilsíodh 53 chomórtas in 2016. D'fhoilsigh an oifig féin, nó thug an oifig cúnamh le formhór díobh siúd.

Ghlac sí ról an phríomhúdaráis agus í ag comhoibriú ar na tionscadail a leanas:

- Comharthaí Bóthair (Maigh Eo, Sligeach, Liatroim, Ros Comáin, Dún na nGall, an Cabhán) – an tairiscint is mó agus luach c. €700,000 léi in aghaidh na bliana.
- Suirbhéireacht ar Shoilse Poiblí (Maigh Eo, Liatroim, Ros Comáin, Sligeach)
- Fiailnimheanna (Maigh Eo, Gaillimh)
- Creataí
- Fuinneoga & Doirse (Rannóg na nAiltirí)
- Teas Lárnach (Rannóg na nAiltirí)
- Conraitheoirí Tógála (Rannóg na nAiltirí)

Supplygov
Ghlacamar páirt le roinnt blianta anuas i gcreataí náisiúnta atá ar fáil d'Údaráis Áitiúla trí Supplygov (Comhairle Contae Chiarraí). Áirítear i measc na gcreataí seo gléasra ar cíos, ábhar déanta bóthair, coincréit, biotúman srl. Reáchtálann an Fhoireann Athbhreithnithe ar Sholáthar agus Éifeachtúlacht roinnt comórtas lárnaithe thar ceann na gceannaitheoirí go léir i gComhairle Contae Mhaigh Eo. Déanaimid monatóireacht ar mhionchomórtais chomh maith, agus tugaimid comhairle don fhoireann i dtaobh na ngnásanna riachtancha agus tairsí caiteachais. Is mór againn seasmhacht, aiseolas ó sholáthróirí, comhbhailiú riachtanas, agus cumarsáid.

Seo a leanas na figiúirí go nuige seo in 2016:

- Breis is 40 Iarratas ar Luachan (RFQ). Déanann an oifig seo monatóireacht ar chomórtais, tugann sí cúnamh do bhaill foirne agus tugann sí tacaíocht do sholáthróirí agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar mhian leo tairiscint a chur isteach le haghaidh earraí, seirbhísí nó oibreacha.
- Breis is 480 Iarratas ar Thairiscint (RFT). Déanann an oifig seo monatóireacht ar chomórtais, tugann sí cúnamh do bhaill foirne agus tugann sí tacaíocht do

sholáthróirí agus d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar mhian leo tairiscint a chur isteach le haghaidh earraí, seirbhísí nó oibreacha.

An Oifig um Sholáthar Rialtais

Táimid ag baint leas as roinnt creataí don earnáil phoiblí ó cuireadh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) ar bun. Cuireann an OSR acmhainní eile ar fáil ar nós teimpléad, ciorclán agus faisnéis i dtaobh conarthaí srl.

I ráiteas na hOifige um Sholáthar Rialtais i bhfómhar na bliana 2016 aithníonn siad gurb í cruinniú sonraí maidir le caiteachais san earnáil phoiblí, agus anailís a dhéanamh orthu, ceann de na bearta is mó a bheidh mar bhonn le hathchóiriú an chórais soláthair phoiblí. Tá liosta iomlán dá cuid seirbhísí ar fáil ar www.procurement.ie

Cúrsaí Fuinnimh

Is í an fhoireann soláthair atá i bhfeighil phríomhchuntais fuinnimh na Comhairle (Leictreachas, gás, ola, cártaí breosla). Cuirimid tuairiscí rialta ar chaiteachas chuig lucht bainistithe na Comhairle Contae maille leis an rialtas tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an tIonad um Sholáthar Oibríochtúil Rialtais Áitiúil. Déanann an oifig seo monatóireacht ar bhillí, léamha méadair srl. Bímid i dteagmháil le soláthróirí agus baill foirne araon chun soláthróirí a athrú nuair is gá. Thugamar bainistíocht ar chothabháil soilse poiblí faoinár gcúram in 2016, agus tugadh faoi shoilse LED, atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnmh de, a chur in áit na gceann níos sine. Thugamar cuireadh chun tairiscintí le haghaidh suirbhéireacht a dhéanamh ar shoilse poiblí, agus rinneamar an togra a bhainistiú, ag súil le bunachar sonraí na soilse poiblí seo againne a cheartú. D’éirigh leis an údarás áitiúil go leor airgid a shábháil de thoradh na ngníomhaíochtaí seo.

Tairiscintí Comhoibríocha

Tá roinnt tairiscintí curtha amach againn i gcomhpháirt le hÚdaráis Áitiúla eile i réigiún Chonnacht/Uladh. Buntáiste an chur chuige seo is ea laghdú sna costais riaracháin ar an iomlán, maille leis an dóchúlacht go bhfaighfí praghas níos iomaíche de thoradh an éilimh comhiomlánaithe. Úsáideadh an cur chuige seo le haghaidh comharthaí bóthair, cothabháil soilse poiblí, agus suirbhéireachta ar shoilse poiblí mar shampla.

Tuairisciú

Tá sé de chúram againn tuarascálacha inmheánacha agus seachtracha araon a sholáthar. Úsáidtear tuarascálacha inmheánacha chun súil a choinneáil ar chaiteachas i gcatagóirí éagsúla, maille le ceannach as bealach a aithint. Úsáidimid na sonraí seo go minic chun athruithe a mholadh, leithidí rud a fháil ar iasacht seachas é a cheannach, mar shampla.

- Teagmháil

Tá an Fhoireann Athbhreithnithe um Sholáthar agus Éifeachtúlacht ina foinse eolais do bhaill foirne a bhfuil ceisteanna acu faoi sholáthróirí. Táimid ar fáil do sholáthróirí chomh maith. I dteannta le haiseolas a chur ar fáil do sholáthróirí, táimid ar fáil chun bualadh leo, duine le duine, chun nuálaíochtaí nó táirgí úra ar mhaith leo a thairg don chomhairle a phlé.

- Tionscadail eile

Agresso Milestone 4. Táthar ag tnúth le feabhas mór ar chúrsaí nuair a chuirtear Milestone 4 i bhfeidhm in 2017, agus córas lárnach sonrasctha i bhfeidhm go hiomlán leis. Ba chóir, dá bhrí sin, go mbeidh formhór mhór na n-orduithe cláraithe sula dtagann sonrasc isteach lena n-aghaidh. Rinne an oifig seo réamh-mhapáil ar an táirge seo sa chéad ráithe den bhliain seo. Tá mapáil an táirge atá riachtanach lena uasghrádú curtha i gcrích againn anois. Táimid ag tnúth le borradh faoin ualach oibre orainn nuair a chuirfear i bhfeidhm é mar gheall go dtitfidh sé orainne rudaí áirithe a fhaomhadh.

Cártaí Breosla

Tá tionscadal idir lámha faoi láthair a fhéachfaidh le córas na gCártaí Breosla a leasú agus a cheangal le córas monatóireachta GPS. I ndiaidh seo uile, cuirfidh an tionscadal ar chumas Chomhairle Contae Mhaigh Eo bainistíocht níos fearr agus anailís a dhéanamh ar úsáid breosla agus cothabháil an fhlít le cúnamh na dtuairiscí breise cuimsithe.

- Cumarsáid

Is ceann dár gcúramaí é a bheidh i dteagmháil le lucht bainstíochta na Comhairle, baill foirne agus soláthróirí. Cuirimid go leor eolais, sonraí teagmhála agus cóipeanna de na príomhcháipéisí soláthair ar fáil ar líne ar inlíon na Comhairle. Breathnaíodh ar an leathanach seo againne tuairim is 2500 uair sa bhliain ó tosaíodh ag coinneáil súil ar na cúrsaí sin, rud a chruthaíonn gurb áis fhóinteach í a úsáidtear go minic.

## FEIDHMEANNA GINEARÁLTA/GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Saoráil Faisnéise
Fuarthas 118 n-iarratas san iomlán in 2016 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Deontais Ardoideachais
Ón mbliain acadúil 2012/13 i leith, is í Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) a phróiseálann na hiarratais nua uile ar Dheontais do Mhic Léinn, iarratais ó mhic léinn reatha atá ag athrú cúrsa nó ag dul ar aghaidh chuig cúrsa nua (cúrsaí breise ag deireadh a gcúrsa féin, nó eile) san áireamh. Ina theannta sin, is í SUSI a íocann na Deontais Mic Léinn d'iarratasóirí nua uile a cheadaíonn deontas dóibh ón mbliain acadúil 2012/13 ar aghaidh, faoi réir deimhniú agus fíorú tinrimh.

Leanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo ar aghaidh ag próiseáil iarratais athnuachana le haghaidh mic léinn ar cheadaigh sí deontais dóibh cheana féin go dtí to gcríochníonn na mic léinn sin na cúrsaí atá idir lámha acu. Íocfar na deontais athnuachana seo mar is gnáth faoi réir deimhniú agus fíorú tinrimh.

Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim na nDeontas Mic Léinn, 2016 do Chomhairle Contae Mhaigh Eo i mí Aibreáin 2016.

Fuarthas naoi n-iarratas athnuachana ar Dheontas na Mac Léinn don bhliain acadúil 2016/2017. Tá cúigear mac léinn athnuachana fós ag fáil deontas ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoi láthair.

Is dóchúil gurb í 2016 an bhliain dheireanach a mbeidh Comhairle Contae Mhaigh Eo ag próiseáil deontais ardoideachais.

Foghlaim agus Forbairt
Caitheann Comhairle Contae Mhaigh Eo a dúthracht le deiseanna foghlama agus forbartha a chur ar fáil a dár bhfoireann i dtreo is go mbainfimid ár gcuspóirí amach. Aithnímid go bhfuil caighdeán ard na seirbhíse a chuirimid ar fáil don phobal bunaithe go hiomlán ar an bhfoireann dhílis, dhíograiseach atá againn. Táimid den bharúil go bhfuil sé tábhachtach spiorad foirne a chothú i measc ár bhfostaithe trí bhíthin Plean forásach Foghlama agus Forbartha a chur i bhfeidhm dár bhfoireann i ngach réimse oibre faoinár gcúram.

Clár Eitice
Fuarthas na Dearbhuithe Bliantúla go léir don bhliain 2016 ar ais ó na fostaithe agus comhaltaí tofa lena mbaineann siad laistigh den tréimhse reachtúil, cé is moite d'fhostaí amháin a bhí ar shaoire bhreoiteachta ag an am. Fuarthas dearbhú comhlánaithe uathu ó shin, áfach.

An tAcht um Nochtadh Cosanta Faisnéise, 2014

Den chéad uair in Éirinn tá reachtaíocht chuimsitheach sceithireachta i bhfeidhm a chlúdaíonn gach uile earnáil. Cé go bhfuil reachtaíocht chun sceithirí a chosaint i bhfeidhm i roinnt earnálacha cheana féin, titfidh chuile earnáil faoi scáth na reachtaíochta nua seo agus tabharfaidh sé cosaint níos láidre ná aon phíosa reachtaíochta a bhí ann go dtí seo. Cosnaíonn an tAcht seo oibrithe i ngach earnáil. De réir dea-chleachtas idirnáisiúnta, beidh raon leathan "oibrithe” in ann dul i muinín bearta cosanta an Achta seo. Áirítear mar “oibrithe” fostaithe (idir phoiblí agus phríobháidecha), conraitheoirí, daoine faoi oiliúint, foireann na gníomhaireachta, iarfhostaithe, intéirnigh agus baill den Gharda Síochána.

## COSAINT SHIBHIALTA MHAIGH EO

Eagraíocht dheonach is ea Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo a bhfuil tuairim is 85 oibrí dheonacha ardoilte acu a thugann tacaíocht do na seirbhísí éigeandála agus pobail áitiúla araon. Is mór ag pobail agus na seirbhísí éigeandála tosaigh an cúnamh a thugann siad dóibh.
Tá neart na heagraíochta bunaithe ar chultúr na hoibre deonaí chomh maith le díograis na mball chun a cuid aidhmeanna. Bíonn baill na heagraíochta fial flaithiúil lena gcuid ama agus scileanna, á dtabhairt uathu seachtain i ndiaidh seachtaine ar dhualgais agus oiliúint.

Buiséad de €120,000.00 a bhí ag Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo in 2016. Tagann cuid den bhuiséad seo ó dheontais ón mBord Cosanta Sibhialta / an Roinn Cosanta.

Acmhainní Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo

| | |
|---|---|
| Oibrithe Deonacha | 85 |
| Feithiclí | 15 |
| Báid | 2 |
| Aonad Ceannais agus Comhordaithe | 1 |
| Bád Freagartha ar Thuilte | 1 |
| Leantóir Práinnfhreagartha | 2 |



Faigheann na baill uile oiliúint sna réimsí a leanas:

Cúram éigeandála réamhospidéil: CFR,OFA, EFR, agus EMT.
Seirbhís Cúnta Dóiteáin
Cumarsáid
Tarrtháil
Tarrtháil Uisce – Bád
Tarrtháil Bhánuisce / Tuilte
Leas an duine – Seirbhísí Daonnúla
Bainistiú Cuardaigh
Éigeandálaí Radaíochta

Buaicphointí 2016

Tacaíocht Pobail

Chuaigh Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo ar dhualgas tacaíochta pobail breis is 65 huaire le linn na bliana. D'fhreastail siad ar eachtraí tuile, rásaí eachtraíochta, féilte pobail, agus imeachtaí carthanachta agus spóirt ina measc.



***An Éill/Conga 9/1/16.***



***Seó um Shábháilteacht ar Bhóthar 10/2/16.***

Chuireamar cumhdach leighis ar fáil don imeacht Grand Fondo thart ar Chathair na Mart ar an Satharn, 12 Márta 2016.  Ghlac tuairim is 700 iomaitheoir páirt sa rás a raibh rogha de dhá chúrsa ann – 120km nó 70km – thart ar Iardheisceart Mhaigh Eo agus Tuaisceart na Gaillimhe. Chuir an Chosaint Shibhialta ceithre otharcharr éigeandála, Aonad Mearfhreagartha agus feithiclí tacaíochta ar fáil ar an lá. Cuireann sé ríméad orainn a thuairisciú go bhfuil an bhean a fuair taom croí le linn na hócáide seo, agus ROSC ina dhiaidh, go bhfuil sí ar ais ar a seanléim arís agus biseach iomlán uirthi a bhuí le bearta sciobtha éifeachtacha fhoireann na Cosanta Sibhialta.




***Grand Fondo 12/3/16.***

Ghlac Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo páirt i sé mhórshiúl ar Lá Fhéile Pádraig, rinne siad taispeántas garchabhrach ag ceithre cinn de na hócáidí sin, agus ghnóthaigh sí duaiseanna dá bharr.










***Taispeántas.***
***Glac baill de Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo páirt i gcleachtadh ilghníomhaireachta cuardaigh agus tarrthála i gCuan Chill Ala. Ba iad na gníomhaireachtaí a ghlac páirt sa chleachtadh ná Garda Cósta na hÉireann lonnaithe i réigiún an iarthair/iarthuaiscirt; Rescue 118 (Heileacaptar de chuid Gharda Cósta Shligigh); An Garda Síochána i gceantar Bhéal an Átha/Chill Ala; Aonad Uisce an Gharda Síochána; agus Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo. Bhí Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo páirteach i mbainistiú an chuardaigh/eachtra, bhí siad mar chuid den fhoireann cuardaigh agus ghlac siad páirt sna gníomhaíochtaí uisce i dteannta na ngníomhaireachtaí eile.***







***Cleachtadh Ilghníomhaireachta 16/4/16, Cill Ala, Co. Mhaigh Eo.***
***Thug Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo tacaíocht do Chosaint Shibhialta Shligigh tráth a raibh an scairdeitleán Boeing 767 ag teacht i dtír i Sligeach ar an mbealach chuig láithreán 'Quirky Glamping' in Inis Crabhann.***



***6/5/16.***

Bhí Cosaint Shibhialta i láthair ag imeachtaí comórtha 1916 i gCathair na Mart agus Caisleán an Bharraigh.





Bhí Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo i láthair ag Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire le haghaidh Rith/Siúlóid Charthanachta 5km ar an rúidbhealach a eagraíodh mar chuid de cheiliúradh 30 bliain den aerfort. Chuireamar tacaíocht sábháilteachta agus otharcharr ar fáil, ag obair i gcomhpháirt le foireann an aerfoirt agus Ord Mhálta, Cnoc Mhuire.



***28/5/16.***

D’eagraigh Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo cleachtadh contae ar an 9 Iúil 2016 sa Dún Míleata, i gCaisleán an Bharraigh, agus d’éirigh go han-mhaith leis.

Rinneadh measúnú ar thrí fhoireann, le seisear ar gach foireann, i dtaobh a scileanna taismigh, cuardaigh agus tarrthála, agus raidió, ar na trí láithreán roghnaithe. Bhí ardmholadh ag dul ó na moltóirí do chaighdeán na scileanna a taispeánadh ar an lá. Bhí Róisín McGuire, Príomhoide Choláiste na Cosanta Sibhialta i Ros Cré, i láthair agus thréaslaigh sí le chuile dhuine a bhí páirteach ann agus thug sí moladh dóibh siúd a d'eagraigh agus a mheas an cleachtadh.




***Cleachtadh Contae – Foirne, Moltóirí agus Othair.***






***Cleachtadh Contae 9/7/16.***




***Féile na Tuaithe   21 & 22 Bealtaine 2016.***   ***Rásaí ar Thrá Leacain 15/5/16.***





***Rás Rothaíochta Explore Mayo 11/6/16.*** ***Leathmharatón Acla 2/7/16.***





***Gaelforce 20/8/16.*** ***Shore Farm Hunters Trials 25/9/16.***

Cleachtadh Monatóireachta Náisiúnta ar Radaíocht

Ar an Domhnach, 13 Samhain d'iarr Ceanncheathrú na Cosanta Sibhialta ar Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo samplaí a fháil ó dhá shuíomh ainmnithe i gContae Mhaigh Eo.

Deimhníodh an cóimheastóir contae agus chuaigh foireann ón tSeirbhís Monatóireachta Radaíochta amach chun an beart a chur i gcrích. Tugadh na samplaí go dtí an t-ionad réigiúnach bailiúcháin i gCeanncheathrú Chosaint Shibhialta Ros Comáin, óna gcuirfear ar aghaidh iad chuig an GCC le hanailís a dhéanamh orthu i gceann cúpla lá.

Eolas ar Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo

Más mian leat bheith i do bhall de Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo, nó chun tuilleadh eolais a fháil ina taobh, breathnaigh ar: www.civildefence.ie
Facebook – Mayo Civil Defence
Déan teagmháil le:
Rose Doherty (An tOifigeach Cosanta Sibhialta) 094 9024400 / 087 9443634


## LÁRIONAD OILIÚNA RÉIGIÚNACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

Cuireann Lárionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh oiliúint don ionad oibre ar fáil ar bhonn seirbhís roinnte le haghaidh sé húdarás áitiúla chomh maith le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha eile ar fud an iarthair agus an réigiúin lár tíre. Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an príomhúdarás. Soláthraítear oiliúint den chaighdeán is fearr. Tá an lárionad creidiúnaithe ag SOLAS, QQI, City & Guilds agus an ECITB. Tá ár gcuid seirbhísí curtha i méid is i bhfairsing againn go seasta le roinnt blianta anuas, agus soláthraímid breis is 5500 lá oiliúna in aghaidh na bliana anois. Táimid féinmhaoinitheach, agus mhéadaigh an láimhdeachas againn go €1.3 milliún in 2016.

Cuireadh Gréasán na Lárionad Oiliúna ar bun chun freastal ar an oiliúint a bhí de dhíth ar Údaráis Áitiúla sna trí phríomhréimse oibre acu: bóithre, uisce agus an comhshaol. Cuirimid raon leathan cúrsaí oiliúna ar fáil taobh amuigh de sin chomh maith, lena n-áirítear:

- Cúrsa sa Sláinte agus Sábháilteacht Ceirde
- Cúrsaí Gairmiúla Ardleibhéil san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)
- Cúrsaí agus Seimineáir Cheannaireachta
- Cúrsaí TFC

Sa tréimhse idir 1 Eanáir 2016 agus 31 Nollaig 2016 d'fhreastail 4025 dhuine ar chúrsaí oiliúna agus seimineáir i Lárionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh, agus sholáthraigh siad 5520 lá oiliúna. Méadú 11% é seo ar an mbliain 2015.




***Figiúr 1: Laethanta oiliúna ar freastlaíodh orthu, de réir fostóra.***

Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil an t-éileamh ar oiliúint ag dul i méid. Tá méadú suntasach tagtha ar an oiliúint curtha ar fáil do Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Tá borradh ar leith faoin éileamh ar chúrsaí mórluacha creidiúnaithe i Sláinte agus Sábháilteacht Ceirde (SSC). Ní furasta a aithint cén chúis go sonrach atá leis an mborradh seo faoi éileamh. Tá cuid de ag eascairt as an éileamh nár freastlaíodh air le linn an chúlaithe eacnamaíochta. Tá Údaráis Áitiúla ag earcú arís agus tá deiseanna ardaithe céimeanna ar fáil freisin. Ina theannta sin, éilíonn Uisce Éireann ardchaighdeán comhlíonta i ndáil le cúrsaí SSC.  Tá dearbhú cáilíochta ag éirí níos tábhachtaí, agus tá creidiúniú OHSAS 18000 bainte amach ag go leor Údarás Áitiúil anois. Is féidir deacrachtaí le soláthar agus Dearbhú Cáilíochta a shárú le húsáid na lárionad oiliúna. Tá an earnáil tógála ag teacht chuici féin arís agus tá éileamh ó fhoireann theicniúil Rannóga Tithíochta na nÚdarás Áitiúil ag méadú dá réir. Tá cúrsaí creidiúnaithe ag City & Guilds agus an ECITB á dtairscint againn anois, cúrsaí nach raibh ar fáil ach sa Ríocht Aontaithe go dtí seo, agus tá an-tóir orthu seo san earnáil phríobháideach dá bhrí sin.

Tá sé de rún againn líon na gcúrsaí oiliúna creidiúnaithe d’ardchaighdeán a chuirimid ar fáil d’Údaráis Áitiúla a mhéadú in 2017. Cuirimid romhainne é síneadh a chur leis an ionad, agus infheistíocht a dhéanamh in ionad oiliúna allamuigh eiseamlárach, ina reáchtálfar cúrsaí a bhaineann le bóithre go príomha, ach beidh raon leathan cúrsaí eile ann chomh maith a bhaineann le hinnealra agus gléasra. Beidh an áis seo ar fáil do na hearnálacha poiblí agus príobháideacha san iarthar, agus cinnteoidh sí go mbeidh cúrsaí ar fáil go háitiúil nach bhfuil ar fáil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath faoi láthair. Tá sé de rún againn freisin an bonn custaiméirí ag a ionad a leathnú, le breis fostaithe ón earnáil phríobháideach a mhealladh chuig na cúrsaí againn chomh maith le fostaithe i réimsí eile den earnáil phoiblí.

Tá an duais mhór an Public Sector Magazine – Gradaim Sármhaitheasa Gnó – le haghaidh oiliúint agus forbairt gnóthaithe ag an ionad dhá bhliain as a chéile, in 2015 agus 2016.

## FORBHREATHNÚ AR ÚSÁID FUINNIMH IN 2016

Is ar bhreosla le haghaidh iompar agus téamh, agus leictreachas le haghaidh soilsiú poiblí is mó a chaitear fuinneamh i gComhairle Contae Mhaigh Eo. Ar an iomlán, tháinig méadú ar an méid fuinnimh a úsáideadh in 2016 de bharr feabhsuithe sa phróiseas bailithe sonraí agus athruithe i ngníomhaíochtaí na heagraíochta.

Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo bearta éifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm in 2016, bearta ar nós insliú ballaí, athsholáthar coire, agus uasghrádú na soilse sa phríomháras riaracháin aici i gCaisleán an Bharraigh. I measc na mbeart a cuireadh i bhfeidhm i gCeanncheathrú na Leabharlainne bhí insliú ballaí, uasghrádú na soilse, agus feistiú painéil gréine (11kW).

Sa bhliain 2016, d'úsáid Comhairle Contae Mhaigh Eo tuairim is 34 MWh d'fhuinneamh, lena n-áirítear:

- 10 MWh de leictreachas; (Tháinig laghdú 56% ar úsáid fuinnimh de thoradh aistriú acmhainní d'Uisce Éireann in 2014)
- 23.6 MWh de bhreosla iontaise, gás nádúrtha, agus ola (le haghaidh téamh agus iompar) san áireamh. Tá sonraí ón Rannóg Soláthair ag tabhairt cuntas níos beachta ar úsáid breosla anois.
- 0.4 MWh de bhreosla in-athnuaite (fuinneamh gréine, teirmeach & millíní adhmaid san áireamh).

Bearta Déanta in 2016

Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo faoi raon tionscnamh d'fhonn ár bhfeidhmíochta ó thaobh fuinnimh de a fheabhsú. Seo a leanas cur síos ar roinnt acu:

- Faoin gclár um 'Pobail Fuinnimh Níos Fearr', 2016 chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo bearta éifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm, bearta ar nós insliú ballaí, athsholáthar coire, agus uasghrádú na soilse sa phríomháras riaracháin aici i gCaisleán an Bharraigh, maille le hinsliú ballaí, uasghrádú na soilse, agus feistiú painéil gréine (11kW) i gCeanncheathrú na Leabharlainne i gCaisleán an Bharraigh.
- Bronnadh conradh le haghaidh cothabháil agus monatóireacht na soilse poiblí ar Electric Skyline Ltd.
- Tá monatóireacht á déanamh ar an méid leictreachais atá á ghiniúint ag an bpainéal gréine (11 kW) a feistíodh i gCeanncheathrú na Leabharlainne i gCaisleán an Bharraigh i mí na Nollag 2016.

Ar an iomlán, beidh laghdú tuairim is 6% ar an méid fuinnimh a úsáidfidh Comhairle Contae Mhaigh Eo in aghaidh na bliana de thoradh na mbeart seo i dteannta le bearta sábhála fuinnimh eile.

Bearta Beartaithe do 2017

Tá sé de rún ag Comhairle Contae Mhaigh Eo barr feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh de in 2017 agus amach uaidh trí na bearta a leanas a chur i bhfeidhm:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras monatóireachta fuinnimh (Optimising Power at Work) a d’fheistigh Oifig na nOibreacha Poiblí, agus taifead a choinneáil ar athruithe agus uasghrádaithe d’úsáid fuinnimh teasa agus leictreachais san fhoirgneamh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar iarratas ar mhaoiniú a rinneadh faoin gclár um ‘Pobail Fuinnimh Níos Fearr’ (PFNF) chun tacú le hoibreacha athchóirithe atá beartaithe d’fhoirgnimh Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Foireann ‘Aithnigh de Réir Fuinnimh' a chur ar bun le haghaidh cláir PFNF amach anseo.
- Infheistíocht a dhéanamh i gconarthaí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, ar nós soilse poiblí, bunaithe ar an méid a shábhálfar ar fhuinneamh agus ar chostais chothabhála ó sholáthróirí ceadúnaithe.
- Measúnú a dhéanamh ar an méid fuinnimh atá á shábháil leis bpainéal gréine feistithe ar Cheanncheathrú na Leabharlainne, agus foirgnimh eile a aithint a bheadh feiliúnach do phainéal gréine.
- Dul i gcomhairle leis an rialtais maidir leis na cláir um Fhuinneamh In-athnuaite a chuireann réitíonn an bealach do theicneolaíochtaí éifeachtúla fuinnimh a fheistiú i bhfoirgnimh na gComhairlí.
- Tithe atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur ar fáil (ar fud an chontae) le tacaíocht airgeadais ón Roinn faoin gclár athchóirithe tithe de chuid na gComhairlí, 2017-2021.

# AGUISÍNÍ

*(Féach na cáipéisí ar leith)*

**AGUISÍN 1**

- AIGHNEACHTAÍ NA GCEANTAR BARDASACH

**AGUISÍN 2**

- CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ/CLÁR LEASAITHE 2016/2017

**AGUISÍN 3**

- LIOSTA NA BHFORAS SEACHTRACH A BHFUIL IONADAÍOCHT FHOIRMIÚIL AG AN GCOMHAIRLE ORTHU I BHFOIRM COMHAIRLEOIRÍ – 2016

**AGUISÍN 4**

- COSTAIS NA GCOMHALTAÍ TOFA THAR LEAR IN 2016
- COSTAIS NA GCOMHALTAÍ TOFA LE HAGHAIDH COMHDHÁLACHA, OILIÚINT AGUS CRUINNITHE IN ÉIRINN
- CRUINNITHE TIONÓLTA AGUS OILIÚINT AR FREASTLAÍODH UIRTHI AG COMHALTAÍ TOFA IN 2016
- ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ TOFA IN 2016
- ÍOCAÍOCHTAÍ LE BAILL COISTÍ NACH COMHAIRLEOIRÍ IAD IN 2016

**AGUISÍN 5**

- NOCHTÚ TABHARTAS AGUS CAITEACHAIS

**AGUISÍN 6**

- TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA